**Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**
Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2021

# Ár Seirbhís Sláinte

# Do Chách



# MAIDIR LEIS AN TUARASCÁIL SEO

**Cuirtear síos sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar fheidhmíocht agus oibríocht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FnaSS) i rith 2021. Ullmhaíodh an tuarascáil de réir ceanglas reachtúil agus tá sé leagtha amach mar a leanas:**

## Cuid I

### Mír 1: Réamhrá

Léirítear ár bpríomhtheachtaireachtaí i Ráiteas Chathaoirleach an Bhoird agus in Athbhreithniú Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin FnaSS

### Mír 2: Treo agus Comhthéacs Straitéiseach

Cuirtear síos ar an gcomhthéacs inar cuireadh seirbhísí ar fáil i 2021 agus tugtar cuntas ar ár dtreo agus ár bhfís fhadtéarmach

### Mír 3: Soláthar na Seirbhísí

Tugtar cuntas ar an mbealach ar cuireadh seirbhísí ar fáil sa bhliain 2021, déantar achoimre ar fheidhmíocht de réir ár bPlean Seirbhíse Náisiúnta 2021 agus léirítear na príomhchumasóirí i dtaca le hathruithe a chur i bhfeidhm

### Mír 4: Bainistíocht agus Cuntasacht

Tugtar forléargas ar na príomhshocruithe rialachais i bhFnaSS. Tá Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird agus Tuarascáil Bainistíochta Riosca do 2021, san áireamh

### Aguisíní

Tá cur síos ar fáil anseo ar an struchtúr eagraíochtúil atá againn agus an chaoi a gcuirtear seirbhísí ar fáil, maraon le tuarascáil ar chaiteachas agus sonraí maidir le hAcmhainní Daonna, tuarascáil ar scórchárta an Phlean Náisiúnta Seirbhíse 2021 agus ar na príomhghníomhaíochtaí, tuarascáil ar bhonneagar caipitil, sceideal tinrimh an Bhoird agus na gChoistí, táillí agus caiteachas, seicliosta ina dtugtar cuntas ar chomhlíonadh reachtach sa Tuarascáil Bhliantúil, maraon le gluais téarmaí

## CUID II

### Rialachas Airgeadais

Tugtar sonraí maidir le rialachas airgeadais, na Ráitis Airgeadais Bhliantúla san áireamh

# Clár


## CUID I

**1 Réamhrá** **3**
1.1 Ráiteas ó Chathaoirleach an Bhoird 4
1.2 Athbhreithniú Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin FnaSS 6

**2 Treo agus Comhthéacs Straitéiseach** **11**
2.1 Timpeallacht COVID-19 12
2.2 Tionchar an Chibirionsaithe 13
2.3 Soláthar Seirbhísí bunaithe ar Shláinte an Daonra 15
2.4 Ár bPlean Corparáideach – Ag Breathnú chun Cinn 18
2.5 Athchóiriú an Chórais Iomláin 20
2.6 Fuinneamh agus Inbhuanaitheacht 23

**3 Soláthar na Seirbhísí** **25**
3.1 Clár Vacsaínithe COVID-19 agus Tástáil agus Rianú 26
3.2 Freagairt don Chibirionsaí 30
3.3 Feidhmíocht agus Príomhspriocanna a Baineadh amach i 2021 31
3.4 Cáilíocht agus Sábháilteacht Ár Seirbhísí a Chinntiú 42
3.5 Soláthar an Chúraim Sláinte a Chumasú 47

**4 Bainistíocht agus Cuntasacht** **57**
4.1 Tuarascáil Rialachais agus Chomhaltaí an Bhoird 2021 58
4.2 Tuarascáil um Bainistiú Riosca 69
4.3 Gearáin agus Ráitis Mholta 78

**Aguisíní** **83**
Aguisín 1: Struchtúr na hEagraíochta agus Soláthar na Seirbhísí 84
Aguisín 2: Sonraí Caiteachais agus Acmhainní Daonna 86
Aguisín 3: Plean Seirbhíse Náisiúnta 2021, Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomhaíochtaí 88
Aguisín 4: Bonneagar Caipitil 94
Aguisín 5: Sceideal – Tinreamh an Bhoird agus na gCoistí, Táillí agus Caiteachas 98
Aguisín 6: Comhlíonadh Reachtach 101
Aguisín 7: Gluais 102

## CUID II

**Rialachas Airgeadais** **107**
Forléargas ar Fheidhmíocht agus Airgeadas 2021 108
Ráiteas ar Rialú Inmheánach 116
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur Faoi Bhráid an Oireachtais 139
Ráitis Airgeadais 143
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 148
Aguisíní 181



# 1 Réamhrá

1.1 Ráiteas ó Chathaoirleach an Bhoird

1.2 Athbhreithniú Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin FnaSS

# 1.1 Ráiteas ó Chathaoirleach an Bhoird



Mar Chathaoirleach Bhord FnaSS, is cúis áthais domsa agus do mo chomhghleacaithe Tuarascáil Bhliantúil FnaSS agus na Ráitis Airgeadais do 2021 a chur i láthair.

Ba é an rud ba mhó ar dhíríomar air i rith na bliana ná seirbhísí sábháilte sláinte agus cúraim shóisialta a chur ar fáil i dtimpeallacht COVID-19 agus, ag an am céanna, rinneadh athchóirithe bunúsacha maidir le soláthar na seirbhísí, m.sh. cuireadh breis straitéisí náisiúnta i bhfeidhm. I 2021 thug feidhmiú *Sláintecare* deis dúinn dul i ngleic le dúshláin a bhí ann le fada an lá, ina measc, liostaí feithimh do chúram sceidealaithe in ospidéil agus tréimhsí fada feithimh i rannóga éigeandála, go háirithe i gcás daoine aosta agus iad siúd a bhfuil riachtanais chasta acu. Thug ár gclár athchóirithe deis dúinn dul i ngleic leis na dúshláin seo chomh maith le dúshláin a bhain le tréimhsí feithimh i gcomhair seirbhísí meabhairshláinte agus seirbhísí bunaithe sa phobal, agus thar aon rud eile, é mar aidhm againn feabhas a chur ar eispéireas na n-othar agus úsáideoirí na seirbhísí trí bheartais nuálacha, a chur i bhfeidhm, ina measc, dlús a chur le digitiú ár seirbhísí sláinte.

Cé go mbíonn dúshláin i gcónaí ag baint le fíorleasuithe agus athchóirithe a chur i bhfeidhm, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí amhlaidh agus táimid tiomanta, mar eagraíocht, na hathruithe seo a chur i gcrích. As seo amach, déanfaidh muid ár ndícheall cineálacha cur chuige praiticiúla a ghlacadh chun ceangal níos láidre a chruthú idir muid féin agus eagraíochtaí deonacha (tríd an bhFóram Idirphlé, mar shampla), déanfar athbhreithniú ar chomhaontuithe leibhéal na seirbhísí agus déanfar struchtúir níos fearr a chruthú i dtaca le féinriar cuntasach.

Bhí feidhmiú an chláir náisiúnta vacsaínithe, ar éirigh thar barr leis, mar ghné ríthábhachtach den fhreagairt a rinneadh go náisiúnta i gcoinne phaindéim COVID-19. De bharr go bhfuil laghdú ag teacht ar líon na gcásanna faoi láthair, glacfaidh muid comhairle ónár bhfoirne sláinte poiblí, ach ní dhéanfaidh muid dearmad orthu siúd a fuair bás agus iad siúd atá ag fulaingt go fóill, de bharr na paindéime.

Rinne an cibirionsaí a tharla ar an 14 Bealtaine 2021 an-dochar dár gcóras sláinte. Bhí an córas faoi bhrú uafásach cheana féin mar gheall ar COVID-19. Léirigh sé laigí inár mbonneagar TFC agus thaispeáin sé go raibh gá le hinfheistíocht shuntasach a dhéanamh sa chóras. Mar thoradh ar an ionsaí cuireadh isteach go mór ar na seirbhísí go léir. Leanfaimid ag forbairt, ag feidhmiú agus ag monatóireacht leasuithe i dtaca le slándáil agus seasmhacht an bhonneagair náisiúnta seo atá ríthábhachtach chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar. Cinnteofar go mbeidh córas mearfhreagartha níos fearr againn le dul i ngleic le bagairtí den chineál seo nuair a tharlaíonn siad. Tá tús curtha le hidirphlé leis an Roinn Sláinte maidir le teacht ar aontú faoi chlár trasfhoirmithe ilbhliantúil TFC agus cibearshlándála a ullmhú, chun ár seasmhacht agus ár bhfreagrúlacht sa réimse seo a neartú agus an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag cibirionsaí mar seo ar chúram othar agus úsáideoirí na seirbhísí sa todhchaí, a laghdú.

Bhí dúshláin mhóra romhainn arís i 2021 agus de bharr méid agus éagsúlacht na heagraíochta, theastaigh réimse réitigh a aimsiú ar bhonn práinne go minic chun dul i ngleic go tapa le fadhbanna a tháinig chun cinn. Aimsíodh na réitigh seo de bharr na scileanna, an tiomantas agus cur chuige straitéiseach a chuir foirne FnaSS i bhfeidhm ar fud na heagraíochta. Cé go ndearnadh an t-uafás oibre, agus gur fheabhsaigh muid go mór mar sheirbhís sláinte, ní mór a rá freisin go bhfuil dúshláin fós ann agus go ndearnadh botúin. Léirigh príomhthorthaí an *Athbhreithnithe Neamhspleách ar Bhainistíocht Brandon – Tuarascáil le Foilsiú* (Tuarascáil Brandon) teipeanna suntasacha. Ní mór dul i ngleic leo sin ionas nach dtarlóidh eachtraí den chineál seo choíche arís.

In ainneoin na ndúshlán seo, lean FnaSS ar aghaidh ag comhlíonadh a dualgas agus a feidhmeanna reachtúla go héifeachtach le linn 2021. I rith na bliana, lean Bord FnaSS ag comhlíonadh na bpríomhfheidhmeanna, ina measc, athbhreithniú a dhéanamh agus treoir a thabhairt i dtaca leis an treo straitéiseach agus mórphleananna gníomhaíochta. Rinneadh athbhreithniú ar bhealaí chun na beartais agus na nósanna imeachta an bhainistithe riosca a chur i bhfeidhm, rinneadh pleananna agus buiséid seirbhíse bliantúla agus cuntais airgeadais a fhaomhadh, rinneadh maoirsiú ar chinntí a bhain le caiteachas caipitil agus infheistíochta. Rinneadh monatóireacht agus measúnú i dtaca le comhlíonadh feidhmíochta go ginearálta i FnaSS.

Mar gheall ar na dúshláin mhóra a bhí romhainn, ní raibh muid in ann spriocanna ár bPlean Seirbhíse Náisiúnta a bhaint amach. Chuir roinnt gnéithe isteach orainn sa chomhthéacs seo, go háirithe an tríú borradh d'ionfhabhtú COVID-19 a tháinig chun cinn i mí na Nollag 2020 agus a bhí i réim sa chéad leath de 2021. Bhí orainn acmhainní a aistriú ó réimsí eile den chúram sláinte chun dul i ngleic leis seo. Mar thoradh air sin, rinneadh athruithe i rith na bliana maidir le cuid de na príomhghníomhaíochtaí agus spriocanna don bhliain 2021, mar atá leagtha amach sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta, chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní a chinntiú, i gcomhthéacs na paindéime agus i gcomhthéacs an chibirionsaithe, chomh maith.

Sheas ár Rialtas go daingean linn agus muid ag cur na tacaíochta, a raibh gá leis, ar fáil chun dul i ngleic le COVID-19, agus chomh maith leis sin, rinneadh infheistíocht bhunúsach leanúnach atá riachtanach chun cúram éifeachtach agus sábháilte sláinte agus sóisialta a chinntiú dár saoránach go léir, do na glúnta atá le teacht.

Thar ceann an Bhoird, táim fíorbhuíoch as tacaíocht an phobail agus as iarrachtaí leanúnacha agus díograis ár bhfoirne, a d'oibrigh go dian dícheallach i rith na bliana chun freagairt do thionchar díreach agus indíreach COVID-19, agus chun déileáil le héifeachtaí an chibirionsaithe a tharla i mí na Bealtaine 2021. I rith na bliana 2022, beidh ar an tseirbhís sláinte a bheith ullamh chun ár seirbhísí go léir a chur ar fáil i dtimpeallacht COVID chomh maith le filleadh ar phríomhghnó na seirbhíse cúram sláinte. Leanaimid orainn ag cothú muiníne agus iontaobhais leis an bpobal, a bhí ag brath ar an tSeirbhís Sláinte chun dul i ngleic leis an tréimhse seo a bhí fíordheacair. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na comhaltaí Boird a thug a seirbhís i rith na bliana, as a dtiomantas agus a gcúnamh as cuimse chomh maith le comhaltaí na gCoistí Boird a bhí fial flaithiúil lena gcuid ama.

Ba mhian liom mo bhuíochas a ghabháil chomh maith leis an Aire Sláinte, Stephen Donnelly TD, agus an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht Speisialta maidir le Míchumas, Anne Rabbitte TD, agus lena gcuid oifigeach as an tacaíocht a chuir siad ar fáil agus lenár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Paul Reid, lena fhoireann bainistíochta agus lenár gcomhghleacaithe ar fad i bhFnaSS. Táim ag súil le go leanfaidh muid ar fad ag obair le chéile.

Meitheal de dhíth arís.



**Ciarán Devane**
*Cathaoirleach Bhord FnaSS*

# 1.2 Athbhreithniú Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin FnaSS



Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais FnaSS 2021 a chur i láthair.

Anuraidh, mar gheall ar an timpeallacht a bhí i réim, bhí dúshláin mhóra romhainn maidir le spriocanna ár bPlean Seirbhíse Náisiúnta a bhaint amach. Rinne roinnt eachtraí a tharla an scéal seo níos measa, go háirithe an tríú borradh d'ionfhabhtú COVID-19 a tháinig chun cinn i mí na Nollag 2020 agus a d'fhan linn ansin an chuid is mó den chéad leath de 2021. Bhí orainn acmhainní a aistriú ó réimsí eile den chúram sláinte chun díriú ar na dúshláin seo agus tá súil againn é sin a chur ina cheart i rith 2022.

Chuir an cibirionsaí i mí na Bealtaine isteach ar bhealach tubaisteach ar ár mbonneagar TFC, atá mar bhonn agus mar thaca ag na seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta ionas go mbeidís ag feidhmiú go héifeachtach. Chuir gníomhartha coiriúla na ndaoine a bhí freagrach as seo go mór leis an mbrú a bhí orainn cheana féin mar náisiún agus mar sheirbhís sláinte. Arís eile, d'éirigh lenár bhfoireann gaisce a dhéanamh agus léirigh siad seasmhacht agus seiftiúlacht iontach chun a chinntiú gur leanamar ar aghaidh ag seachadadh cúram riachtanach agus muid ag obair chun éifeachtaí an chibirionsaithe, an éifeacht ghabhála a stopadh agus a laghdú agus ansin tosú ar athbhunú na gcóras agus na bhfeidhmeanna ar bhealach eagraithe.

De bharr gur éirigh chomh maith lenár gclár náisiúnta vacsaínithe, táimid ag bogadh ar aghaidh ó fhreagairt ghéarchéime. É sin ráite, ní féidir linn a bheith réchúiseach agus sa mheántéarma déanfaidh muid cinnte de go mbeidh ar ár gcumas ár bhfórsa oibrithe a mhéadú chun dul i ngleic le treocht athraitheach an ghalair.

Cé go bhfuil athrú suntasach tagtha ar na cúinsí ina gcuirimid seirbhísí ar fáil, ina measc, ár dtacaíocht do mhuintir na hÚcráine atá ag teacht go hÉirinn de bharr an chogaidh ansin faoi láthair, níl aon athrú tagtha ar ár sainordú i dtaca le sláinte agus leas an phobail a chosaint. Ní mór dúinn gach bealach atá ar fáil a úsáid (ina measc, comhoibriú le heagraíochtaí faoi Alt 38 agus 39, institiúidí acadúla, agus an earnáil phríobháideach) chun seirbhísí a athbhunú agus tréimhsí feithimh do-ghlactha, a laghdú. Agus muid ag breathnú chun cinn, foghlaimeoidh muid ó eachtraí na bliana 2021, ar nós, moltaí Thuarascáil Brandon chomh maith le Tuarascáil HIQA ar shocruithe rialachais na seirbhísí gínéiceolaíochta in Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn. Tá ceachtanna foghlamtha againn ó thorthaí na dtuarascálacha seo chun a chinntiú nach dtarlóidh cásanna den sórt sin in aon áit eile agus chun barr feabhais a chur ar an gcaoi a gcuirimid cúram ar fáil.

Cruthófar agus cothófar deiseanna níos fearr maidir le comhoibriú ar fud an chórais de bharr an phlean atá ann faoi *Sláintecare* chun ceantair sláinte réigiúnacha (RHA) a chruthú. Éascóidh sé freisin meascán níos fearr maidir le treo straitéiseach ag an leibhéal náisiúnta mar aon leis an gcumas cinntí a dhéanamh ag leibhéal an RHA, mar is anseo a chuirtear an cúram ar fáil i ndáiríre.

Bhí ar ár gcumas dul i ngleic leis na dúshláin mhóra a bhí romhainn de bharr go raibh muid in ann, agus toilteanach oibriú le chéile. Leanamar ag obair go crua chun muinín agus iontaoibh an phobail a choinneáil, agus tuigimid gur thacaigh siad lenár seirbhís sláinte le linn na mblianta crua seo. Thug an Rialtas an-tacaíocht dúinn freisin maidir le cur ar chumas FnaSS na hinfheistíochtaí a bhí ag teastáil a dhéanamh chun cúram sláinte agus sóisialta a chur ar fáil go sábháilte agus go héifeachtach.

## Bainistiú Airgeadais

Cé gur thug muid tús áite do sholáthar na seirbhísí le linn COVID-19, tá dualgas dlíthiúil orainn, mar sin féin, seirbhísí a bhainistiú de réir an mhaoinithe atá ar fáil. Le linn 2021, díríodh go mór ar thuairisciú, ar anailís agus ar réamhaisnéisí maidir le hairgeadas, agus rinneadh feabhsuithe eatramhacha bainteach le COVID-19, caipiteal oibre agus airgead. Díríodh go suntasach ar fhorbairt an chórais chomhtháite an bhainistithe airgeadais (CCBA) chomh maith le roinnt príomhchlár oibre gaolmhara, ina measc, pleanáil le haghaidh leathnú na seirbhísí comhroinnte, comhtháthú le clár NISRP (SAP HR), rannpháirtíocht leis an earnáil dheonach maidir le glacadh le CCBA agus tús a chur le hullmhú straitéis tuairiscithe, atá mar phríomhghné den Chreat Bainistíochta Airgeadais, ar a bhfuil CCBA bunaithe. Tugann an CCBA agus príomhbheartais eile ar tagraíodh dóibh thuas, a bhfuil go leor acu ina bpríomh-chumasóirí *Sláintecare*, dóchas dáiríre go mbainfear amach feabhsuithe inbhuanaithe maidir le conas is féidir le hairgeadas agus soláthar tacú lenár seirbhísí sláinte de réir ár réamh-mheastacháin. Ba í an bhliain 2021 an tríú bliain as a chéile inar bhainistigh FnaSS a cuid airgeadais iomlán laistigh de pharaiméadair airgeadais mar a socraíodh roimh ré agus mar a pléadh leis an Roinn Sláinte (RS) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER). Bhí barrachas foriomlán neamhchaipitil glan ag na Seirbhísí Lárnacha (i.e. nach raibh baint acu le COVID) a chúitigh go substaintiúil (thart ar 80%) na costais bhreise a bhain le COVID, a raibh éileamh orthu agus a ceadaíodh ach nach raibh maoinithe go sonrach i gcomhair éilimh a bhain le COVID. D’fhág sé sin €195m/0.9% iarmharach iomarcach ag deireadh 2021 maidir le costais COVID. Pléifidh agus aontóidh FnaSS, an RS agus an DPER an cur chuige a bheidh ann ina leith seo, mar chuid de chur chuige iomlán maidir le costais agus maoiniú COVID, i 2022.

## Oibríochtaí Comhtháite

Rinneadh a lán oibre maidir le soláthar seirbhísí le linn 2021 a bhuíochas don mhéid oibre a rinne oibrithe tiomanta agus díograiseach, in ainneoin an méid brú a bhí orthu ag dul i ngleic le paindéim a bhí ag síorathrú; cibirionsaí uafásach; éilimh bhreise ar ghnáthsheirbhísí agus othair le fadhbanna níos casta ag teacht chun cinn. Cé go raibh go leor oibre rialta stoptha ar chúiseanna a luadh thuas, tháinig feabhas ar an ngné seo sa dara cuid den bhliain agus lean muid ag obair chun dul i ngleic le tréimhsí feithimh i dtaca leis na seirbhísí géarchúraim agus seirbhísí pobail.

Tá líonraí cúram sláinte pobail agus samhlacha cúraim ghaolmhara á gcur i bhfeidhm ag na seirbhísí pobail, agus tá tús curtha leis an gClár um Chúram Pobail Feabhsaithe agus tá dul chun cinn déanta maidir le cuspóirí Chéim 1. Rinneadh dul chun cinn maith i 2021 freisin maidir le moltaí Thuarascáil an *Phainéil Saineolaithe ar Thithe Altranais le linn COVID-19* a chur i bhfeidhm.

Chomh maith le hoibríochtaí laethúla a bhainistiú ar aon dul le pleananna náisiúnta, pleananna geimhridh, pleananna paindéime agus pleananna téarnaimh na seirbhísí, rannpháirtíocht leis an Roinn Sláinte agus páirtithe leasmhara maidir leis an bhfreagairt i leith na paindéime agus na himpleachtaí foirne agus seirbhíse a bhaineann leis sin, tá tús curtha le hobair ar dhearadh na feidhme Oibríochtaí Comhtháite nua. Cuireadh feidhm nua pleanála seirbhíse leis, a fheabhsóidh ár gcur chuige pleanála go ginearálta agus a chinnteoidh, ó thaobh an daonra agus na seirbhíse iomláin, go mbeidh pleananna i ndáil leis na seirbhísí bunaithe ar fhianaise, chomh maith le bheith comhtháite, inseachadta agus ag teacht lenár gcuspóirí straitéiseacha.

## Clár Vacsaínithe agus Tástáil agus Rianú

Lean foireann chlár vacsaínithe COVID-19 ag dáileadh agus ag riar vacsaíní COVID-19. Bhí idirchaidreamh díreach agus leanúnach leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara ábhartha; soláthraíodh seirbhís fuarstórála chun stóráil agus dáileadh a bhainistiú; aimsíodh agus coinníodh ceadúnais i gcomhair ionaid vacsaínithe; rinneadh measúnú agus uasghrádú leanúnach ar an gcóras riachtanach TFC; agus rinneadh monatóireacht agus leasúcháin ar aon rioscaí, ina measc rioscaí maidir le cáilíocht sonraí, chun go n-éireodh go maith le seachadadh an chláir.

Faoi dheireadh 2021, bhí a gcéad vacsaín faighte ag 95.1% den daonra fásta agus 77.8% den daonra iomlán. Ina theannta sin, bhí os cionn 2.25 milliún teanndáileog tugtha amach.

Ba cheann de na príomhghníomhaíochtaí i mbliana ná leanúint leis an tSamhail Oibriúcháin Náisiúnta do Thástáil agus Rianú COVID-19. Eagraíodh an lucht oibre, an bonneagar agus na leasuithe seirbhíse a raibh gá leo. Ag deireadh na bliana, bhí ar ár gcumas 300,000 tástáil PCR a dhéanamh in aghaidh na seachtaine. Bhí seo amhlaidh mar gheall ar na feabhsuithe a rinneadh in 2021 chun deis a thabhairt do dhaoine coinní (coinní sonracha) a dhéanamh ar bhealaí éagsúla, m.sh. trí Dhochtúirí Teaghlaigh, trí thairseach féin-atreoraithe agus trí choinní siúil isteach ar fud na tíre.

## Ár nOibrithe

Cuireadh líon mór feachtas earcaíochta ar bun, go háirithe i dtaca le seirbhísí leighis, altranais agus sláinte agus cúraim shóisialta. Tugadh faoi earcaíocht idirnáisiúnta, agus cuireadh feachtais ar bun maidir le réimsí eile oibre seachas altranas agus cnáimhseachas. Cuireadh comhairle thráthúil ar fáil do bhainisteoirí maidir le bainistiú agus tacaíocht a thabhairt don fhoireann i rith na paindéime – go háirithe, maidir le dul i ngleic le húdair imní na foirne agus le leas na foirne.

Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh líonraí agus caidreamh gairmiúil ar bun lenár bpáirtithe leasmhara chun rudaí a chur i gcrích agus tá gá le díriú ar bhonn leanúnach ar chumasú líonraí agus an chaidrimh foirne le heagraíochtaí áitiúla.

## Conclúid

In ainneoin an bhrú gan staonadh a bhí orthu ó thús na paindéime, lean ár bhfoireann ag soláthar seirbhísí COVID-19, chomh maith le seirbhísí nach raibh baint acu le COVID-19. Ní fhéadfaí an obair leanúnach seo a dhéanamh murach tiomantas, díograis agus misneach iontach oibrithe den scoth, a chothaíonn muinín agus iontaoibh inár réimse leathan seirbhísí. Tháinig FnaSS go mór chun aibíochta mar eagraíocht le linn na tréimhse seo agus tá ceannaireacht thacúil láidir le feiceáil ag gach leibhéal de na seirbhísí. Tá gairmiúlacht le sonrú i bhfeidhmíocht ár bhfoirne, ar fud na heagraíochta. Is í mo thuairim féin, gur saintréith í sin a bhaineann le hoibrithe atá aontaithe, a bhfuil suim acu san obair agus atá ag iarraidh i gcónaí sárchaighdeán a bhaint amach i seachadadh seirbhísí. De bharr aontacht cuspóra na foirne, is cinnte go mbeidh rath orainn amach anseo agus muid i mbun atógála agus leagan amach seirbhís sláinte níos fearr ina mbeidh muinín ag ár bhfoireann, ár dteaghlaigh agus ár bpobal aisti agus a mbeidh muid ar fad bródúil aisti.

Míle Buíochas



**Paul Reid**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*



# 2 Treo agus Comhthéacs Straitéiseach

2.1 Timpeallacht COVID-19
2.2 Tionchar an Chibirionsaithe
2.3 Seirbhísí a sholáthar bunaithe ar Shláinte an Daonra
2.4 Plean Corparáideach – Ag Breathnú Chun Cinn
2.5 Athchóiriú an Chórais Iomláin
2.6 Fuinneamh agus Inbhuanaitheacht

# 2.1 Timpeallacht COVID-19

Cé go raibh líon na gcásanna COVID-19 ard i mí Eanáir 2021, in ainneoin srianta Leibhéal 5 a bheith i bhfeidhm ar fud na tíre, cuireadh dlús leis an gclár vacsaínithe COVID-19 ar cuireadh tús leis i mí na Nollag 2020. Mar sin féin, mhéadaigh líon na n-othar ab éigean a chur isteach in Aonaid Dianchúraim (ICU) le COVID-19, mar aon le líon na mbásanna. Bhí cúrsaí fós go dona i rith mhí Eanáir agus an córas ospidéil faoi bhrú ollmhór. Lean an patrún seo ar aghaidh i rith mhí Feabhra ach i mí an Mhárta, thosaigh an líon sna haonaid dianchúraim ag ísliú go mall agus muid ag druidim le bliain díreach ó tuairiscíodh an chéad chás de COVID-19 in Éirinn.

Bhí tionchar dearfach an chláir vacsaínithe le feiceáil faoi mhí Aibreáin, mar bhí líon na mbásanna íslithe chomh maith leis an méid daoine a bhí ag tolgadh an ghalair agus an méid daoine a bhí sna hospidéil leis an ngalar. Bhí sé suntsasach gur athraigh próifíl an ghalair, go háirithe i measc na ngrúpaí ba leochailí ar tugadh an vacsaín dóibh ar dtús. De bharr na n-éifeachtaí seo, bhíothas in ann cúram sláinte eile seachas cúram COVID-19 a chur ar fáil de réir a chéile. In ainneoin an dochair mhóir a rinne an cibirionsaí coiriúil i mí na Bealtaine don chóras sláinte ar fad, lean foireann FnaSS ag seachadadh cúram riachtanach agus cúram bainteach le COVID-19 agus leanadh freisin leis an ollchlár vacsaínithe.


Cé gur aimsíodh an víreas in Éirinn den chéad uair i mí na Nollag 2020, bhí ceithre athraitheach éagsúla den víreas COVID-19 a raibh imní fúthu aimsithe faoi mhí Aibreáin 2021: Alpha, Béite, Gáma agus Delta. Faoi lár an tsamhraidh, ba é Delta an t-athraitheach ba choitianta den víreas COVID-19 agus tháinig fás an-sciobtha ar líon na n-ionfhabhtuithe COVID-19 a tuairiscíodh. Bhí an t-ádh orainn nach raibh an líon céanna daoine sna hospidéil agus a bhí le linn ráigeanna den víreas roimhe sin.

Aimsíodh an cúigiú hathraitheach a raibh imní faoi, i.e. Omicron, i mí na Nollag 2021. Bhí Omicron i bhfad ní ba thógálaí ná Delta. Mar sin féin, bhí sé le tabhairt faoi deara go luath nach raibh daoine chomh tinn le Omicron agus a bhí le linn athraitheacha roimhe sin agus bhí tionchar dearfach le sonrú de bharr go raibh teanndáileog na vacsaíne faighte ag daoine.

Forbraíodh Samhail Chúraim do COVID Fadmharthanach in 2021 agus bunaíodh clinicí iar-ghéarmhíochaine agus clinicí COVID fadmharthanach in áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Cuireadh tús le clár oibre mionsonraithe ina dhiaidh sin chun an tsamhail chúraim seo a chur chun cinn.

Anois agus an vacsaín faighte ag an oiread sin daoine, ní mór dúinn ár n-acmhainní agus ár n-iarrachtaí a bhainistiú go cuí chun déileáil le líon na gcásanna a eascraíonn as ionfhabhtú leanúnach agus chun cosaint a thabhairt do na daoine is leochailí ó thaobh an ghalair de. Tá dúshláin mhóra amach romhainn agus is é an rud is tábhachtaí ná dul i ngleic le liostaí fada feithimh atá mar fhadhb le fada an lá, agus feabhas a chur ar cháilíocht na beatha dóibh siúd nach bhfuair cúram ceart in am nó ar cuireadh moill ar a gcúram. Ní mór dúinn a bheidh réidh san am atá le teacht le dul i ngleic le bagairt ó phataiginí nua agus athraitheacha COVID-19 níos nimhní i 2022 agus ina dhiaidh sin.

### Iomlán Carnach Cásanna a Dearbhaíodh le tástáil PCR – Deireadh 2020-2021




Foinse: Mol Sonraí COVID-19 na hÉireann

# 2.2 Tionchar an Chibirionsaithe

## Cúlra an Ionsaithe

Is ar an 14 Bealtaine 2021 a tugadh faoi deara go ndearnadh ionsaí bogearraí éirice ‘Conti’ ar líonra FnaSS. Dhíchumasaigh sé roinnt de na córais. Rinneadh an t-ionsaí chun cur isteach ar sheirbhísí sláinte agus sonraí a ghoid chun airgead fuascailte a éileamh as (a) gan na sonraí seo a fhoilsiú agus (b) athrochtain ar shonraí criptithe. Cé gur tharla ionsaí bogearraí éirice Conti ar an 14 Bealtaine, tharla foinse an chibirionsaithe ocht seachtaine roimhe sin, nuair a osclaíodh ríomhphost fioscaireachta a seoladh chuig FnaSS. Bhí imní mhór ann faoin mbaol go mbeadh faisnéis faoi othair inaitheanta le fáil go poiblí.

Tar éis an ionsaithe bogearraí éirice, ghair an POF Próiseas Teagmhais Chriticiúil FnaSS agus bhunaigh sé Foireann Bainistithe Géarchéime Náisiúnta (NCMT) chun an próiseas teagmhais agus athshlánaithe a bhainistiú. D’iarr FnaSS cúnamh ar Bhiúró Náisiúnta Cibearchoireachta an Gharda Síochána, ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus ón Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC) chun tacú leo leis an obair. Le linn an phróisis athshlánaithe, chuidigh Óglaigh na hÉireann agus an NCSC, chomh maith le páirtithe eile, le FnaSS sna seachtainí díreach tar éis an ionsaithe.

Ar oíche an ionsaithe, rinneadh cinneadh gach córas TF de chuid FnaSS a mhúchadh agus an Líonra Náisiúnta um Chúram Sláinte a dhícheangal ón idirlíon chun srian a chur le tionchar an ionsaithe agus chun an tionchar a mheas chomh maith. Mar thoradh air sin, chaill gairmithe cúram sláinte rochtain ar gach córas TF a chuir FnaSS ar fáil, ina measc, na córais faisnéise othar, córais chúraim chliniciúil agus córais shaotharlainne. Cuireadh isteach go mór, láithreach bonn ar na córais agus bhí sé tubaisteach do na mílte duine a dteastaíonn seirbhísí sláinte uathu gach lá. Cuireadh isteach ar sheirbhísí riachtanacha ar nós tástálacha fola agus seirbhísí diagnóiseacha mar thóg siad i bhfad ní b’fhaide ná mar ba ghnách mar b’éigean an obair seo a dhéanamh de láimh. Dá bharr seo, cuireadh moill ar chúram na n-othar a bhí faoinár gcúram. Ní raibh córais neamhchliniciúla (m.sh. córais airgeadais, córais phárolla agus soláthair) ar fáil ach an oiread.

### Achoimre ar Amlíne Ionsaí Conti

- Ionfhabhtú bogearraí mailíseacha ar stáisiún oibre FnaSS
- D’oibrigh an t-ionsaitheoir sa timpeallacht ar feadh 8 seachtaine roimhe sin

- Lean an tseirbhís sláinte ag freagairt don ionsaí
- Choimisiúnaigh an Bord/POF an comhlacht PwC chun Athbhreithniú Iar-theagmhais a dhéanamh

Márta | Aibreán | Bealtaine | Meitheamh | Iúil | Lúnasa | Meán Fómhair | Deireadh Fómhair | Mí na Samhna

**14 Bealtaine 2021**

- ‘Ionsaí’ bogearraí éirice ‘Conti’. Próiseas Teagmhais Chriticiúil agartha agus eagraíodh cruinniú don Fhoireann Bainistithe Géarchéime Náisiúnta
- Córais TF múchta agus an Líonra Náisiúnta um Chúram Sláinte dícheangailte
- Cuireadh isteach go mór ar fhaisnéis othar, córais chliniciúla agus saotharlainne agus rinneadh dochar mór do sheirbhísí othar

## Freagairt don Chibirionsaí

Ar an 20 Bealtaine 2021, fuair FnaSS urghaire Ard-Chúirte a chuir srian ar roinnt, ar phróiseáil, ar dhíol nó ar fhoilsiú aon sonraí a goideadh óna córais ríomhaireachta. Ar an lá céanna, phostáil an t-ionsaitheoir nasc chuig eochair a dhíchriptigh comhaid a bhí criptithe ag an mbogearra éirice, chun go mbeifí in ann rochtain a fháil ar na sonraí seo. Gan an eochair seo, thógfadh an t-athbhunú ní b’fhaide mar ní fhéadfaí athshlánú a dhéanamh ach trí chúltacaí as líne.

Ceithre chéim maidir le freagairt FnaSS ar theagmhais chriticiúla cibearshlándála:

i. An Chéim Shrianta – srian a chur le bogearraí éirice agus líonra FnaSS a chosaint

ii. Céim – Eolas a thabhairt – an pobal, foireann FnaSS, an Roinn Sláinte agus páirtithe leasmhara an Rialtais, agus na húdaráis rialála a chur ar an eolas agus leanúint ar aghaidh á gcur ar an eolas

iii. An Chéim Mheasúnaithe agus Athshlánaithe – baineann sé seo le hathbhunú seirbhísí agus le díothú bogearraí éirice ó líonra FnaSS
iv. Leigheas – tá seo ag tagairt don líonra a neartú in aghaidh chibearbhagairtí amach anseo, cur le cibearphróifíl FnaSS, agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón ionsaí seo a chur i bhfeidhm.

Ón 22 Bealtaine 2021, bhog foireann Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) FnaSS ón gCéim Shrianta go dtí an Chéim Mheasúnaithe agus Athshlánaithe. Thángthas ar aontú i gcomhar leis an bPríomhoifigeach Oibríochtaí agus an Príomhoifigeach Cliniciúil maidir leis na córais a ndéanfaí athshlánú orthu ar dtús. Bhí an cur chuige seo bunaithe ar thosaíochtaí a bhain le riosca cliniciúil agus oibriúcháin. Dhírigh an obair theicniúil ar chórais a dhíchriptiú, stáisiúin oibre a ghlanadh, córais a athbhunú agus feidhmchláir a athshlánú ag teacht leis na tosaíochtaí cliniciúla agus seirbhíse a comhaontaíodh.

Athshlánaíodh príomhchórais aitheantais roinnt laethanta tar éis na heachtra, agus rinneadh díchriptiú ar na freastalaithe agus feidhmchláir na seirbhísí géarmhíochaine agus seirbhísí pobail sna míonna ina dhiaidh sin. Faoi 21 Meán Fómhair, bhí gach freastalaí, 80% dá ríomhairí pearsanta agus 1,075 feidhmchlár as 1,087 athshlánaithe ag FnaSS.

## Athbhreithniú Iar-Theagmhais Neamhspleách

D'iarr Bord FnaSS i gcomhar leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú neamhspleách ar an gcibirionsaí bogearraí éirice. Ba é cuspóir an Athbhreithnithe ná:

i. Na fíricí a léiriú maidir le hullmhacht agus freagairt FnaSS
ii. An méid a foghlaimíodh ón teagmhas seo a léiriú chun go bhféadfaí feabhas a chur ar ullmhacht agus ar fhreagairt FnaSS i leith rioscaí móra eile
iii. Na ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt laistigh de FnaSS agus go seachtrach le heagraíochtaí Stáit agus neamhstáit
iv. Moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar ullmhacht agus ar fhreagairt FnaSS i dtaca le mórbhagairtí cibearshlándála agus rioscaí agus teagmhais mhóra eile a chuireann isteach go mór ar ghnó.

Rinneadh *roinnt príomh-mholtaí sa Tuarascáil, Cibirionsaí Conti ar FnaSS* – Athbhreithniú Iar-theagmhais, neamhspleách. Seo achoimre faoi cheithre réimse shonrach:

- Rialachas TFC/Cíbear
  - Grúpaí oibre ar leibhéal an Bhoird agus na Feidhmeannachta le bunú chun measúnú leanúnach ar chibearshlándáil a bhrú chun cinn
- Teicneolaíocht agus trasfhoirmiú
  - Príomhoifigeach Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe a cheapadh
  - Straitéis TFC a fheabhsú agus plean ilbhliantúil a réiteach ag teacht le cibearmholtaí
  - Mórphlean infheistíochta a ullmhú
  - Claochlú maidir le heastáit a fágadh le hoidhreacht ó sheanchleachtais TFC
  - Cibearshlándáil agus seasmhacht a chur san áireamh in ailtireacht TF
- Cibearshlándáil
  - Príomhoifigeach Faisnéise Slándála a cheapadh agus acmhainní a chur ar fáil i gcomhair cibirfheidhm inniúil
  - Clár trasfhoirmithe chibearshlándála a ullmhú agus a chur i bhfeidhm
- Leanúnachas Cliniciúil agus seirbhísí
  - Clár trasfhoirmithe chliniciúil agus seirbhísí a bhunú
  - Cur le próisis leanúnacha maidir le riosca, teagmhais, géarchéim agus gnó FnaSS
  - Coiste Stiúrtha um Beartas Oibriúcháin agus Seasmhachta a bhunú
  - Cur le hinniúlacht um bainistiú géarchéime.

Dul chun cinn déanta sna príomhréimsí seo:

- Tá athruithe déanta ar bhonn práinne cheana féin ag FnaSS chun cosaint níos fearr a thabhairt don eagraíocht in aghaidh ionsaí den chineál seo sa todhchaí, ina measc, tá roinnt rialuithe nua cibearshlándála, agus bearta monatóireachta agus faisnéise maidir le bagairtí curtha i bhfeidhm, bunaithe ar an gcomhairle is fearr ó shaineolaithe idirnáisiúnta.
- Tá tús curtha le plé leis an Roinn Sláinte i dtaca le clár nua ilbhliantúil TFC agus cibearshlándála a ullmhú agus a aontú chun ár seasmhacht agus ár bhfreagrúlacht sa réimse seo a neartú agus an dochar a d'fhéadfaí a dhéanamh de chúram othar agus d'úsáideoirí na seirbhísí sa todhchaí, a laghdú.

Cé go bhfuil obair déanta ag FnaSS chun seasamh cibearshlándála na heagraíochta a fheabhsú, is clár oibre ilbhliantúil é seo agus go dtí go mbeidh sé curtha i gcrích, tá baol fós ann go dtarlóidh cibirionsaí.

*Tá tuilleadh eolais faoinár bhfreagairt ar an ionsaí agus an tionchar a bhí aige ar sholáthar cúram sláinte i gCuid 3 den Tuarascáil Bhliantúil seo.*

# 2.3 Soláthar Seirbhísí Sláinte bunaithe ar Shláinte an Daonra

Ní mór pleanáil don tsláinte, agus cinntí maidir le tosaíochtaí i bhforbairt seirbhísí a bheith bunaithe ar eolas faoin daonra sa stát. Measadh go raibh 5.01 milliún duine sa stát i mí Aibreáin 2021. Seo an chéad uair a bhí daonra na hÉireann os cionn cúig mhilliún ó dhaonáireamh 1851, nuair a taifeadadh go raibh 5.11 milliún sa tír. Léirítear sa daonáireamh gur tháinig méadú de 34,000 (+0.7%) ar an daonra ó Aibreán 2020 agus tá sé ag fás i gcónaí i ngach réigiún agus aoisghrúpa. Mar a chonaiceamar cheana, tá an fás daonra is mó i measc na n-aoisghrúpaí níos sine. Rugadh 60,396 leanbh in 2021 agus tugann meastacháin le fios go bhfuil daonra níos airde fós in Éirinn san aoisghrúpa idir 0-14 bliana d'aois ná mar atá i dtíortha eile san Eoraip (léiríonn figiúirí ó 2020 go bhfuil beagán os cionn 20% de dhaonra na hÉireann idir 0-14 bliana d'aois, i gcomparáid le thart ar 15% sa chuid eile den Eoraip). Tá laghdú tagtha ar líon na mbreitheanna agus ar an ráta iomlán torthúlachta in Éirinn gach bliain le deich mbliana anuas, agus meastar go leanfaidh siad seo ag laghdú agus muid ag dul chun cinn go 2030.

## An Pobal ag Dul in Aois

Le deich mbliana anuas, tá méadú níos mó ná aon trian tagtha ar líon na ndaoine in Éirinn atá 65 bliana d'aois nó níos sine, agus bhí an méadú san aoisghrúpa seo dhá oiread an meán san aoisghrúpa seo i dtíortha na hEorpa sa tréimhse chéanna. I mí Aibreáin 2021, bhí 742,300 duine 65 bliana d'aois nó níos sine ina gcónaí in Éirinn, sin méadú ó 629,800 (17.8%) i 2016. Laistigh den aoisghrúpa seo, bhí 176,000 duine 80 bliain d'aois nó os a chionn, sin méadú ó 147,800 (19.1%) in 2016.

San aoisghrúpa seo, meastar go dtiocfaidh méadú 40% go 1.1 milliún ar líon na ndaoine le galar ainsealach amháin nó níos mó idir 2016 agus 2030. Tuairiscíonn *Staidéar Fadaimseartha ar Aosú in Éirinn (TILDA)* go bhfuil 64.8% de na daoine atá os cionn 65 bliain d'aois ag fulaingt le níos mó ná galar amháin faoi láthair.

Sainmhíníonn TILDA an leochaileacht mar 'staid shláinte shainiúil a bhaineann leis an bpróiseas aosaithe ina gcailleann go leor de na córais sa chorp a láidreacht nádúrtha de réir a chéile'. Tá TILDA i mbun na suirbhéanna seo le blianta fada agus léirítear an méadú atá tagtha ar leochaileacht, ó 12.7% in 2009/2010 go 19.0% i 2016, ina measc siúd atá os cionn 50 bliain d'aois. Tagann méadú ar an leochaileacht le haois agus baineann riosca suntasach leis m.sh bíonn sé mar chúis le titim, mar aon le meath meabhairshláinte agus cognaíochta, agus míchumas i measc daoine fásta atá níos sine, agus dá bharr seo bíonn gá le breis seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a bheith ar fáil.

De réir mar a théann an daonra in aois, meastar go dtiocfaidh méadú freisin ar líon na ndaoine a bhfuil néaltrú orthu. Meastar go bhfuil thart ar 68,000 duine ag maireachtáil le néaltrú in Éirinn. Tá sé tuartha i *Straitéis Náisiúnta na hÉireann maidir le Néaltrú 2014* go bhféadfadh líon na ndaoine in Éirinn le néaltrú ardú go dtí os cionn 150,000 duine, faoin mbliain 2046 agus go mbeadh impleachtaí suntasacha aige seo do sheirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta.

**Léiríodh sa Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Éire Shláintiúil sa tSeirbhís Sláinte 2015-2020…**

Go mbeidh fadhbanna meabhairshláinte ag **duine as cúigear againn** le linn ár saoil

Go bhfuil **20% de na leanaí** idir 3 bliana agus naoi mbliana d'aois agus 60% de na daoine, aois 15 bliain nó os a chionn róthrom nó murtallach

Meastar go dtiocfaidh méadú faoi cheathair, **128,000** go **476,700** ar an daonra is sine i.e. iad siúd atá 80 bliain d'aois nó os a chionn faoi 2046

Tá **55,000 duine** in Éirinn ag maireachtáil le néaltrú agus buaileann sé **4,000 duine** breise gach bliain, thart ar 11 duine gach lá

**Léiríodh sa Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Éire Shláintiúil sa tSeirbhís Sláinte 2015-2020…**

Go dtarlaíonn **76% de na básanna** in Éirinn de bharr galair ainsealacha. Is de bharr na ngalar seo a chuirtear 40% d'othair sna hospidéil agus úsáidtear 75% de laethanta leapa agus 55% de chaiteachas ospidéil le dul i ngleic leis na galair seo

Is í an ailse an galar ainsealach is coitianta agus déantar **36,000 cás nua** a dhiagnóisiú gach bliain. Ina dhiaidh sin is galair chardashoithíocha agus riospráide na galair is coitianta

Tháinig laghdú ar an ráta maidir le caitheamh tobac ó **23% go 17%** idir 2015 agus 2020

Ólann 4 as 5 daoine fásta alcól agus ólann **37% díobh** siúd iomarca alcóil le linn ghnáthsheisiún ólacháin

## Sláinte an Phobail

Is é an meastachán is déanaí ar ionchas saoil in Éirinn ná 80.8 bliain i gcás na bhfear, agus 84.7 bliain i gcás na mban. Tháinig ardú de 2 bhliain ar ionchas saoil na mban idir 2009 agus 2019 agus tháinig ardú de 3 bliana ar an meán ar ionchas saoil na bhfear sa tréimhse chéanna. Is í an ghné is suntasaí maidir leis an ardú seo ar ionchas saoil ná gur tháinig laghdú ar rátaí básmhaireachta de bharr mórghalar. Mar sin féin, tá patrún sóisialta ag baint leis an ionchas saoil agus tá sé fós níos ísle i measc oibrithe neamhoilte i gcomparáid le hoibrithe gairmiúla.

Is iad na príomhchúiseanna báis in Éirinn ná ailse – 29.5% d'iomlán na mbásanna, galair an chórais imshruthaithe – 27.5% d'iomlán na mbásanna, agus galair an chórais riospráide 10.7% d'iomlán na mbásanna i 2020. Tá dul chun cinn suntasach déanta in Éirinn maidir le básmhaireacht a laghdú i gcás ghalair an chórais imshruthaithe. Sa tréimhse 2011-2020, tháinig laghdú de 31.3% ar líon básanna aoischaighdeánaithe de bharr na ngalar seo. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le líon básanna a laghdú de bharr ailse agus galair an chórais riospráide, agus tháinig laghdú 16.8% agus 29.8% faoi seach ar an líon básanna aoischaighdeánaithe de bharr na ngalar seo sa tréimhse 2011-2020. Mar sin féin, bhí an líon básanna aoischaighdeánaithe ó ghalair an chórais riospráide (ina measc, ailse traicé, an bhroncais agus na scamhóg) 66.5% níos airde in Éirinn i gcomparáid leis an meán san Aontais Eorpach, rud a léiríonn an gá atá le dul chun cinn níos fearr a dhéanamh maidir le sláinte riospráide ar bhonn náisiúnta.

Ba nithe seachtracha a bhain le gortuithe agus nimhiú, ina measc, féinmharú agus timpistí ba chúis le 4% de na básanna go léir in Éirinn in 2020. Tá líon na mbásanna den chineál seo sách ard i measc daoine óga, agus ba nithe seachtracha mar seo ba chúis le 14.5% de bhásanna i ndaoine faoi 65 bliain d'aois in 2018. In Éirinn, sa tréimhse 2011-2020, tháinig laghdú de 31.9% ar líon na mbásanna aoischaighdeánaithe ar chúiseanna seachtracha, le laghdú de 63.5% ar líon na mbásanna aoischaighdeánaithe de bharr timpistí bóthair agus laghdú de 41.6% ar líon na mbásanna aoischaighdeánaithe de bharr féinmharaithe.

I nDaonáireamh 2016, tuairiscíodh go raibh tinneas nó deacracht a bhain le míchumas le fada ag 643,000 duine (13.5%). B'ionann é sin agus méadú de 48,000 (8%) ó 2011. San iomlán, in 2016, bhí 6.7% den daonra faoi 20 bliain d'aois agus 49.5% den daonra 75 bliain d'aois agus os a chionn faoi mhíchumas éigin. De bharr phaindéim COVID-19, cuireadh an Daonáireamh ar cheart a bheith déanta i mí Aibreáin 2021 ar athló 12 mí agus beifear in ann roinnt paraiméadair a bhaineann le sláinte a uasdátú de réir an Daonáirimh nua.

Bhí paindéim COVID-19 ar cheann de na bagairtí ba mhó do shláinte ár náisiúin; ag deireadh mhí na Nollag 2021, bhí 5,788 duine in Éirinn tar éis bás a fháil le COVID-19. Ina theannta sin, nuair ba threise a bhí an phaindéim, tháinig laghdú ar an líon othar ar tugadh cúram leighis éagsúla dóibh sna hospidéil agus dá bharr seo d'fhéadfadh sé go raibh tionchar aige seo ar bhásmhaireacht agus galracht.

## Tosca Sóisialta a mBíonn Tionchar acu ar Shláinte agus Grúpaí Imeallaithe

Bíonn tionchar as cuimse ag ár dtimpeallacht shóisialta ar stádas sláinte. Tá nasc láidir idir bochtaineacht, stádas socheacnamaíoch agus sláinte. I 2020, bhí 13.2% 'i mbaol bochtaineachta'. San iomlán, sonraíodh go raibh 15.6% den daonra ag maireachtáil i gcúinsí díothachta neamhroghnacha, i.e. ag fulaingt dhá cheann nó níos mó den 11 cineál díothachta. Ba é an ráta díothachta ina gcás siúd a bhí i mbaol bochtaineachta ná 38.3% i 2020, i gcomparáid le 12.2% ina gcás siúd nach raibh i mbaol bochtaineachta. Ba é an ráta seasta bochtaineachta i 2020 ná 5.0%, i gcomparáid le 8.5% in 2015 agus 6.9% i 2011. Bíonn riachtanais chasta sláinte ag grúpaí imeallaithe nó grúpaí atá eisiata go sóisialta agus bíonn torthaí sláinte níos measa acu de réir réimse táscairí, ina measc, galar ainsealach, galracht, básmhaireacht agus sláinte féintuairiscithe. Is minic a bhíonn fadhbanna sláinte casta agus ainsealacha ag daoine gan dídean, go háirithe iad siúd a bhíonn gan dídean ar bhonn leanúnach nó a chodlaíonn amuigh agus iad siúd a bhaineann mí-úsáid as substaintí.

Is minic a bhíonn éagothroime thromchúiseach ó thaobh sláinte á fulaingt ag daoine ó phobail an Lucht Siúil agus an pobal Romach. Dá bharr sin bíonn torthaí sláinte níos measa acu, mar aon le hionchas saoil níos ísle agus básmhaireacht naíonán níos airde, i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne. Mar thoradh air seo, bíonn Lucht Siúil na hÉireann i bhfad níos óige ná an daonra i gcoitinne, agus gan ach 3% díobh 65 bliain d'aois nó os a chionn, i gcomparáid le 13.3% den daonra ginearálta mar a léiríodh i ndaonáireamh 2016.

Cé go bhfuil roinnt tosca a mbíonn tionchar acu ar na difríochtaí i stádas sláinte i measc na ngrúpaí sóisialta, bheadh rochtain chuí ar sheirbhísí sláinte ina chuidiú mór. Ag deireadh na bliana 2021, bhí cárta leighis ag 1.5m duine in Éirinn chun go mbeadh ar a gcumas rochtain a fháil ar sheirbhísí agus bhí cárta cuairte Dochtúra Teaghlaigh ag beagnach 526,000. Ina theannta sin, is féidir go leor galair agus básanna róluath a chosc trí dhíriú ar chúram coisctheach agus iompraíochtaí sláinte. Díríonn clár tosaíochta beartas *Éire Shláintiúil*/FnaSS go háirithe ar ábhair a bhaineann le sláinte an daonra, ar nós, ghníomhaíocht fhisiciúil, réim bia shláintiúil, óige shláintiúil, meabhairshláinte agus folláine, rialú maidir le tobac, alcól, drugaí, agus aosú dearfach.

*Foinsí sonraí breise: An Phríomh-Oifig Staidrimh: Meastacháin Daonra agus Imirce Aibreán 2021; Réamh-mheastacháin Daonra agus Lucht Saothair 2017-2051; Daonáireamh 2016; Básanna agus Cásanna COVID-19; Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála 2020; An Roinn Sláinte: Sláinte in Éirinn Príomhthreochtaí 2021;* agus *Clárlann Náisiúnta Ailse Éireann: Réamh-mheastacháin ar Mhinicíocht Ailse in Éirinn 2020-2045.*

**Léiríodh sa Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Éire Shláintiúil sa tSeirbhís Sláinte 2015-2020…**

Go gcomhlíonann **54% de na fir** agus **38% de na mná** Treoirlínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil

I gcásanna **toirchis ghéarchéime**, níor bhain ach **50%** úsáid as frithghiniúint ag tráth na giniúna

Tharla **67%** d' **ionfhabhtuithe gnéis tarchurtha (STIs)** san aoisghrúpa faoi 30 bliain d'aois

Tá **49%** den daonra os cionn 50 ag fulaingt le **galar ainsealach** amháin agus tá níos mó ná galar ainsealach amháin ar **18%**

## 2.4 Ár bPlean Corparáideach – Ag Breathnú Chun Cinn

Faoi *Acht Sláinte 2004* (arna leasú), bíonn ar FnaSS Plean Corparáideach a ullmhú, ag leagan amach na bpríomhchuspóirí de chuid FnaSS sna trí bliana ábhartha. Faomhadh *Plean Corparáideach 2021-2024* ag tús 2021.

Léiríonn an Plean Corparáideach reatha tiomantas na gcóras uile de chuid FnaSS maidir le hÉirinn níos sláintiúla a chruthú ina bhfaighidh daoine an cúram ceart, ag an am ceart agus san áit cheart. Féachann sé le feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil sa phobal, rochtain níos fearr ar na seirbhísí go léir, luach ar airgead a fheabhsú, agus dlús a chur le hathchóiriú agus digitiú ár seirbhísí, ag cur barr feabhais ar an taithí a bhí againn agus muid ag dul i ngleic leis an bpaindéim. Dírítear go príomha sa Phlean Corparáideach ar sheirbhísí lárnacha a chur ar fáil chomh maith le leanacht ag déileáil le cúram a bhaineann le COVID-19. Dírítear freisin ar bhunathrú agus athchóiriú a dhéanamh ar na seirbhísí, bunaithe ar threoir *Sláintecare*, go príomha. Tacóimid lenár bhfoireann chun go mbeidh ar a gcumas scileanna a fhorbairt agus a bheith nuálach, agus oibreoimid chun timpeallacht thacúil a chinntiú ionas go mbeidh cothromaíocht shláintiúil idir an obair agus an saol agus go gcothófar cultúr inar féidir ábhair imní a chur in iúl go héasca.

Leagtar amach sé chuspóir sa Phlean Corparáideach, atá ag teacht le *Sláintecare* agus bunaithe ar an gClár Rialtais. Tugtar aird freisin ar rioscaí, dúshláin agus deiseanna agus cúinsí eile COVID-19 i gcoitinne.

Beidh ár bPlean ag iarraidh na nithe seo a bhaint amach agus muid ag oibriú le chéile:

- Éagothroime sláinte a laghdú agus deis níos fearr a thabhairt do pháistí le bheith níos sláintiúla ó thús a saoil
- Tosca díobhálacha maidir le galair ainsealacha a laghdú, ag díriú ar úsáid dhíobhálach alcóil agus rátaí murtaill
- Méadú a chur ar sheirbhísí pobail agus tacaíochtaí ionas go mbeidh tú in ann maireachtáil go neamhspleách i do theach féin nó sa phobal
- Tástálacha agus coinní le speisialtóirí a bheith ar fáil níos éasca agus níos gaire do bhaile
- Tréimhsí feithimh a laghdú i gcomhair tástálacha diagnóiseacha, coinní othar seachtrach, gnáthaimh d'othair chónaitheacha agus do chásanna lae
- Tacaíocht mheabhairshláinte chun tú a choinneáil folláin agus a cúram a bheidh ar fáil go tapa nuair atá sé de dhíth ort
- Tacaíocht a bheith dírithe ar riachtanais daoine faoi mhíchumas ionas go mbeidh siad in ann saol iomlán neamhspleách a chaitheamh.



## An Plean Corparáideach a chur i bhFeidhm

Leagtar amach i b*Plean Seirbhíse Náisiúnta 2021 (NSP 2021)*, a foilsíodh ar an 24 Feabhra 2021, na cineálacha agus méid na seirbhísí atá sa Phlean Corparáideach a bheidh le cur i bhfeidhm sa chéad bhliain i.e. 2021, bunaithe ar an maoiniú de bhreis agus €20.6bn. a cuireadh ar fáil. B'ionann sin agus méadú de 21% (cistí a bhaineann le COVID, san áireamh) ar an mbliain roimhe sin. Leagadh amach freisin an cur chuige chun dul i ngleic le príomhbheartais an Rialtais agus FnaSS, ina measc, *Éire Shláintiúil; Ag Roinnt na Físe – Polasaí Meabhairshláinte do Chách*; *Ceangal ar son na Beatha – Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú*; *New Directions*; agus rialáil na seirbhísí tacaíochta baile.

Tá na príomhchuspóirí agus spriocanna a leanas leagtha amach in ár bPlean Seirbhíse Náisiunta 2021:

- Athchóiriú straitéiseach leanúnach ar ár seirbhísí sláinte ag teacht le *Sláintecare*
- Dul i ngleic le COVID-19 trí phlean gníomhaíochta cuimsitheach, lena n-áirítear:
  - Seirbhís sheasmhach soláthair agus dáileacháin do threalamh cosanta pearsanta
  - Clár tástála agus rianaithe le hacmhainneacht de 25,000 tástáil in aghaidh an lae
  - Cinntiú go dtabharfar na vacsaíní in aghaidh COVID-19 do gach saoránach go sábháilte agus go héifeachtach
- Tionchar atá ag COVID-19 ar sheirbhísí seachas iad siúd a bhaineann le COVID-19 a laghdú
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le daoine maidir le galair ainsealacha a chosc agus a fhéinbhainistiú
- Cúram príomhúil agus pobail a neartú tríd an gclár, Cúraim Pobail Feabhsaithe
- Tionscnaimh ríomhShláinte a chur chun cinn le go mbeidh siad níos éifeachtaí
- Tréimhsí feithimh a laghdú, go háirithe i réimsí an chúraim sceidealaithe, na seirbhísí meabhairshláinte agus sna rannóga éigeandála
- Torthaí sláinte a fheabhsú do phobail imeallaithe, ina measc, daoine atá gan dídean, andúiligh agus baill de phobail an Lucht Siúil agus na Romach
- Méadú os cionn 16,000 – Coibhéis Lánaimseartha – ar an bhfoireann oibre, lena n-áirítear 3,500 altra agus bean chabhrach breise
- Seirbhísí míchumais a fheabhsú agus uaireanta tacaíochta breise a chur ar fáil, breis áiteanna seirbhíse lae a chur ar fáil agus an bhéim leanúnach ar an aistriú ó láithreacha comhchónaithe go tithe atá dírithe ar an duine sa phobal.
- Infheistiú i gcúram ospidéil ghéarmhíochaine trí leapacha breise géarchúraim a chur ar fáil, mar aon le leapacha fo-ghéarchúraim agus leapacha do chúram criticiúil
- Cáilíocht agus sábháilteacht othar a fheabhsú tríd an Straitéis um Shábháilteacht Othar a chur i bhfeidhm go leanúnach.

I dteannta an Phlean Seirbhíse Náisiúnta, d'ullmhaigh FnaSS Plean Caipitil chomh maith. Leag an Plean seo amach na hinfheistíochtaí caipitil a theastaíonn chun tacú le feabhas a chur ar chúram sláinte sna hionaid phríomhúla, phobail agus ghéarchúraim ar fad. Ba €1,033m an buiséad caipitil a leithdháileadh ar FnaSS in 2021 agus cuireadh €130m de sin i leataobh go sonrach do thograí a bhain le COVID-19 agus €120m do thograí TFC, mar a sonraíodh i bPlean Caipitil ríomhShláinte agus TFC ar leith.

*Tá breis eolais maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Seirbhíse Náisiúnta i gCuid 3 den Tuarascáil Bhliantúil seo.*

# 2.5 Athchóiriú an Chórais Iomláin

Díríodh go príomha i 2021 ar leanúint le seirbhísí lárnacha a sholáthar go sábháilte i gcomhthéacs COVID-19 agus an chibirionsaithe. Ag an am céanna, áfach, bhí gá le dlús a chur lenár dtosaíochtaí athchóirithe chun na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú ag teacht le spriocanna *Sláintecare*.

Tuigimid na dúshláin mhóra atá le fada an lá inár seirbhís sláinte. Díríonn ár gclár athchóirithe agus nuálaíochta ar eispéireas othar a fheabhsú, rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú sna hionaid seirbhísí príomhúla, pobail agus géarchúraim, cur leis an réimse agus acmhainn na seirbhísí a sheachadtar d'othair sa phobal, cur leis an méid leapacha, dul i ngleic le héagothroime sláinte, díriú ar chothú sláinte agus, ar deireadh, oibriú i dtreo Chúram Sláinte Uilíoch a bhaint amach. Tá an t-uafás athchóirithe agus nuálaíochta ag teastáil, ina measc an riachtanas atá ann maidir le ceantair sláinte réigiúnacha (RHA) a chur i bhfeidhm in 2022 agus ina dhiaidh sin trí chur chuige um bainistiú sláinte an daonra, agus beidh tionchar aige seo ar bheagnach gach cuid dár gcóras sláinte. Mar sin féin, thug an taithí a bhí againn chun dul i ngleic le COVID-19 léargais thábhachtacha dúinn maidir leis an gcaoi ar féidir linn na bealaí is fearr chun oibriú le chéile, a dhaingniú go buan inár gcóras sláinte.

*Tá gach ceann de na príomhréimsí athchóirithe leagtha amach thíos agus tá tuilleadh eolais maidir leis na hathchóirithe seo a chur i bhfeidhm i gCuid 3 den Tuarascáil Bhliantúil seo.*

## Seirbhísí Coisctheacha Príomhúla agus Comhpháirtíochtaí

Tá na seirbhísí atá ann cheana agus na gnéithe coisctheacha den chlár Cúraim Pobail Feabhsaithe ag seachadadh cláir choiscitheacha agus féintacaíochta atá bunaithe ar fhianaise do dhaoine a bhfuil fadhbanna acu ar feadh a saoil. Táimid ag neartú ár samhail chomhpháirtíochta ag an leibhéal áitiúil agus ag cur leis na naisc idir an tseirbhís sláinte agus cúraim shóisialta agus idir comhpháirtíochtaí, cláir agus seirbhísí trasearnála i gcoitinne.

I 2021, dhíríomar ár ndúthracht ar chosc agus ar luath-idirghabháil chun sláinte agus folláine leanaí a fheabhsú, chun na tosca baolacha ó thaobh na ngalar ainsealach a laghdú, agus dul i ngleic le húsáid dhíobhálach alcóil agus rátaí murtaill atá ag ardú. Chun an obair seo a chur i gcrích, bunaíodh foirne tacaíochta um shláinte leanaí agus tuismitheoireachta i ngach Eagraíocht Sláinte Pobail agus tionscnaimh Phobail Shláintiúla sna ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Cuireadh cláir nua i bhfeidhm chun dul i ngleic le murtall i measc leanaí agus le mí-úsáid alcóil.

## Seirbhísí Príomhúla agus Pobail Feabhsaithe

Tá sé ríthábhachtach go laghdófaí an méid daoine a chuirtear isteach sna hospidéil chun cúram leighis a fháil agus go dtacófaí le breis cúram sláinte a chur ar fáil sa phobal chun teacht le fís *Sláintecare*. Má dhéantar cinnte gur féidir cúram a chur ar fáil do dhaoine gar do bhaile, ansin laghdófar an méid daoine a mbeidh orthu freastal ar rannóga éigeandála (ED) agus ní bheidh an oiread moille i gceist in aistriú cúraim do dhaoine aosta agus daoine a bhfuil galair ainsealacha orthu. D'fhéadfadh sé freisin go laghdófaí na tréimhsí feithimh sna Rannóga Éigeandála go ginearálta agus líon na ndaoine ar thralaithe.

I 2021, leanadh ag leathnú amach agus ag bunú líonraí cúram sláinte pobail agus foirne speisialtóirí sa phobal (CST) le freastal ar dhaoine aosta agus chun galair ainsealacha a bhainistiú, ag cinntiú go gcuirtear cúram comhtháite ar fáil go háitiúil mar atá riachtanach. Feabhsaíodh rochtain ar chumas diagnóisice na ndochtúirí teaghlaigh agus na bhfoirne speisialtóirí sa phobal agus leanadh ag cur an Chomhaontú leis na Dochtúirí Teaghlaigh 2019 i bhfeidhm, m.sh. clár struchtúrtha do gach seirbhís míochaine ghinearálta/agus dóibh siúd le cárta cuairte Dochtúra chun galair ainsealacha a bhainistiú agus a chosc.

## Ag tacú le Daoine Aosta

Is é ceann de na príomhchuspóirí atá ag na seirbhísí sláinte ná tacú le daoine aosta maireachtáil go neamhspleách sa phobal chomh fada agus is féidir. Chun an cuspóir seo a bhaint amach, leanamar lenár gcomhoibriú leis an Roinn Sláinte chun an Scéim Reachtúil Tacaíochta Baile a bhunú agus a chur i bhfeidhm agus freisin tá muid ag baint úsáide as Uirlis Mheasúnaithe Aonair (interRAI) chun riachtanas cúraim a mheas, ionas go mbeidh ar ár gcumas pleanáil agus cinnteoireacht chuí a dhéanamh.

In 2021, cuireadh tús leis an gclár Píolótach Tacaíochta Baile i gceithre láthair chun eolas a bhailiú chun Scéim Reachtúil Tacaíochta Baile a ullmhú. Leanadh ar aghaidh leis an obair chun seirbhísí i gcomhair daoine aosta a athchóiriú agus laghdaíodh líon na ndaoine aosta i gcúram fadchónaithe de bharr gur cuireadh breis leapacha athshlánúcháin agus cúraim idirmheánacha ar fáil mar aon le níos mó seirbhísí ath-chumasaithe agus for-rochtana agus méadaíodh uaireanta tacaíochta baile go mór. Leanadh ag cur mholtaí *Thuarascáil an Phainéil Saineolaithe ar Thithe Altranais COVID-19* i bhfeidhm i gcomhar leis an Roinn Sláinte, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht

Sláinte (HIQA), soláthraithe seirbhísí agus úsáideoirí na seirbhísí. Rinneadh dul chun cinn ar an tsamhail chúraim néaltraithe, ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta Néaltraithe agus bhí sé ní b'éasca teacht ar fhoirne speisialtóireachta le haghaidh measúnú, diagnóis agus tacaíocht iar-dhiagnóiseach a thabhairt do dhaoine atá buailte ag néaltrú.

## Seirbhísí Míchumais atá Dírithe ar an Duine

Tá an clár Transforming Lives ag cuidiú le hathchóiriú na seirbhísí míchumais. Dá bharr seo tá sé níos éasca ag othair teacht ar na seirbhísí míchumais agus tá feabhas mór tagtha ar na seirbhísí sin anois. Tá athrú tagtha ar an gcaoi a gcuirimid seirbhísí teiripe leanaí, seirbhísí lae do dhaoine fásta, agus samhlacha seirbhísí cónaithe atá bunaithe sa phobal ar fáil, de bharr an chláir seo.

I 2021, ag teacht le foilsiú *Athbhreithniú ar Chumas Seirbhísí Tacaíochta don Mhíchumas, go 2032 – Athbhreithniú ar Éilimh ar Chúram Sóisialta agus Ceanglais Acmhainne go 2032*, leanamar ag obair i gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, ina measc, an roinn nua rialtais atá freagrach as míchumas, agus páirtithe leasmhara sna seirbhísí míchumais, chun inbhuanaitheacht airgeadais agus oibríochtúil na hearnála a chinntiú. Díríodh ar thacaíochtaí aonair atá dírithe ar an duine féin a fhorbairt chun cur ar chumas daoine faoi mhíchumas páirt iomlán a ghlacadh i saol eacnamaíoch agus sóisialta an phobail agus gnáthshaol a chaitheamh i ngnáth-áiteanna. Ina theannta sin, rinneadh athchumrú ar 91 Líonra Míchumais Leanaí, ag cinntiú go bhfuil rochtain ag leanaí, a bhfuil riachtanais chasta acu de bharr mhíchumais, ar thacaíochtaí níos gaire do bhaile.

Déanfaidh FnaSS cinnte de go mbeidh caidreamh éifeachtach oibre acu leis an Roinn nuabhunaithe Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le freagracht as Seirbhísí Míchumais.

## Rochtain níos fearr ar Sheirbhísí Meabhairshláinte

Is iad na spriocanna straitéiseacha atá ag na seirbhísí meabhairshláinte ná feabhas a chur ar mheabhairshláinte ár muintire, tacú leo siúd atá ag iarraidh teacht chucu féin ó dheacrachtaí meabhairshláinte, chomh maith le féinghortú agus féinmharú a chosc. Tá gach seirbhís mheabhairshláinte bunaithe ar chur chuige dírithe ar an duine féin ionas go mbeidh sé in ann biseach a fháil.

In 2021, leanamar ar aghaidh ag cur le rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte do leanaí, ógánaigh agus daoine fásta trí *Roinnt na Físe – Beartas Meabhairshláinte do Chách agus Ceangail ar Feadh an tSaoil – Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú* (ag dul ar aghaidh go dtí 2024). Cuireadh na moil theileashláinte do na seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus d'ógánaigh (CAMHS) i bhfeidhm de réir a chéile mar aon le foirne sláinte phobail, agus tháinig laghdú ar thréimhsí feithimh do dhaoine fásta, trí acmhainní a chur ar fáil d'fhoirne réitithe géarchéime d'aosaigh agus do chaiféanna géarchéime. Cuireadh leapacha géarmhíochaine breise ar fáil d'othair a bhfuil riachtanais chasta mheabhairshláinte acu agus earcaíodh oibrithe nua d'fhoirne meabhairshláinte pobail.

## Rochtain ar Chúram Sceidealaithe in Am

I 2021, d'oibrigh an Clár Athchóirithe um Chúram Sceidealaithe 2021 go dlúth le comhghleacaithe cliniciúla agus bainistíochta sna seirbhísí éagsúla chun clár cuimsitheach i dtaca le hathruithe straitéiseacha a ullmhú agus a chur chun cinn. Cuireadh sonraí agus faisnéis ní ba chruinne ar fáil; rinneadh measúnú cuimsitheach ar éileamh agus acmhainn; méadaíodh an acmhainn a bhí ann chun dul i ngleic le bearnaí sna seirbhísí; rinneadh cuíchóiriú ar mhodhanna atreoraithe, agus baineadh breis úsáide as ríomhShláinte. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le hacmhainní breise a cheannach ón earnáil phríobháideach agus poiblí, cuireadh maoiniú ar fáil i gcomhair breis leapacha ospidéil agus baineadh úsáid ní b'éifeachtaí as acmhainní.

Is cuid lárnach den athchóiriú ar sheirbhísí cúraim sceidealta atá in athdhearadh agus athdhíriú seirbhísí i dtreo cúram pobail, ag cinntiú go ndéantar freastal ar othair in am agus i dtráth, san áit cheart agus ag an leibhéal cuí maidir leis an bhfadhb shláinte ar leith atá ag an othar. Sa chás go bhfuil an fhadhb róchasta agus nach féidir réiteach a fháil sa phobal, cuidíonn an clár athchóirithe chun géarchúram a chur ar fáil ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir, ag baint úsáide as teicneolaíochtaí nua agus as samhlacha nuálacha seachadta seirbhísí. Tá dul chun cinn suntasach déanta chun breis agus 70 conair chliniciúil nua a fhorbairt laistigh de 16 speisialtacht chliniciúil (sin breis agus 90% de na liostaí feithimh géarmhíochaine ar fad).

I 2021, cuireadh plean gearrthéarmach do liostaí feithimh i bhfeidhm. D'ullmhaigh an Roinn Sláinte, FnaSS agus an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála an plean seo chun próiseas nua a chur i bhfeidhm ar fud an chórais sláinte. Tháinig laghdú ar liostaí feithimh d'othair sheachtracha agus d'ionscópacht Ghastraistéigeach sa ráithe dheireanach den bhliain. Forbraíodh Ardán Léirshamhlú Feidhmíochta Sláinte freisin chun sonraí agus treochtaí sláinte fíor-ama a sholáthar ar fud na rannóga éigeandála, seirbhísí d'othair sheachtracha, obrádlanna, seirbhísí diagnóiseacha agus bainistíocht leapacha.

Chuir FnaSS, i gcomhar leis an Roinn Sláinte, tús le próiseas mionsonraithe chun moltaí maidir le hospidéil roghnacha a mheas. I mí na Nollag 2021, ghlac an Rialtas le Straitéis nua Náisiúnta um Cúram Roghnach. Leagann an straitéis nua seo amach athruithe ionas gur féidir socruithe níos fearr a dhéanamh i gcomhair cásanna lae agus obráidí, scanadh agus seirbhísí othar seachtrach chun acmhainn níos mó a chinntiú sa todhchaí agus chun dul i ngleic le liostaí feithimh.

## Sláinte na mBan

Is í an sprioc atá againn i gcomhar leis an Roinn Sláinte, ná torthaí sláinte na mban agus a n-eispéiris ar chúram sláinte a fheabhsú agus aird ar leith a thabhairt ar na tosaíochtaí a luaigh Tascfhórsa Sláinte na mBan. San áireamh, tá sláinte ghínéiceolaíoch, tacaíochtaí i dtaca le sos míostraithe, gníomhaíocht fhisiciúil, agus meabhairshláinte i measc ban agus cailíní.

I 2021, stiúir an Clár Náisiúnta um Shláinte na mBan agus na Naíonán feidhmiú na Straitéise Náisiúnta Máithreachais, agus rinneadh tionscnamh sláinte na mban sna seirbhísí máithreachais, gínéiceolaíochta, nua-naíochta agus sláinte ghnéis agus atáirgthe a bhainistiú, a eagrú agus a sheachadadh. Leanadh den obair freisin chun an úsáid is fearr a bhaint as seirbhísí scagthástála ina measc, BreastCheck, CervicalCheck agus BowelScreen.

## Fóram Caidrimh

Tuigimid an méid a dhéanann earnáil dheonach fhuinniúil inbhuanaithe. Is cumasóir tábhachtach i dtaca le hathchóiriú na hearnála sláinte atá san Fhóram Caidrimh chun comhoibriú idir an Stát agus soláthraithe deonacha a chur chun cinn, agus é mar chuspóir acu araon caidrimh a neartú ar mhaithe le hothair agus le húsáideoirí na seirbhísí.

Sa chlár oibre, a d'aontaigh an Fóram Caidrimh in 2021, tá sraith prionsabal comhpháirtíochta comhdheartha á bhforbairt agus tá sraith chás-staidéir faoi lánseol, chun tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin atá ag gach páirtí, go háirithe i bhfianaise na paindéime, agus chun eolas a thabhairt maidir le dul chun cinn athbhreithniú FnaSS ar fheidhmiú na socruithe seirbhíse reatha.

## Trasfhoirmiú Digiteach agus Nuálaíochta

I 2021, leanamar orainn ag iniúchadh bealaí nua agus nuálacha maidir le gach rud a dhéanaimid. Rinneadh athruithe digiteacha agus nuálacha sa tseirbhís shláinte, mar shampla, bunaíodh 40 Saotharlann Dhigiteach Bheo, inar úsáideadh roinnt réitigh dhigiteacha. Forbraíodh gléas nuálach leictreonach gan sreang chun monatóireacht a dhéanamh ar an ráta riospráide agus cuireadh isteach iad seo i mbreis is 50 barda i 22 ospidéal agus úsáideadh iad i gcásanna COVID-19 agus i gcásanna riospráide ainsealach. In 2021, freisin, bhain 40 cliniceoir céim amach ónár gclár Máistreachta i dTrasfhoirmiú Digiteach. Reáchtáladh roinnt Fóram Acadamh Digiteach agus d'fhreastail breis agus 7,000 duine orthu.

# 2.6 Fuinneamh agus Inbhuanaitheacht

I mí na Samhna 2021, sheol an Rialtas an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide. Gealltar sa Phlean sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí i.e. astaíochtaí glan-nialasacha gás ceaptha teasa (GHG) a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, agus laghdú de 51% a bhaint amach i dtaca le hastaíochtaí GHG faoi 2030, (i gcomparáid le bonnlíne 2016-2018).

Is mian le FnaSS ceannaireacht a ghlacadh maidir leis na spriocanna laghdaithe astaíochtaí carbóin a bhaint amach mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide agus cur chuige coisctheach a ghlacadh chun astaíochtaí GHG a laghdú ionas go laghdófar an tionchar diúltach atá ag athrú aeráide ar shláinte ár náisiúin. Ag deireadh na bliana 2020 bhí laghdú 12.4% ar úsáid fuinnimh aonadbhunaithe déanta ag FnaSS i gcomparáid le bonnlíne 2009.

### Úsáid Fuinnimh FnaSS 2020 agus 2019* (Riachtanas Príomhfhuinneamh Iomlán)

| Cineál | Úsáid 2020 | Úsáid 2019 |
|---|---|---|
| Leictreachas | 399,568,791 kWh | 413,546,736 kWh |
| Teirmeach | 600,604,642 kWh | 600,415,046 kWh |
| Iompar | 56,132,709 kWh | 52,323,865 kWh |
| Úsáid Fuinnimh Iomlán FnaSS 2020 | 1,056,306,142 kWh | 1,066,285,647 kWh |
| Laghdú ar úsáid i gcomparáid le bonnlíne 2009 (TPER) | 12.4% | 11.6% |

* Tuairiscíonn Eagraíochtaí Alt 38/39 díreach chuig SEAI agus níl siad san áireamh sna figiúirí seo.
Foinse na sonraí: Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)

Príomhréimsí ina ndearnadh dul chun cinn i 2021:

- Straitéis um Dhícharbónú Bonneagair FnaSS agus Treochlár Forfheidhmithe a fhorbairt
- Méadú mór ar an tacaíocht do thionscnaimh um laghdú fuinnimh, de bharr breis Oifigeach Fuinnimh tiomnaithe a fhostú san Aonad Fuinnimh Caipitil agus Eastát, ag tacú le Foirne Fuinnimh agus Glasa.
- Leathnaíodh líonra na bhfoirne tacaithe Fuinnimh agus Glas agus thugadar tacaíocht d'úsáideoirí suntasacha fuinnimh ar fud FnaSS agus in eagraíochtaí Alt 38 agus 39. In ainneoin na paindéime, rinneadh dul chun cinn suntasach mar gheall ar thiomantas na foirne agus bhaill na bhFoirne Fuinnimh agus Glas
- Leanadh le clár iarfheistithe fuinnimh éadomhain FnaSS agus mionchlár um uasghrádú caipitil. In 2021, infheistíodh €7.9m, sábháladh €1.72m agus rinneadh laghdú de 3,098 tonna ar astaíochtaí CO2
- Leanadh le dearadh éifeachtach ó thaobh fuinnimh de agus leis an gcur chuige chun astaíochtaí carbón nialasach a bhaint amach maidir le gach tionscadal i bPlean Caipitil FnaSS, agus rinneadh dul chun cinn ar chlár oiliúna náisiúnta le cúnamh ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).
- Cuireadh tús le clár píolótach iarfheistithe fuinnimh domhain d'fhoirgnimh atá tógtha cheana féin, i gcomhpháirtíocht leis an SEAI
- Léiríodh go bhfuiltear ag comhlíonadh oibleagáidí iniúchta fuinnimh eagraíochtaí na hearnála poiblí, mar atá leagtha amach in SIR426 (Rialacháin an AE um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2014).

Bhunaigh FnaSS Grúpa Stiúrtha uileghabhálach um Ghníomhú ar son na hAeráide. Is é cuspóir an ghrúpa seo maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt, ar fheidhmiú agus ar thuairisciú plean straitéiseach cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar dhícharbónú i bhFnaSS go ginearálta. Breathnófar ar dheiseanna dícharbónaithe a chur i bhfeidhm i slabhra an tsoláthair, sna seirbhísí soláthar, sa chóras iompair, sa bhonneagar agus sna seirbhísí cliniciúla.


MIC-CEN-03
CIARA
SAMPLE
SAMPLE
SAMPLE

# 3 Soláthar na Seirbhísí

3.1 Clár Vacsaínithe COVID-19 agus Tástáil agus Rianú
3.2 Freagairt don Chibirionsaí
3.3 Feidhmíocht agus Príomhspriocanna a Baineadh Amach i 2021
3.4 Cáilíocht agus Sábháilteacht ár Seirbhísí a Chinntiú
3.5 Soláthar an Chúraim Sláinte a Chumasú

# 3.1 Clár Vacsaínithe COVID-19 agus Tástáil agus Rianú

Dáileadh **os cionn 9.8m** vacsaín in Éirinn, idir an clár príomhúil agus an clár teanndáileoige.

Ba é uasráta dáileacháin an chláir phríomhúil ná **392,000** vacsaín sa tseachtain agus **69,000** vacsaín sa lá.

Ba é uasráta dáileacháin an chláir theanndáileoige ná **466,000** vacsaín sa tseachtain agus **132,000** sa lá.

Bhí Clár Tástála agus Rianaithe agus Clár Vacsaínithe FnaSS lárnach sa bhfreagairt náisiúnta maidir le Paindéim COVID-19. Forbraíodh na cláir seo ó bhonn cumais a bhí íseal go leor agus bhí beagnach gach cuid den eagraíocht páirteach i seachadadh rathúil na gclár.

Toisc go bhfuil líon na gcásanna ag laghdú faoi láthair, tá sé tábhachtach go n-aistreoimis na cláir sin go sábháilte ar ais mar ghnáth-shamhail oibriúcháin. Mar sin féin, beidh orainn a chinntiú go ndéanfar é seo ar bhealach ina mbeidh ar ár gcumas freagairt éigeandála a fhorbairt i gcás ráige eile nó athraitheach difriúil nó víreas eile. Tá an dá chlár ag forbairt samhlacha oibriúcháin a úsáidfear sa todhchaí, chun a bheith ullamh do riachtanas den chineál seo.

## Clár Vacsaínithe COVID-19

Fuarthas an chéad bhaisc de vacsaíní COVID-19 ar an 26 Nollaig 2020 agus ansin cuireadh tús le clár vacsaínithe COVID-19 na hÉireann. Ní bhfuarthas ach roinnt theoranta vacsaíní ar dtús, ach ina dhiaidh sin tháinig méadú ar an soláthar vacsaíní agus bhí an clár vacsaínithe príomhúil ag dáileadh níos mó ná 390,000 in aghaidh na seachtaine ag buaicphointe dáileacháin na vacsaíne príomhúla sular bogadh go dtí an clár teanndáileoige a seachadadh go tapa chun dul i ngleic leis an mbagairt a bhí ag teacht chun cinn de bharr athraitheacha den víreas.

In ainneoin na ndúshlán éagsúil a bhí le sárú (m.sh. deacrachtaí maidir le soláthar, tionchar an víris, athraitheacha a bhí ag teacht chun cinn, srl.), tá sé aitheanta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta gur éirigh thar barr leis an gclár agus ba in Éirinn a bhí ceann de na leibhéil vacsaínithe ab airde san Eoraip.

Thacaigh bainistiú comhtháite le dáileadh agus bainistiú chlár vacsaínithe COVID-19 ó thús go deireadh agus ba iad seo a leanas na príomhghnéithe i gclár vacsaínithe COVID-19:

- **Rialachas agus cumarsáid phoiblí** – idirchaidreamh agus cumarsáid leis an bpobal agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad maidir le gach ábhar a bhain leis an gclár
- **Slabhra soláthair vacsaíní agus lóistíocht** – ag cinntiú gur soláthraíodh na táirgí agus na seirbhísí riachtanacha go léir in am chun an clár a chur i bhfeidhm de réir a chéile agus na vacsaíní a dháileadh go sábháilte chuig breis is 2,000 ionad vacsaínithe a éascú, agus ag cinntiú chomh maith go gcoinneofaí na táirgí ag an teocht cheart
- **Próiseas vacsaínithe agus fórsa oibre** – dearadh agus seachadadh an phróisis vacsaínithe ó thús go deireadh, an fórsa oibre agus na hionaid a bhí ag teastáil san áireamh
- **Teicneolaíocht agus faisnéis a chumasú** – réiteach faisnéise vacsaíní a roghnú, a chur ar fáil agus a chothabháil ionas go bhféadfaí sceidealú, clárú, riarachán agus tuairisciú vacsaíní a dhéanamh
- **Oideachas agus Oiliúint na vacsaíneoirí** – ábhair oiliúna agus oideachais ar ardchaighdeán curtha ar fáil do gach vacsaíneoir, uasdátaithe ar bhonn rialta chun comhairle an Choiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach a léiriú
- **Faireachas, monatóireacht agus tuairisciú** – dearadh agus seachadadh an chur chuige faireachais, faireacháin agus tuairiscithe maidir leis an gclár a chur i bhfeidhm.




Ionad vacsaínithe COVID-19 Citywest

Seo iad na príomhspriocanna a bhí bainte amach maidir leis an vacsaín faoin 31 Nollaig 2021:

| Príomhspriocanna a bhain an Clár Vacsaínithe amach |
|---|
| • Bhí an chéad vacsaín faighte ag **95.1%** den daonra fásta (18+)<br>• Bhí an chéad vacsaín faighte ag **77.8%** den daonra iomlán<br>• Bhí cuid den vacsaín faighte ag circa 730 de na leanaí idir 5-11 bliain d'aois<br>• Bhí teanndáileog faighte ag **60.1%** den daonra fásta (18+) agus tugadh amach 2.25m teanndáileog (do dhaoine le himdhíonadh lagaithe, san áireamh)<br>• Bhí líonra de **circa 1,300 Dochtúir Teaghlaigh**, **36 ionad vacsaínithe** agus **circa 1,000 cógaslann** chomh maith le tob-chlinicí, vacsaíneoirí a bhí ag gluaiseacht ó áit go háit le freastal ar dhaoine a bhí gafa sa teach agus clinicí speisialta a dhírigh ar ghrúpaí leochaileacha. |

Foinse na sonraí: Clár Vacsaínithe COVID-19 FnaSS

Tá leibhéal ard imdhíonachta sa daonra in Éirinn, de bharr vacsaíní agus imdhíonacht a fuarthas go nádúrtha ag maolú na n-éifeachtaí is measa a bhíonn ag tinneas de bharr COVID-19 m.sh tá an líon daoine sna hospidéil, an líon daoine leis an ngalar sna haonaid dianchúraim agus básmhaireacht de bharr an ghalair laghdaithe go mór.

Ag an am céanna tá dul chun cinn maith déanta maidir le plean a réiteach chun Samhail Oibriúcháin don Todhchaí a fhorbairt agus a chuirfear i bhfeidhm nuair a bheidh an clár teanndáileoige críochnaithe. Is iad na cuspóirí atá leis ná Samhail Oibriúcháin Inbhuanaithe Vacsaínithe a ullmhú a chuirfidh ar chumas FnaSS freastal ar aon riachtanas sa todhchaí maidir le vacsaíní COVID-19 a riar.

## Tástáil agus Rianú

Forbraíodh Feidhm Náisiúnta Tástála agus Rianaithe in 2020 de bharr Phaindéim COVID-19. Cuireann an tsamhail Tástála agus Rianaithe reatha tástáil fhorleathan ar fáil le haghaidh cásanna den víreas a aimsiú, ionas go n-aimseofar an méid agus is féidir de na cásanna ionfhabhtaíocha agus chun eolas a thabhairt don phobal maidir le bearta chun scaipeadh an víris a chosc, trí dhaoine a raibh siad i dteagmháil leo a aithint agus cásanna a bhainistiú. Oibríonn an tseirbhís go dlúth leis an Roinn Sláinte maidir leis na treoracha sláinte phoiblí is déanaí a chur i bhfeidhm.

Chinntigh bainistiú comhtháite na seirbhíse Tástála agus Rianaithe go ndearnadh bainistiú agus riar na tástála a fheidhmiú ó thús go deireadh, mar a leanas:

- Seirbhís atreoraithe le haghaidh tástála (atreoruithe ó Dhochtúirí Teaghlaigh, cláir bhainistíochta teagmhála (CMP), atreoruithe do gartheagmhálaithe, féin-atreoruithe, atreoruithe a bhain le taisteal idirnáisiúnta)
- Seachadadh maipíneachta i 35 ionad tástála pobail agus sé thob-flít le lánacmhainneacht. Nuair a bhí borradh faoin víreas, bhí 45 ionad tástála chomh maith le 10 n-ionad tástála príobháideach á n-úsáid

- Cuireadh cláir thástála ar fáil chun dul i ngleic le ráigeanna, de réir mholtaí na Foirne Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHET)
- Tástáil saotharlainne do COVID-19 agus daoine a chur ar an eolas maidir le torthaí tástála. Tá saotharlanna pobail, saotharlanna do na seirbhísí géarchúraim agus saotharlanna príobháideacha inár líonra saotharlann agus tig linn saotharlanna a úsáid i dtíortha eile, más gá
- Rianú teagmhála i ngach cás dearbhaithe de COVID-19, bíodh siad casta nó neamhchasta
- Cuireadh faisnéis thráthúil ar fáil chun tacú le déanamh beartas agus le bearta sláinte phoiblí.

| Príomhghníomhaíochtaí an Chláir Tástála agus Rianaithe i 2021 | |
|---|---|
| • Ba 77,312 an líon ab airde atreoruithe – 29 Nollaig 2021<br>• Ba 37,206 an líon ab airde maipíneachta – 29 Nollaig 2021<br>• Ba 45,517 an líon ab airde do thástáil saotharlainne – 30 Nollaig 2021<br>• Rinne breis agus 1,000 rianaí teagmhála timpeall 1.15 milliún glao maidir le rianú teagmhála<br>• Faoi 31 Nollaig 2021, bhí timpeall 380,450 fearas tástála antaigine tugtha amach ag FnaSS. | |
| **Tástáil PCR** | **Tástáil Antigine** |
| • Acmhainneacht sheachtainiúil – **105,000** tástáil<br>• Bhí ar ár gcumas **300,000** tástáil a dhéanamh in aghaidh na seachtaine faoi dheireadh na bliana. | • Acmhainneacht sheachtainiúil – **20,000** tástáil agus acmhainneacht de 140,000 tástáil le linn ráigeanna<br>• Acmhainneacht sheachtainiúil – **600,000** tástáil in aghaidh na seachtaine faoi dheireadh na bliana, agus acmhainneacht de bhreis agus 700,000 dá mbeadh gá leis. |

Foinse na Sonraí: Clár Tástála agus Rianaithe COVID-19 FnaSS

Dearadh agus cuireadh roinnt tionscnamh feabhsaithe maidir le Tástáil agus Rianú i bhfeidhm in 2021, de réir bheartas agus threoracha an rialtais, comhairle sláinte phoiblí agus an athbhreithnithe leanúnach ar éifeachtúlacht iomlán na seirbhíse. Seo cuid de na príomhspriocanna a baineadh amach:

| Spriocannna atá bainte amach ag an gClár Tástála agus Rianaithe |
|---|
| • Bealaí Atreoraithe Feabhsaithe – seoladh an tairseach féin-atreoraithe i mí an Mheithimh 2021 agus rinneadh 1,960,059 féin-atreorú idir sin agus mí na Nollag 2021<br>• Fuair os cionn 90% de na daoine a atreoraíodh (Dochtúirí Teaghlaigh agus gartheagmhálaithe CMP) tástáil laistigh de 24 uair an chloig<br>• Bhí líonra de 35 ionad tástála agus sé ionad tástála soghluaiste ann chun tacú le maipíneacht i gcomhair tástála saotharlainne, agus bhí 45 ionad tástála agus 10 n-ionad tástála a oibríodh go príobháideach á n-úsaid nuair a bhí borradh faoin víreas.<br>• Tháinig méadú ar acmhainn saotharlainne go 300,000 tástáil PCR in aghaidh na seachtaine agus 600,000 tástáil antaigine in aghaidh na seachtaine. Bhí os cionn 11 milliún tástáil curtha i gcrích ag saotharlanna suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2021. Bhain an tseirbhís úsáid as breis is 50 saotharlann ar fud na seirbhíse poiblí agus príobháideacha chun an obair seo a dhéanamh<br>• Ar an 28 Deireadh Fómhair 2021, cuireadh clár seachadta baile tástála antaigine i bhfeidhm i gcomhair gartheagmhálaithe (daoine a raibh an vacsaín faighte acu, nach raibh aon chomharthaí orthu, agus a bhí os cionn 13 bliana d'aois).<br>• I mí na Samhna agus mí na Nollag, cuireadh tástálacha antaigine ar fáil don fhoireann agus do leanaí i mbunscoileanna agus in ionaid chúraim leanaí, má bhí siad i bpod le duine a fuair toradh dearfach ar thástáil COVID-19<br>• Go déanach i mí na Nollag, rinneadh cinneadh tástáil antaigine a thabhairt isteach do dhaoine idir 4-39 bliain d'aois le comharthaí COVID-19, le tosú go luath i mí Eanáir 2022.<br>• Choimeád an fheidhm Thástála agus Rianaithe seirbhísí ag dul le linn an chibirionsaithe agus níor cuireadh isteach go mór ar sholáthar na seirbhíse. |

Foinse na Sonraí: Clár Tástála agus Rianaithe COVID-19 FnaSS



Cónaitheoir i mbrú do dhaoine gan dídean i mBaile Átha Cliath tar éis vacsaín shingil COVID-19 a fháil mar chuid de chlár FnaSS chun freastal ar ghrúpaí leochaileacha.

**Clár Vacsaínithe COVID-19 ag freastal ar ghrúpaí leochaileacha**

Cuireann Arm an tSlánaithe breis agus 400 leaba ar fáil gach oíche i mBaile Átha Cliath, chomh maith le raon leathan seirbhísí chun cabhrú le daoine maidir leis na fadhbanna casta a bhaineann le heaspa dídine a shárú, ar nós fadhbanna meabhairshláinte, foréigean teaghlaigh, tráma nó andúil. Tá an tseirbhís ag éascú clár vacsaínithe FnaSS do dhaoine gan dídean i mBaile Átha Cliath i gceann eile dá gcuid ionad i lár na cathrach. *"Ba bhliain dheacair í agus chuir COVID isteach ar go leor dár ngníomhaíochtaí sóisialta agus tacaíochta"* a dúirt Eddie, duine de chónaitheoirí Theach York, teach de chuid Arm an tSlánaithe, a fuair dáileog shingil den vacsaín Janssen. *"Ar nós an chuid eile de na seirbhísí do dhaoine gan dídean, ba é an príomhdhúshlán a bhí againn ná a chinntiú go bhfaigheadh cónaitheoirí an leibhéal cuí cúraim agus tacaíochta"* a dúirt Emeline Le Prince, Bainisteoir Seirbhíse ag York House.

Ar an iomlán, bhí an tseirbhís Tástála agus Rianaithe ar cheann de na gnéithe ba thábhachtaí maidir le dul i ngleic leis an bpaindéim sa tír seo. Chuidigh sé le freagairt sláinte phoiblí agus thacaigh sé le húdar imní na ndaoine ina leith féin agus a dteaghlaigh. Cuireadh go mór le hacmhainneacht na seirbhíse seo i 2021 chun tacú le borradh an víris a tharla ag tréimhsí éagsúla agus cuireadh freagra tráthúil iontaofa ar fáil don phobal i gcónaí.

Mar thoradh ar aimsiú cásanna, bhí sé ar chumas na rianaithe teagmhála faisnéis shoiléir a chur ar fáil do dhaoine a raibh an víreas orthu agus rinneadh daoine eile a bhí i mbaol a aithint. De bharr na comhairle a tugadh do dhaoine leis an víreas maidir le hiad féin a aonrú agus an chomhairle do ghartheagmhálacha srian a chur lena ngluaiseachtaí, bhí ar chumas an Chlár Tástála agus Rianaithe scaipeadh COVID-19 a laghdú go mór. D'oibrigh an Clár Tástála agus Rianaithe go dlúth freisin le hiarrachtaí sláinte phoiblí, ar bhonn áitiúil, chun daoine i bpobail leochaileacha a aithint agus chun comhairle a thabhairt dóibh agus thacaigh siad freisin leis an obair chun dul i ngleic le ráigeanna. Ar an iomlán, laghdaíodh líon na gcásanna COVID-19 in Éirinn agus an t-ualach ar ospidéil ghéarmhíochaine go suntasach de bharr an Chláir Thástála agus Rianaithe.

# 3.2 Freagairt don Chibirionsaí

Rinne an cibirionsaí ar FnaSS an-dochar dár gcóras cúram sláinte, a bhí ag déileáil cheana féin le héifeachtaí uafásacha na paindéime. Chuir an cibirionsaí isteach go mór ar na seirbhísí go léir agus bhí othair agus úsáideoirí na seirbhísí buailte go mór de bharr na moille ar a gcúram sláinte agus de bharr coinní a cuireadh ar ceal.

Chun iarracht a dhéanamh srian a chur ar thionchar an ionsaithe, múchadh gach córas TF de chuid FnaSS agus dínascadh an Líonra Náisiúnta um Chúram Sláinte ón idirlíon. Mar thoradh air sin, chaill gairmithe cúram sláinte rochtain ar gach córas TF a chuir FnaSS ar fáil, ina measc faisnéis othar, cúram cliniciúil agus córais saotharlainne agus tugadh tús áite ina dhiaidh sin d'athbhunú na gcóras ar bhonn riachtanas cliniciúil.

Díreach tar éis an chibirionsaithe, fostaíodh saineolaithe cibearfhaireachais chun ár mbonneagar teicneolaíochta ríthábhachtach a chosaint agus cuireadh tús leis an bpróiseas chun córais agus prótacail chibearshlándála sofaisticiúla agus láidre a dhaingniú inár gcórais TFC ar fad. Dá bharr seo, bhí sé ar ár gcumas córais agus seirbhísí lárnacha, ina measc, córais raideolaíochta agus diagnóiseacha, cúram máithreachais agus naíonán, córais riaracháin othar, ceimiteiripe agus oinceolaíocht radaíochta a athbhunú. Tugadh tús áite freisin d'athghníomhachtú na gcuntas ríomhphoist, ní amháin mar riachtanas riaracháin ach freisin mar riachtanas seirbhíse ríthábhachtach, mar gheall ar an ról tábhachtach atá ag ríomhphost i sceidealú na gcoinní agus chun cumarsáid a dhéanamh le hothair agus le húsáideoirí na seirbhísí. Ina theannta sin, rinneadh na gníomhartha seo a leanas:

- Rinne seirbhísí cúram sláinte pobail agus géarchúraim socruithe teagmhasacha chun seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil, ina measc, athlonnú foirne, athsceidealú roinnt gnáthamh leighis agus coinní, agus próisis a oiriunú, de réir mar ba ghá.
- Cuireadh treoir chliniciúil ar fáil do gach cliniceoir maidir le sábháilteacht othar agus an fócas tosaíochta ba chóir a ghlacadh an fhad agus a bhí na seirbhísí ag iarraidh dul i ngleic leis an ionsaí
- Toisc nach bhféadfaí iarratais ar chártaí leighis a dhéanamh ar líne, bhí ar dhaoine iarratais a dhéanamh tríd an bpost
- Cuireadh sruthanna oibre cumarsáide i bhfeidhm i gcomhair cinnteoireachta, faisnéis phoiblí agus don chóras polaitíochta
- Tar éis don fheidhmeannacht urghaire Ard-Chúirte a fháil a chuir srian le haon roinnt, próiseáil, díol nó foilsiú sonraí a goideadh ó chórais ríomhaireachta FnaSS, rinne speisialtóirí agus foireann dlí FnaSS monatóireacht ar shuíomhanna gréasáin a úsáideann coirpigh chun seiceáil an raibh aon ghníomhaíocht ar siúl a bhain le haon sonraí goidte; ní bhfuarthas aon fhianaise go dtí seo gur foilsíodh na sonraí seo ar líne nó gur úsáideadh iad ar bhealaí coiriúla.

Bíonn FnaSS i dteagmháil i gcónaí leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir leis an gcibirionsaí de réir oibleagáidí FnaSS faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus faoin *Acht um Chosaint Sonraí 2018*.

I mí na Nollag freisin, rinneadh roinnt moltaí mar chuid de Thuarascáil, *Chibirionsaí Conti ar FnaSS – Athbhreithniú Neamhspleách Iar-Theagmhais*. As seo amach, is é an príomhfhócas atá againn ná feabhas a chur ar shlándáil agus ar sheasmhacht an bhonneagair náisiúnta seo atá ríthábhachtach, agus feasacht a fheabhsú maidir le bagairtí cibearshlándála san eagraíocht go ginearálta, agus ag an am céanna comhsheasmhacht agus comhordú níos fearr a chinntiú chun dul i ngleic leis na bagairtí seo nuair a tharlaíonn siad, mar a leanas:

- Seasmhacht a láidriú i dtaca le cibearshlándáil
- Dul i ngleic le cibirionsaí trí shaineolas seachtrach cibearshlándála agus moltaí Chibirionsaí Conti ar FnaSS – Athbhreithniú Neamhspleách Iar-Theagmhais a chur i bhfeidhm
- Bainistiú níos fearr maidir le saolré na bhfeidhmchlár atá ann cheana féin chun a chur ar ár gcumas athshlánú níos tapúla a dhéanamh i gcás cibirionsaithe
- Bunmhaoiniú a chur ar fáil ionas go mbeidh úsáideoirí in ann aistriú go hiomlán chuig uirlisí oifige néalríomhaireachta
- Maoiniú a chur ar fáil go seasta d'ualaí oibre Néalríomhaireachta.

Má bhí aon toradh dearfach ar an gcibirionsaí, ba é sin an fócas athnuaite a dhírigh sé ar thábhacht TF. Tá féidearthachtaí ollmhóra ag baint leis an teicneolaíocht chun cabhrú le gairmithe cúram sláinte a gcuid scileanna a chur ar fáil, mar shampla, trí phríomhsheirbhísí a sholáthar i spás fíorúil, gan aon ghá a thuilleadh iad a chur ar fáil laistigh de bhallaí ospidéil, i gclinicí nó in ionaid cónaithe pobail. Is léir freisin go bhféadfadh an teicneolaíocht a bheith ina cumasóir straitéiseach inár gclár oibre athchóirithe, príomhthéama de chuid an Phlean Chorparáidigh.

Dá bhrí sin, tá deis iontach againn feabhas a chur ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn muid le hothair, trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun deireadh a chur leis an seanchleachtas a bhí ann i dtaca le deighilt idir seirbhísí géarmhíochaine, pobail agus baile, agus ag an am céanna táthar ag tacú le cúram cliniciúil agus cúram sláinte dírithe ar an duine féin. Cuirfidh an teicneolaíocht ar chumas daoine an cúram agus na tacaíochtaí a theastaíonn uathu a fháil ina dtithe féin, agus ag an am céanna, soláthrófar bealaí soiléire chun rochtain a fháil ar sheirbhísí eile, nuair is gá.

# 3.3 Feidhmíocht agus Príomhspriocanna a Baineadh Amach i 2021

Tomhaistear feidhmíocht oibríochtúil, go príomha, bunaithe ar an méid a bhain muid amach de réir an Phlean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) ina leagtar amach na cineálacha agus an méid seirbhísí sláinte agus cúraim sóisialta atá le cur ar fáil, bunaithe ar an maoiniú a cuireadh ar fáil agus an leibhéal foirne atá ar fáil. Ullmhaíodh pleananna oibriúcháin níos mionsonraithe freisin chun na tosaíochtaí atá leagtha amach sa NSP a chur i gcrích.

Faoin *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2019*, tá Bord na Feidhmeannachta cuntasach don Aire Sláinte as feidhmíocht FnaSS. Leagtar amach sa Chreat Feidhmíochta agus Cuntasachta na córais, gnásanna agus cleachtais do bhainistíocht feidhmíochta agus cuntasachta laistigh de FnaSS, an méid a bhaineann le soláthraithe reachtúla, deonacha agus príobháideacha, agus leis an mBord agus an Roinn Sláinte/Aire Sláinte. Faoin gCreat seo, tá údarás faighte ag an nGrúpa Náisiúnta Maoirseachta Feidhmíochta ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin le feidhmiú mar phríomhphróiseas maoirseachta agus iniúchta ar fheidhmíocht agus cuntasacht don tseirbhís sláinte, chomh maith le tacú leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus leis an mBord chun a bhfreagrachtaí cuntasachta a chomhlíonadh. Tionóltar cruinnithe den Ghrúpa seo ar bhonn míosúil. Tá sé de fhreagracht orthu, mar chuid den phróiseas foriomlán feidhmíochta agus cuntasachta, feidhmíocht na n-eagraíochtaí atá mar sholáthraithe seirbhíse sláinte a iniúchadh chun breith a dhéanamh maidir le cé acu ar baineadh amach na cuspóirí atá leagtha amach sa PSN.

Tá cuid de na príomhghníomhaíochtaí i 2021 sonraithe sa tábla thíos. Is ceart a rá freisin go ndearnadh athbhreithniú ar spriocanna agus gníomhaíochtaí eile le linn na bliana, chun a chinntiú go mbainfí an úsáid is fearr as acmhainní. Ba cheart a thuiscint go raibh feidhmíocht an-láidir i 2021 in ainneoin borradh COVID-19 a tharla i dtréimhsí éagsúla agus a raibh tionchar suntasach acu ar sheirbhísí agus ar bhreoiteacht foirne. Ina theannta sin, bhí tionchar suntasach ag an gcibirionsaí a tharla i 2021 ar sheirbhísí ar feadh tréimhse trí mhí ar a laghad ó mhí na Bealtaine 2021. I bhfianaise na ndúshlán seo, bhí feidhmíocht an chórais sláinte an-láidir.

*Tá tuilleadh eolais faoi phríomhtháscairí feidhmíochta (KPIs) agus méadracht ghníomhaíochta, ina measc, spriocanna athbhreithnithe in Aguisín 3 den Tuarascáil Bhliantúil seo agus ar* **hse.ie**.

**Príomhghníomhaíochtaí i 2021 agus Níos mó/Níos lú i gComparáid leis an méid gníomhaíochta a rabhthas ag súil leo**

- **71,128** atreorú chuig foirne idirghabhála pobail **(▲18.7%)**
- Freastalaíodh ar **1.2m** othar i suíomhanna teiripe phobail **(▲4.6%)**
- **20.4m** uair thacaíochta baile **(▼6.6%)** á fháil ag **55,043** duine **(▼1.1%)**, gan uaireanta ó phacáistí dianchúraim baile a chur san áireamh, agus **115** duine ag fáil pacáiste dianchúraim baile **(▼51.1%)**
- **91** áit éigeandála nua curtha ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas **(▲106.8%)**
- **12,614** atreorú chuig foirne meabhairshláinte leanaí agus ógánach **(▲35.1%)**
- **1.0m** gnáthaimh – cásanna lae **(▼0.2%)**
- Scaoileadh **592,692** othar cónaitheach as ospidéil **(▼0.5%)**
- D'fhreastail nó d'fhill **1.3m** ar Rannóga Éigeandála **(▲2.5%)**

Tugtar cuntas ar ghníomhaíochtaí sonracha agus ar ghnóthachtálacha ó 2021 maidir le gach ceann de na príomhchláir chúraim sna leathanaigh a leanas.

## Sláinte agus Folláine

- Seoladh an Clár um Pobail Shláintiúla de chuid *Sláintecare* agus rinneadh dul chun cinn ar an obair chun an clár a bhunú sna 19 ceantar is mó a bhfuil gá leis. Thosaigh grúpaí forfheidhmithe áitiúla ag seachadadh seirbhísí, ar nós, cabhair chun éirí as caitheamh tobac, bia sláintiúil éasca, oideasú sóisialta, tacaíochtaí do thuismitheoirí agus Making Every Contact Count i naoi nEagraíocht Cúram Sláinte Pobail. Cuireadh isteach de bheagán ar dhul chun cinn le linn 2021 mar gheall ar aistriú foirne chuig ionaid tástála agus vacsaínithe COVID-19, mar aon le roinnt dúshlán maidir le hearcú foirne
- Foilsíodh *Plean Gníomhaíochta FnaSS Healthy Weight for Children 2021-2023, Creat Healthy Weight for Children (0-6 bliana d'aois)* agus seoladh samhail chúraim FnaSS chun murtall a bhainistiú
- Rinneadh dul chun cinn ar chláir nua a dhírigh ar chosc agus ar chóireáil murtaill i measc leanaí i gCúram Sláinte Pobail an Oirdheiscirt agus i gCúram Sláinte Pobail Bhaile Átha Cliath Theas, Chill Dara agus Iarthar Chill Mhantáin agus ullmhaíodh cláir nua chun dul i ngleic le mí-úsáid alcóil i gCúram Sláinte Pobail an Mheán-Iarthair agus i gCúram Sláinte Pobail Chiarraí. Cuireadh moill ar sheachadadh na seirbhíse seo de bharr dúshlán maidir le hearcú foirne Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (HSCP) agus de bharr go rabhthas ag iarraidh teacht ar ionaid oiriúnacha chun na seirbhísí seo a chur ar fáil




Sabina Higgins; Marla Kennedy, CMM2 Oideachas Réamhbhreithe, Ospidéal na hOllscoile Sligeach; agus Meena Purushothaman, Comhordaitheoir Cúnta Náisiúnta um Beathú Cíche FnaSS.

**Bailiú Colastraime**
Tá an fhoireann oideachais réamhbhreithe in Ospidéal Ollscoile Shligigh ag dáileadh Pacaí chun Colastram a Bhailiú ar mhná torracha mar bhealach chun rátaí beathú cíche a mhéadú. Tá steallairí stórála, lipéid agus bileog eolais le nasc chuig físeán faisnéise sna pacaí. Tugann an físeán treoir do mhná maidir le conas colastram a thál lena lámha, a bhailiú agus a stóráil, mar tá colastram chomh tairbheach do shláinte an naíonáin nuabheirthe. Dúirt Marla Kennedy CMM2 Oideachas Réamhbhreithe, Ospidéal Ollscoile Shligigh, "Inár n-ospidéal, creidimid go bhfuil sé ríthábhachtach cur ar chumas na mban beathú cíche a dhéanamh, agus an cleachtas seo a chosaint. Cuireann beathú cíche leanaí nuabheirthe ar a suaimhneas agus cabhraíonn sé freisin le hionfhabhtuithe agus tinnis choitianta a chosc".

Stop **57.3%** de chaiteoirí tobac a bhí ar chláir scoir ag caitheamh tobac laistigh de cheithre seachtaine (i gcomparáid leis an sprioc don bhliain 2021 – 45%)

- Seoladh *Creat Oideasú Sóisialta FnaSS* ina leagtar amach cur chuige comónta do sheachadadh oideasú sóisialta, i gcomhpháirtíocht leis an earnáil phobail agus deonach
- Forbraíodh acmhainní breise agus réitigh ar líne chun tacú le roinnt clár, ina measc, modúil ríomhfhoghlama chun tacú leis an gclár Saol Sláintiúil, dhá mhodúl ríomhfhoghlama breise le haghaidh Making Every Contact Count (MECC) – Meabhairshláinte agus Folláine agus Ag Caint faoi Mheáchan
- Cuireadh an tseirbhís tástála um Ionfhabhtuithe Gnéas-Tarchurtha (STI) ar fáil ar líne, saor in aisce, chun feabhas a chur ar rochtain agus ar chóireáil chomh maith le tacú le galair a bhainistiú níos fearr.

## Sláinte Phoiblí

- Tá samhail leasaithe seachadta seirbhíse á cur i bhfeidhm, de réir a chéile, chun an struchtúr rialachais agus oibriúcháin a bhaineann le Sláinte Phoiblí a athrú ó bhonn, m.sh. cruthaíodh grád Comhairleora i Míochaine Sláinte Poiblí chun ceannasaíocht straitéiseach a chur ar fáil
- Cuireadh le faireachas agus tuairisciú maidir le gach galar tógálach infhógartha, agus cuireadh leis an gcóras Ríomhairithe um Thuairisciú ar Ghalair Ionfhabhtaíocha (CIDR) agus rinneadh aistriú sonraí ó Chóras Bainistíochta Teagmhála COVID-19 agus ó chórais TF CoVax go CIDR, le cúnamh róbait. D'fhéadfaí na feabhsuithe seo ar fhaireachas agus ar thuairisciú ar ghalair thógálacha infhógartha a fheabhsú go mór trí shonraí COVID-19 a nascadh le bunachair shonraí (ie CCT, CIDR agus Covax), ach bheadh gá le haitheantóir sláinte ar leith a fhorbairt chun an obair seo a chur i gcrích
- Tugadh tús áite do smachtú Ionfhabhtuithe Gnéas-Tarchurtha (STI) STI agus víreas easpa imdhíonachta daonna (VEID) chomh maith le faireachas agus cosc ar ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte (HCAI) agus laghdú ar thomhailt ábhar frithmhiocróbach

Ghlac **77.1%** de na daoine ar glaodh orthu chun tástáil BreastCheck a fháil páirt sa chlár scagthástála (i gcomparáid le sprioc de 70% 2021)

- Bunaíodh foireann agus aonad Forbartha Treorach um Chosaint Sláinte
- Bunaíodh an Clár Bagairtí agus Ullmhachta Sláinte, agus ceapadh Ceannasaí Cliniciúil eatramhach
- Bunaíodh an Clár Seicheamhaithe Géanóim (WGS) agus fuarthas maoiniú suntasach ón AE le haghaidh obair leanúnach sa réimse seo sa dá bhliain atá romhainn.

## Seirbhís Sláinte Comhshaoil

- Tar éis an Bhreatimeachta, leanadh leis an obair le hacmhainn a mhéadú chun a chinntiú go bhféadfaí srianta oifigiúla ar bhia iompórtáilte a chur i gcrích agus go bhféadfaí freastal ar iarratais bhreise ar theastais easpórtála a d'fhéadfadh a theacht chun cinn
- Comhaontaíodh agus cuireadh i bhfeidhm conradh seirbhíse nua le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (2021 go dtí 2026). Leagann an conradh seo amach na hoibleagáidí reachtúla atá ar FnaSS maidir le forfheidhmiú na reachtaíochta um shábháilteacht bia
- In ainneoin na ndúshlán a bhaineann le dúnadh áitribh de bharr COVID-19, rinneadh roinnt cigireachtaí agus oibríochtaí ceannaigh tástála ar áitribh a bhí ag plé le bia, gnólachtaí leapacha gréine agus miondíoltóirí tobac
- Leanadh den obair leis na príomhpháirtithe leasmhara chun a chinntiú go gcuirfí forálacha an Achta Sláinte Poiblí (Alcól) 2018 i bhfeidhm
- Cuireadh tús le hullmhú d'fheidhmiú an Bhille um Shláinte Phoiblí (Tobac agus Táirgí Ionanálaithe Nicitín) a fhorálann, i measc nithe eile, go mbeadh ar mhiondíoltóirí tobac nó táirgí ionanálaithe nicitín ceadúnas bliantúil a fháil
- Cuireadh freagrachtaí breise ar an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil i 2021, i gcomhthéacs phaindéim COVID-19. San áireamh anseo, bhí nithe ar nós forfheidhmiú na reachtaíochta Bia Laistigh agus measúnú ar an bPrótacal chun Oibriú go Sábháilte le COVID-19 de réir Mheabhrán Tuisceana (MoU) leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA).

## An tSeirbhís Náisiúnta Scágthástála

- Thug BreastCheck isteach córas nua, coinní le teachtaireachtaí téacs chun an líon daoine a ghlacann páirt sa scágthástáil a mhéadú agus chun a chinntiú, chomh fada agus is féidir, go raibh gach sliotán coinní líonta. Choimisiúnaigh an clár trí aonad scagthástála soghluaiste chun go mbeifí ábalta breis scágthástála a dhéanamh, agus thosaigh an chéad aonad soghluaiste ag obair i mí Dheireadh Fómhair
- Cuireadh tús le hoibreacha tógála i mí Eanáir ar shaotharlann náisiúnta nua ar láthair Ospidéal Ollscoile na mBan agus na Naíonán sa Choim, atá aitheanta mar Lárionad Bairr Feabhais le haghaidh scagthástála ceirbheacs
- Tháinig méadú 25% ar líon na samplaí le scagthástáil sa tseirbhís CervicalCheck sa chéad sé mhí den bhliain agus ag deireadh na bliana, bhíothas 14% chun tosaigh ar sprioclíon na dtástálacha scagthástála iomlána a rinneadh
- Tiomnaíodh an 17 Samhain mar Lá Gníomhaíochta domhanda um Dhíothú Ailse Cheirbheacs. I gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara, seoladh comhthionscadal chun go mbogfadh Éire níos gaire don sprioc maidir le deireadh a chur le hailse cheirbheacs
- Chuir BowelScreen tús le feachtas sna meáin mar chuid de Mhí Feasachta maidir le hAilse putóige, agus dá bharr seo, tugadh 47,000 cuairt ar shuíomh Gréasáin BowelScreen i rith mhí Aibreáin. Bhí an líon daoine a ghlac páirt sa chlár scagthástála 37% os cionn na spriocanna a rabhthas ag súil leo i mí Aibreáin agus mí na Bealtaine
- Lean BowelScreen ar aghaidh ag cur le líon ionscópacht scagthástála, rinneadh é seo trí acmhainneacht bhreise a chur ar fáil laistigh de na haonaid atá ann cheana féin agus osclaíodh seirbhís scagthástála nua ionscópachta in Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge (UHW)
- Rinne Diabetic RetinaScreen cinneadh scagthástáil gach dhá bhliain a thabhairt isteach i mí Feabhra i gcomhair othar nach bhfuil ach riosca íseal ann go gcaillfidís radharc na súl. Díobh siúd a scrúdaíodh go dtí seo, beidh scágthástáil gach 2 bhliain i gceist i leith 80% díobh. De bharr an chinneadh seo, beifear ábalta breis scagthástála a dhéanamh agus laghdófar an mhíchaoithiúlacht don ghrúpa seo agus iad ag freastal ar choinní.




**Cóireáil leighis do Limféidéime**
Osclaíodh Clinic Speisialtóir Limféidéime i gCo. an Chláir chun tacú le daoine atá buailte ag an ngalar ainsealach seo a éiríonn níos measa de réir a chéile. Déanann altra, fisiteiripeoir agus freastalaí ilthascála measúnú limféidéime, agus cuireann siad cóireáil ar an othar chomh maith le tacú leis/léi ina féinchúram. Cuirfidh an clinic cóireáil ar fáil do lipéidéime chomh maith. Dúirt Gráinne Ryan, Ceannasaí Tionscadail na Seirbhísí Limféideime, agus Stiúrthóir Altranais Sláinte Poiblí, Co. an Chláir: *"Roimhe seo ní raibh muid in ann an oiread sin a dhéanamh d'othair agus gan aon áit anseo le hiad a chur, bhíodh ar roinnt díobh taisteal thar lear. Is iontach an rud é anois gur féidir linn glacadh le hatreoruithe agus cóireáil a chur ar dhaoine ina bpobal féin i gCo. an Chláir".*

Rinneadh **1,048,437** teagmháil le seirbhís práinne dochtúra teaghlaigh – lasmuigh de ghnáthuaireanta

## Clár um Chúram Pobail Feabhsaithe (ECC)

Tugadh €240m don Chlár um Chúram Pobail Feabhsaithe (ECC) chun 96 Líonra Cúram Sláinte Pobail (CHN) agus 30 Foireann Speisialtóirí Pobail (CST) a bhunú do dhaoine aosta agus daoine le galair ainsealacha, chun seirbhísí comhtháite a chur ar fáil do dhaoine níos gaire do bhaile. Ina theannta sin, idir 2019-2022, tá €210m curtha ar fáil trí Chomhaontú na nDochtúirí Teaghlaigh 2019, chun tacú le tionscnaimh nuachóiriúcháin, leis an gclár oibre ríomhShláinte agus le feidhmiú an Chláir um Bainistiú Galar Ainsealach do bhreis agus 430,000 duine. Tá sé mar aidhm ag Clár an ECC, i gcomhar leis an gcomhaontú Dochtúra Teaghlaigh, breis cúram sláinte a sholáthar agus táthar ag iarraidh go gcuirfí na seirbhísí ar fáil in ionaid na nDochtúirí Teaghlaigh, in ionaid chúraim phríomhúla agus in ionaid seirbhísí sláinte sa phobal. Táthar ag díriú ar chleachtas ó thús go deireadh, a chuirfidh cosc ar aistriú othar chuig ospidéil ghéarmhíochaine nuair atá sé sábháilte agus cuí sin a dhéanamh.

Rinneadh dul chun cinn ar phríomhghnéithe de Chlár ECC sna réimsí seo i 2021:

- 3,500 ball foirne breise le maoiniú breis agus €200m: I 2021, earcaíodh 899 agus bhí earcú i gcás 522 eile beagnach curtha i gcrích
- 96 Líonra Cúram Sláinte Pobail á gcur i bhfeidhm agus breis agus 1,850 ball foirne á n-earcú; Tá 49 de 96 LCSP (CHN) bunaithe anois
- 30 Foireann Tacaíochta Pobail don Chlár Cúraim Chomhtháite do Dhaoine Aosta (ICPOP) agus don Chlár Cúraim Chomhtháite um Bainistiú Galar Ainsealach (ICPCDM) le thart ar 1,500 oibrí i gcomhair Foirne Speisialaithe; Tá 15 bunaithe anois i gcomhair ICPOP agus dhá cheann bunaithe i gcomhair ICPCDM
- Foirne Idirghabhála Pobail (CITs): tá 21 foireann ag feidhmiú anois agus bhí siad ag obair ar fud na tíre in 2021 don chéad uair; bunaíodh cúig fhoireann nua agus trí fhoireann bhreisithe i 2021
- Tá Dochtúirí Teaghlaigh, Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, agus ceannasaíocht altranais cumasaithe ag leibhéal áitiúil chun cúram comhtháite a chur ar fáil agus chun tacú le seirbhísí a chur ar fáil sa phobal seachas sna hospidéil
- Cuireadh le seirbhísí diagnóiseacha sa phobal chun rochtain níos fearr a chur ar fáil do chleachtais dochtúirí teaghlaigh agus seachadadh breis agus 138,000 scanadh in 2021, (30,951 x-gha, 10,256 scanadh CT, 88,776 MRI agus 8,382 scanadh DEXA).

Cuireadh **246,374** uair tacaíochta baile ar fáil – Pacáistí Cúram Baile

## Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

- Thosaigh cúig fhoireann nua idirghabhála pobail (CIT) ag obair i Maigh Eo, Dún na nGall, an Cabhán/Muineachán, An Longfort/an Iarmhí agus Loch Garman.
- Soláthraíodh 63 pacáiste cúram baile péidiatraiceach breise, sin 576 san iomlán ag deireadh na bliana
- Glacadh le 1,556 teagmhas nua Teiripe Frithmhiocróbach Paireintreach d'Othair Sheachtracha (OPAT) sa tseirbhís agus tháinig laghdú de 35,192 ar líon na laethanta leapa i 2021 agus d'fhéadfadh sé gur tháinig laghdú de 34,945 ar líon na laethanta leapa a fuarthas de bharr atreoruithe i 2021
- Thosaigh naoi n-ionad cúraim phríomhúil nua ag obair i 2021, rud a d'fhág go raibh 147 ionad cúraim phríomhúil ag obair
- D'fhreastail seirbhísí teiripe pobail ar 1,247,048 othar i 2021, b'ionann é sin agus méadú 9.0% i gcomparáid le 2020, agus tugadh tacaíocht do sheirbhísí COVID-19, ina measc, tugadh tacaíocht do chlinicí tástála agus ionaid vacsaínithe.
- In 2021, rinneadh 1,048,437 teagmháil le seirbhísí Dochtúirí teaghlaigh lasmuigh de ghnáthuaireanta, b'ionann é sin agus méadú de 12.2% i gcomparáid le 2020.

## Ionchuimsiú Sóisialta

- Leanadh ag tabhairt tacaíochta i dtaca le ráigeanna agus braislí cásanna de COVID-19 i suíomhanna um ionchuimsiú sóisialta, don lucht siúil, do dhaoine gan dídean agus do ghrúpaí eitneacha éagsúla, chomh maith le coraintín speisialaithe dóibh siúd a bhí ag lorg tearmainn.
- Cuireadh samhlacha nua cúraim i bhfeidhm, ina measc tacaíocht chuimsitheach do dhaoine gan dídean i dtionóntachtaí Housing First
- Leanadh le cur i bhfeidhm an Chláir um Scaoileadh Amach as an Ospidéal i gcomhair Dhaoine gan Dídean, chun a chinntiú go mbeadh rochtain chuí agus leanúnachas cúraim ar fáil do dhaoine gan dídean a fhágann an t-ospidéal.
- Baineadh úsáid as an Suirbhé Gréasáin Eorpach ar Dhrugaí chun léargas a fháil ar phatrúin reatha maidir le húsáid drugaí agus tionchar COVID-19
- Seoladh feachtas nua, dírithe ar dhaoine óga a úsáideann drugaí le linn siamsaíochta oíche, chun eolas a chur ar fáil maidir le conas díobháil ó úsáid drugaí a laghdú, chomh maith le heolas faoi threochtaí drugaí atá ag teacht chun cinn agus imní maidir le margadh drugaí
- Leanadh den obair ar an bPlean Gníomhaíochta um Shláinte an Lucht Siúil, ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta maidir le *hIonchuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021*. Cuireadh tús le hobair chun comhordú a dhéanamh ar fhreagairtí sláinte faoi stiúir *FnaSS ón Straitéis Náisiúnta maidir le hIonchuimsiú LGBTI+ 2019-2021*, *an Straitéis Náisiúnta Óige LGBTI+ 2018-2020* agus *an Dara Straitéis Náisiúnta ar Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscne 2016-2021*.

## Seirbhísí do Dhaoine Aosta

- Fuair 55,043 cliant 20.46m uair tacaíochta baile agus athosclaíodh 68% de sheirbhísí lae do dhaoine aosta a bhí dúnta go sealadach de bharr phaindéim COVID-19
- Cuireadh *an tAcht maidir le Scéim um Thacaíocht Tithe Altranais (Leasú) 2021* i bhfeidhm chun cosaintí breise a thabhairt d'fheirmeacha agus do ghnólachtaí teaghlaigh faoin scéim
- Riaradh an Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh (TAPS) COVID-19 a chuir tacaíocht airgeadais ar fáil do thithe altranais leis na costais a bhaineann le hullmhacht, maolú agus bainistiú ráigeanna COVID-19
- Cuireadh tús le scéim phíolótach tacaíochta baile i mí na Samhna chun eolas a bhailiú maidir leis an Scéim Reachtúil Tacaíochta Baile nua
- Tosaíodh ag úsáid an chórais TF interRAI Ireland beo ar bhonn náisiúnta agus aistríodh na sonraí go léir ón gcóras píolótach Uirlis Mheasúnaithe Aonair (SAT) chuig an gcóras nua agus rinneadh breis measúnú interRAI ar bhreis is 10,000 cliant go dtí seo
- Bhuaigh Ionad Cúraim Lae Chrois an Tornóra i gCorcaigh Gradam Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte sa chatagóir Ag Tacú le Pobal Sláintiúil do thionscadal a chabhraigh le laghdú a dhéanamh ar riosca titimí i gcás dhaoine aosta
- Leathnaíodh amach an tseirbhís Chomhairleora Náisiúnta Néaltraithe chun tacú le níos mó daoine a bhfuil néaltrú orthu maireachtáil go maith ina bpobal féin.




**Aonad Soghluaiste Drugaí, Alcóil agus Sláinte Ghnéis (DASH)**
Is é an t-aonad soghluaiste 'DASH' (Drugaí, Alcól agus Sláinte Ghnéis) an chéad cheann dá leithéid in Éirinn, ag soláthar seirbhísí soghluaiste ar fud an phobail ar nós mearthástáil VEID, soláthar coiscíní, measúnuithe maidir le drugaí agus alcóil agus tacaíocht ó ghairmithe oilte um chothú sláinte. Déanann Cúram Sláinte Pobail Chorcaí, Chiarraí an tseirbhís a sheachadadh ar bhonn comhpháirtíochta agus le tacaíocht ó FnaSS. Rinne Emily Barrett, Oibrí Tionscadail le DASH cur síos air mar sheirbhís chun bearna a líonadh do dhaoine i gCorcaigh agus i gCiarraí. *"Déanfaidh aonad soghluaiste DASH idirghabhálacha neamhfhoirmiúla i ngach sráidbhaile agus baile ar fud Chorcaí agus Chiarraí. Tá sé mar aidhm againn cuireadh a thabhairt do dhaoine teacht isteach chun labhairt linn i dtimpeallacht chairdiúil fháilteach agus táimid ag tnúth le bualadh le gach duine"* a dúirt sí.

Bhain **16,306** duine faoi mhíchumas úsáid as seisiúin chúram lae



## Cúram Maolaitheach

- Cuireadh tús le glacadh othar sna haonaid nua chúraim mhaolaithigh speisialta i bPort Láirge, Maigh Eo, Cill Mhantáin agus Cill Dara. Cuireadh pleananna chun cinn d'aonaid nua i gCo. An Chabháin, i nDroichead Átha agus saTulach Mhór
- Leanadh den obair i gcomhpháirtíocht le grúpaí ospíse deonacha agus daonchairdis maidir le pleananna inbhuanaitheachta ospíse deonacha
- Cuireadh tús le feidhmiú na moltaí a bhí in athbhreithniú 2020 ar rialachas cliniciúil agus socruithe oibríochtúla do chúram maolaitheach leanaí
- Cuireadh maoiniú ar fáil chun tacú le hobair ríthábhachtach na ngrúpaí deonacha a sheachadann réimse éagsúla seirbhísí um chúraim mhaolaitheach agus deireadh saoil, ina measc, Ospís Leanaí LauraLynn Ireland, Fondúireacht Leanaí Jack and Jill, Fondúireacht Ospíse na hÉireann, Cumann Ailse na hÉireann, eagraíochtaí méala agus an Institiúid Ospíse agus Maolaitheach Uile-Éireann.

## Seirbhísí Míchumais

- Tháinig laghdú suntasach de 63% ar bhonn náisiúnta ar an liosta feithimh do mheasúnú riachtanas
- Baineadh sprioc thábhachtach amach maidir le hathchóiriú na seirbhísí do leanaí nuair a athchumraíodh 91 Líonra Míchumais Leanaí, agus cinntíonn seo go bhfuil rochtain ag leanaí, a bhfuil riachtanais chasta acu mar thoradh ar a míchumas, agus ag a dteaghlaigh, ar fhoireann chúraim gar do bhaile
- Leanadh den obair chun tacú leis an athrú ó shamhail institiúideach seirbhíse go samhail tacaíochta a bheidh dírithe ar an duine agus a bheidh ar fáil sa phobal, tugadh tacaíocht do dhaoine a bhí ina gcónaí in ionaid chomhchónaithe agus aistríodh 18 duine faoi 65 bliana d'aois faoi mhíchumas a bhí ina gcónaí i dtithe altranais mí-oiriúnacha chuig áiteanna ní b'oiriúnaí sa phobal

Tairgeadh a gcéad choinne i gcás **74.8%** d'atreoruithe/ath-atreoruithe agus d'fhreastail an céatadán seo ar choinne le Foireann Ghinearálta Pobail um Meabhairshláinte Daoine Fásta laistigh de 12 seachtain (ag teacht le sprioc de 75% in 2021)

- Forbraíodh réimse acmhainní chun tacú le feidhmiú Treonna Nua, an Creat Náisiúnta um Pleanáil Dírithe ar an Duine, san áireamh. Chomh maith leis sin, seoladh agus feidhmíodh rannán tiomnaithe ar FSSLanD, le huirlisí tacaíochta, doiciméadú agus seimineáir ghréasáin do na Seirbhísí Lae do Dhaoine Fásta
- Bunaíodh agus cuireadh i bhfeidhm an fheidhm um Dhearbhú Cáilíochta chun tacú le próifíliú a dhéanamh ar dhaoine óga a fhágann an scoil agus a dteastaíonn seirbhísí lae uathu
- I mí na Nollag 2021, d'fhoilsigh *FnaSS an tAthbhreithniú Neamhspleách ar Bhainistíocht Brandon* (Tuarascáil Brandon) a rinne an Painéal Náisiúnta Athbhreithnithe Neamhspleách. Ghabh FnaSS leithscéal le cónaitheoirí agus lena dteaghlaigh de bharr nár cuireadh cúram cuí ar fáil i seirbhís chónaithe agus cúram lae de chuid FnaSS do dhaoine fásta faoi mhíchumas intleachtúil san Iarthuaisceart agus ghlac siad go hiomlán le cinntí an Phainéil Náisiúnta Athbhreithnithe Neamhspleách. Is í sábháilteacht na gcónaitheoirí an phríomhsprioc atá ag FnaSS. Bíonn cruinnithe rialta maidir le sábháilteacht othar ar siúl laistigh den tseirbhís, ar a bhfuil leasuithe suntasacha déanta maidir le straitéis ESP (CHO) do sheirbhísí míchumais a chur chun cinn go ginearálta, agus go háirithe, mar fhreagairt ar thorthaí na Tuarascála. Bhí feabhsuithe leanúnacha á ndéanamh sa tseirbhís shonrach sin roimh fhoilsiú an athbhreithnithe, fiú amháin.

## Seirbhísí Meabhairshláinte

- Thosaigh mol teileashláinte um Sheirbhís Mheabhairshláinte do Leanaí agus Ógánaigh (CAMHS) i gCúram Sláinte Pobail an Iarthair. Tosaíodh ag forbairt dhá mhol phíolótach teileashláinte breise i gCúram Sláinte Pobail an Mheán-Iarthair agus i gCúram Sláinte Pobail Chorcaí-Chiarraí
- Earcaíodh 129 ball foirne breise chun dul ag obair le Foirne Meabhairshláinte Pobail, ina measc, oibrithe breise do thrí Fhoireann Neamhord Itheacháin agus do thrí fhoireann Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnamh Airde (ADHD)
- Cuireadh 28 leaba ghéarmhíochaine breise ar fáil chun tacú le hothair a raibh riachtanais chasta meabhairshláinte acu
- Cuireadh tús le hobair ar chur i bhfeidhm *Roinnt na Físe – Beartas Meabhairshláinte do Chách* agus forbraíodh struchtúir nua rialachais
- Cuireadh tús le hobair ar fhorbairt an tSamhail Chúraim do Sheirbhísí Réitigh Géarchéime agus forbraíodh Samhail Cúraim nua i gcomhair Dhé-Dhiagnóis
- Tugadh tús áite do leathnú amach na gclár Cúraim Chliniciúil Meabhairshláinte, ina measc, Meabhairshláinte agus Míchumais Intleachtúil (MHID) agus Luath-Idirghabháil i dtaca le Sícóis (EIP)
- In 2021, leanadh le leathnú na struchtúr Tacaíochta Piaraí, Rannpháirtíocht Téarnaimh agus Rannpháirtíocht Teaghlaigh le Cúramóirí Úsáideoirí na Seirbhíse
- BereavementRinneadh tuilleadh forbartha ar sheirbhísí tacaíochta méala mar chuid de Cheangail ar feadh an tSaoil agus seoladh an Treoir Náisiúnta Tacaíochta um Mhéala de bharr Féinmharaithe.

## Seirbhísí Géarmhíochaine Ospidéil

- Den 1,146 leaba bhuan bhreise a bhí beartaithe a chur ar fáil i 2021, faoi dheireadh na bliana bhí 813 díobh ar fáil agus an chuid eile le cur ar fáil i 2022.
- Cuireadh 42 leaba chúraim criticiúil bhreise ar fáil, mar sin tá 297 leaba cúraim chriticiúil ar fad ar fáil
- Tháinig méadú 3,690 ar líon na foirne in ospidéil ghéarmhíochaine, sé sin breis is 1,300 altra breise, 300 ball foirne leighis/fiaclóireachta breise agus beagnach 700 Gairmí Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (HSCP) breise
- Cuireadh plean gníomhaíochta spriocdhírithe, chun liostaí feithimh a laghdú, i bhfeidhm sa ráithe dheireanach de 2021. Ba é an toradh a bhí air seo ná laghdú 40,644 ar líon iomlán na liostaí feithimh (othair chónaitheacha, cásanna lae, othair sheachtracha agus ionscópacht). Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin maidir le laghdú a dhéanamh ar líon na ndaoine a bhí ag feitheamh ar feadh tréimhse fhada. Seo a leanas léargas ar an líon othar a bhí ag feitheamh os cionn sé mhí go dtí deireadh na bliana 2021, ón am ba mheasa a bhí an cás i bhFómhar 2020:




**Cúram a bhaineann le Dul in Aois**
Tá Ospidéal Ginearálta Loch Garman agus Cúram Sláinte Pobail an Oirdheiscirt ag comhtháthú seirbhísí géarchúraim agus pobail do dhaoine aosta lena dtionscadal Foireann Cúraim a bhaineann le hAosú, atá maoinithe ag Sláintecare. Tá Ardchleachtóir Altranais, Diaitéiteach Sinsearach, Oibrí Sóisialta Míochaine, Teiripeoir Saothair Sinsearach agus Fisiteiripeoir Sinsearach ar an bhfoireann. Bhí torthaí an tionscadail seo thar a bheith tairbheach d'othair, agus faigheann an chuid is mó díobh coinne i gcomhair measúnú geiriatrach iomlán. *"Tugann sé deis d'othair rochtain a fháil ar réimse éagsúil seirbhísí in aon chuairt amháin, ag seachaint turais i ndiaidh turais chuig an ospidéal, agus laghdaítear tréimhsí feithimh do sheirbhísí ar leith"* dar le Aideen McGuinness, Diaitéiteach Sinsearach.

Bhí **62.9%** 62.9% de na hothair ag feitheamh <52 seachtaine i gcomhair an chéad choinne le seirbhísí sa Rannóg Othar Seachtrach (i gcomparáid le sprioc 65% in 2021)

- Othair Sheachtracha: tháinig laghdú 69,720 (17%) ar an líon a bhí ag feitheamh os cionn sé mhí – ó 411,452 go 341,732
- Othar cónaithe/cásanna lae: tháinig laghdú 16,532 (37%) ar an líon a bhí ag feitheamh os cionn sé mhí – ó 45,193 go 28,661
- Ionscópacht GI: Tháinig laghdú 6,644 (44%) ar an líon a bhí ag feitheamh os cionn sé mhí – ó 15,147 go 8,503

- I mí Aibreáin 2021, ainmníodh Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae (MMUH) mar an Lárionad Mór-Thráma (MTC) don Phríomhlíonra Tráma, agus tá Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann (SVUH) agus Ospidéal Ollscoile Thamhlachta (TUH) ainmnithe mar Aonaid Tráma do Bhaile Átha Cliath. Is céim ríthábhachtach í seo i bhforbairt córas náisiúnta tráma in Éirinn
- Tá rialachas Sheirbhís Bhreithe Baile an FnaSS á aistriú ó na seirbhísí pobail go dtí na seirbhísí géarchúraim. Rinneadh idirphlé forleathan le roinnt mhaith príomhpháirtithe leasmhara sa dara leath de 2021, agus tá sé beartaithe go n-aistreofar an tseirbhís ina hiomláine chuig seirbhísí géarchúraim faoin 1 Márta 2022
- Le teacht leis an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide, tá Ospidéil Ghéarchúraim i gcomhar le Rannóg na nEastát FnaSS ag gclacadh páirte sa Chlár Píolótach um Dhícharbónú Bonneagair, i gcomhpháirtíocht le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). In 2021, roghnaíodh ceithre ospidéal géarmhíochaine le cur san áireamh i gclár iarfheistithe, chun bearnaí agus bacainní oibríochtúla agus na costais mhionsonraithe a bhaineann le mórchlár iarfheistithe fuinnimh foirgneamh, a chur chun cinn i ngach foirgneamh sláinte. Is iad na hospidéil ghéarchúraim atá páirteach sa chlár ná Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre – an Muileann gCearr, Ospidéal Ollscoile Shligigh, Ospidéal Mhuire Lourdes Droichead Átha agus Ospidéal Ginearálta Loch Garman

Scaoileadh amach nó cuireadh san ospidéal **62.8%** de na hothair a d'fhreastail ar Rannóga Éigeandála laistigh de shé uaire an chloig tar éis cláraithe. (i gcomparáid le sprioc 70% do 2021)



- Thacaigh ospidéil ghéarmhíochaine leis an gcéad Sheachtain Feasachta Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí a reáchtáladh ag tús mhí na Samhna 2021. Ba é aidhm na seachtaine feasacht a mhúscailt maidir le Tús Áite do Leanaí agus cur i gcuimhne don tsochaí go ginearálta, eagraíochtaí atá ag obair le leanaí agus daoine óga, san áireamh, go bhfuil freagracht orainn ar fad i leith leanaí a chosaint inár bpobal
- Bhí Oibríochtaí Géarmhíochaine agus ionaid mháithreachais rannpháirteach ar bhealach dearfach le hurlabhraithe BetterMaternityCare i 2021 maidir le rochtain ar sheirbhísí máithreachais agus srianta COVID-19. Aithníodh an tábhacht a bhaineann le grúpaí abhcóideachta i gcúram othar agus is léir go mbíonn torthaí níos fearr ag othair de bharr na seirbhísí a bheith ag obair ar bhealach tairbheach leis na grúpaí seo.
- De bharr COVID-19, cuireadh moill ar oscailt Aonad Cúraim Phéidiatraiceach Othar Seachtrach agus Éigeandála Thamhlachta (CHI) ach osclaíodh é, faoi dheireadh i mí Mheán Fómhair 2021
- *Seoladh Leading the Way – Straitéis Náisiúnta um Thodhchaí an Altranais Leanaí in Éirinn 2021-2031*, inar leagadh amach moltaí maidir le ról an altra leanaí i seachadadh cúraim
- Rinneadh 206 aistriú orgáin i rith na bliana mar gheall ar fhlaithiúlacht agus chineáltas 99 deontóir orgáin agus a dteaghlach. I rith na bliana, críochnaíodh 10 n-aistriú croí, 20 aistriú scamhóg, 35 aistriú ae, dhá phaincréas agus 139 aistriú duán, ina measc, 35 aistriú duán ó dheontóirí beo. Léiríonn sé seo laghdú ar líon deonuithe agus na n-aistrithe orgán a tharla de bharr thionchar leanúnach COVID-19, in ainneoin gur úsáideadh ospidéil phríobháideacha chun a chinntiú go raibh acmhainn ar fáil do sheirbhísí aistrithe orgán
- Bhuaigh an tIonad Náisiúnta um Ghalair Tróphoblastach le linn Toirchis in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh (CUH) an chatagóir Shármhaitheasa i gCúram Cáilíochta de chuid Gradam Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte. Bunaíodh an tIonad in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh in 2017 le tacaíocht ó Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse FnaSS agus cuireadh cúram ar fáil san ionad do bhreis agus 500 bean a diagnóisíodh le galar tróphoblastach le linn toirchis agus le toircheas siadach in Éirinn.

## Seirbhísí Ailse

- Rinneadh roinnt ceapachán cliniciúil ildisciplíneach laistigh de CHI i gCromghlinn i gcomhair ailse ógánach agus daoine óga in Éirinn
- Cuireadh feabhsuithe ar an tSeirbhís Radaiteiripe trí sheirbhís oinceolaíochta radaíochta steiréadluadraigh eisídeach (SABR) a chur i bhfeidhm i réigiún Bhaile Átha Cliath (Líonra Oinceolaíochta Radaíochta Ospidéal Naomh Lúcás) agus tá ullmhúchán ar bun chun an tseirbhís seo a chur i bhfeidhm i gCorcaigh
- Feabhsaíodh seirbhísí Teiripe Shistéamach mar seo:
  - Cuireadh seirbhís teiripe radanúiclíd gabhdóra peiptíde (PRRT) ar fáil in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann d'othair atá ag fulaingt le siadaí néarai-inchríneacha agus cuireadh cóireáil T-cheall le gabhdóir ciméarach antaiginí (CAR-T) ar fáil in Ospidéal San Séamas. Roimhe seo ní raibh rochtain ar na seirbhísí seo ach amháin tríd an scéim cóireála thar lear
  - Cuireadh feabhas ar rochtain othar ar dhrugaí nua le haghaidh teiripe shistéamach frithailse (SACT), trí aisíocaíocht a cheadú i gcomhair na teiripe seo agus cuireadh maoiniú i leataobh go speisialta dóibh seo
- Leanadh ar aghaidh le feidhmiú na gclár Marthanachta Ailse agus Síc-Oinceolaíochta, agus rinneadh forbairt mhór i dtaca le foirne ildisciplíneacha agus tacaíochtaí bunaithe sa phobal, ina measc, an líne chabhrach Together4Cancer agus an clár Saol Tar éis Ailse ag leagan Béime ar Mharthanas (LACES)
- Chuir an cibirionsaí isteach ar fheidhmiú an Chórais Náisiúnta Faisnéise ar Ailse (NCIS), rud a d'fhág nach raibh NCIS curtha i bhfeidhm ach in dhá ospidéal eile faoi dheireadh 2021.



**Teiripe le Cuidiú Ainmhithe**
Tá King, Labradór Órga, ag roinnt a dhea-ghiúmar le húsáideoirí na seirbhíse in Ionad an Charraig Mhóir, Seirbhísí Meabhairshláinte do dhaoine Fásta i gCorcaigh. Oibríonn King mar mhadra teiripe ag cuidiú le Gníomhaíochtaí ina gCuidíonn Ainmhithe (idirghníomhaíocht idir an duine agus an t-ainmhí a tharlaíonn i gcomhthéacs caitheamh aimsire agus oideachais) agus Teiripe le Cuidiú Ainmhithe (ag úsáid ainmhí oilte mar pháirt den teiripe, ina mbaintear amach spriocanna teiripe sonracha trí idirghníomhú leis an ainmhí). "Tá sé léirithe go dtí seo ag an bhfianaise eimpíreach go mbíonn an-rath ar an gcineál seo teiripe i dtaca le fadhbanna éagsúla a bhaineann le meabhairshláinte. Ina measc seo, tá feabhsuithe ar chomharthaí PTSD, síocóis, strus agus comharthaí dúlagair i measc daoine fásta atá ag fáil cóireála i gcomhair tráma, anhedonia laghdaithe i measc othar cónaitheach fásta a fuair diagnóis scitsifréine, agus feabhsuithe freisin le feiceáil ar chomharthaí diúltacha eile," a mhínigh an Dr Claire O'Sullivan, Síceolaí Cliniciúil Sinsearach.

Fuarthas **366,438** glao éigeandála otharchairr



## Seirbhísí Ban agus Leanaí

- Cuireadh Céim 2 den tSamhail Chúraim Ghínéiceolaíochta i bhfeidhm, rud a d'fhág gur faomhadh agus maoiníodh 11 clinic gínéiceolaíochta 'aon-stad, feicthe agus cóireáil faighte' ar fud na tíre, inar féidir mná a fheiceáil agus measúnú a dhéanamh ar a gcás tar éis dóibh a bheith atreoraithe ag a ndochtúir teaghlaigh
- Osclaíodh an chéad chlinic tiomnaithe agus speisialaithe sos míostraithe san earnáil ghéarmhíochaine mar chuid de chur chuige nua maidir le cúram sos míostraithe, agus cuireadh maoiniú agus tacaíocht ar fáil do Choláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann (ICGP) chun treoir thagartha chliniciúil struchtúrtha agus tacaíocht oideachais a fhorbairt do Dhochtúirí Teaghlaigh maidir le sos míostraithe
- Críochnaíodh Céim 1 den tSamhail Chúraim do Sheirbhísí Torthúlachta, agus faomhadh agus maoiníodh an dá mhol torthúlachta réigiúnacha deiridh i nGaillimh agus i Luimneach, is ionann sin agus a rá go bhfuil sé mhol torthúlachta tánaisteach maoinithe go poiblí agus curtha ar fáil ar bhonn réigiúnach, le tacaíocht FnaSS.
- Cuireadh tús le clár infheistíochta struchtúrtha agus leathnaithe i réimse na sainseirbhísí inmheatróise i réigiún Bhaile Átha Cliath
- Seoladh Céim 1 d'fhorbairt na Foirne Tacaíochta Imeachtaí Cnáimhseachais, chun tacú le hospidéil agus aonaid mháithreachais chun riosca cliniciúil a aithint agus a mhaolú.
- Leanadh le hinfheistíocht agus le leathnú réimse éagsúil seirbhísí máithreachais agus nua-naíochta de réir na Straitéise Náisiúnta Máithreachais, ina measc, measúnú féatais, seirbhísí paiteolaíochta imbhreithe, cáilíocht agus riosca, sainseirbhísí cnáimhseachais, diaitéitic, fisiteiripe, scileanna cliniciúla agus meabhairshláinte imbhreithe

- Cuireadh an chomhpháirt réamhbhreithe den chúram tacaithe cnáimhseachas i bhfeidhm i ngach ceann de na19 aonad máithreachais, agus bunaíodh seirbhísí aistrithe baile luath i 14 aonad máithreachais
- Bhí scanadh aimhrialtacht uilíoch ar fáil in 18 aonad máithreachais, agus tá an naoú haonad déag ag obair ionas go mbeidh 100% de na seirbhísí ar fáil ann
- Seoladh an Creat Náisiúnta Féinmheasúnaithe chun Eolas agus Scileanna don Chnáimhseach Mheabhairshláinte Imbhreithe (PMH), Bainisteoir Cnáimhseachais Chliniciúil 2 (CMM2) a fheabhsú, chun tacú le Cnáimhsigh nua PMH CMM2 agus iad siúd atá ann cheana féin agus iad ag aistriú go sainchleachtadh cliniciúil.

## An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna

- Freagraíodh breis is 360,000 glao éigeandála otharchairr i 2021, rinneadh thart ar 24,000 aistriú idir ospidéil agus bhainistigh an tSeirbhís Cúraim Idirmheánaigh 82% de na glaonna aistrithe othar
- Freastalaíodh ar 1,059 glaoch aer-otharchairr agus rinne an tSeirbhís Aisghabhála Cúraim Chriticiúil agus an tSeirbhís Otharcharr Leanaí 2,047 aistriú aonad speisialta.
- Leanadh le hobair, faoi stiúir SNO, chun an Straitéis d'Éire maidir le Stad Cairdiach Lasmuigh den Ospidéal (OHCA) a chur i bhfeidhm, agus é mar sprioc beatha timpeall 80 duine in aghaidh na bliana a dtarlaíonn Stad cardiach den chineál seo dóibh (OHCA) a shábháil.
- Tar éis próisis chomhairliúcháin fhorleathan le roinnt príomhpháirtithe leasmhara, cuireadh acmhainní breise ar fáil i gceantar Chonamara chun cur le soláthar seirbhísí
- Cuireadh Tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha ar Thráma: Córas Tráma d'Éirinn chun cinn trí phrótacail a chaighdeánú le haghaidh triáise agus deis a thabhairt d'othair tráma agus ortaipéideacha cúram díreach a fháil seachas dul trí na gnáthbhealaí.
- Feabhsaíodh bealaí cúraim malartacha chun tacú le cúram sláinte a aistriú ó ospidéil agus cúram a chur ar fáil níos gaire do bhaile agus laghdaíodh líon na daoine a d'fhreastail ar rannóga éigeandála ach nár ghá dóibh déanamh amhlaidh (bhain 8,400 othar leas as na bealaí malartacha seo i 2021)
- Neartaíodh an tSeirbhís Cúraim Chriticiúil agus Aisghabhála na SNO (NAS) do dhaoine fásta, leanaí agus naíonáin nuabheirthe.

# 3.4 Cáilíocht agus Sábháilteacht ár Seirbhísí a Chinntiú

Is é príomhchuspóir na seirbhísí sláinte ná seirbhísí ar ardchaighdeán, atá sábháilte, éifeachtacht agus inrochtana a chur ar fáil. Is í an fhís atá againn ná samhail chomhtháite soláthar cúram sláinte a chuireann ar chumas ár bhfoirne oibriú go lánacmhainneach, a chinntíonn go mbíonn othair páirteach ina gcúram féin, a chuireann cultúr trédhearcach sábháilteachta othar chun cinn agus a thacaíonn le cultúr foghlama ar bhonn leanúnach. I 2021, cuireadh tús le cláir oibre agus tugadh tacaíocht dóibh sna príomhréimsí fócais atá leagtha amach thíos.

## Saineolas Cliniciúil

Thángthas ar chomhaontú idir FnaSS, an Roinn Sláinte, agus Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann (IMO) chun samhail nua soláthar seirbhíse do chúram sláinte poiblí a chur ar fáil, agus tugadh isteach grád Comhairleora Sláinte Poiblí den chéad uair in Éirinn. Cruthaíonn an tsamhail nua feidhm láidir sláinte poiblí atá de réir na straitéise i dtaca le sláinte mhuintir na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú, agus cur go héifeachtach le mórdhearadh seirbhíse agus feidhmiú beartas, chomh maith le dul i ngleic le héagothroime sláinte, agus chun cur chuige bunaithe ar riachtanais an daonra a chinntiú i leith cúram sláinte comhtháite a chur ar fáil.

Méadaíodh samhail chúraim chomhtháite do dhaoine aosta agus daoine le galair ainsealacha de thoradh an Chláir um Chúram Pobail Feabhsaithe (ECC). D'oibrigh foirne speisialtóirí pobail (CST) i líonraí cúram sláinte pobail ar bhealach comhtháite leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS) agus le seirbhísí géarmhíochaine chun cúram ó thús go deireadh a chur ar fáil, ag coimeád daoine aosta agus daoine le galair ainsealacha amach as an ospidéal, rud a chuir ar chumas na ndaoine seo cúram a fháil sa bhaile ar dtús.

Foilsíodh 300 treoirleabhar sláinte a bhain le fadhbanna comónta sláinte, leigheasanna agus cóireálacha do shaoránaigh sa mhír Health A-Z ar shuíomh Gréasáin FnaSS. Cuirtear faisnéis chliniciúil atá cothrom le dáta ar fáil do na hothair maidir leis na fadhbanna sláinte seo. Cuireadh clár nua tacaíochta ildisciplíneach oideachais athshlánaithe scamhóg ar fáil ar fhíseán, ar shuíomh gréasáin FnaSS, do dhaoine a bhfuil fadhbanna fadtéarmacha scamhóg acu. Léiríonn taighde go bhféadfadh sé go gcabhródh an cúrsa athshlánaithe scamhógach agus foghlaim conas fadhbanna scamhóige a fhéinbhainistiú chun an t-am a chaitear san ospidéal a ghiorrú agus fiú d'fhéadfadh sé i roinnt cásanna nach mbeadh gá don othar dul san ospidéal ar chor ar bith.

Cuireadh feabhas ar ár seirbhísí sláinte de bharr na hoibre chun tacú le feidhmiú an *Chreat um Líon Sábháilte Altraí Sábháilte agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Leighis agus Máinliachta Ginearálta agus Speisialtóirí in Ospidéil do Dhaoine Fásta in Éirinn* (Céim 1).

Forbraíodh nó nuashonraíodh samhlacha cúraim chun an chaoi ar cheart seirbhísí sláinte a sholáthar a léiriú. Ina measc seo, bhí, *Samhail Chúraim don Chos Diaibéiteach, an tSamhail Chúraim chun Rómheáchan agus Murtall a Bhainistiú, an tSamhail Chúraim i gcomhair Féindochair agus Idéú Féinmharaithe (a seoladh i 2022) agus Samhail Chúraim ó Thús go Deireadh i gcomhair Asma Cuid1: Asma Dhaoine Fásta. Seoladh an tSamhail Chúraim: Daoine Fásta a Bhaineann Úsáid as Teiripe Chainte agus iad ag Freastal ar Sheirbhísí Meabhairshláinte*. Ag teacht le Roinnt na Físe, féachann an tsamhail chúraim seo le hathrú cultúrtha a éascú i bhfeasacht agus i gcur na dteiripí cainte in ord tosaíochta inár seirbhísí speisialta meabhairshláinte, ag cinntiú comhtháthú, comhsheasmhacht agus cothromas rochtana níos fearr, agus ag an am céanna ag fágáil deiseanna i dtaca le nuálaíocht áitiúil.

Rinneadh dul chun cinn ar réimse tograí i gcomhair foirne cliniciúla inbhuanaithe agus tugadh aghaidh ar na príomhdhúshláin a bhaineann le hoideachas, forbairt ghairmiúil, riachtanais maidir le foirne oibre amach anseo, cleachtas speisialaithe agus ardchleachtas, mar aon le hearcaíocht agus coinneáil foirne Gairmithe Sláinte agus Cúram Shóisialaigh (HSCP), altraí agus mná cabhrach, chomh maith le dochtúirí. Leanadh ar aghaidh leis an obair ar chláir shonracha cheannasaíochta cliniciúla a fhorbairt, bunaithe ar riachtanais aitheanta sna seirbhísí, i réimse an trasfhoirmithe dhigitigh san áireamh, chun saineolas cliniciúil a chur san áireamh ar bhealach níos fearr nuair a bhítear ag dearadh agus ag seachadadh réitigh dhigiteacha sláinte. Mar chuid de seo, i mí na Samhna, seoladh agus foilsíodh an *Creat Acmhainneachta Digiteach Sláinte um Altranas agus Cnáimhseachas Uile-Éireann*.

Seachadadh *HSCP: Seoladh Creat Treorach Straitéiseach do Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2021-2026*. Sa chreat seo, a cruthaíodh trí rannpháirtíocht fhorleathan le páirtithe leasmhara, ina measc, othair agus úsáideoirí na seirbhísí, feictear samplaí de thionchar na hoibre atá déanta ag Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (HSCP) agus tugtar léargas ar na tacaíochtaí a theastaíonn le cur ar chumas Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (HSCP) a lánacmhainneacht cúraim a bhaint amach i dtaca leis an gcúram sin a chur ar fáil níos gaire do bhaile.

Táthar ag forbairt na bhfoirne leighis i gcónaí agus dírítear go sonrach ar dheiseanna a thabhairt do dhochtúirí oiliúint iarchéime a fháil. I 2021, deimhníodh go mbeadh méadú ar líon na bpost intéirneach chomh maith le líon breise áiteanna oiliúna iarchéime, méadú de 9% ón mbliain roimhe sin. Chiallaigh an méadú suntasach, 40 post



Ryan Goulding agus Jennie Synnott ag an seoladh.

**Suaitheantas Rainbow**

Is seirbhís chónaithe meabhairshláinte é Éist Linn do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois agus sheol an fhoireann ansin a dtionscnamh Suaitheantas Rainbow le déanaí a thugann deis do dhaoine óga atá ag iarraidh ceisteanna sonracha a bhaineann le LGBT+ a phlé, gan aon bhac. Tá baill foirne atá ag caitheamh an tsuaitheantais ag tabhairt le fios do na daoine óga sa tseirbhís go bhfuil siad sásta comhráite a bheith acu faoi cheisteanna sonracha a bhaineann le LGBTQ+, go bhfuil siad oilte, agus gur féidir leo daoine a threorú chuig tacaíochtaí eile, más gá. Dúirt Ryan Goulding, Altra Bainisteora Chliniciúil gníomhach (CNM2) *"Tá sé tábhachtach ó aois óg go mbeadh daoine ann ar féidir leat labhairt leo, agus a bheith oscailte faoi na rudaí seo"*, dúirt sé freisin *"D'fhéadfadh sé cabhrú le daoine óga a bheith oscailte, b'fhéidir den chéad uair, faoi cheisteanna a bhaineann le LGBT+"*.

nua Comhaltachta Aspire in 2021 go raibh muid ábalta feabhas a chur ar oiliúint agus scileanna ár speisialtóirí faoi oiliúint agus chabhraigh sé linn speisialtóirí a choinneáil i gcóras sláinte na hÉireann. Cuireann comhaltachtaí oiliúint ar fáil do speisialtóirí i réimse cúng ina bhfuil ganntanas scileanna, agus cuireann siad an taithí bhreise ar fáil do dhaoine ar mhian leo iarratas a dhéanamh ar phost mar dhochtúir comhairleach.

## Taithí agus Rannpháirtíocht Othar

Síníodh Meabhrán Tuisceana idir FnaSS agus an tSeirbhís Abhcóideachta Othar (PAS), a bunaíodh le déanaí ina sonraítear díograis na heagraíochta chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar ghearáin na n-othar ar bhealach cuí cuimsitheach agus comhbhách in am agus i dtráth. Cuireann PAS eolas neamhspleách agus rúnda ar fáil saor in aisce, agus tacaíonn sé le hothair agus le húsáideoirí na seirbhísí ar mian leo gearán foirmiúil a dhéanamh faoina gcúram in ospidéal géarmhíochaine poiblí de chuid FnaSS, nó tar éis teagmhais a bhain le sábháilteacht othar.

Rinneadh rannpháirtíocht leis na hothair tríd an gComhpháirtíocht le Daoine a úsáideann an Clár Seirbhísí Sláinte chun comhpháirtíocht a chothú le hothair, le húsáideoirí na seirbhísí, le baill teaghlaigh agus le cúramóirí maidir le pleanáil, dearadh agus seachadadh seirbhísí. Spreagann an Fóram Náisiúnta Othar agus Úsáideoirí na Seirbhísí, Othair ar son Sábháilteacht Othar Éireann, an Painéal Náisiúnta Ionadaithe Othar agus grúpaí tacaíochta eile abhcóideachta agus othar rannpháirtíocht fhiúntach ag leibhéal straitéiseach.

Dréachtaíodh Beartas nua Coinneála Taifead FnaSS agus tá moltaí ann maidir le cuíchóiriú an phróisis maidir le rochtain othar ar a gcuid taifead, agus chun cabhrú leis an obair seo, cuireadh comharthaí nua treorach ar shuíomh Gréasáin FnaSS.

Le muinín níos fearr a spreagadh maidir leis an mbealach a bhfreagraímid d'eachtraí a bhaineann le sábháilteacht othar, seoladh Modúl 2 den chlár náisiúnta oiliúna um nochtadh oscailte, Nochtadh Oscailte: Prionsabail a Chur i bhFeidhm sa Chleachtas, ag díriú ar conas ullmhú do chruinniú foirmiúil oscailte nochta agus é a bhainistiú, m.sh conas dul i ngleic le hábhair chasta a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Críochnaíodh agus rinneadh measúnú ar an bhforbairt agus ar an gclár píolótach oiliúna scileanna duine le duine maidir le nochtadh oscailte, ina raibh bainisteoirí sinsearacha, baill foirne agus comhairleoirí páirteach i nDún na nGall, i Sligeach, i Liatroim, sa Chabhán agus i Muineachán agus i Sligeach.




Linda Daffy, Altra Bainisteora Chliniciúil (CNM3) i gCúram Criticiúil, Ospidéal na hOllscoile, Luimneach, ag scríobh ar Chlár Bán 'Cuir Aithne Orm' in Aonad Dianchúraim an Ospidéil.

**Cuir Aithne Orm**

Baineann an tionscadal 'Cuir Aithne Orm' in Ospidéal na hOllscoile, Luimneach úsáid as cairteacha balla clár bán i gcomhair gach othar inar féidir sonraí simplí ar nós roghanna pearsanta agus scéalta suimiúla a líonadh isteach air. Is é Ger Crilly, Altra Bainisteora Chliniciúil (CNM2) agus Comhordaitheoir Socrúchán Cliniciúil a chruthaigh na Cláir Bhána 'Cuir Aithne Orm'. *"Tá an tionscadal 'Cuir Aithne Orm' tábhachtach chun cúram a thabhairt d'othair atá go dona tinn de bharr go léiríonn sé gur duine atá i gceist seachas othar. Is breá le muintir na n-othar na Cláir seo. Cabhraíonn sé leis an bhfoireann cur chuige iomlánaíoch cúraim a sholáthar i dtimpeallacht chliniciúil ardteicneolaíochta an Aonaid Dianchúraim,"* a dúirt Ger.

Chun ceachtanna a foghlaimíodh, ó theagmhais a bhain le sábháilteacht othar a roinnt agus chun acmhainní a sholáthar, ina measc, foláirimh maidir le sábháilteacht othar, forlíontaí a bhaineann le sábháilteacht othar, agus scéalta ó othair agus ó fhoirne, rinneadh dul chun cinn mór de bharr oibriú go dlúth le hionadaithe othar agus comhghleacaithe i bhFnaSS agus i seirbhísí cúram sláinte na hÉireann i gcoitinne, chun ardán gréasánbhunaithe a chur i gcrích i 2022.

## Feabhsúchán agus Dearbhú

Go díreach i ndiaidh an chibirionsaithe, bunaíodh Foghrúpa Riosca Chliniciúil agus Oibriúcháin mar chuid d'Fhoireann Bhainistíochta Géarchéime Conti. Bhí an chomhairle i dtaca le bainistíocht chliniciúil na géarchéime bunaithe ar an ngá a bhí ann le tús áite a thabhairt do shábháilteacht othar agus seirbhísí cliniciúla criticiúla a choinneáil ar siúl leis an riosca praiticiúil ab ísle i dtimpeallacht a bhí thar a bheith deacair. Ba é ról an ghrúpa seo ná:

- Tosaíochtaí comhtháite maidir le riosca cliniciúil agus oibriúcháin a sholáthar agus bearta maolaithe a aithint de réir mar a tháinig rioscaí chun cinn
- Líonraí cumarsáide cliniciúla a bhunú maidir le mór-réimsí riosca chun leas a bhaint as sainchomhairle agus chun straitéisí maolaithe a roinnt
- Comhairle a thabhairt maidir le gníomhartha breise a theastaíonn ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil chun rioscaí reatha agus rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a mhaolú.
- Tacú le bainistiú oibríochta an athshlánaithe.

Leanadh le feidhmiú na *Straitéise um Shábháilteacht Othar 2019-2024* agus é mar aidhm na cúiseanna a dtarlaíonn díobháil a laghdú (ina measc titimí, troimbeambólacht fheitheach agus seipsis), tacú le príomhthosaíochtaí cáilíochta agus sábháilteachta othar agus forbairt a dhéanamh i dtaca le tuairisciú príomhtháscairí cáilíochta agus sábháilteachta.

Lean an Clár Náisiúnta um Shábháilteacht Cógais, Safermeds, ag obair le hothair, le gairmithe cúram sláinte agus le heagraíochtaí chun an dochar a dhéantar d'othair de bharr cógas nó easnamh cógas a laghdú.

Chríochnaigh 1,677 ball foirne dhá bhunchlár foghlama nua a dhírigh ar eolas agus scileanna a fhorbairt i bhfeabhsú cáilíochta, agus bhain 73 oibrí eile céim amach ón gClár Dioplóma um Cheannaireacht agus Cáilíocht i gCúram Sláinte.

Shínigh ceithre eagraíocht bhreise Meabhrán Tuisceana le FnaSS chun críche Schwartz Rounds a bhunú sna suíomhanna sin agus chun cabhrú le daoine atá ag obair iontu a bheith rannpháirteach agus tuiscint a fháil ar na dúshláin agus na buntáistí a bhaineann le cúram sláinte a sholáthar. Spreagann Schwartz Rounds comhráití idir baill foirne faoin tionchar mothúchánach atá i gceist leis an obair a dhéanann siad.

Foilsíodh Treoirlínte Cliniciúla Náisiúnta i gcomhar leis an gCoiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Chliniciúil (NCEC) i gcomhair Bhainistiú Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach (COPD) agus le haghaidh Bainistiú Seipsis i gcás Daoine Fásta (Máithreachas san áireamh).

Ar an 18 Samhain, ar an Lá Feasachta Eorpach maidir le hÚsáid Antaibheathach, foilsíodh an Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta dar teideal *Ireland's Second One Health National Action Plan on Antimicrobial Resistance 2021-2025* (iNAP2) agus foilsíodh *Plean Gníomhaíochta FnaSS um Rialú Ionfhabhtuithe in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach (AMRIC) 2022-2025* freisin. Tá gnéithe eile, ar nós, spriocanna dúshlánacha maidir le torthaí atá le baint amach faoin mbliain 2025 san áireamh i bPlean Gníomhaíochta AMRIC de chuid FnaSS seachas mar a bhí sna pleananna roimhe sin, (i dteannta le cláir um fheabhsú cáilíochta, agus leagtar amach réimse gníomhartha FnaSS ag teacht le cúig chuspóir straitéiseacha de chuid NAP2:

- Feasacht agus eolas ar fhrithsheasmhacht ábhar fhrithmhiocróbaigh (AMR) a fheabhsú
- Feabhas a chur ar fhaireachas maidir le frithsheasmhacht antaibheathach agus ar úsáid antaibheathach
- Ionfhabhtú agus scaipeadh galair a laghdú
- Barr feabhais a bhaint amach i dtaca le húsáid antaibheathach i gcás sláinte daoine agus ainmhithe
- Taighde agus infheistíocht inbhuanaithe i gcógas nua, uirlisí diagnóiseacha, vacsaíní agus idirghabhálacha eile a chur chun cinn.

Forbraíodh 143 treoircháipéis nuashonraithe AMRIC COVID-19 tar éis chomhairliúchán forleathan le páirtithe leasmhara, le linn 2021. Seachadadh 27 seimineár gréasáin oideachais chun tacú le seirbhísí chun treoir AMRIC a chur i bhfeidhm agus seoladh seacht modúl ríomhfhoghlama AMRIC breise ar HSELanD.

Tá tús curtha le cúig cinn déag de na moltaí ón *Athbhreithniú Náisiúnta ar Iniúchadh Cliniciúil*, agus cuireadh seisiún faisnéise d'Ionadaithe Othar i gcrích agus reáchtáiltear cruinnithe míosúla leis an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Iniúchadh Cliniciúil. Tá pleanáil ar bun freisin i gcomhair Chlár Náisiúnta Oiliúna agus Oideachais Iniúchta Cliniciúil a chur ar bun.

Tá freagairt atá dírithe ar an othar curtha i bhfeidhm ag *Creat Bainistíochta Teagmhais FnaSS 2020* maidir le bainistiú na dteagmhas sin ar a dtugtar 'teagmhais a bhaineann le sábháilteacht'. Tá an cur chuige sa chreat ag teacht le luachanna FnaSS maidir le Cúram, Comhbhá, Iontaofacht agus Foghlaim, agus forbraíodh modúil oiliúna lárnacha chun tacú leis an bhfoireann maidir le feidhmiú an chreata, ina measc, cuireadh cúrsaí oiliúna um bainistiú teagmhas ar fáil ar líne do ghrúpaí ar leith sna hEagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (CHOs) agus sna Grúpaí Ospidéil. Seoladh modúl ríomhfhoghlama i gcomhair Feabhsú Cáilíochta, chomh maith.

## Nochtuithe Cosanta na Tuarascála Bliantúla 2021

Faoin *Acht um Nochtadh Cosanta 2014* tig le hoibrithe faisnéis a nochtadh faoi éagóir san áit oibre trína chinntiú nach gcuirtear aon phionós ar oibrithe a nochtann faisnéis den sórt seo. Is féidir le hoibrithe nochtadh den sórt seo a dhéanamh le haon bhainisteoir agus freisin le páirtithe eile, ina measc, Airí Rialtais ábhartha, comhlachtaí forordaithe agus páirtithe eile. Is éard atá i gceist le nochtadh cosanta ná nochtadh faisnéise a léiríonn, i dtuairim réasúnach an oibrí, éagóir ábhartha amháin nó níos mó.

Cé nach mbíonn a fhios ag formhór na nochtóirí céard é an ceannteideal ábhartha lena mbaineann a n-údar imní, de ghnáth bíonn na húdair imní laistigh de na réimsí seo a leanas:

1. Gur cuireadh sláinte nó sábháilteacht aon duine i mbaol, nó go bhfuil nó gur dócha go gcuirfear sláinte nó sábháilteacht an duine sin i mbaol
2. Gur baineadh, nó go bhfuiltear ag baint nó gur dócha go mbainfear úsáid neamhdhleathach nó míchuí as cistí nó acmhainní comhlachta phoiblí, nó as airgead poiblí eile
3. Go bhfuil gníomh nó neamhghníomh arna déanamh ag comhlacht poiblí nó thar ceann comhlachta poiblí leatromach, leithchealach nó mórfhaillíoch nó gur drochbhainistíocht as cuimse atá i gceist.
4. Meascán de na ceannteidil thuas.

I líon beag cásanna, b'fhéidir nach mbeadh sé soiléir go dtagann an chumarsáid a fhaightear faoin gcreat um Nochtadh Cosanta.

Léirítear thíos na catagóirí um Nochtadh Cosanta a rinneadh faoin gceannteideal is ábhartha maidir leis na húdair imní a cuireadh in iúl. In a lán cásanna baineann Nochtadh Cosanta le roinnt réimsí éagóra ar leith. Sin é an fáth sa chatagóir 'meascán de na ceannteidil thuas' atá an líon is airde nochtuithe.

Léirítear faisnéis a bhaineann le 2021 a fuarthas i dtuairisceáin suas go dtí an 17 Feabhra 2022 sa tábla thíos.

| Nochtuithe Cosanta 2021 | |
|---|---|
| **Ceannteideal an Nochta** | **Líon** |
| Mí-úsáid Acmhainní líomhnaithe | 2 |
| Sláinte agus sábháilteacht duine ar leith | 0 |
| Drochbhainistíocht líomhnaithe | 16 |
| Meascán de na ceannteidil thuas | 38 |
| Teagmhálaithe/Fógraí eile | 1 |
| Ábhair nach dtagann faoin gCreat | 8 |
| **Iomlán*** | **65** |

| | |
|---|---|
| Líon nochtuithe a rinneadh i 2021 atá oscailte ar 17.02.2022 | 38 |

* 54 iomlán in 2020

# 3.5 Soláthar an Chúraim Sláinte a Chumasú

Chun cúram sláinte sábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil, bítear ag brath ní hamháin ar sheirbhísí na líne thosaigh, ach chomh maith leis sin, ar na príomhchumasóirí a chinntíonn go mbíonn seirbhísí in ann feidhmiú go héifeachtach.

## An tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS)

Tá an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) freagrach as íocaíochtaí a dhéanamh le gairmithe cúram sláinte as na seirbhísí saor in aisce nó ar chostas laghdaithe a chuireann siad ar fáil don phobal trí scéimeanna agus socruithe sláinte pobail. Is iad na scéimeanna seo an bonneagar trína gcuireann FnaSS cuid mhaith de na seirbhísí cúraim phríomhúil ar fáil don phobal.

Seo a leanas na príomhréimsí oibre i 2021:

- Aisíocaíochtaí do thuairim is 7,000 conraitheoir as seirbhísí sláinte a chur ar fáil don phobal
- Leathnaíodh na próisis iarratais ar líne dóibh siúd ar mhian leo iarratas a dhéanamh nó a n-incháilitheacht a athnuachan faoi scéim na Seirbhíse Ginearálta Leighis (GMS), an scéim Breoiteachta Fadtéarmaí (LTI) nó an Scéim Íocaíochta Drugaí
- Measúnuithe ar iarratais do dhrugaí nua agus úsáidí nua maidir le drugaí atá ann cheana mar aon le haisíocaíochtaí, de réir nósanna imeachta comhaontaithe
- Tacú le seachadadh Chreat nua ceithre bliana do Sholáthar agus Praghsáil Cógas Leighis idir an tionscal cógaisíochta agus an Stát, rud a fheabhsóidh rochtain othar ar na cógais leighis nuálacha is déanaí
- Tús a chur leis an gClár Rochtana ar Channabas Íocshláinte, ina measc, socruithe a bhunú chun úsáid an channabais íocshláinte a cheadú i gcásanna ar leith agus faisnéis ábhartha a thaifeadadh ar chlár mar a leagtar síos sna rialacháin.



Roberta Moloney lena leanbh Cillian agus a beirt mhac, Senan ar chlé agus Darragh ar dheis.

**Clinicí faoi stiúir Cnáimhseach**

Tá trí chlinic faoi stiúir cnáimhseach bunaithe in Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas, ceann i gCluain Meala, ceann i nDurlas agus ceann i mbaile Thiobraid Árann, chun rogha a thabhairt do mhná agus cúram comhtháite sa phobal a chur ar fáil chomh gar agus is féidir do bhaile. *"Is é an caighdeán is airde atáthar ag iarraidh a bhaint amach ná leanúnachas cúraim a thairiscint dár n-othar. Is éard is leanúnachas cúraim ann ná go bhfeiceann bean an cnáimhseach céanna i rith a tréimhse toirchis lena n-áirítear cúram iarbhreithe san ospidéal agus sa bhaile."* a dúirt cnáimhseach, Michelle Frederick. Ba í Roberta Moloney an chéad bhean a bhain leas as an tsamhail leanúnachais chúraim nuair a rugadh a tríú mac go luath in 2021. Dúirt Roberta go raibh lúcháir uirthi gur roghnaigh sí cúram faoi stiúir cnáimhseach chun tacú léi le linn a toirchis. *"I mo chás, chiallaigh sé go raibh leanúnachas cúraim agam i rith mo thréimhse toirchis, cuairteanna baile tar éis na breithe, agus ba é an rud ab fhearr ar fad go raibh mé in ann dul abhaile tar éis 24 uair an chloig"* a dúirt sí.

Cuireadh na gnéithe thuas chun cinn in ainneoin na ndúshlán suntasach a bhí mar thoradh ar an gcibirionsaí ar FnaSS i mí na Bealtaine 2021. Cé nár ionsaíodh córais TFC de chuid PCRS i mí na Bealtaine, b'éigean gach córas TFC de chuid PCRS a mhúchadh de thoradh ar fhreagairt ghinearálta ar an gcibirionsaí (ina measc gach nasc le conraitheoirí agus ranna rialtais eile) agus ina dhiaidh sin atosaíodh an obair de réir a chéile sa tréimhse ó dheireadh mhí na Bealtaine go deireadh mhí Iúil 2021. Bhí dúshláin as cuimse ag baint le cailliúint an chóras iarratais ar chárta leighis ar líne ar feadh tréimhse dhá mhí agus cailliúint na nascachta cianoibre i dtaobh na seirbhíse a chur ar fáil i gceart agus bhí gá le hathdhearadh sciobtha ar phróisis agus ar chéimeanna den phróiseas. Cailleadh na mílte lá táirgiúlachta idir 14 Bealtaine agus deireadh mhí Iúil de bharr an dochair a rinne an cibirionsaí do chórais TFC de chuid PCRS mar aon leis na srianta a bhain le hoibrithe a bheith sa láthair oibre de bharr an ghá a bhí le haonrú fisiciúil sna hoifigí mar thoradh ar COVID-19.

## Bainistíocht Éigeandála

Oibríonn an fheidhm Bainistíochta Éigeandála ar fud na heagraíochta ar fad chun tacú le hanailís maidir le haon chontúirtí, agus chun tacú le measúnú agus maolú riosca. Tacaíonn an fheidhm leis an mbainistíocht chun pleananna teagmhasacha, cumas freagartha agus pleananna móréigeandálaí a fhorbairt.

I measc na bpríomhréimsí a cuireadh chun cinn i 2021, bhí:

- Tacú le Foirne Bainistíochta Géarchéime ar bhonn Náisiúnta agus Limistéir agus iad ag dul i ngleic le COVID-19, cumarsáid agus comhordú gníomhaíochtaí NPHET, san áireamh
- Uasdátaithe ar threoir phleanála drochaimsire i mí Dheireadh Fómhair chun cabhrú leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann éifeachtaí na drochaimsire ar phríomhsheirbhísí a mhaolú
- Comhpháirtíocht ar bhonn leanúnach le príomhghníomhaireachtaí freagartha eile agus le ranna rialtais chun dualgais FnaSS a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa *Chreat um Bainistíocht Móréigeandálaí agus Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Struchtúir agus Creat Náisiúnta* chomh maith le hoibleagáidí reachtúla agus neamhreachtúla na bainistíochta sinsearaí i dtaca le Rialú Láithreán atá i mBaol ó thaobh Mhórghuais Timpistí (COMAH), aerfoirt, calafoirt agus slua-imeachtaí.

## Córais RíomhShláinte agus Faisnéise Sláinte

Tá an fheidhm ríomhShláinte agus Teicneolaíocht Bhunathraitheach freagrach as cumas ríomhShláinte trasfhoirmithe a sholáthar don chóras cúram sláinte ar fad mar chuid den chlaochlú gnó, agus úsáidtear teicneolaíochtaí digiteacha chun é seo a dhéanamh. Má dhéantar digitiú ar na seirbhísí sláinte níos tapúla, tiocfaidh feabhas ar fholláine an daonra, ar éifeachtúlacht na seirbhíse sláinte agus cuirfear le deiseanna eacnamaíocha, agus ag an am céanna beifear ag tacú le cultúr feabhsúcháin agus nuálaíochta ar bhonn leanúnach.

I 2021, bhí formhór na hoibre sa réimse seo gafa le dul i ngleic le COVID-19 agus leis an gcibirionsaí. Chuir an dá tharlúint sin isteach ar sheachadadh an Phlean Caipitil ríomhShláinte agus TFC, 2021. Bhí beagnach 25% d'fhoireann saothair ríomhShláinte agus teicneolaíochta gafa le hobair COVID-19 i dtús na bliana.

Idir mhí na Bealtaine agus mí Mheán Fómhair, bhí níos mó ná 80% den chóras TFC buailte ag an gcibirionsaí agus baineadh úsáid as na hacmhainní TFC go léir a bhí ar fáil chun seirbhísí a athbhunú. Bhí ceithre chéim i gceist san obair athshlánaithe chun (i) srian a chur ar thionchar an ionsaithe (ii) eolas a thabhairt (iii) measúnú a dhéanamh agus (iv) an líonra a leigheas/neartú. Chuir an cibirionsaí isteach go mór ar chumas FnaSS cúram a chur ar fáil le linn na tréimhse ama athchóirithe, thart ar 16 seachtaine, agus cuireadh isteach go mór ar chúram sceidealtaithe agus neamhsceidealtaithe ar fud na seirbhísí go léir.

Réimsí a ndearnadh dul chun cinn iontu in 2021:

- Díríodh ar cheithre phríomhréimse oibre a bhain le COVID-19, ina measc, rianú teagmhála, clár vacsaínithe, tacaíocht do Dhochtúirí Teaghlaigh agus do chógaslanna agus tuiscint agus comhtháthú sonraí
- Tacú le soláthar agus feistiú na n-ionad rianaithe teagmhála, agus cuireadh réitigh theileafónaíochta ar fáil agus rianú teagmhála á sheachadadh, ina ndearnadh áirithintí do thástálacha ar líne, ag tacú leis na hionaid mhaipíneachta mar aon le seachadadh agus tacaíocht leanúnach don réiteach Bainistíochta Caidrimh Teagmhála
- Rinneadh feistiú digiteach i ngach ionad vacsaínithe agus rinneadh uasghrádú leanúnach de réir mar a tháinig athruithe ar an gclár vacsaínithe i rith na bliana
- Dearadh réitigh dhigiteacha agus cuireadh i bhfeidhm iad chun cur ar chumas dochtúirí teaghlaigh agus cógaslanna taifead digiteach a choimeád ar sheachadadh na vacsaíní
- Rinneadh réitigh faisnéise gnó a fhorbairt agus a bhainistiú i gcomhair an chláir vacsaínithe, ina measc, deaiseanna agus tuarascálacha a theastaíonn chun léargais bhreise a sholáthar maidir le sonraí COVID-19 ar fad



**Aip Foirne do Dhochtúirí Neamh-Chomhairleacha Ospidéil**

Tá aip nua foirne do Dhochtúirí Neamh-Chomhairleacha Ospidéil (NCHD) seolta i nGrúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh. Tá an t-uafás faisnéise san aip, m.sh., eolas maidir leis na rannóga atá ag plé le gach speisialtacht chomh maith le heagrán digiteach de Lámhleabhar na nIntéirneach. Ina theannta sin, cuirfidh an aip faisnéis ar fáil do Dhochtúirí Neamh-Chomhairleacha Ospidéil maidir le sláinte agus folláine; acmhainní daonna; agus oiliúint agus oideachas. Dúirt Príomhstiúrthóir Cliniciúil Ghrúpa Ospidéil Ollscoil Luimnigh, an tOllamh Brian Lenehan, *"Beidh an aip do Dhochtúirí Neamh-Chomhairleacha Ospidéil ina foinse luachmhar faisnéise agus tacaíochta do Dhochtúirí Neamh-Chomhairleacha Ospidéil i nGrúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh"*.

- Cuireadh An tArdán Léirshamhlaithe um Fheidhmíocht Sláinte i bhfeidhm in Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre sa Mhuileann gCearr, in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus san Ospidéal Ortaipéideach Náisiúnta i gCeapach agus táthar ag ullnhú chun é a chur i bhfeidhm i ngach ospidéal géarmhíochaine i 2022
- Bunaíodh an Córas Riaracháin Othar (PAS) in Ospidéal Portiuncula agus tá an NCIS curtha i bhfeidhm in Ospidéal Beaumont agus Ospidéal San Séamas
- BEAM – Córas Náisiúnta Íomháithe Comhtháite (NIMIS) - réiteach taifead íomhá inar féidir taifead d'íomhá othar a aistriú go leictreonach chuig saoráidí éagsúla, i ngach suíomh NIMIS.

## Airgeadas Náisiúnta

Tacaíonn rannán an Airgeadais Náisiúnta leis an eagraíocht an uasmhéid chuí infheistíochta inár seirbhísí sláinte a chinntiú agus cuntas a thabhairt ina leith, ag cinntiú go gcuirtear seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil agus a léiríonn luach ar airgead. Is éard atá i gceist anseo ná bainistiú airgeadais tréan a chur chun cinn, mar aon le dea-chleachtas i dtaca le soláthar, rialachas agus rialúchán láidir a chur i bhfeidhm agus feabhsú ar bhonn leanúnach a chur ar chórais airgeadais agus soláthair, pleanáil, tuairisciú, costáil agus buiséadú chun luach ar airgead a spreagadh agus a léiriú.

Seo cuid de na príomhréimsí a ndearnadh dul chun cinn ina leith i 2021:

- Córas comhtháite bainistithe (IFMS) airgid á chur i gcrích chun tacú le tuairisciú airgeadais, anailís agus réamhaisnéisiú san áireamh, chun é a ullmhú, a thástáil agus an córas a chur i bhfeidhm 2022
- Plean Rialaithe Breisithe trí bliana agus Plean Forfheidhmithe Maoinithe Bunaithe ar Ghníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Dul i ngleic le dúshláin a bhain leis an gcibirionsaí, ar nós seirbhís a bhain leis an bpárolla, seirbhísí íocaíochta, seirbhísí ioncaim agus fardal/lóistíocht a choinneáil ag imeacht
- Dearadh na samhlacha oibriúcháin a bheidh in úsáid amach anseo, agus rinneadh dul chun cinn maidir leis an tsamhail acmhainní agus an straitéis phárolla do sheirbhísí comhroinnte airgeadais
- Cuireadh príomhthograí chun cinn i roinnt réimsí airgeadais agus soláthair m.sh. flaisthuairisciú seachtainiúil maidir le COVID-19, tuairisciú míosúil caipitil oibre, straitéis párolla nua á cur i gcrích agus le faomhadh sa

chéad ráithe de 2022, forbairt agus Plean Soláthair Corparáideach trí bliana FnaSS á chur i gcrích agus le cur i bhfeidhm sa chéad ráithe de 2022 agus leanúint ar aghaidh ag feidhmiú an Ionaid Dáileacháin Náisiúnta

- Leanadh le feidhmiú an Chláir Chomhtháite Taifid agus Pá Foirne Náisiúnta (NiSRP) san Oirdheisceart agus táthar á chur i bhfeidhm sa Deisceart. Cuireadh tús le "Féinseirbhís FnaSS" a chur i bhfeidhm i roinnt suíomhanna comhtháite
- Tugadh tacaíocht do roinnt príomhthograí a bhaineann le COVID-19, ina measc an clár vacsaínithe, tástáil agus rianú, comhaontú ospidéil phríobháideacha agus Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE), agus tugadh tacaíocht maidir le samhaltú airgeadais do na gníomhaíochtaí seo chomh maith.

## Rannán Náisiúnta Acmhainní Daonna

Déanann an Rannán Náisiúnta Acmhainní Daonna (AD) dea-chleachtas agus cumas bainistíochta AD a fhorbairt ar fud chóras FnaSS go hiomlán. Déantar é seo trí chultúr foghlama a spreagadh agus cultúr bunaithe ar luachanna a chothú ar fud chóras FnaSS. Tá an rannán Náisiúnta Acmhainní Daonna tiomanta i dtaobh tacú le próisis phleanála an fhórsa oibrithe bunaithe ar fhianaise, chun fórsa oibrithe inbhuanaithe a chruthú, a fhaigheann tacaíocht agus atá inniúil maidir le seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil.

Bhí dúshláin go leor romhainn in 2021 de bharr COVID-19, ina measc, an tríú tréimhse dhianghlasála a tharla sa chéad ráithe den bhliain, an cibirionsaí a tharla i mí na Bealtaine agus dáileachán chlár vacsaíne COVID-19 ar fud na tíre.

Seo cuid de na príomhréimsí a ndearnadh dul chun cinn ina leith i 2021:

- Cuireadh tús le dearadh agus le feidhmiú chlár feabhsaithe digiteach nua, an tSamhail Oibriúcháin Earcaíochta, chun próiseas earcaíochta ó thús go deireadh a thabhairt isteach. Tá an clár seo deartha chun go mbeadh uathoibriú an phróisis níos fearr, chomh maith le maoirsiú trédhearcachta sonraí agus tuairisciú níos fearr ó thaobh an iarrthóra agus na seirbhíse araon.
- Feachtas earcaíochta curtha ar bun chun breis is 6,149 Fostaí lánaimseartha (WTE) a earcú sna seirbhísí mar a tuairiscíodh inár nÁireamh Pearsanra sa tSeirbhís Sláinte. Sin earcaíocht bhreise chomh maith le 9,000 eile a bheifear a earcú in áit daoine a d'fhág na seirbhísí.
- Cuireadh feachtas earcaíochta mór ar bun chun go mbeadh ar chumas na heagraíochta na cláir thástála agus rianaithe agus vacsaínithe COVID-19 a chur i gcrích. De bharr an fheachtais, bhí 2,900 vacsaíneoir, 760 rianaí teagmhála ar fáil mar aon le breis agus 1,200 duine i mbun maipíneachta sa phobal.
- Cuireadh roinnt feachtas earcaíochta ar bun go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta m.sh earcaíocht sna seirbhísí leighis, altranais agus cúram sláinte agus sóisialta. Earcaíodh os cionn 1,000 altra thar lear agus cuireadh creataí earcaíochta idirnáisiúnta eile ar bun chun foirne eile a mhealladh seachas sna réimsí altranais agus cnáimhseachais.
- Tá cur chuige cuimsitheach agus sraith tionscnamh ar bun chun tacú le cur i bhfeidhm na hacmhainne agus na hinniúlachta maidir leis an earcaíocht bhreise ar fud ár seirbhísí, sonraithe inár Straitéis Acmhainne 2021, ina measc, rialachas agus maoirseacht láidir maidir le tuairisciú agus monatóireachta. Ina theannta sin, bhí an rannán Náisiúnta Acmhainní Daonna ag plé leis na gnéithe seo:
  - Cuireadh tús le micreashuíomh a fhorbairt chun dochtúirí comhairleacha a mhealladh ó gach cearn den domhan
  - Sainaithníodh gach céimí de chuid HSCP 2021 chun deiseanna fostaíochta ar fud na tíre a líonadh
  - Tairgeadh poist bhuana do gach céimí altranais
- Leanadh ar aghaidh ag feidhmiú an chláir EAPandMe agus cuireadh comhairle chaoithiúil agus oibríochtúil ar fáil do bhainisteoirí chun tacú leo maidir le foireann a bhainistiú i rith na paindéime; tugadh aird ar imní na foirne agus cuireadh comhairle chríochnúil agus thacúil ar fáil d'fhoirne ar fud na tíre. Seoladh imlitreacha chuig an bhfoireann go rialta maidir le cleachtais oibre leasaithe m.sh. athlonnú, cianobair, agus imlitreacha le Ceisteanna agus Freagraí a bhain le COVID-19. In 2021, eisíodh 39 Ciorclán AD le cur le 62 Ciorclán AD agus Ceisteanna agus Freagraí a bhain le COVID-19 a eisíodh in 2020. Cuireadh eolas ar fáil sna Ciorcláin seo maidir le rialachas, soiléireacht agus treoir maidir le cosaint na bhfoirne agus na mbainisteoirí sa tseirbhís sláinte
- Tugadh tacaíocht d'fhorbairt agus d'fheidhmiú an chláir oiliúna HSELanD don fhoireann, agus d'eagraíochtaí deonacha agus tacaíochta maidir le COVID-19. Tá breis agus 1.18 milliún clár curtha i gcrích ó mhí an Mhárta 2020, ina measc, breis agus 700,000 clár a bhaineann le COVID-19. Tá obair ar siúl maidir le feabhsú an chórais HSELanD chun go mbeadh sé níos éasca ag daoine é a úsáid agus tá áiseanna tuairiscithe níos fearr á bhforbairt chomh maith. Bhuaigh HSELanD an gradam don Úsáid is Nuálaí as an Teicneolaíocht ag na Gradaim Cheannaireachta agus Bhainistíochta AD 2021



Róbat sóisialta MARIO in éineacht leis an bhfoireann tionscadail CARE CONNECT, ó chlé go deas: Dr Aoife Murray, CÚRAM in OÉ Gaillimh, An tOllamh Derek O'Keeffe, CÚRAM OÉ Gaillimh, Mr Frank Kirrane, Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, agus Mr Hemendra Worlikar agus Mr Vijay Vadhiraj, CÚRAM in OÉ Gaillimh.

**MARIO an Róbat Sóisialta**

Sa tionscadal Care Connect, bainfear úsáid as an róbat sóisialta MARIO, i dteannta ardán físchomhdhála chun feabhas a chur ar chumarsáid idir teaghlaigh agus othair sa tseirbhís phéidiatrach. "De bharr na paindéime bhí bac ar theaghlaigh na n-othar cuairt a thabhairt orthu san ospidéal agus in ionaid chúram sláinte agus bhí siad scartha óna muintir. Is cuid ríthábhachtach í an chumarsáid i gcúram leighis duine agus chun freastal ar riachtanais bhithshíceasóisialta na n-othar agus a dteaghlaigh" a dúirt an tOllamh Derek O'Keeffe, Taighdeoir le CÚRAM agus ceannaire tionscadail in OÉ Gaillimh. *"Sa chéad staidéar, bainfear úsáid as an róbat sóisialta MARIO i dteannta ár n-ardán físchomhdhála chun feabhas a chur ar chumarsáid idir na hothair agus a dteaghlaigh sa tseirbhís Phéidiatrach, tá na leanaí tar éis an leasainm Super MARIO a thabhairt ar an róbat cheana féin."*

- Cuireadh Suirbhé Foirne FnaSS 2021 i gcrích
- Reáchtáladh Gradaim Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte 2021 go fíorúil. Bronnadh gradaim in dhá chatagóir a bhain le tograí a bunaíodh chun dul i ngleic le Paindéim COVID-19
- Cuireadh tús le hidirbheartaíocht i gcomhar leis an Roinn Sláinte ar chonradh *Sláintecare* maidir le dochtúirí comhairleacha a bheadh ag obair sa tseirbhís phoiblí amháin agus bhí idirphlé le cumainn ionadaíocha foirne ar an gceist seo chomh maith.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le líonrú agus comhpháirtíocht ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta (le heagraíochtaí deonacha, An Roinn Sláinte, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cumainn ionadaíocha foirne) – idirphlé gach seachtain nó faoi dhó sa mhí chun cinntí agus treoracha cuimsitheacha a chur ar fáil go pras do bhainisteoirí agus d'fhoireann túslíne
- Ullmhaíodh clár oibre athchóirithe chun *Móiminteam Forbartha – Comhaontú Seirbhíse Poiblí Nua 2021-2022* a chur chun cinn.
- Thángthas ar chomhaontú maidir le bunú roinnt aonad margála earnála chun déileáil le ceisteanna a bhaineann le tuarastail faoi réir uasmhéid 1% den phárolla laistigh de na grúpaí i ngach aonad ar leith.
- Seoladh aighneacht scríofa thábhachtach chuig an gcomhlacht athbhreithnithe neamhspleách a dhéileálann le hathbhunú na n-uaireanta oibre a bhíodh san earnáil sláinte roimh 2013.

## Infheistíocht Chaipitil sa Chúram Sláinte

Is í an fheidhm Chaipitil agus Eastát a dhéanann maoirsiú maidir le seachadadh na bpríomhthosaíochtaí straitéiseacha i bPlean Caipitil FnaSS, ina measc, roinnt clár caipitil ar mhórscála. Sa Phlean Caipitil, tugtar aird ar straitéis an rialtais agus ar bheartas FnaSS. I measc na gclár agus na dtionscadal infheistíochta caipitil a maoiníodh i 2021, bhí na cinn a d'eascair as tosaíochtaí an Rialtais; na dúshláin atá ag baint le cúram sláinte – go háirithe COVID-19; straitéisí náisiúnta; cuspóirí na seirbhíse sláinte; ionchur ó sheirbhísí túslíne agus ón bhfeidhm Chaipitil agus Eastát.

Bhí siad seo a leanas i measc na bPríomh-infheistíochtaí agus tionscnaimh a cuireadh chun cinn i 2021:

- Cuireadh tionscadail chaipitil chun cinn san earnáil ghéarmhíochaine ina measc, tacaíocht do thógáil Ospidéal Nua na Leanaí agus críochnú agus oibríochtú na saoráidí cúraim shiúlaigh péidiatraice ar champas Ospidéal Ollscoile Thamhlachta. Cuireadh leapacha breise géarmhíochaine agus do chúraim chriticiúil ar fáil chomh maith i roinnt suíomhanna i dteannta acmhainní agus trealamh diagnóiseach
- Cuireadh saoráidí ar fáil a thacaíonn le seirbhísí COVID-19, ina measc, ionaid vacsaínithe pobail agus ionaid tástála chun go mbeidís in ann an clár vacsaíne agus teanndáileoige a chur i gcrích
- Freastalaíodh ar an riachtanas maidir le cóiríocht chúraim phríomhúil a chur ar fáil níos gaire do bhaile, ag teacht le *Sláintecare*. Cuireadh ionaid cúram phríomhúil bhreise ar fáil i ngach réigiún.
- Cuireadh feabhas ar shaoráidí cónaithe do dhaoine aosta chun na caighdeáin atá leagtha amach ag an ÚFCS (HIQA) a bhaint amach. Cuireadh aonaid altranais pobail nua ar fáil
- Cuireadh an tsamhail tithíochta dírithe ar an duine ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil. Táthar á dhéanamh seo chun spriocanna maidir le tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas a bhaint amach
- Tús á chur le Straitéis Réadmhaoine FnaSS chun tacú le seachadadh na bpríomhspriocanna straitéiseacha a bhaineann le forbairt agus bainistiú na punainne réadmhaoine.
- Céim 1 de Chóras Faisnéise na nEastát Náisiúnta (NEIS) á chur chun cinn chun na huirlisí a theastaíonn a fhorbairt chun punann réadmhaoine agus sócmhainní Caipitil agus Eastát FnaSS a bhainistiú go straitéiseach ag teacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr.
- Cuireadh dréacht-Chás Gnó deiridh faoi bhráid na Roinne Sláinte i mí na Nollag 2021, le haghaidh meastóireacht fhoirmiúil ar na moltaí maidir le hOspidéal Náisiúnta Máithreachais (NMH) nua a fhorbairt ar champas Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann. Nuair a bheidh sé sin ceadaithe, tabharfar cuireadh chun tairiscintí do chonraitheoirí chun an tOspidéal nua a thógáil. Tar éis próisis fhada rannpháirtíochta, comhaontaíodh na dréachtaí deiridh de na cáipéisí atá molta don Chreat Dlíthiúil, mar aon leis an mBunreacht atá molta don Ospidéal nua agus rinne Bord FnaSS agus an dá ospidéal iad a seo a mheas agus a fhaomhadh. Tá sé beartaithe moltaí maidir le Cás Gnó agus Creat Dlí a chur faoi bhráid an Rialtais lena mbreithniú agus lena gceadú go luath.

Cuireadh isteach ar sholáthar roinnt gnéithe den Phlean Caipitil de bharr nach rabhthas ábalta rochtain a fháil ar shaoráidí mar thoradh ar iarmhairtí COVID-19. D'fhéadfadh dúshláin a bhfuil tionchar acu ar bhonneagar domhanda, ar nós, ganntanas acmhainní agus ábhar agus boilsciú sa tionscal tógála cur isteach ar an bPlean Caipitil. Caiteachas iomlán de €985m a bhí i gceist de bharr cur chuige sofhreagrúil na bainistíochta.

## Straitéis agus Taighde

Tá roinnt réimsí, ina measc Taighde agus Fianaise, Cearta an Duine agus Comhionannas agus an Clár Sláinte Dhomhanda faoi chúram na feidhme Straitéise agus Taighde.

### Taighde agus Fianaise

Tá sé mar chuspóir ag an bhfeidhm Taighde agus Fianaise a bheith ina príomhspreagthóir maidir le leas a bhaint as sonraí atá ar fáil, agus dá bharr seo beifear ábalta cineálacha cur chuige nua agus bealaí nuálacha a aimsiú chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chur ar fáil, agus beifear ábalta rochtain a fháil ar an bhfianaise is déanaí trí chomhtháthú na seirbhísí ildisciplíneacha: Taighde agus Forbairt, Faisnéis Sláinte, agus an tSeirbhís Náisiúnta Leabharlainne agus Eolais Sláinte.

Príomhréimsí ina ndearnadh dul chun cinn iontu i 2021:

- Seoladh an chéad *Chreat Náisiúnta um Rialachas, Bainistíocht agus Tacaíocht do Thaighde Sláinte FnaSS*. Mar thoradh air seo, cuireadh i gcrích Cód Caighdeánach Rialachais agus Bainistíochta FnaSS do na Coistí Eitice Taighde Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (RECs) agus Treochlár FnaSS maidir le hAthchóiriú ar Chóras REC de chuid FnaSS
- Ullmhaíodh modúl oiliúna ar líne um Aistriú Eolais i dTaighde chun tacú le cinnteoireacht bunaithe ar thorthaí taighde
- Cuireadh eolas maidir le próifíliú geografach agus déimeagrafach ar fáil chun tacú leis an gClár Pobail Shláintiúla de chuid *Sláintecare* agus le pleanáil sláinte daonra do CHN ar fud na tíre
- Tá athchóiriú leanúnach á dhéanamh ar an Leabharlann Náisiúnta Sláinte agus an tSeirbhís Eolais, m.sh., bunaíodh oifig náisiúnta le bainistiú a dhéanamh ar an taisclann do bheartais, prótacail, nósanna imeachta agus treoraíocht, agus bunaíodh an Leabharlann ríomhShláinte Náisiúnta.



**Bloc Nua 24 Leaba in Ospidéal Chromadh**
Osclaíodh bloc nua 24 leaba in Ospidéal Ortaipéideach Chromadh. Is barda nua-aimseartha den scoth é Aonad Maigue, agus tá 24 seomra singil en-suite ann, tógtha timpeall ar ghairdín clóis. Tá obair ar bun ar an gcéad urlár chun svuít obrádlann nua a chosain €15m a chríochnú, ina mbeidh ceithre obrádlann nua, seomra téarnaimh agus ionad fáiltithe. Dúirt Margaret Gleeson, Príomhstiúrthóir Altranais & Cnáimhseachais, *"Tá breis seirbhísí ar fáil i gCromadh, agus chomh maith leis sin tá an taithí chliniciúil le fáil. Tá a lán roghanna maidir le hoiliúint agus forbairt le fáil sa tsaoráid seo i gCromadh, agus cuirfidh na hobrádlanna nua leis seo".*

## Cearta an Duine agus Comhionannas

Is é an ról atá ag Oifig Náisiúnta um Chearta an Duine agus Beartais Chomhionannais ná cur le hacmhainneacht agus inniúlacht na foirne chun go mbeadh ar a gcumas beartas agus reachtaíocht a bhaineann le cearta an duine a chomhlíonadh.

Príomhréimsí ina ndearnadh dul chun cinn iontu i 2021:

- Bunaíodh grúpa maoirseachta leasaithe chomh maith le sruthanna oibre tacaíochta chun an *tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015* a chur i bhfeidhm. Tugadh eolas agus tacaíocht don fhoireann chun cur ar a gcumas an *tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015* a chomhlíonadh agus foilsíodh *An tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015*: Machnamh Pearsanta agus Gairmiúil a léiríonn an cineál tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an Acht ar shaol daoine
- Rinneadh athbhreithniú ar Bheartas Náisiúnta Toilithe FnaSS
- Cuireadh seimineáir ghréasáin ar fáil don fhoireann, ina measc, seimineáir ghréasáin um thoiliú agus seimineáir ghréasáin maidir le vacsaíniú. Chláraigh breis agus 5,000 do na seimineáir seo. Reáchtáladh seimineáir ghréasáin um thoiliú agus vacsaíniú do theaghlaigh chomh maith agus chláraigh breis agus 2,000 dóibh sin
- Cuireadh eolas agus seisiúin faisnéise ar fáil don fhoireann maidir leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 agus bhí thart ar 1,500 duine i láthair ag na seisiúin eolais seo.

## Sláinte Dhomhanda

Tá sé mar aidhm ag an gClár um Shláinte Domhanda tacú leis na tíortha is lú atá forbartha a gcuid seirbhísí sláinte a neartú agus torthaí sláinte a fheabhsú, agus bheadh sé tairbheach dár seirbhísí sláinte féin agus do sheirbhísí sláinte sna tíortha sin, mar bheimis ag foghlaim óna chéile.

Príomhréimsí ina ndearnadh dul chun cinn i 2011:

- Tugadh tacaíocht do thíortha beagfhorbartha le cúram sláinte do COVID-19 trí chomhordú a dhéanamh maidir le trealamh leighis, Trealamh Cosanta Pearsanta agus drugaí a chur chuig an India, Neipeal, an Bhrasaíl agus an tSaimbia, ar bhonn éigeandála

- Athbhreithniú á chur i gcrích maidir leis an Meabhrán Tuisceana le Cúnamh Éireann, comhpháirtíocht atá dírithe ar chumas na hÉireann cuidiú níos fearr le sláinte agus forbairt dhomhanda
- Measúnú á dhéanamh ar fheachtas meán sóisialta i gcomhair cheithre cinn déag d'fhíseáin oiliúna COVID-19 a cuireadh ar fáil i 2020. Is é Comhpháirtíocht Sláinte Gorey-Malawi le tacaíocht ó FnaSS a rinne na físeáin seo agus breathnaíodh orthu seo 2.2 milliún uair ar fud na hAfraice
- Cuidíodh le creat inniúlachta um shláinte domhanda a fhorbairt i gcomhar le Fóram Comhlachtaí Oiliúna Liachta Iarchéime na hÉireann
- Cuireadh tús le modúil ríomhfhoghlama um shláinte domhanda do dhochtúirí, agus tá plean fadtéarmach ann chun cúrsaí oiliúna a fhorbairt do gach cineál gairmí sláinte.

## Cumarsáid Náisiúnta

Cuireann ár bhfoirne cumarsáide nuacht, faisnéis agus comhairle sláinte ar fáil do gach duine a chónaíonn in Éirinn. Ullmhaímid, foilsímid agus cuirimid treoir agus uirlisí ar fáil chun cabhrú le daoine a sláinte féin a bhainistiú agus teacht ar na seirbhísí sláinte a theastaíonn uathu. Cuirimid faisnéis thábhachtach ar fáil don fhoireann agus do chomhpháirtithe chomh maith agus mínímid obair FnaSS do na meáin agus d'ionadaithe poiblí gach lá.

I 2021, bhí clár cumarsáide COVID-19 FnaSS i gceartlár ár gcur chuige maidir leis an bpaindéim, agus de bharr ár bhfeachtas faisnéise vacsaíní COVID-19, ba í Éire an tír ab airde san AE inar ghlac daoine vacsaíní. Ghlac beagnach 95% de na daoine an chéad chúrsa vacsaíne (i.e. dhá dháileog, nó trí cinn do dhaoine le himdhíon-lagaithe).

Príomhghníomhaíochtaí in 2021:

- Clár nuachta a shocrú agus an feachtas faisnéise sláinte poiblí a stiúradh le sruth leanúnach faisnéise, m.sh. urlabhraithe FnaSS ar an aer gach lá, eolas á sholáthar do na meáin chlóite, do na meáin chraolta, do na meáin shóisialta, ar sheirbhís ghutháin HSELive mar aon le gníomhaíocht dhigiteach chun tacú leis an bpobal i rith na paindéime.
- Tacaíodh le hathrú iompair agus feachtais mhargaíochta shóisialta, ar nós, an fheachtais QUIT, Néaltrú a Thuiscint le Chéile, sláinte ghnéis agus seirbhísí scagthástála
- Leanadh treoir straitéiseach maidir le cumarsáid, pleanáil agus seirbhísí a chur ar fáil d'fhoirne FnaSS ar fud na tíre
- Cuireadh tús le hobair ar phlean muiníne agus iontaoibhe ina raibh clár taighde, comhairliúcháin agus gníomhaíochta chun cur ar chumas FnaSS muinín an phobail a thomhas ar bhonn leanúnach agus na torthaí a úsáid chun feabhas a chur ar sheirbhísí
- Tugadh tacaíocht do FnaSS le linn don eagraíocht bheith ag dul i ngleic leis an gcibirionsaí agus le réimse teagmhas criticiúil agus imeachtaí nuachta
- Rinneadh líne chabhrach COVID-19 a bhainistiú agus déileáladh le 2.6 milliún glao i 2021, méadú ó 200,000 in 2019
- 93 milliún cuairt ar **hse.ie**, méadú ó 20 milliún in 2019
- Tháinig ardú ar lucht leanúna meán sóisialta FnaSS go 1.45 milliún, ardú ó 600,000 i 2019. Freagraíodh os cionn 160,000 fiosrúchán ar na meáin shóisialta in 2021, ardú ó 10,000 i 2019
- Taifeadadh 1.7 milliún cuairt ó bhaill foirne ar ár suíomh Gréasáin foirne **healthservice.ie**. Thug sé seo faisnéis don fhoireann chun cuidiú leo a vacsaín COVID-19 a chur in áirithe, chomh maith le faisnéis faoi phríomhbheartais foirne a chur ar fáil mar aon le tacaíochtaí chun rochtain a fháil ar shochair agus ar sheirbhísí foirne.

## Dul i nGleic leis an mBreatimeacht

I 2021, ba é an príomhúdar imní a bhí ag FnaSS i gcomhthéacs an Bhreatimeachta ná leanúnachas na seirbhísí sláinte tar éis an Bhreatimeachta a chinntiú, leanúnachas maidir le slabhra an tsoláthair, san áireamh. D'fhág an Ríocht Aontaithe an AE ag deireadh mhí Eanáir 2020 agus tháinig deireadh le hidirthréimhse an Bhreatimeachta ar an 31 Nollaig 2020. Ar an 24 Nollaig 2020, chuir an AE agus an Ríocht Aontaithe Comhaontú Trádála agus Comhoibrithe i gcrích agus tá sé i bhfeidhm ar bhonn sealadach ón 1 Eanáir 2021. Tá Grúpa Stiúrtha Breatimeachta FnaSS, fós i mbun maoirseachta i dtaca le pleanáil theagmhasach don Bhreatimeacht, agus bearta agus ullmhacht d'fhonn leanúnachas na seirbhísí sláinte ábhartha a chinntiú tar éis an Bhreatimeachta.



Emma Stack, Eolaí Míochaine, ag obair sa tSaotharlann nua Móilíní in Ospidéal na hOllscoile, Luimneach.

**Saotharlann Móilíní**

Tá Saotharlann nua móilíní in Ospidéal na hOllscoile, Luimneach (UHL) tar éis cur le cumas tástála COVID-19 an ospidéil, a bhí an-mhaith fiú roimhe seo, agus cabhróidh an tsaotharlann chun scóip na tástála móilíní i ndáil le galair thógálacha a mhéadú nuair a bheidh an phaindéim thart. Chosain an tionscadal iomlán thart ar €4m agus maoiníodh é mar chuid den fhreagairt náisiúnta i gcoinne na paindéime. Bhí na saotharlanna séireolaíochta agus micribhitheolaíochta *"ag cur torthaí tástála tapa agus cruinne ar fáil do dhaoine a fhreastalaíonn ar ár n-ospidéil, agus do dhaoine sa phobal áitiúil. Mar sin féin, cuireann an tSaotharlann Mhóilíneach nua leis seo de bharr na n-áiseanna buana, atá deartha go sonrach lena chinntiú go bhfuil na cleachtais, na nósanna imeachta agus na cúinsí is fearr i bhfeidhm againn chun aon éilliú de na samplaí a chosc,"* a dúirt an Dr Patrick Stapleton, Micribhitheolaí Comhairleach.

Príomhréimsí inar dearnadh dul chun cinn i 2021:

- Leanúnachas sna seirbhísí sláinte othar agus cliant, rochtain chómhalartach ar sheirbhísí sláinte sa Ríocht Aontaithe, san áireamh, de réir mar is cuí agus cinntíodh chomh maith go mbeadh dóthain soláthairtí cógas agus feistí leighis ar fáil i gcónaí
- Rinneadh obair ar shocruithe trasteorann, ina measc, cláir um Chomhoibriú agus Obair le Chéile (CAWT), cláir mhaoinithe AE, ar nós, Interreg VA, agus pleanáil do Peace Plus ar mhaithe le hothair sa dá dhlínse.
- Tacaíocht do ghlaonna éigeandála agus práinne á cur ar fáil ag an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna agus ag Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann agus iad ag obair le chéile i gceantar na teorann
- Leanadh ag forfheidhmiú samhail inbhuanaithe i dtaca le rialuithe reachtúla bia agus tugadh tacaíocht d'fhorbairt bhonneagar na gcalafort
- Chuathas i ngleic le hábhair a bhain leis an bhfoireann oibre agus le saincheisteanna cáilíochtaí
- Cinntíodh leanúnachas soláthair earraí agus seirbhísí do na seirbhísí sláinte, agus rinneadh monatóireacht ar shocruithe soláthair áitiúla agus lárnacha, ina measc, riachtanais na ngníomhairí imréitigh custam
- Cinntíodh gur comhlíonadh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)
- Cumarsáid lenár bhfoireann, othair, soláthraithe agus páirtithe leasmhara eile.



# 4 Banistíocht agus Cuntasacht

4.1 Tuarascáil Rialachais agus Chomhaltaí an Bhoird 2021
4.2 Tuarascáil um Bainistiú Riosca
4.3 Gearáin agus Ráitis Mholta

# 4.1 Tuarascáil Rialachais agus Chomhaltaí an Bhoird

Ós rud é gurb é an Bord comhlacht rialaithe FnaSS, tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte as comhlíonadh a feidhmeanna agus as dearbhuithe a thabhairt go bhfuil rudaí á ndéanamh ar bhealach comhlíontach agus go bhfuil cuspóirí á mbaint amach. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) cuntasach freisin agus tuairiscíonn sé don Bhord, agus tá sé freagrach as riarachán agus gnó na heagraíochta a bhainistiú agus a rialú go ginearálta. Tá réimse leathan feidhmeanna reachtúla faoi chúram FnaSS a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith acu do dhaoine aonair agus don phobal i gcoitinne.

## Ról an Bhoird

Tá Bord FnaSS freagrach as gníomhaíochtaí FnaSS a threorú agus a stiúradh. Cé go bhféadfaidh an Bord feidhmeanna áirithe a fhágáil faoin bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, ach fós bíonn an dualgas ar an mBord maidir le maoirseacht a dhéanamh agus a bheith cuntasach maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna a fhágtar faoin bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

De réir fhorálacha *Acht Sláinte 2004* tá na príomhfheidhmeanna seo a leanas sannta don Bhord:

- Ceanglaítear air a dheimhniú go bhfuil córais, nósanna imeachta agus cleachtais chuí i bhfeidhm:
  - (i) chun cuspóirí FnaSS a bhaint amach
  - (ii) maidir le feidhmíocht inmheánach agus cuntasacht i leith na nithe seo a leanas:
    - (a) go bhfuil FnaSS ag comhlíonadh a feidhmeanna
    - (b) go bhfuil an Fheidhmeannacht ag baint amach na spriocanna de réir an Phlean Chorparáidigh
    - (c) go bhfuil an Fheidhmeannacht ag cur seirbhísí sláinte ar fáil de réir an *Achta Sláinte*
  - (iii) ceanglaítear ar an mBord chomh maith go bhfuil córais, nósanna imeachta agus cleachtais chuí i bhfeidhm chun beartais (cibé an bhfuil siad leagtha amach i gcód, treoirlínte, nó cáipéisí eile, nó meascán díobh seo) de chuid an Rialtais nó Aire Rialtais a chomhlíonadh, chomh fada agus go mbeadh baint nó tionchar ag na beartais sin ar fheidhmeanna FnaSS.
- Socruithe a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht an POF a bhainistiú.

Comhlíonann an Bord príomhfheidhmeanna FnaSS, ina measc:

- Glacadh le Plean Corparáideach FnaSS chomh maith le cuspóirí, táscairí agus spriocanna cuí chun feidhmíocht a thomhas
- Treoir straitéiseach agus mórphleananna gníomhaíochta a threorú agus a athbhreithniú
- Beartas bainistithe riosca agus nósanna imeachta
- Buiséid agus pleananna seirbhíse bliantúla a cheadú
- Cuspóirí feidhmíochta a leagan síos
- Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh maidir le comhlíonadh feidhmíochta FnaSS
- Maoirseacht a dhéanamh ar mhórchaiteachas caipitiúil agus cinntí infheistíochta
- Cuntais bhliantúla agus tuarascálacha bliantúla FnaSS a fhaomhadh.

Ní mór don Bhord a chinntiú go bhfuil Plean Corparáideach FnaSS agus aon phleanáil straitéiseach ag teacht le *Sláintecare* agus le Ráiteas Straitéise na Roinne Sláinte, a mhéid is ábhartha, agus go bhfuil sé i gcomhréir le sainordú reachtúil FnaSS.

Ní mór don Bhord gníomhú ar bhonn eitice agus é ar an eolas go hiomlán, de mheon macánta, le dícheall agus cúram cuí, agus ar mhaithe le leas FnaSS, agus aird chuí á tabhairt ar a chuid freagrachtaí faoin dlí agus ar na cuspóirí atá leagtha síos ag an Rialtas. Déanann an Bord iarracht forbairt acmhainneachta FnaSS a chur chun cinn agus inniúlacht na ceannaireachta agus na foirne, san áireamh. Tá an Bord freagrach as a chinntiú go mbíonn an POF agus an bhainistíocht shinsearach cuntasach as a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

### Comhaontú Maoirseachta

Is é an Bord a dhéanann maoirseacht ar rialachas i bhFnaSS agus iad ag obair go dlúth leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin. Tá cuntasacht shoiléir tábhachtach don Bhord agus cuireann sé seo bonn taca faoi chaidreamh éifeachtach idir Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Stáit atá faoina gcoimirce, agus a bhraitheann ar róil agus freagrachtaí a bheith sonraithe go soiléir agus intuigthe ag na comhpháirtithe. Chuige sin, rinne an Roinn Sláinte agus FnaSS Comhaontú Maoirseachta de réir an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016*. Leagtar síos sa Chomhaontú na róil agus freagrachtaí atá ar an Aire Sláinte/Roinne Sláinte. Rinne an Bord an Comhaontú Maoirseachta a fhaomhadh i mí Iúil 2021.

## Cód Rialachais FnaSS

De réir Alt 35 den *Acht Sláinte 2004* arna leasú, ní mór Cód Rialachais a bheith i bhfeidhm ag FnaSS. Forálann an *tAcht Sláinte 2004* go ndéanfaidh FnaSS athbhreithniú ar an gCód ó am go ham agus ag cibé tráth a shonróidh an tAire agus go ndéanfar leasuithe ar an gCód má shíleann FnaSS go mbeadh sé cuí sin a dhéanamh.

Ghlac an Bord le Cód Rialachais leasaithe ar an 26 Feabhra 2021 agus rinne an tAire an Cód a fhaomhadh. Tagann an Cód seo in ionad na cáipéise a bhí ann roimhe sin a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2015, agus a tháinig i bhfeidhm ar 9 Meán Fómhair 2021.

Sonraíonn an Cód Rialachais leasaithe na prionsabail, na beartais, na nósanna imeachta agus na treoirlínte maidir leis an gcaoi a stiúrann agus a rialaíonn FnaSS a feidhmeanna agus a riarann sí a gnó. Ag teacht le hinfreastruchtúr rialachais chorparáidigh chomhtháite de réir dea-chleachtais, tá an cód seo i bhfeidhm chun treoir a thabhairt don Bhord, don POF agus dóibh siúd go léir atá ag obair i bhFnaSS agus na gníomhaireachtaí a fhaigheann maoiniú ó FnaSS agus iad ag comhlíonadh a gcuid feidhmeanna ag na caighdeáin is airde cuntasachta, ionracais agus cuibhis. Tá foilsiú an Chóid ina ghné thábhachtach chun freagracht FnaSS a chomhlíonadh ina leith seo. Is gné fíorthábhachtach den svuít cáipéisí rialachais é an Cód Rialachais a éascaíonn sárfheidhmíocht mar aon le maoirseacht agus idirghníomhaíochtaí éifeachtacha idir FnaSS agus an Roinn Sláinte.

Ghlac an Bord le *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016* agus tá sé á chomhlíonadh mar chuid de Chód Rialachais FnaSS, agus tá na ceanglais bhreise maidir le Nochtadh um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais san áireamh i gCuid II, Rialachas Airgeadais i dTuarascáil Bhliantúil FnaSS don bhliain 2021.

Léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach i gCuid II, Rialachas Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo go bhfuiltear ag comhlíonadh ceanglas an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016*.

## Oibleagáidí Cuntasachta Reachtúla

### Plean Corparáideach 2021-2024

De réir na n-oibleagáidí cuntasachta reachtúla, tá *Plean Corparáideach 3 bliana 2021-2024* curtha i bhfeidhm ag an mBord. Ghlac an Bord leis i mí Iúil 2020 agus rinne an tAire é a fhaomhadh i mí Feabhra 2021.

### Plean Seirbhíse Náisiúnta FnaSS 2021

De réir *Acht Sláinte 2004* (arna leasú), ullmhaíodh *Plean Seirbhíse Náisiúnta FnaSS 2021* (NSP 2021) mar fhreagra ar an Litir Chinnidh agus ar an Ráiteas Bliantúil ar Thosaíochtaí, a fuarthas ón Aire i mí na Samhna 2020.

Ghlac an Bord leis an bPlean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) 2021 ar an 24 Samhain 2020 agus rinne an tAire é a fhaomhadh ar an 12 Feabhra 2021. Faomhadh Plean Gníomhaíochta COVID-19, príomhghnéithe an Phlean Gníomhaíochta um Rochtain ar Chúram, Plean Caipitil TFC agus Plean Caipitil don bhonneagar/trealamh agus achoimre ar an Straitéis maidir le hAcmhainní a chur ar fáil, mar chuid de cháipéis PSN (NSP) 2021.

Is é PSN 2021 an cháipéis bhliantúil a leagann amach na cineálacha agus méid na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta atá le cur ar fáil ag FnaSS in 2021, ag teacht leis na tosaíochtaí atá leagtha amach ag an Aire Sláinte, agus leis an gclár oibre chun bunathrú níos fadtéarmaí a dhéanamh ar na seirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta in Éirinn. In 2021, go sonrach, leagadh amach sa Phlean conas a chuirfí roinnt príomhleasuithe *Sláintecare* chun cinn agus a bhí bunaithe ar an *bPlean Corparáideach 2021-2024*, *Plean Geimhridh 2021* (*Pleanáil Gheimhridh i gcomhthéacs Phaindéim COVID-19*, Deireadh Fómhair 2020-Aibreán 2021) agus an *Plean don Phaindéim* (*Pleanáil do Sheachadadh Seirbhísí Sláinte le linn Phaindéim COVID-19* – Geimhreadh 2020 go Deireadh 2021). Bhí buiséad mór de €20.6bn i gceist maidir le feidhmiú PSN i 2021.

Dhírigh PSN 2021 ar sheasmhacht agus ullmhacht na seirbhíse sláinte agus muid fós ag bainistiú na paindéime agus ag dul i ngleic le COVID-19. Rud atá tábhachtach, cuireadh an phlean chun cinn ag an am céanna le clár oibre athchóirithe FnaSS ag teacht le creat straitéiseach *Sláintecare* agus an *Plean Corparáideach 2021-2024*. Rinne an Bord tosaíocht chúramach a chur i bhfeidhm maidir le caiteachas sa bhliain 2021, agus infheistíodh i dtionscnaimh a mheas sé a dhéanfadh feabhsuithe follasacha ar fheidhmíocht agus ar sheachadadh na seirbhísí sláinte, ag teacht go hiomlán leis an Litir Chinnidh agus an Ráiteas ar Thosaíochtaí. Thug an Bord tosaíocht freisin do mhaolú na rioscaí ba shuntasaí d'FnaSS mar a léiríodh iad sa Chlár Riosca Corparáideach.

Cé gur aithníodh gur plean uaillmhianach a bhí anseo agus go raibh leibhéal infheistíochta nach bhfacthas a leithéid roimhe sin i gceist, bhí an Bord sásta, chomh fada agus ab fhéidir, go raibh na córais, nósanna imeachta agus cleachtais chuí i bhfeidhm chun cuspóirí a bhaint amach agus go bhfuil na córais seo ag comhlíonadh Beartas rialtais, cóid agus treoirlínte caiteachais phoiblí.

## Scórchárta Sraitéiseach Bhord FnaSS

I 2021, rinne an Bord maoirsiú ar fheidhmiú Scórchárta Straitéiseach Bhord FnaSS a sholáthraíonn tuarascáil mhíosúil do chomhaltaí an Bhoird ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le príomhthosaíochtaí straitéiseacha agus oibriúcháin. Úsáidtear an Scórchárta freisin chun uasdátú a chur ar fáil don Aire sláinte gach mí maidir le dul chun cinn atá déanta.

I gcás gach tosaíocht ar leith, cuireann an Scórchárta an dul chun cinn a rinneadh gach mí ar fáil i gcoinne táscairí feidhmíochta ábhartha agus le méid na spriocanna tábhachtacha agus nithe insoláthartha a baineadh amach.

Is príomhuirlis tuairiscithe agus dearbhaithe atá sa Scórchárta d'Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin agus do Bhord FnaSS.

## Athbhreithniú Iar-theagmhais maidir le Cibirionsaí Conti

Ar an Aoine 14 Bealtaine 2021, rinneadh cibirionsaí uafásach ar chórais TF Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Baineadh úsáid as bogearaí éirice Conti chun insíothlú coiriúil a dhéanamh sna córais TF. Mar thoradh air sin, dúnadh gach córas TF de chuid FnaSS. Ceaptar gurb é an t-ionsaí seo an cibirionsaí ba thromchúisí ar bhonneagar ríthábhachtach na tíre agus mheas FnaSS gur Mhórtheagmhas a bhí i gceist. Cuireadh isteach go mór ar sheirbhísí cúram sláinte ar fud na tíre, agus cuireadh isteach go mór agus go tobann ar na mílte duine a dteastaíonn seirbhísí sláinte uathu gach lá.

De bharr go raibh an t-ionsaí seo chomh tromchúiseach, chinn Bord FnaSS i gcomhar leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus EMT Athbhreithniú Iar-Theagmhais neamhspleách a choimisiúnú maidir leis na cúinsí a bhain leis an insíothlú seo ar chórais TF Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Ghlac Bord FnaSS leis an tuarascáil ag cruinniú Boird i mí na Samhna 2021 agus foilsíodh an tuarascáil i mí na Nollag 2021.

## Tarmligean Feidhmeanna

Tá réimse leathan feidhmeanna dílsithe ag an Oireachtas i bhFnaSS. Tá siad seo infheidhme ag an mBord thar ceann FnaSS. Ní mór don Bhord a dheimhniú dó féin go gcuirtear i bhfeidhm na feidhmeanna atá tarmligthe de reir fhorálacha *Acht Sláinte 2004*, go bhfuil siad de réir dea-rialachas corparáideach, agus faoi réir aon treoir a bhaineann leis na feidhmeanna atá faighte ag an mBord ón Aire. Déantar foráil san *Acht Sláinte 2004* maidir le córas foirmiúil tarmligin i gcomhréir le hAlt 16P agus Alt 21D.

Sa Chreat Beartais Tarmligin seo, sonraítear an creat agus na treoirlínte tacaíochta beartas, ar a bhfuil dea-rialachas maidir leis an gcóras tarmligin feidhmeanna reachtúla i bhFnaSS bunaithe. Dá bharr seo is féidir leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (FBF) na feidhmeanna seo a ghlacadh orthu féin ar bhonn oibriúcháin. Tá údarás dlíthiúil tugtha don Bhord agus don POF (CEO) araon maidir lena gcuid feidhmeanna a tharmligean. Féadfaidh an Bord, áfach, treoracha i scríbhinn a thabhairt don POF maidir lena chumhachtaí tarmligin, agus tá sé de dhualgas air nó uirthi cloí leis na treoracha sin.

Is féidir leis an mBord feidhmeanna cuí a tharmligean i scríbhinn chuig an POF. Tá an POF freagrach don Bhord as feidhmíocht i ndáil lena c(h)uid feidhmeanna agus aon fheidhmeanna a tharmligean an Bord chuige nó chuici. Ní mór aon tarmligean feidhmeanna ón mBord chuig an bPríomhfheidhmeannach, nó aon aisghairm tarmligin den sórt sin a chur in iúl don Aire Sláinte i scríbhinn. Bíonn tarmligean de chuid an Bhoird chuig an POF i bhfeidhm go dtí go n-aisghaireann an Bord é, agus caithfear é sin a dhéanamh i bhfógra chuig an POF i scríbhinn.

I rith 2020 de bharr na ndúshlán ar leith a bhain le COVID-19, rinne Bord FnaSS an cinneadh údarás a tharmligean chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun na cinntí riachtanacha a dhéanamh, nuair ba ghá, de réir an chur chuige uile-Rialtais agus ilghníomhaireachta i leith bhainistiú na héigeandála. Bhí ceangal ama i gceist leis an tarmligean seo agus bhí sé feiliúnach don chás éigeandála a bhain le paindéim COVID-19. Tugadh feidhmeanna forchoimeádta uile an Bhoird ar ais don Bhord ar an 24 Meán Fómhair 2021.

## Feidhmeanna Forchoimeádta

Is feidhmeanna forchoimeádta de chuid an Bhoird iad na feidhmeanna seo a leanas:

- Deimhneoidh an Bord go bhfuil córais, nósanna imeachta agus cleachtais chuí i bhfeidhm chun cuspóirí FnaSS a bhaint amach, agus le haghaidh bainistíocht feidhmíochta inmheánach agus cuntasacht FnaSS maidir le hábhair shonraithe

- Glacfaidh an Bord (agus ceadóidh sé aon leasuithe ar) Plean Corparáideach FnaSS, Plean Seirbhíse Náisiúnta (PSN), Plean Caipitil agus Creat Infheistíochta Caipitil FnaSS agus ceadóidh sé aon scéimeanna aoisliúntais sula gcuirtear faoi bhráid an Aire Sláinte iad. Teastaíonn ceadú roimh ré ón Aire maidir le haon leasuithe a dhéanfar ar na pleananna agus ar an scéim aoisliúntais atá luaite thuas
- Glacfaidh an Bord le Cód Rialachais FnaSS agus gach nuashonrú ina dhiaidh sin, agus ceadóidh an Bord aon Chód Iompair agus gach nuashonrú ina dhiaidh sin a eiseofar mar threoir do chomhaltaí aon Choiste de chuid an Bhoird ach nach comhaltaí den Bhord iad, chomh maith le fostaithe, comhairleoirí, nó fostaithe de chuid comhairleoirí.
- Glacfaidh an Bord le Tuarascáil Bhliantúil FnaSS sula gcuirfear faoi bhráid an Aire Sláinte í
- Déanfaidh an Bord athruithe ar struchtúr corparáideach FnaSS a fhaomhadh, is é an Bord a cheadóidh gach conradh de bhreis ar thairseacha sonraithe airgid, agus a cheadóidh ceapachán chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ceapacháin iniúchóirí seachtracha (seachas an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste), agus cruthú Cistí agus ceapacháin comhaltaí ar Choistí an Bhoird chomh maith le Coistí an Bhoird a lánscor
- Ceapfaidh an Bord an POF, a bheidh cuntasach don Bhord as bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil FnaSS agus as a c(h)uid feidhmeanna a chomhlíonadh.
- Déanfaidh an Bord socruithe bainc FnaSS a fhaomhadh, ina measc, gach cuntas bainc nua a osclaítear. Déanfaidh an Bord bronntanais os cionn €100,000 do FnaSS a fhaomhadh mar aon le haon fháltais talún nó réadmhaoin ar neamhthuilleamaí, má tá luach an idirbhirt níos mó ná €2m, gan CBL agus táillí seirbhíse a chur san áireamh.

*Tá sceideal tinrimh, táillí agus costais in Aguisín 5 den Tuarascáil Bhliantúil seo.*

## Coistí

Bhunaigh an Bord ceithre Choiste chun cúnamh agus comhairle a thabhairt dó maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna. Feidhmíonn trí cinn de Choistí an Bhoird mar chomhairleoirí agus níl aon údarás acu maidir le feidhmiúcháin. Tá comhaltaí Boird agus comhaltaí seachtracha san áireamh ar na coistí. De bharr go bhfuil comhaltaí seachtracha ceaptha ar na coistí, cinntítear ionadaíocht chuí d'othair agus d'úsáideoirí seirbhísí.

Tá roinnt feidhmeanna sonracha ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus tá bunús reachtach leo siúd a bhaineann le hiniúchadh.

Seo a leanas Coistí an Bhoird:

- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Coiste Daoine agus Cultúir
- Coiste Feidhmíochta agus Seachadta
- Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta.

Tionóladh comhchruinnithe idir an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar rioscaí COVID-19 a bhí san áireamh ar an gClár Rioscaí Corparáideacha.

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus táthar á choimeád de réir Alt 40H den *Acht Sláinte 2004* arna leasú ag Alt 23 den *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019*. Foráiltear sa reachtaíocht go bhfuil ról maoirseachta agus comhairleoireachta maidir le bainistiú riosca ag an gCoiste Iniúchóireachta. Mar sin, nuair a bunaíodh é i 2019, glaodh an 'Coiste Iniúchóireachta agus Riosca' air chun cúraimí an choiste a léiriú, ina n-iomláine.

Foráiltear sa reachtaíocht chomh maith gur chóir go mbeadh líon nach lú ná triúr comhalta Boird ar an gCoiste agus líon nach lú ná ceathrar eile a bhfuil, de réir tuairim an Bhoird, na scileanna agus an taithí ábhartha acu chun feidhmeanna an choiste a chomhlíonadh, agus duine amháin ar a laghad a mbeidh cáilíocht ghairmiúil sa chuntasaíocht nó san iniúchóireacht aige nó aici.

Faoin reachtaíocht reatha, bíonn ar an gCoiste na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Comhairle a thabhairt don Bhord agus don POF faoi chúrsaí airgeadais a bhaineann lena bhfeidhm
- Tuairisciú i scríbhinn a chur ar fáil don Bhord agus don POF ar a laghad uair sa mbliain maidir leis na hábhair sin agus ar ghníomhaíochtaí an Choiste an bhliain roimhe sin, agus cóip den tuarascáil sin a chur faoi bhráid an Aire.

Tá réimse feidhmeanna faoi chúram an Choiste, ina measc, ábhar a bhaineann le hairgeadas, reachtaíocht, comhlíontacht agus rialachas mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Chun tacú lena théarmaí tagartha reachtúla, foráiltear i dTéarmaí Tagartha an Choiste (ToR), arna fhaomhadh ag an mBord an 26 Iúil 2019, arna leasú an 28 Aibreán 2021, go leathnófar ról an Choiste chuig na réimsí seo a leanas:

- Comhairle a thabhairt don Bhord agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir le cúrsaí airgeadais agus gníomhaíochtaí tuairiscithe gaolmhara, ina measc, tuairiscí maidir le comhlíontacht a chur ar fáil don Bhord agus don Aire Sláinte, de réir mar is gá
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht bheartais chuntasaíochta FnaSS, na Ráitis Airgeadais Bhliantúla, na Tuarascála Bliantúla agus na dearbhuithe rialachais corparáideacha atá riachtanach, agus aon ábhar agus comhairle agus moltaí sásúla i leith na n-ábhar seo a chur faoi bhráid an Bhoird
- Maoirseacht a dhéanamh ar oibriúchán rialuithe inmheánacha FnaSS agus comhairle a thabhairt maidir le hoiriúnacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht nósanna imeachta de chuid FnaSS maidir le soláthar poiblí agus le fáil, sealbhú agus diúscairt sócmhainní
- Maoirseacht agus comhairle a sholáthar maidir le feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí FnaSS
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le feidhmiú Chreat Bainistíochta Riosca FnaSS agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhfeidhm bainistíochta riosca (faoi réir na n-athruithe comhaontaithe maidir le scóip na feidhme i dtaobh rioscaí a bhaineann le cáilíocht agus sábháilteacht othar)
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le beartais fhrithchalaoise, maoirseacht ar oibriúchán na mbeartas agus na bpróiseas um nochtadh cosanta, agus socruithe le haghaidh imscrúduithe speisialta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe agus ar thorthaí na hiniúchóireachta inmheánaí agus um iniúchóireacht sheachtrach araon agus ar fhreagairt na bainistíochta maidir leis na moltaí agus na pointí a eascraíonn astu seo
- Róil agus freagrachtaí ar bith eile atá tarmligthe ag Bord FnaSS don Choiste.

Mar thoradh ar leasú na dTéarmaí Tagartha (ToR), cheadaigh an Coiste an iniúchóireacht maidir le cúram sláinte a chur san áireamh san fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí. Shonraigh an Coiste go mbeadh freagracht ar an gCoiste Sábháilteachta agus Cáilíochta as athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí iniúchóireachta maidir le cúram sláinte. Déanann an Coiste maoirsiú agus tugann siad tacaíocht don Bhord chomh maith maidir le hiniúchadh ar mhórchonarthaí agus i ndáil le hathbhreithniú ar an Tuarascáil ar Nochtadh Cosanta agus ar bheartais agus nósanna imeachta a bhaineann leis seo.

Tá dualgas ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a chinntiú go gcuirtear tuarascálacha iniúchóireachta, pleananna iniúchóireachta agus tuarascálacha míosúla uile na Feidhmeannachta ar chaiteachas ar fáil don Choiste. Chomh maith leis sin, má bhíonn cúis aige nó aici a bheith in amhras go bhfuil aon chúbláil airgid de chuid na Feidhmeannachta i gceist, nó go bhféadfadh sé gur tharla aon chomhshó calaoiseach nó gur baineadh mí-úsáid as maoin na Feidhmeannachta, tá sé de dhualgas air tuairisc faoi seo a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca chomh luath agus is féidir. Ina theannta sin, tabharfaidh an POF faisnéis don Choiste maidir le haon airgeadas nó nós imeachta a bhaineann le hairgeadas a bhfuil gá leis chun go mbeadh an Coiste ábalta a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i rith na bliana 2021:

- Brendan Lenihan, Leaschathaoirleach an Choiste agus Comhalta den Bhord
- Fergus Finlay, Comhalta den Bhord
- Fiona Ross, Comhalta den Bhord (d'éirigh sí as 4 Lúnasa 2021)
- Ann Markey, Comhalta Seachtrach
- Colm Campbell, Comhalta Seachtrach
- Pat Kirwan, Comhalta Seachtrach
- Martin Pitt, Comhalta Seachtrach.

D'fhreastail Geraldine Smith, an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúchóireacht Inmheánach, a thuairiscíonn go díreach don Choiste, ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus thuairiscigh sí go rialta ar obair an Rannáin Iniúchóireachta Inmheánaí. I láthair freisin bhí Stephen Mulvany, Príomhoifigeach Airgeadais, le tacaíocht ó Mhairead Dolan, Príomhoifigeach Cúnta Airgeadais agus Patrick Lynch, Príomhoifigeach Riosca, atá ina mbaill d'fhoireann bhainistíochta shinsearach FnaSS agus sannta ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun cabhrú leis an gCoiste. I rith na bliana, thug an Coiste cuireadh freisin do bhaill eile den Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin (FBF) freastal ar a chuid cruinnithe agus cur i láthair a dhéanamh agus iarradh tuilleadh faisnéise agus soiléirithe, nuair ba ghá.

D'aontaigh an Coiste plean oibre mionsonraithe do 2021 chun dul i ngleic leis na príomhróil agus na príomhchúraimí atá air, ar bhealach córasach agus cuimsitheach. Chomhlíon an Coiste a fhreagrachtaí mar a bhí beartaithe. Le linn 17 cruinniú a bhí ag an gCoiste, rinne comhaltaí an Choiste maoirseacht agus plé ar réimse saincheisteanna, ar nós, athbhreithniú ar thuarascálacha um iniúchóireacht inmheánach, ina raibh 161 tuarascáil i rith na bliana, ina measc, iniúchóireacht ar ghníomhaireachtaí ar tugadh maoiniú dóibh, iar-iniúchtaí, imscrúduithe speisialta, agus iniúchtaí a bhain le TFC. I dteannta an chláir iniúchóireachta inmheánaí atá beartaithe, rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar iniúchadh maidir le mírialtachtaí párolla in Ospidéal Naomh Colm Cille. Cuireadh faisnéisithe faoi bhráid an Choiste freisin maidir le feidhmiú mholtaí roinnt príomhthuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha maidir le hearcú dochtúirí neamhchomhairleacha ospidéil (DNO), tionchar Treoir an AE maidir le hUaireanta Oibre i gcás DNO, reachtaíocht Tús Áite do Leanaí, ragobair i gcás na bainistíochta sinsearaí, agus an Scéim Measúnaithe Post. D'fhormheas an Coiste freisin Plean Iniúchóireachta Inmheánach leasaithe don bhliain 2021 chun dul i ngleic le tionchar an chibirionsaithe ar chumas oibriúcháin na Rannóige Iniúchóireachta Inmheánaí. I rith na bliana, cuireadh Tuarascáil Bhliantúil 2020 an Rannáin Iniúchóireachta Inmheánaí agus Plean Bliantúil um Iniúchóireacht Inmheánach 2022 faoi bhráid an Choiste. D'athbhreithnigh agus d'fhaomh an Coiste an Chairt um Iniúchóireacht Inmheánach nuashonraithe chun iniúchóireacht maidir le cúram sláinte a chur faoi chúram an Rannáin Iniúchóireachta Inmheánaí. De réir an dea-chleachtais, bhí cruinniú ag an gCoiste i seisiún príobháideach leis an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúchóireacht Inmheánach gan an lucht bainistíochta feidhmiúcháin a bheith i láthair.

De réir an phlean oibre, rinne comhaltaí an choiste athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus ar Chuntais Reachtaíochta Speisialta FnaSS, a cuireadh faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C). Chomh maith le nuashonruithe míosúla caiteachais, rinne an Coiste monatóireacht agus athbhreithniú ar chaiteachas COVID-19 i rith na bliana. Thacaigh an Coiste freisin le forbairt agus le feidhmiú Phlean trí bliana um Fheabhsú Rialaithe agus Plean Forfheidhmithe Maoinithe Bunaithe ar Ghníomhaíocht. Coinníodh an Coiste ar an eolas freisin le linn an chibirionsaithe faoi nithe ar nós gníomhaíochtaí maidir le párolla, seirbhísí íocaíochta, seirbhísí ioncaim agus fardail, agus lóistíocht. Dhírigh an Coiste ar chomhlíontacht soláthair agus ar TCP a chur ar ais faoi rialachas soláthair príomhshrutha agus rinneadh athbhreithniú ar phróiseas Iniúchóireachta KPMG maidir le TCP agus ar nithe insoláthartha.

I rith na bliana, rinne an Coiste maoirseacht ar sheachadadh an Phlean Chaipitil, ina measc, moltaí a rinneadh maidir le stádas dlíthiúil agus athlonnú an Ospidéil Náisiúnta Máithreachais, agus na socruithe maoinithe agus maoirseachta d'Ospidéal nua na Leanaí. Beidh an Coiste ag déanamh cúraim maidir leis an dá fhorbairt seo arís i 2022, mar aon le monatóireacht a dhéanamh ar ghnéithe ábhartha de dhearadh agus d'fhorbairt na gceantar réigiúnach sláinte (RHA). Thacaigh an Coiste freisin le saoráidí a sholáthar do sheirbhísí FnaSS le dul i ngleic le COVID-19, ina measc ionaid vacsaínithe pobail agus ionaid tástála.

I rith na bliana, rinne an Coiste maoirsiú ar fheidhmiú na moltaí i dTuarascáil Moody ar Bhainistíocht Riosca, ceapachán Príomhoifigeach Riosca agus forbairt an chéad Ráiteas Inghlacthachta Riosca de chuid FnaSS, agus tá an Clár Riosca Corparáideach fós ina mhír sheasta ar chlár oibre an Choiste. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar bheartais Chalaoise agus Éillithe agus Coinneála Sonraí FnaSS agus tugadh achoimre don Choiste i dtaobh Rannóg Dlí FnaSS.

## Coiste Daoine agus Cultúir

Bhunaigh Bord FnaSS an Coiste Daoine agus Cultúir chun maoirseacht straitéiseach a dhéanamh ar an Straitéis i leith Daoine sna Seirbhísí Sláinte 2019-2024, chun go mbeadh na daoine cearta, leis na scileanna cearta, san áit cheart, ag an am ceart. Seo iad na príomhréimsí ar dhírigh an Coiste orthu: ceannaireacht, cultúr, tallann, agus cumarsáid agus inniúlacht.

Tá Téarmaí Tagartha bunaithe ag an gCoiste arna fhaomhadh ag an mBord. Níl an coiste freagrach as aon fheidhm a bhaineann le feidhmíocht agus níl aon chumhachtaí feidhmiúcháin aige. Is é cuspóir an Choiste ná athdhearbhú a sholáthar sa réimse seo agus cuireann sé moltaí faoi bhráid an Bhoird maidir le hábhar a bhaineann le daoine agus cultúr.

Comhaltaí an Choiste Daoine agus Cultúir i rith na bliana 2021:

- Dr Yvonne Traynor, Cathaoirleach agus Comhalta Boird
- Aogán Ó Fearghail, Comhalta Boird
- Dr Sarah McLoughlin, Comhalta Boird
- Brendan Whelan, Comhalta Boird (ceapadh é mar chomhalta Boird 12 Márta 2021)
- Bernie O'Reilly, Comhalta Seachtrach
- Deirdre Cullivan, Comhalta Seachtrach (ceapadh í ar an 26 Feabhra 2021).

Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire i 2021. I láthair chomh maith, bhí na comhaltaí d'Fhoireann Ardbhainistíochta FnaSS arna sannadh ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun cabhrú leis an gCoiste, ba iad sin Anne Marie Hoey, Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna, agus Mark Brennock, Stiúrthóir Náisiúnta Cumarsáide. I rith na bliana, thug an Coiste cuireadh do chomhaltaí eile den Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach freastal ar a gcruinnithe agus cur i láthair a dhéanamh agus iarradh tuilleadh faisnéise agus soiléirithe, nuair ba ghá.

D'aontaigh an Coiste plean oibre mionsonraithe do 2021 chun dul i ngleic leis na príomhróil agus na príomhchúraimí atá air agus chun díriú ar na réimsí oibre cuí. Chomhlíon an Coiste na freagrachtaí sin mar a bhí beartaithe. Rinne comhaltaí an Choiste maoirseacht agus plé ar réimse saincheisteanna. Bhí roinnt dúshlán i gceist i 2021, go háirithe maidir le dul i ngleic leis an tionchar a bhí ag dianghlasáil COVID-19, an cibirionsaí agus forbairt sciobtha (agus riar) na seirbhíse náisiúnta vacsaínithe. Rinne an Coiste maoirseacht ar na réimsí sin agus chinntigh sé go rabhthas ar an eolas maidir le taithí na foirne ar fud FnaSS le linn bliana a bhí an-dúshlánach.

Coinníodh an Coiste ar an eolas faoi na feachtais mhóra earcaíochta, go háirithe do ghairmithe leighis, altranais, agus sláinte agus cúraim shóisialta, don Chlár Tástála agus Rianaithe agus an chláir Vacsaínithe, agus do phoist nua a bhain le forbairt. Is deacrachtaí earcaíochta an dúshlán is mó fós don tseirbhís agus beidh sé ríthábhachtach an fhadhb seo a réiteach chun go n-éireoidh go maith le tosaíochtaí straitéiseacha FnaSS.

I mí Eanáir 2021, rinne an Coiste athbhreithniú ar Phlean Straitéiseach don Fhórsa Oibre agus Acmhainní FnaSS. Sna cruinnithe ina dhiaidh sin, rinne an Coiste athbhreithniú ar uasdátú maidir le hearcaíocht agus rinneadh athbhreithniú ar an bPainéal Pearsanra agus Earcaíochta. Rinneadh athbhreithniú ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTF) a chlúdaigh earcaíocht i dtaca le fostaithe lánaimseartha FnaSS, an ráta athraithe foirne sna Grúpaí Ospidéil éagsúla, sna limistéir CHO éagsúla, agus sna catagóirí foirne éagsúla[1]. Faoin gCreat Bainistíochta Riosca, rinne an Coiste monatóireacht ar Riosca 10 – Lucht Saothair agus Earcaíocht, Riosca 19 – Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine agus Riosca 14 – Claochlú agus Athrú a Chur i bhFeidhm, Athrú Cultúir, san áireamh. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar fhorbairt an chonartha do dhochtúirí comhairleacha poiblí de chuid *Sláintecare*.

Ghlac an Coiste páirt i moltóireacht ar Ghradaim Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte 2021. Rinne sé athbhreithniú freisin ar thorthaí suirbhé foirne 2021. Cé go raibh an ráta freagartha íseal, léiríodh leibhéil ní b'airde díograise agus spreagthachta foirne ná mar a bhí in eagraíochtaí eile den chineál céanna. Tá an coiste ag súil le plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm de bharr an tsuirbhé seo.

Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar roinnt tuarascálacha mionsonraithe ar thionscnaimh sláinte agus folláine san áit oibre, ar chóras an Chláir Chomhtháite Náisiúnta um Thaifid Foirne agus Pá, cúram sláinte pobail agus Forbhreathnú Acmhainní Daonna Ghrúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann. Fuair an Coiste roinnt tuarascálacha freisin ar thionscadal Iontaobhais agus Muiníne FnaSS agus na gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm. Fuarthas nuashonruithe ón rannán um Chumarsáid Inmheánach faoi dhó sa mhí.

Fáiltíodh roimh cheapachán Stiúrthóra Náisiúnta Cumarsáide nua a choinnigh an Coiste ar an eolas maidir le gach gníomhaíocht a bhain le tacaíochtaí cumarsáide do chlár vacsaínithe COVID-19 agus an chaoi a ndeachthas i ngleic leis an gcibirionsaí ó thaobh na cumarsáide de.

Rinne an coiste athbhreithniú i leith a chuid feidhmíochta féin.

## Coiste Feidhmíochta agus Seachadta

Is é ról an Choiste Feidhmíochta agus Seachadta comhairle a chur ar an mBord maidir le gach ábhar a bhaineann le feidhmíocht sa tseirbhís sláinte agus a chinntiú go mbeidh feidhmíocht den chéad scoth i ngach réimse ábhartha den scórchárta tomhaiste comhaontaithe chun taithí níos fearr a chinntiú d'othair agus d'úsáideoirí na seirbhísí. Díríonn an Coiste ar mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na seirbhíse sláinte i gcomparáid leis na spriocanna atá sa PSN. Níl an Coiste freagrach as aon fheidhmeanna feidhmiúcháin agus níl aon chumhachtaí feidhmiúcháin aige.

Comhaltaí an Choiste Feidhmíochta agus Seachadta i rith na bliana 2021:

- Tim Hynes, Cathaoirleach agus Comhalta Boird
- Brendan Lenihan, Comhalta Boird
- Dr Sarah McLoughlin, Comhalta Boird
- Fergus Finlay, Comhalta Boird

1 De bharr an chibirionsaithe, ní raibh cuid de na sonraí deaise ar fáil don Choiste i rith na bliana.

- Brendan Whelan (ceapadh mar Chomhalta Boird 12 Márta 2021)
- Lt Col Louis Flynn, Comhalta Seachtrach
- Regina Moran, Comhalta Seachtrach (1 Eanáir – 3 Meán Fómhair 2021)
- Dr Sarah Barry, Comhalta Seachtrach.

Tháinig an Coiste le chéile deich n-uaire i 2021. I láthair chomh maith, bhí na comhaltaí d'Fhoireann Ardbhainistíochta FnaSS arna sannadh ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun cabhrú leis an gCoiste, ba iad sin Ann O'Connor, Príomhoifigeach Oibriúcháin, Dean Sullivan. I rith na bliana, thug an Coiste cuireadh do chomhaltaí eile den Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach freastal ar a gcruinnithe agus cur i láthair a dhéanamh agus iarradh tuilleadh faisnéise agus soiléirithe, nuair ba ghá.

D'aontaigh an Coiste plean oibre mionsonraithe do 2021, chun dul i ngleic leis na príomhróil agus na príomhchúraimí atá air agus chun díriú ar na réimsí oibre cuí. Chuir an cibirionsaí isteach go mór ar obair an Choiste i 2021; Mar sin féin, rinne an Coiste maoirsiú ar Scórchárta Náisiúnta FnaSS, ar Thuarascáil Bhliantúil FnaSS 2020, ar PSN 2022 (lena n-áirítear Plean Caipitil 2022, Straitéis Acmhainní don Fhórsa Oibre 2022 agus Plean Caipitil ríomhShláinte agus TFC 2022) agus ar fhorbairt leanúnach an Chórais Chomhtháite um Bainistíochta Airgeadais (IFMS). Chomh maith leis sin, rinne an Coiste monatóireacht gach ráithe ar na rioscaí atá faoina chúram ar an gClár Riosca Corparáideach agus na rialuithe ina leith seo.

I ndiaidh chibirionsaí Conti i mí na Bealtaine 2021, chuir an Coiste tacaíocht leanúnach ar fáil maidir le maoirseacht a dhéanamh ar mholtaí an Athbhreithnithe Iar-Theagmhais ar chibirionsaí Conti. I rith na bliana, chomh maith, chuir an Coiste maoirseacht agus tacaíocht ar fáil don Phríomhoifigeach Faisnéise maidir le seachadadh na teicneolaíochta chun tacú le cúram sláinte agus leis na seirbhísí sláinte agus chun réitigh chorparáideacha agus ríomhShláinte nua a chur ar fáil.

Le linn gach cruinniú míosúil, bhreithnigh an Coiste Próifílí Feidhmíochta a chuir an Príomhoifigeach Oibríochtaí ar fáil. Soláthraíonn na Próifílí Feidhmíochta uasdátú maidir le príomhréimsí feidhmíochta na cheithre réimse seo atá san áireamh sa Scórchárta Náisiúnta, Cúram Sláinte Pobail, Ospidéil Ghéarmhíochaine agus Seirbhísí Náisiúnta chomh maith le Cáilíocht agus Sábháilteacht Othar, Airgeadas agus Acmhainní Daonna. Léirítear na torthaí i ndáil le PTF (KPI) ar theasléaráid, agus i bhfoirm táblaí agus graf, mar aon le tráchtaireacht ar fheidhmíocht na seirbhísí. Chuir na próifílí seo na sonraí ar fáil don Choiste a bhí ag teastáil chun feidhmíocht FnaSS a mheas i gcomparáid leis na spriocanna sa PSN, maidir le príomhréimsí feidhmíochta. Coinníodh an Coiste ar an eolas agus tugadh uasdátú go rialta ar nithe, ar nós, feidhmiú mholtaí *Thuarascáil an Phainéil Saineolaithe ar Thithe Altranais COVID-19*, próiseas Athbhreithnithe an Ionaid Chorparáidigh agus aistriú na feidhme Míchumais ón Roinn Sláinte go dtí an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige. Chuir an Coiste Comhaontú Maoirseachta FnaSS/RS agus an Plean Geimhridh 2021 faoi bhráid an Bhoird, le faomhadh.

## Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta

Bunaíodh an Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta chun comhairle a chur ar an mBord maidir le gach ábhar a bhaineann le sábháilteacht othar agus cáilíocht sa tseirbhís sláinte agus chun maoirseacht straitéiseach a dhéanamh ar fhorbairt agus a fheidhmiú chlár agus straitéisí náisiúnta a bhaineann le clár oibre sábháilteachta agus cáilíochta FnaSS, ag tagairt go sonrach don *Straitéis um Shábháilteacht Othar 2019-2024*.

Bhunaigh an Coiste Téarmaí Tagartha a ndearnadh athbhreithniú orthu i mí Mheán Fómhair 2021, ina measc comhairle a thabhairt maidir le hoiriúnacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht fheidhm iniúchóireachta cúram sláinte FnaSS. Rinneadh athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí iniúchta cúram sláinte sa Phlean Bliantúil um Iniúchóireacht Inmheánach agus rinneadh moladh maidir lena gceadú, rinneadh athbhreithniú ar na torthaí agus moltaí i ndáil le gníomhartha iniúchta agus monatóireachta cúram sláinte agus rinneadh athbhreithniú chomh maith ar aon ghníomh monatóireachta a rinne an bhainistíocht chun réiteach a fháil ar aon fhadhbanna a tháinig chun cinn. Is féidir leis an gCoiste tuarascálacha speisialta a iarraidh ar Stiúrthóir Náisiúnta na hIniúchóireachta Inmheánaí maidir le hiniúchóireacht ar chúram sláinte, de réir mar is gá i dtuairim an Choiste, nó má iarrann Cathaoirleach an Choiste, Cathaoirleach an Bhoird, nó an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a leithéid.

Tá gach gné a bhaineann le sábháilteacht agus cáilíocht sa tseirbhís sláinte poiblí faoi chúram feidhme an Choiste. In 2021, d'aontaigh an Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta plean oibre mionsonraithe dírithe ar na réimsí seo, chun dul i ngleic leis na príomhróil agus na príomhchúraimí atá air agus chun díriú ar na réimsí oibre cuí chun a chinntiú go ndíreofar mar is cuí ar gach réimse faoina chúram agus ar na téarmaí tagartha. Díríonn clár oibre an Choiste ar dheiseanna foghlama agus forbartha do chomhaltaí, agus cuireann saineolaithe ábhar i láthair an Choiste maidir le forbairtí sna réimsí cáilíochta, sábháilteachta agus riosca.

Comhaltaí an Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta i rith na bliana 2021:

- An tOllamh Deirdre Madden, Cathaoirleach agus Comhalta Boird
- An tOllamh Fergus O'Kelly, Comhalta Boird
- Dr Yvonne Traynor Comhalta Boird
- Anne Carrigy, Comhalta Boird (ceapadh í mar chomhalta Boird 12 Márta 2021)
- Dr Chris Luke, Comhalta Seachtrach
- Margaret Murphy, Comhalta Seachtrach
- Jacqui Browne, Comhalta Seachtrach (ceapadh í ar 28 Aibreán 2021)
- Dr Cathal O'Keeffe, Comhalta Seachtrach.

Tá an-taithí ag gach ball den Choiste agus tá na scileanna agus an taithí ábhartha acu chun feidhmeanna an Choiste a chomhlíonadh.

I láthair ag na cruinnithe, bhí Príomhoifigeach Cliniciúil (POC) FnaSS, an Dr Colm Henry, agus an tOllamh Orla Healy, i dteannta bhaill an Choiste. I rith na bliana, thug an Coiste cuireadh do chomhaltaí eile d'Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach FnaSS freastal ar a gcruinnithe agus cur i láthair a dhéanamh agus iarradh tuilleadh faisnéise agus soiléirithe, nuair ba ghá.

Gach mí, déanann an Coiste athbhreithniú ar thuarascáil ón POC a sholáthraíonn faisnéis ar ghníomhaíochtaí in Oifig an POC lena n-áirítear, sonraí maidir le paindéim COVID-19, tástáil agus rianú agus feidhmiú an chláir vacsaínithe. Fuarthas faisnéis maidir le cásanna nua, m.sh. na rátaí minicíochta seacht lá agus 14 lá den ghalar in aoisghrúpaí éagsúla, líon na gcásanna in ospidéil agus sonraí maidir le ráigeanna ar fud na tíre agus ráta COVID-19 in Éirinn i gcomparáid le tíortha AE/LEE eile. Breathnaíodh, chomh maith, ar thuarascálacha maidir le tionchar na paindéime ar chúram sceidealaithe agus neamhsceidealaithe, ar chúram péidiatrach, ar chúram daoine aosta agus ar an gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse.

I rith na bliana, fuair an Coiste mionfhaisnéisthe i réimsí eile, ina measc na Seirbhísí Náisiúnta Scagthástála, an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse, Frithsheasmhacht Ábhar Fhrithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtaithe, Clár Náisiúnta Sláinte na mBan agus na Naíonán agus an Clár Bainistíochta Leigheasra. Chinntigh an POC, chomh maith gur coinníodh an Coiste ar an eolas faoi chúrsaí sábháilteachta agus cáilíochta ábhartha, ar nós, athbhreithniú ar sheirbhísí gínéiceolaíochta in Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn, diúscairt orgán in Ospidéal Ollscoile Chorcaí, agus Tuarascáil Maskey maidir leis an tseirbhís mheabhairshláinte do leanaí agus d'ógánaigh (CAMHS) i gCiarraí Theas. Bhuail Cathaoirleach an Phainéil Náisiúnta Athbhreithnithe Neamhspleách (PNAN) leis an gCoiste i rith na bliana freisin chun an Coiste a chur ar an eolas faoi Thuarascáil PNAN ar Ard na Gréine chomh maith le hathbhreithnithe eile atá ag leanacht ar aghaidh. Bhuail an Oifig Náisiúnta um Iniúchadh Cliniciúil leis an gCoiste i mí na Nollag agus fuair an Coiste faisnéisithe ar Ghrúpa Comhairleach an Chláir um Chaighdeáin an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS), ar Straitéis cúig bliana Oifig Náisiúnta um Iniúchóireacht Chliniciúil (ONIC) agus thacaigh sé le bunú an Chreata Náisiúnta um Rialachas, Bainistíocht agus Tacaíocht don Chreat Taighde. Gach bliain, faigheann an Coiste faisnéisithe ón Oifig um Nochtadh Oscailte, a oibríonn le grúpaí othar agus ionadaithe othar.

Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar dhearbhú cáilíochta agus sábháilteachta i réimsí éagsúla, scrúdaíodh tuairiscí rialála, tuarascálacha teagmhais, tuarascálacha iniúchóireachta cúram sláinte, gearáin chliniciúla agus Clár Riosca Corparáideach FnaSS. Bhreithnigh an Coiste iad seo go rialta agus lorgaíodh nuashonruithe ar fheidhmiú na moltaí a d'eascair as na athbhreithnithe. Bhí an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar roinnt Rioscaí Corparáideacha, ina measc Riosca 7 – Cumraíocht Reatha na nOspidéal, Riosca 9 – Ionfhabhtú a Bhain le Cúram Sláinte/COVID-19 agus Frithsheasmhacht Ábhar Mhiocróbach, Riosca 15 – Seirbhísí Scagthástála, Riosca 16 – Comhlíonadh Rialála, agus Riosca 18 – Forbairt agus Forfheidhmiú Beartas agus Reachtaíochta.

Cuirtear Tuarascáil Phróifíl Cáilíochta FnaSS faoi bhráid an Choiste ar bhonn míosúil chun leasuithe maidir le sábháilteacht san eagraíocht a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh ina leith. Seo svuít náisiúnta de na príomhtháscairí feidhmíochta sábháilteachta agus cáilíochta a d'fhorbair an Fhoireann um Fheabhsú Cáilíochta.

Bíonn mír sheasta, atá dírithe ar chabhrú le comhaltaí an Choiste dul i ngleic le taithí a bhíonn ag úsáideoirí na seirbhísí agus ag na daoine a oibríonn sna seirbhísí sláinte, ar chlár oibre an Choiste. Cuirtear aon taithí dhearfach nó diúltach othar, nó úsáideoirí na seirbhísí, nó taithí teaghlach nó bhall foirne san áireamh sa mhír ar chlár oibre – Eispéireas an Phobail maidir le Cáilíocht.

## Tacaíocht don Bhord agus do na Coistí

Ghníomhaigh Rúnaí Bhord FnaSS mar Rúnaí na gCoistí agus chuir Oifig an Bhoird tacaíocht riaracháin sa bhreis ar fáil.

# Comhaltaí an Bhoird
## (ar an 31 Nollaig 2021)



**Mr Ciarán Devane**
Cathaoirleach

**Dáta Ceapacháin**
28 Meitheamh 2019

**Tréimhse Oifige**
5 bliana

**Scileanna agus Taithí**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar an Ionad um Iontaobhas, Síocháin agus Caidrimh Shóisialta in Ollscoil Coventry. Cathaoirleach ar Clore Social Leadership. Bhí sé ina Bhall de Bhord na Seirbhíse Sláinte Náisiúnta (SNS) i Sasana, ina Phríomhfheidhmeannach ar Macmillan Cancer Support agus ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle na Breataine. Rinneadh ridire de as ucht seirbhísí d'othair le hailse agus bronnadh Saoirse Chathair Londan air.



**An tOllamh Deirdre Madden**
Leaschathaoirleach

**Dáta Ceapacháin**
28 Meitheamh 2019

**Tréimhse Oifige**
5 bliana

**Scileanna agus Taithí**
Ollamh le Dlí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh le speisialtóireacht sa dlí agus eiticí a bhaineann le cúram sláinte. Bhí sí ina cathaoirleach ar an gCoimisiún um Shábháilteacht Othar agus Dearbhú Cáilíochta agus tá taithí fhairsing aici ar chúram sláinte agus ar rialáil ghairmiúil.



**Ms Anne Carrigy**

**Dáta Ceapacháin**
12 Márta 2021

**Tréimhse Oifige**
3 bliana

**Scileanna agus Taithí**
Bhí sí mar Stiúrthóir Altranais agus Ceann Gnóthaí Corparáideacha in Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae sular ceapadh ina Stiúrthóir ar Fhoireann Bainistíochta Teagmhais Thromchúiseach FnaSS í agus ina dhiaidh sin mar Cheannasaí Náisiúnta ar Sheirbhísí Ospidéil Ghéarmhíochaine. Bhí sí ar Bhoird agus ar Choistí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus bhí sí mar Uachtarán ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann agus Cónaidhm Eorpach na nGairmeacha Altranais.



**Mr Fergus Finlay**

**Dáta Ceapacháin**
28 Meitheamh 2019

**Tréimhse Oifige**
5 bliana

**Scileanna agus Taithí**
Ar scor óna phost mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Barnardos. Iarchomhairleoir Rialtais agus polaitíochta. Cathaoirleach Bhord Athnuachana Theach an Charnáin agus ball den Údarás Rialála Carthanas. Gníomhaí ar son daoine faoi mhíchumas ar feadh a shaoil.



**Mr Tim Hynes**

**Dáta Ceapacháin**
28 Meitheamh 2019

**Tréimhse Oifige**
3 bliana

**Scileanna agus Taithí**
Príomhoifigeach Faisnéise Ghrúpa Bhanc-Aontas Éireann. Tá Máistreacht aige i gCeannaireacht Feidhmiúcháin ó Ollscoil Uladh, tá sé cáilithe mar stiúrthóir bainc, agus tá sé mar Chomhalta de Chumann Ríomhaireachta na hÉireann.



**Mr Brendan Lenihan**

**Dáta Ceapacháin**
28 Meitheamh 2019

**Tréimhse Oifige**
5 bliana

**Scileanna agus Taithí**
Stiúrthóir Bainistíochta ar Navigo Consulting agus iar-Uachtarán ar Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Bhord Bhus Éireann. Ar Bhord Iontaobhaithe Good Shepherd, Corcaigh. Tá Dioplóma Gairmiúil i Rialachas Corparáideach aige ó Scoil Ghnó Smurfit de chuid Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus tá sé ina bhall d'Institiúid na Stiúrthóirí.



**An Dr Sarah McLoughlin**

**Dáta Ceapacháin**
28 Meitheamh 2019

**Tréimhse Oifige**
5 bliana

**Scileanna agus Taithí**
Abhcóide othar agus eolaí taighde sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath mar a mbíonn sí páirteach i dtionscnaimh othar, cliniciúla agus taighde i réimsí tras-ghalar in Éirinn. Céimí de chuid an chéad 'Chlár Oideachais Othar i Nuálaíocht Sláinte' in Éirinn de chuid Chlár na hÉireann um Eagraíochtaí Othar, Eolaíocht agus Tionscal.



**Mr Aogán Ó Fearghail**

**Dáta Ceapacháin**
28 Meitheamh 2019

**Tréimhse Oifige**
3 bliana

**Scileanna agus Taithí**
Teagascóir socrúcháin scoile in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael ó 2015 go 2018. Iar-phríomhoide scoile.



**An tOllamh Fergus O'Kelly**

**Dáta Ceapacháin**
28 Meitheamh 2019

**Tréimhse Oifige**
5 bliana

**Scileanna agus Taithí**
Dochtúir Teaghlaigh/lia teaghlaigh ar scor agus Ollamh Cliniciúil le Cleachtadh Ginearálta/Leigheas Teaghlaigh, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bhí a lán róil aige maidir le disciplín na míochaine teaghlaigh agus an chúraim phríomhúil a chur chun cinn agus tá baint aige le hoiliúint na nDochtúirí Teaghlaigh/ míochaine ó 1985, agus tá sé mar Stiúrthóir ar chlár FnaSS Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath le 18 bliain. Bhí sé mar uachtarán ar Choláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann (ICGP) (2015-2016) agus mar chomhalta de Bhord Rialúcháin ICGP (2014-2017.



**An Dr Yvonne Traynor**

**Dáta Ceapacháin**
28 Meitheamh 2019

**Tréimhse Oifige**
3 bliana

**Scileanna agus Taithí**
Leas-Uachtarán Ghnóthaí Rialacháin agus Eolaíochta le Kerry Group. Is Stiúrthóir Cairte í agus bhí sí mar Chathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíontachta Sheirbhís Fhuilaistriúcháin na hÉireann. Tá PhD sa Cheimic aici ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar aon le Dioplóma Deimhnithe sa Chuntasaíocht agus Airgeadas agus MSc i gCeannaireacht Feidhmiúcháin.



**Mr Brendan Whelan**

**Dáta Ceapacháin**
12 Márta 2021

**Tréimhse Oifige**
3 bliana

**Scileanna agus Taithí**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Fhorais Airgeadais Shóisialaigh. Cathaoirleach Chomhairle na hÉireann do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta. Cathaoirleach Chumann Naomh Caitríona, Cill Mhantáin agus Pátrún Scoil Speisialta Naomh Caitríona. Iarfheidhmeannach sinsearach i mBanc na hÉireann. Tá cáilíochtaí aige sa Tráchtáil agus sa Bhainistíocht agus tá sí mar Chomhalta d'Institiúid na mBancéirí in Éirinn.

# Comhaltaí na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin
## (ar an 31 Nollaig 2021)



**Mr Paul Reid**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Scileanna agus Taithí:** Is é Paul Reid Príomhoifigeach Feidhmiúcháin FnaSS. Roimhe seo, bhí sé i gceannas ar eagraíochtaí móra sna hearnálacha príobháideacha, neamhbhrabúis, rialtais láir agus áitiúla, ina measc Comhairle Contae Fhine Gall, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Trócaire agus Eir. Tá céim Mháistreachta aige i Riarachán Gnó ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus céim BA in Acmhainní Daonna agus Caidreamh Tionsclaíoch ó Choláiste Náisiúnta na hÉireann.



**Mr Mark Brennock**
Stiúrthóir Náisiúnta, Cumarsáid

**Scileanna agus Taithí:** Is é Mark Brennock an Stiúrthóir Náisiúnta Cumarsáide, a stiúrann forbairt agus bainistíocht cumarsáide FnaSS tugann sé comhairle agus tacaíocht chomhairliúcháin do bhaill foirne ar fud na heagraíochta. Bhí sé ina Stiúrthóir ar Ghnóthaí Poiblí le Murray, ceann de na gníomhaireachtaí cumarsáide is mó in Éirinn, agus chaith sé 23 bliain ag obair mar iriseoir leis an Irish Times, go príomha.



**An Dr Colm Henry**
Príomhoifigeach Cliniciúil

**Scileanna agus Taithí:** Is é an Dr Colm Henry Príomhoifigeach Cliniciúil FnaSS. Sular ceapadh ina Phríomhoifigeach Cliniciúil é, bhí sé ina Chomhairleoir Cliniciúil Náisiúnta agus ina Cheannaire ar Ghrúpa d'Ospidéil Ghéarmhíochaine FnaSS agus, roimhe sin, bhí sé ina Cheannaire Náisiúnta ar Chlár um Stiúrthóir Cliniciúil FnaSS. Ceapadh é ina gheiriatraí comhairleach in Ospidéal Ollscoile na Trócaire i gCorcaigh in 2002 agus bhí sé ina Stiúrthóir Cliniciúil san ospidéal ó 2009 go 2012.



**Ms Anne Marie Hoey**
Stiúrthóir Náisiúnta, Acmhainní Daonna

**Scileanna agus Taithí:** Is í Anne Marie Hoey an Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna FnaSS ó 2019. Tá os cionn 30 bliain de thaithí aici i seirbhísí sláinte na hÉireann, agus bhí roinnt róil bhainistíochta sinsearacha aici, sna hospidéil ghéarmhíochaine éagsúla, seirbhísí pobail agus an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil. Tá BSc sa Bhainistíocht aici chomh maith le Céim Mháistreachta i mBainistíocht na Seirbhíse Sláinte ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus is Comhalta den Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha í.



**Mr John Kelly**
Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha

**Scileanna agus Taithí:** Is é John Kelly Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha FnaSS. Is aturnae cáilithe é agus d'oibrigh sé do cheann de na gnólachtaí dlí is mó sa tír le speisialtóireacht sa dlí riaracháin phoiblí, dlí fostaíochta agus dlí um chúram sláinte. Sula ndeachaigh sé faoi oiliúint mar aturnae d'oibrigh sé mar bhainisteoir sinsearach cúram sláinte.



**Mr Damien McCallion**
Stiúrthóir Náisiúnta, Cláir Vacsaínithe agus Tástála agus Rianaithe agus Ard-Stiúrthóir Um Chomhoibriú agus Obair le Chéile (CAWT)

**Scileanna agus Taithí:** Is é Damien McCallion an Stiúrthóir Náisiúnta atá i gceannas ar fheidhmiú na gClár Vacsaínithe agus Tástála agus Rianaithe COVID-19 agus is é Ard-Stiúrthóir CAWT (Comhoibriú agus ag Obair le Chéile). Le linn a shaol oibre, bhí roinnt róil shinsearacha aige i réimsí éagsúla, ina measc, sa tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, TFC, Clár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte, Bainistíocht Éigeandála agus sa tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna, agus tá MSc aige. i mBainistíocht um Athrú agus Nuálaíocht.



**Mr Stephen Mulvany**
Príomhoifigeach Airgeadais

**Scileanna agus Taithí:** Is é Stephen Mulvany Príomhoifigeach Airgeadais FnaSS a bhfuil taithí fhairsing aige ar phleanáil airgeadais, ar phleanáil oibriúcháin agus ar sholáthar seirbhísí. Is cuntasóir cairte (FCCA) é agus bhain sé amach Dioplóma Iarchéime i dTeicneolaíocht Faisnéise do Bhainisteoirí, MSc i gCleachtas Bainistíochta, Teastas Institiúid na Stiúrthóirí agus Dioplóma i Stiúradh Comhlachtaí.



**Ms Anne O'Connor**
Príomhoifigeach Oibríochtaí

**Scileanna agus Taithí:** Is í Anne O'Connor Príomhoifigeach Oibríochtaí FnaSS, agus í i gceannas ar bhreis is 100,000 ball foirne a chuireann seirbhísí sláinte ar fáil sa phobal agus in ospidéil in Éirinn. Bhí sí i gceannas ar sheirbhísí sláinte in Éirinn ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Is teiripeoir saothair í agus tá MSc aici i dTeiripe Shaothair agus MSc i gCleachtas Bainistíochta.



**An Dr Geraldine Smith**
Stiúrthóir Náisiúnta, Iniúchóireacht Inmheánach

**Scileanna agus Taithí:** Is í an Dr Geraldine Smith Stiúrthóir Náisiúnta ar Iniúchóireacht Inmheánach FnaSS. Bíonn sí ina cathaoirleach freisin ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i roinn de chuid an rialtais. Is Comhalta de Chumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte agus Iniúchóir Inmheánach Cairte í. Tá PhD aici i Rialachas, Máistreacht i mBainistíocht Phoiblí agus Dioplóma Gairmiúil i Rialachas Corparáideach.



**Mr Dean Sullivan**
Príomhoifigeach Straitéise

**Scileanna agus Taithí:** Is é Dean Sullivan Príomhoifigeach Straitéise FnaSS. Tá 30 bliain caite aige ag obair san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, agus bhí róil shinsearacha i mBord Sláinte agus Cúraim Shóisialta Thuaisceart Éireann agus sa Roinn Sláinte, agus le PA Consulting agus Price Waterhouse. Is cuntasóir cáilithe é (CIPFA) agus tá Teastas agus Dioplóma ó Institiúid na Stiúrthóirí i Stiúradh Comhlachtaí aige chomh maith.



**Mr Fran Thompson**
Príomhoifigeach Faisnéise

**Scileanna agus Taithí:** Is é Fran Thompson Príomhoifigeach Faisnéise FnaSS a stiúrann an t-athrú digiteach i seirbhísí sláinte na hÉireann. Tá os cionn 25 bliain de thaithí cheannaireachta aige i ndáil le TFC sláinte agus bhí sé i gceannas ar réimse leathan de bhunathruithe digiteacha a chur i gcrích san earnáil sláinte.

# 4.2 Tuarascáil um Bainistiú Riosca

## Bainistiú Riosca

Díríonn FnaSS ar réamh-mheas agus laghdú a dhéanamh ar aon bhagairtí a chuirfeadh isteach ar sholáthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Dá bharr sin, is próiseas eagraíochtúil tábhachtach é rioscaí corparáideacha a bhainistiú agus déantar na rioscaí seo a thaifeadadh ar Chlár na Rioscaí Corparáideacha FnaSS. De bharr go ndéantar rioscaí a aimsiú agus ansin go ndéantar monatóireacht ar na rioscaí corparáideacha sin, bíonn Bord agus Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT) ábalta príomhrioscaí FnaSS a mheas agus a bhainistiú mar is cuí.

Tá freagracht iomlán ar an mBord as an gcreat bainistíochta riosca a fhaomhadh, as inghlacthacht riosca FnaSS a shocrú, agus as an bPlean Bainistíochta Riosca agus an Clár na Rioscaí Corparáideacha a fhaomhadh ar bhonn bliantúil. Tá sé freagrach freisin as athbhreithniú a dhéanamh ar thuairisciú bainistíochta maidir le bainistiú riosca agus as gníomhartha a nótáil agus/nó a cheadú, de réir mar is cuí.

## Ráiteas Inghlacthachta Riosca

I mí na Samhna 2021, rinne an Bord an Ráiteas Inghlacthachta Riosca FnaSS a fhaomhadh. Sonraíonn an Ráiteas Inghlacthachta an spriocleibhéal riosca a bhfuil FnaSS sásta glacadh leis agus leagtar síos paraiméadair spriocleibhéal an riosca sin chun cuspóirí straitéiseacha FnaSS a bhaint amach.

Braitheann inghlacthacht FnaSS ar an gcineál riosca atá i gceist. Mar shampla táimid 'oscailte' maidir le gach rogha a mheas nuair is mó an seans go ndéanfadh na rioscaí féideartha níos mó sochair ná dochair, mar shampla, i réimse na teicneolaíochta. Bíonn drogall orainn, áfach, rioscaí a ghlacadh i réimsí eile, mar shampla, le sábháilteacht othar nó nuair a d'fhéadfaí cur isteach ar chórais nó ar phróisis riachtanacha.

## Clár na Rioscaí Corparáideacha

Sanntar gach ceann de na rioscaí ar Chlár na Rioscaí Corparáideacha do bhall den FBF (EMT) mar 'úinéir' an riosca sin agus cuireann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) gach ceann de na rioscaí faoi chúram ceann amháin de cheithre choiste de chuid an Bhoird. Déanann Coistí Boird maoirseacht ar bhainistiú na rioscaí a shanntar dóibh agus déanann siad athbhreithniú ar na rioscaí sin agus ar na pleananna gníomhaíochta a bhaineann leo, i gcomhar le comhaltaí ábhartha an FBF.

I mí na Samhna 2021, rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar Chlár na Rioscaí Corparáideacha FnaSS. Tá achoimre air sna táblaí thíos. Tacaíonn an CIR (ARC) agus Coistí Boird eile leis an mBord mar tuairiscíonn siad torthaí a n-athbhreithnithe riosca don Bhord. Faigheann an CIR tuarascálacha rialta freisin ar bhainistíocht riosca ó na hiniúchóirí inmheánacha agus seiceálann an coiste seo an dul chun cinn atá déanta i ndáil le pleananna gníomhaíochta comhaontaithe maidir le rioscaí aimsithe a bhainistiú.

Déanann FnaSS measúnú ar Chlár na Rioscaí Corparáideacha agus ar thuarascálacha riosca agus iad ag réiteach an Phlean Chorparáidigh, an Phlean Seirbhíse Náisiúnta (PSN) agus an Bhuiséid Bhliantúil. Díríonn an próiseas bainistíochta riosca ar a chinntiú go ndéantar príomhrioscaí a shainaithint, a chur in ord tosaíochta, a bhainistiú, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh i leith na rioscaí seo agus iad a thuairisciú go rialta ag an leibhéal náisiúnta. Déanann an FBF (EMT) athbhreithniú ar Rioscaí Corparáideacha agus déantar iad a phlé leis an mBord agus le CIR. Déanann an FBF athbhreithniú ar na Rioscaí Corparáideacha go léir agus na pleananna gníomhaíochta a bhaineann leo mar chuid de phróiseas athbhreithnithe míosúil nó ráithiúil, ag brath ar an gcineál riosca atá i gceist.

## Rioscaí Corparáideacha i 2021

Tá 27 riosca ar Chlár na Rioscaí Corparáideacha faoi láthair. Seo a leanas roint de na príomh-athruithe ar phróifíl na Rioscaí i 2021:

- Tá tionchar ag COVID-19 go fóill ar gach réimse den tsochaí agus den tseirbhís sláinte. Cé gur mhéadaigh líon na gcásanna i 2021, ag tús na bliana agus arís ní ba dhéanaí sa bhliain, tháinig laghdú mór ar an mbaol go mbeadh daoine go dona tinn nó go bhfaigheadh daoine bás de bharr an víris mar gheall ar fheidhmiú an chláir vacsaínithe. Léirítear an laghdú riosca seo freisin i seirbhísí cúraim chónaithe fhadtéarmaigh, ar cuireadh isteach go mór orthu nuair a thosaigh an phaindéim ar dtús. Tá laghdú tagtha freisin ar na rioscaí a bhaineann le soláthairtí ríthábhachtacha paindéime, ina measc, TCP.
- I mí na Bealtaine 2021, tháinig ceann de phríomhrioscaí corparáideacha FnaSS, riosca cibirionsaí, chun tosaigh. Chuir an t-ionsaí seo isteach go mór ar an líonra sláinte ar fad, agus ina dhiaidh cuireadh isteach go mór ar sholáthar seirbhísí. Mar chuid den phróiseas rioscaí iomlán, coimisiúnaíodh Athbhreithniú Iar-Theagmhais Neamhspleách. San athbhreithniú seo, rinneadh sraith moltaí chun feabhas a chur ar bhainistiú cibir-riosca i láthair na huaire agus sa todhchaí. De bharr thaithí FnaSS le linn an chibirionsaithe, mar aon le bagairtí breise cibearshlándála go hidirnáisiúnta, ardaíodh an rátáil riosca maidir le cibearshlándáil i 2021.
- Cé go bhfuil roinnt rioscaí a bhaineann leis an mBreatimeacht ann i gcónaí, tháinig laghdú ar an bpróifíl riosca iomlán, i 2021.

## An Próiseas maidir le Bainistíocht Riosca a Fheabhsú


Cuireadh athbhreithniú a choimisiúnaigh an Bord/FBF ar phróisis bhainistíochta riosca corparáidí FnaSS i gcrích i mí Eanáir 2021. Glacadh leis san athbhreithniú go raibh a lán réimsí dea-chleachtais i bhfeidhm i bhFSS. Rinneadh sraith moltaí san athbhreithniú chomh maith chun an próiseas bainistíochta riosca iomlán atá á chur i bhfeidhm faoi láthair a fheabhsú.

I mí na Samhna 2021, rinne Bord FnaSS an moladh maidir le Príomhoifigeach Riosca a cheapadh, a fhaomhadh.

### Réimsí Riosca

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Tástáil agus rianú teagmhálaithe comhtháite COVID-19 | 15 | Seirbhísí Scágthástála |
| 2 | Athbhunú ghníomhaíochtaí lárnacha na seirbhíse sláinte agus acmhainneacht a choimeád maidir le riosca borrtha COVID-19 | 16 | Comhlíonadh Rialála |
| 3 | Suíomhanna cúraim chónaithe fhadtéarmaigh COVID-19 | 17 | Clú na heagraíochta |
| 4 | Soláthairtí agus trealamh riachtanach COVID-19, TCP (PPE), san áireamh | 18 | Forbairt agus feidhmiú beartas agus reachtaíochta |
| 5 | Acmhainní a chur ar fáil ar mhaithe le hacmhainneacht agus foirne sláinte poiblí | 19 | Sábháilteacht, sláinte agus folláine na foirne |
| 6 | Maoiniú na Seirbhíse Sláinte | 20 | Bainistiú feidhmíochta agus freagracht gach duine ar leith |
| 7 | Cumraíocht Reatha na n-ospidéal | 21 | *Cumaiscthe le Cibear Riosca 13 i rith 2021* |
| 8 | Acmhainn agus rochtain sna seirbhísí pobail agus géarchúraim ar fad | 22 | Córas Rialaithe Inmheánach |
| 9 | Ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte/COVID-19 agus frithsheasmhacht ábhar fhrithmhiocróbach | 23 | Bainstíocht leanúnachais gnó |
| 10 | Fórsa Oibre agus Earcaíocht | 24 | Tionscadal Ospidéal nua na Leanaí |
| 11 | Seirbhísí Míchumais | 25 | Gníomhaireachtaí arna maoiniú ag FnaSS |
| 12 | Bonneagar caipitil agus trealamh riachtanach | 26 | I ndiaidh an Bhreatimeachta |
| 13 | Cibearshlándáil agus córais agus bonneagar TFC | 27 | Clár Vacsaínithe COVID-19 |
| 14 | Athrú agus trasfhoirmiú a chur i bhfeidhm, athrú cultúir san áireamh | 28 | Rialachas maidir le Tithe Altranais Phríobháideacha |

### Teasléaráid




↑ Riosca ag méadú ↔ Leibhéal Riosca mar an gcéanna ↓ Riosca ag laghdú **N** Riosca breise i rith 2021

Nóta: Léiríonn an teasléaráid athruithe ar Chlár na Rioscaí Corparáideacha maidir le rátáil rioscaí sa tríú ráithe (Q3) de 2021, i gcomparáid leis an ceathrú ráithe (Q4) de 2020

| # | Réimsí Riosca | Príomhrialuithe agus Gníomhartha Maolaithe | Stádas |
|---|---|---|---|
| 1 | Tástáil agus Rianú Teagmhála comhtháite COVID-19 | • Tá an acmhainn ann chun 30,000 (25,000 tástáil phobail agus 5,000 tástáil ghéarmhíochaine) in aghaidh an lae a chur ar fáil le haga slánúcháin trí lá<br>• Forbraíodh tairseach féin-atreoraithe ar líne chun rochtain áisiúil ar thástáil do COVID-19 a éascú dóibh siúd nach raibh comharthaí tinnis orthu<br>• Cuireadh clár píolótach antaiginí luathbhlianta agus do mhic léinn tríú leibhéal, i gcrích<br>• Bhí pleanáil ar siúl d'acmhainne leanúnach mar aon le pleanáil do mhéadú cásanna den víreas chun an tseirbhís a oiriúnú, ionas go mbeadh sí ábalta dul i ngleic le méadú ar líon na gcásanna ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla<br>• Rinneadh roinnt feabhsuithe breise maidir leis an gclár um bainistiú teagmhála chun cumarsáid a fheabhsú le daoine a raibh an galar tolgtha acu agus le gartheagmhálaithe<br>• Forbraíodh Straitéis Aistrithe ar bhonn céimneach don fheidhm thástála agus rianaithe de réir bheartas an Rialtais agus straitéis FnaSS | |
| 2 | Atosú ghníomhaíochtaí lárnacha na seirbhíse sláinte agus acmhainneacht a choimeád chun dul i ngleic le riosca borrtha COVID-19 | • Forbraíodh acmhainn bhreise mar atá leagtha amach sa Phlean Geimhridh agus sa PSN 2021 chun tacú le leibhéil áitíochta íslithe a bheadh riachtanach sa chás go dtiocfadh méadú mór ar chásanna den víreas<br>• De bharr teileashláinte, laghdaíodh líon na dteagmhálaithe i láithreacha cúram sláinte<br>• Socruithe an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála CNCC (NTPF)/ Ospidéil Phríobháideacha, curtha i bhfeidhm<br>• Forbraíodh treoir chliniciúil maidir le atosú na seirbhísí géarchúraim, ina measc, seirbhísí máinliachta sceidealaithe, cúram neamhsceidealaithe géarmhíochaine agus seirbhísí othar seachtrach | |
| 3 | Suíomhanna cúraim chónaithe fhadtéarmaigh COVID-19 | • Bunaíodh Foirne Freagartha COVID-19 sna hEagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail (ECSP)<br>• Clár vacsaínithe chun teanndáileog COVID-19 a dháileadh curtha i bhfeidhm chun tús áite a thabhairt do chúram cónaithe<br>• Bunaíodh Grúpa Monatóireachta Náisiúnta COVID-19 do chúram cónaithe<br>• Bhí na saoráidí ag FnaSS chun spás a chur ar fáil le hothair sna hionaid seo a aonrú, agus cuireadh pleananna ullmhachta i bhfeidhm | |
| 4 | Soláthairtí agus trealamh riachtanach COVID-19, TCP (PPE), san áireamh | • Forbraíodh samhail réamhaisnéise maidir le TCP de réir áirimh a fuarthas ó ionchuir éagsúla, agus de réir threoir chliniciúil, agus rinneadh an stoc náisiúnta TCP a ordú bunaithe ar na nithe sin. Ordaíodh TCP ó mhargaí baile agus idirnáisiúnta araon agus rinneadh é a chur ar fáil do gach ionad cúram sláinte in Éirinn<br>• In 2021, daingníodh comhaontuithe soláthair le déantóirí as Éirinn, go príomha, le haghaidh stoc breise a chur ar fáil, de réir mar ba ghá<br>• Cuireadh iniúchadh neamhspleách, maidir leis na córais agus na rialuithe, a bhain le foinsiú, bainistiú agus úsáid TCP, i gcrích<br>• Rinneadh measúnú ar úsáid/ceisteanna a bhain le TCP i gcomparáid le treoir chliniciúil maidir le leibhéil stoic | |
| 5 | Acmhainneacht sláinte | • Faomhadh an plean agus an maoiniú chun acmhainn um chosc agus rialú ionfhabhtaithe (IPC) a mhéadú<br>• Tháinig an Grúpa um Rialachas Sláinte Poiblí le chéile gach dhá mhí chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn an phlean forfheidhmithe acmhainní paindéime<br>• Forbraíodh dearadh mionsonraithe i ndáil leis an tsamhail seachadta seirbhíse don todhchaí chun feidhm inbhuanaithe sláinte poiblí a chinntiú. Rinneadh obair ar an bplean don fhórsa oibre, ar an bplean um bainistiú athruithe agus ar an bplean forfheidhmithe<br>• Léirigh an togra sláinte poiblí, ar ghlac Bord FnaSS leis, go rabhthas ag bogadh go céim ina mbeadh an bhéim ar laghdú díobháil agus maolú seachas díreach srian a chur ar an víreas mar a bhíothas a dhéanamh go dtí seo. Glacadh leis seo de bharr líon na gcásanna a bheith ag laghdú<br>• Cabhróidh feidhmiú chlár vacsaínithe COVID-19 i measc an daonra le cosaint a thabhairt do dhaoine leochaileacha | |

| # | Réimsí Riosca | Príomhrialuithe agus Gníomhartha Maolaithe | Stádas |
|---|---|---|---|
| 6 | Maoiniú na Seirbhíse Sláinte | • Bhí príomhbheartais agus cleachtais tuairiscithe airgeadais i bhfeidhm, m.sh feidhmíocht i gcoinne an bhuiséid, plean seirbhíse agus réamh-mheastacháin<br>• Bunaíodh creat um chóid chostais COVID-19 chun rianú cuí a dhéanamh ar chostas<br>• Nuashonruithe agus tuairisciú rialta idir FnaSS agus an Roinn Sláinte maidir le héilimh, maoiniú agus aon fhadhbanna breise a thagann chun cinn<br>• Idirchaidreamh rialta leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, FnaSS agus an Roinn Sláinte chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal na n-éileamh |  |
| 7 | Cumraíocht Reatha na n-ospidéal | • Tá forbairt á déanamh ar líonraí cliniciúla go leanúnach i gcás seirbhísí ar leith m.sh. cúram éigeandála, cúram ailse, seirbhísí máithreachais agus naíonán, tráma srl.<br>• Leapacha breise géarchúraim agus cúraim chriticiúil á gcur ar fáil i gcomhthéacs na ngníomhartha a rinneadh chun dul i ngleic le dúshláin COVID-19<br>• Rinneadh na ceapacháin seo:<br>- Grúp-Stiúrthóirí Cliniciúla, Grúp-Stiúrthóirí Altranais agus Cnáimhseachais agus Príomhfheidhmeannaigh<br>- Ceannasaithe cliniciúla i ngach ceann de na príomhspeisialtachtaí<br>• Prótacail agus seach-chonair i bhfeidhm i gcás tráma agus seirbhísí ortaipéideacha<br>• Tá deighilt seirbhísí cúraim sceidealaithe agus neamhsceidealaithe ar siúl ar bhonn leanúnach chun acmhainn agus rochtain a fheabhsú<br>• Tá clár forfheidhmithe do sheirbhísí bhreisithe pobail agus tá athdhearadh cúraim ospidéil ar siúl an t-am ar fad nasctha le Plean na Paindéime, an Plean Corparáideach agus *Sláintecare* |  |
| 8 | Rochtain, Acmhainn agus éileamh | • PSN 2021 (an Plean Geimhridh san áireamh ann) – clár athchóirithe an chórais iomláin, infheistíocht i bhfoireann bhreise, i seirbhísí agus i mbonneagar, ina measc:<br>- Acmhainn bhreise leapacha géarchúraim, leapacha dianchúraim, san áireamh, pacáistí cúram baile, leapacha le haghaidh cúraim idirmheánach, forbairt samhlacha cúraim<br>- Naoi bhFoireann Bainistithe Géarchéime Ceantair i bhfeidhm<br>- Cuireadh tús le pleananna comhaontaithe cúig bliana chun príomhthosaíochtaí maidir le trasfhoirmiú a chur i gcrích<br>- Barrfheabhais maidir leis an CNCC (NTPF) chun tacú le diagnóisic bhreise do chúram príomhúil<br>- Clár Acmhainne agus Rochtana *Sláintecare* |  |
| 9 | Ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte (HCAI)/ COVID-19 agus frithsheasmhacht ábhar fhrithmhiocróbach (AMR) | • Grúpaí oibre maoirseachta agus feidhmiúcháin/rialachais FnaSS i bhfeidhm. Socruithe faireachais i bhfeidhm<br>• Tacaíocht/treoir theicniúil (foilsíodh 181 treoircháipéis bhreise maidir le frithsheasmhacht ábhar frithmhiocróbach agus rialú ionfhabhtuithe (AMRIC) i mí Eanáir 2021)<br>• Seirbhísí saotharlainne tagartha micribhitheolaíochta maidir le roinnt pataiginí, i roinnt suíomhanna éagsúla<br>• Mionchlár caipitil HCAI i bhfeidhm i seirbhísí géarmhíochaine agus Mionchlár pobail caipitil IPC comhaontaithe<br>• Creat dlíthiúil do ghalair infhógartha, galair thógálacha agus ráigeanna de ghalair<br>• Clár oideachais curtha ar fáil, ina measc, físeáin, seimineáir ghréasáin agus treoircháipéisí<br>• Tá soláthar maidir le córas do bhainistiú faisnéise IPC ar siúl |  |

| # | Réimsí Riosca | Príomhrialuithe agus Gníomhartha Maolaithe | Stádas |
|---|---|---|---|
| 10 | Fórsa Oibre agus Earcaíocht | • Straitéis phleanála i bhfeidhm i dtaca le líon an lucht oibre agus dréachtstraitéis maidir le hÉilimh Dochtúirí Comhairleacha agus Speisialtóirí Míochaine go dtí 2028 agus an Acmhainn Oiliúna chun Freastal ar seo<br>• Bhí an Roinn Sláinte/FnaSS ag obair le gníomhaireachtaí seachtracha chun comhaontuithe comhroinnte maidir le sonraí faoi líon an lucht oibre a fhorbairt – m.sh. Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann/earnáil an oideachais<br>• Chuir creataí gníomhaireachta atá i bhfeidhm le líon na bhfoirne cliniciúla<br>• Forbairt agus infheistíocht déanta i samhail straitéiseach maidir le réamh-mheastacháin ar líon an lucht oibre agus i gcomhairle leis an Roinn Sláinte agus leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta<br>• Ullmhaíodh plean uileghabhálach maidir le líon an lucht oibre a thugann cuntas ar líon foirne reatha a theastaíonn, chomh maith le réamh-mheas a dhéanamh faoin líon foirne a bheidh ag teastáil sa todhchaí agus ar ath-imlonnú foirne chuig seirbhísí COVID-19 a bheidh ag leanacht ar aghaidh sna seirbhísí sin san fhadtéarma.<br>• Breathnaíodh ar shamhail oibriúcháin earcaíochta hibrideach agus rinne an tÚdarás Deartha í a fhaomhadh agus cuireadh isteach ar mhaoiniú leis an tsamhail a chur i bhfeidhm mar chuid de PSN 2022<br>• Tá feidhmiú na *Straitéise Daoine 2019-2024* ar siúl<br>• Tá córas i bhfeidhm chun monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar líon na ndochtúirí comhairleacha nach bhfuil cláraithe ar rannán na speisialtóirí den chlár leighis | |
| 11 | Seirbhísí Míchumais | • Faoin gcreat beartas náisiúnta, feidhmíonn coistí socrúcháin cónaithe ag leibhéal ESP (CHO) chun triáiseáil agus riosca a bhainistiú maidir le liostaí feithimh agus atreoruithe nua<br>• Cuireann an fhoireann oibríochtaí míchumais náisiúnta agus ESP tacaíocht ar fáil do sholáthraithe seirbhíse atá ag obair faoi bhrú chun oibríochtaí laethúla a chobhsú agus leanúnachas seirbhíse a chinntiú. Is éard atá i gceist anseo ná tacaíochtaí le gairmithe breise a fháil, tionscnaimh chun acmhainn/seirbhís a fheabhsú chomh maith le tacaíochtaí sainithe airgeadais chun dóthain leachtachta airgid oibriúcháin a chinntiú<br>• Tá fóram soláthraithe ann leis na scátheagraíochtaí chun cur ar a gcumas seirbhísí sábháilte a chur ar fáil arís, ina measc measúnuithe acmhainne agus riosca<br>• Tá fóram comhairleach reatha i bhfeidhm ag an FnaSS ar a bhfuil ionadaíocht ag príomhpháirtithe leasmhara, ina measc:<br>- Cónaidhm na gComhlachtaí Deonacha<br>- Cónaidhm na hÉireann um Míchumas<br>- Ionchuimsiú Éireann<br>- An tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta<br>- Eagraíochtaí Seachbhrabúsacha<br>• Ullmhaíodh pleananna chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas filleadh ar sheirbhísí lae, ar ghairm bheatha nó ar oideachas<br>• Tá uirlis mheasúnaithe aonair á húsáid de réir a chéile chun seirbhís éifeachtach, trédhearcach agus chothrom a chur ar fáil | |
| 12 | Bonneagar caipitil agus trealamh riachtanach | • Tá tús áite tugtha do mhaoiniú caipitil chun dul i ngleic le:<br>- Riosca bonneagair agus cliniciúil<br>- An Clár Athsholáthar Trealaimh<br>• Tá cláir chothabhála coisctheacha i bhfeidhm i gcás gach bonneagar agus trealamh riachtanach<br>• Tá foirgnimh agus inneachair FnaSS clúdaithe faoi árachas cuí maidir le luach athsholáthair<br>• Tá athbhreithniú déanta ar an bPlean Caipitil lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht le Plean Corparáideach FnaSS agus leis an PSN<br>• Tá measúnú riosca maidir le moilleadóireacht i seachadadh Phlean Caipitil FnaSS do mhórthionscadail ar siúl | |

| # | Réimsí Riosca | Príomhrialuithe agus Gníomhartha Maolaithe | Stádas |
|---|---|---|---|
| 13 | Cibearshlándáil agus córais agus bonneagar TFC | • Plean Feabhsúcháin um Rialú Slándála Néalríomhaireachta i bhfeidhm, bainistíocht aitheantais agus rochtana, cosaint faisnéise, cosaint i gcoinne bagairtí agus cosaint slándála, san áireamh<br>• Uirlisí cianrochtana slána i bhfeidhm, ag baint úsáide as bogearraí cianrochtana slán do gach soláthraí chun bagairtí a mhaolú agus chun sáruithe a d'fhéadfadh a theacht chun cinn a aithint<br>• Modh fíordheimhnithe i gcomhair líonraí príobháideacha fíorúla (VPN), bunaithe ar dheimhniú, i bhfeidhm maidir le gach gléas de chuid FnaSS<br>• Foireann bainistíochta teagmhais chriticiúla TFC agus beartas tacaíochta i bhfeidhm<br>• Táirgí cosanta cibearshlándála i bhfeidhm agus uasdátaithe ar bhonn leanúnach<br>• Rinneadh uasdátú ar a lán suíomhanna gréasáin ó na seanleaganacha go ciorcaid nua agus táthar ag leanacht leis an obair seo; Táthar ag leanúint ar aghaidh ag obair ag aistriú an phríomhláithreáin líonra go leagan nua den líonra le hacmhainn níos fearr |  |
| 14 | Athrú agus claochlú a chur i bhfeidhm, athrú cultúir san áireamh | • Cuireadh na hacmhainní atá riachtanach chun tacú le seachadadh na dtosaíochtaí claochlaithe ar fáil sa Phlean Paindéime/Geimhridh agus sa phróiseas Meastacháin PSN.<br>• Tá forbairt na Straitéise Nuálaíochta Cúram Sláinte FnaSS ar siúl i gcónaí<br>• Tá struchtúir agus próisis chuí bunaithe chun príomhchláir bhunathraithe a thabhairt chun cinn. Cuirtear tuarascálacha míosúla ar fáil don FBF agus don Bhord i Scórchárta Straitéiseach an Bhoird<br>• Tá sruth oibre ríomhShláinte bunaithe mar chuid de na socruithe chun an Plean Paindéime/Geimhridh a chur i bhfeidhm |  |
| 15 | Seirbhísí Scágthástála | • Tá conradh saotharlainne i bhfeidhm go dtí lár 2022 agus tá Comhbhord curtha ar bun chun maoirsiú a dhéanamh ar bhunú na Saotharlainne Náisiúnta Scagthástála Ceirbheacs nua<br>• Tástáil HPV curtha i bhfeidhm<br>• Tá moltaí *Thuarascálacha Eatramhacha Ailse 2020 an Ghrúpa Tagartha* á gcur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach<br>• Tá straitéis chumarsáide agus faisnéise ullmhaithe don fhoireann, d'úsáideoirí na seirbhísí, do sholáthraithe seirbhíse agus do pháirtithe leasmhara eile agus déantar uasdátú ar an straitéis go rialta |  |
| 16 | Comhlíonadh Rialála | • Cód Rialachais agus an Creat Feidhmíochta agus Cuntasachta<br>• Tá athbhreithniú ar siúl i gcónaí ar an staid maidir le forbairt agus feidhmiú phleananna caipitil ar fud FnaSS go léir agus cuireadh san áireamh iad seo i bpleananna gníomhaíochta ceartaitheacha agus coisctheacha a cuireadh faoi bhráid na rialtóirí feidhme um iniúchóireacht inmheánach agus feidhm um chúram sláinte<br>• Cigireachtaí rialála déanta ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS), an Coimisiún Meabhairshláinte (MHC) agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) srl. chomh maith le tuairisciú gach ráithe ar chomhlíontacht<br>• Tá próiseas maidir le sonraí a roinnt le ÚFCS agus leis an gCoimisiún Meabhairshláinte i bhfeidhm le fada<br>• Cuireadh athbhreithniú náisiúnta ar shábháilteacht ó dhóiteán in ionaid shainithe i gcrích, chomh maith le pleananna i gcomhair beart leasúcháin |  |

| # | Réimsí Riosca | Príomhrialuithe agus Gníomhartha Maolaithe | Stádas |
|---|---|---|---|
| 17 | Clú na heagraíochta | • Tá cur chuige maidir le hIontaobhas agus Muinín a chothú i bhFnaSS á fhorbairt<br>• Feachtais chomhtháite cumarsáide sláinte poiblí maidir leis an gclár vacsaínithe agus COVID-19<br>• Seirbhís mhonatóireachta láidir agus cuimsitheach le roinnt soláthraithe chun cuidiú le heolas a chur ar fáil do na straitéisí maolaithe agus cumarsáide<br>• Acmhainn breisithe HSELive (seirbhís faisnéise poiblí agus fógartha il-ardáin FnaSS)<br>• Feidhm chumarsáide náisiúnta agus preasoifig againn<br>• Foireann agus gníomhaíochtaí cumarsáide inmheánacha feabhsaithe |  |
| 18 | Forbairt agus feidhmiú beartas agus reachtaíochta | • Tá roinnt próiseas rialta ann maidir le rannpháirtíocht fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil idir an Roinn Sláinte agus FnaSS, agus bíonn deiseanna ar fáil chun mórbheartais náisiúnta agus reachtaíocht nua atá ag teacht chun cinn a phlé chomh luath agus is féidir.<br>• Cuireadh comhaontú maoirsithe idir Bord FnaSS agus an Roinn Sláinte i gcrích chun ionchais agus na socruithe rannpháirtíochta idir an RS agus FnaSS a chur ar bhonn foirmiúil |  |
| 19 | Sábháilteacht, sláinte agus folláine na foirne | • San áireamh sna socruithe rialachais de chuid an Aonaid Náisiúnta Sláinte agus Folláine san Áit Oibre (WHWU), tá na nithe seo a leanas, sláinte agus sábháilteacht, Clár Cúnaimh d'Fhostaithe, athshlánú, sláinte cheirde agus sláinte eagraíochtúil. Tá leasú déanta ar théarmaí na rannpháirtíochta chun díriú ar fhreagairt straitéiseach i bhfianaise na ndúshlán a bhain le COVID-19<br>• Mearbhainistiú ráigeanna do COVID-19 i measc oibrithe túslíne<br>• Vacsaíní COVID-19 a dháileadh i measc oibrithe cúram sláinte túslíne agus foirne tacaíochta<br>• Cláir oiliúna sonracha sláinte agus sábháilteachta maidir le COVID-19 curtha ar fáil<br>• Uirlis mhonatóireachta forbartha i gcomhair threoirlínte um fhilleadh ar an obair<br>• Faomhadh an togra maidir le plean an lucht oibre don Rannán Sláinte agus Folláine san Áit Oibre (RSFÁO) agus socruithe rialachais nua, ina measc, rochtain ar sheirbhísí sláinte cheirde tríd an bpróiseas Pleanála Geimhridh<br>• Athbhreithníodh go seachtainiúil sonraí FnaSS maidir le cásanna COVID-19 i measc na foirne agus rinneadh anailís orthu le treochtaí a aimsiú<br>• Tá soláthar an tionscadail náisiúnta bogearraí sláinte cheirde chun an clár bogearraí náisiúnta a chur i bhfeidhm ag dul ar aghaidh an t-am ar fad<br>• Tá córas dearbhaithe cáilíochta i gcomhair fhéin-iniúchta curtha i gcrích<br>• Tá an fhreagracht reachtúil as seirbhísí meabhairshláinte fostaithe tugtha don Aonad Sláinte agus Folláine san Áit Oibre WHWU, a fheidhmíonn rialachas maidir le tacaíochtaí meabhairshláinte d'fhostaithe |  |
| 20 | Bainistíocht feidhmíochta agus freagracht gach duine ar leith | • Próiseas maidir le gnóthachtáil feidhmíochta sainithe agus aontaithe le cumainn ionadaíocha foirne<br>• Sraith príomhtháscairí feidhmíochta (KPIs) forbartha chun éifeachtacht an phróisis a chinntiú<br>• An fhoireann curtha ar an eolas maidir le Riachtanais, treoir agus oiliúint<br>• Seoladh próiseas forfheidhmithe gnóthachtála feidhmíochta i dteachtaireacht físe<br>• Próiseas maidir le monatóireacht agus tuairisciú don FBF curtha i bhfeidhm |  |

| # | Réimsí Riosca | Príomhrialuithe agus Gníomhartha Maolaithe | Stádas |
|---|---|---|---|
| 21 | *Cumaiscthe le Cibear Riosca 13 i rith 2021* | | |
| 22 | Córas rialaithe inmheánach | • Príomhtháscairí Feidhmíochta PSN agus monatóireacht maidir le feidhmíocht<br>• Athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh FnaSS<br>• Iniúchadh bliantúil agus litir bhainistíochta an ARC&C (C&AG)<br>• Beartas bainistíochta riosca comhtháite<br>• Tuairiscí agus aiseolas ar chigireachtaí rialála (HIQA, MHC, HSA srl.).<br>• Feidhmeanna um iniúchóireacht inmheánach agus cúram sláinte<br>• Mar chuid d'fhorbairt clár feabhsaithe um chreat rialaithe níos fadtéarmaí ('plean rialuithe') sainaithníodh creat(aí) ábhartha chun measúnú ag ardleibhéal a dhéanamh maidir le stádas aibíochta reatha FnaSS, agus glacadh sampla de sholáthraithe, ina measc, rinneadh measúnú i leith comhréire idir cinntí straitéise, bainistíocht riosca agus cinnteoireacht maidir le tosaíochtaí<br>• Tá staidéar agus pleanáil mhionsonraithe curtha i gcrích maidir le roinnt tionscnamh rialaithe inmheánaigh, ina measc, tionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar Rialacháin Airgeadais Náisiúnta, mapáil maidir le dearbhú FnaSS agus athbhunú an Ghrúpa Dearbhaithe um Rialú Airgeadais |  |
| 23 | Bainstíocht leanúnachais gnó | • Próiseas caidrimh idir an bhainistíocht náisiúnta agus réigiúnach agus ceardchumainn agus coistí stailce<br>• Laghdú agus críoch á gcur le seirbhísí neamhriachtanacha de réir a chéile<br>• Foirne Bainistíochta Géarchéime Náisiúnta agus Ceantair i bhfeidhm<br>• Próiseas ullmhachta oibriúcháin COVID-19 i bhfeidhm<br>• Rannpháirtíocht struchtúrtha bhreisithe le páirtithe leasmhara<br>• Tá stádas reatha na bpleananna leanúnachais gnó ag leibhéal seirbhíse á dheimhniú<br>• Tá athbhreithniú ar an gcreat bainistíochta éigeandála ar siúl, i bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh de bharr COVID-19 |  |
| 24 | Tionscadal Ospidéal nua na Leanaí | • Bunaíodh Bord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Phéidiatraicigh agus Sláinte Leanaí (CHI) ar bhonn reachtúil le príomhfhreagrachtaí maidir le tógáil an ospidéil agus é a thabhairt chun feidhme<br>• Tá struchtúir thionscadail agus chláir nua ospidéil na leanaí i bhfeidhm agus tá creat rialachais don tionscadal á sholáthar acu<br>• Tá comhphróiseas maidir le bainistiú riosca forbartha ag Bord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Phéidiatraicigh agus CHI a thagann lena bhfreagrachtaí reachtúla agus coimeádann siad clár rioscaí comhtháite maidir leis an tionscadal agus leis an gclár |  |
| 25 | Gníomhaireachtaí arna maoiniú ag FnaSS | • Feidhmiú an Chreata Feidhmíochta agus Cuntasachta, m.sh. cruinnithe bainistíochta le soláthraithe faoin gcomhaontú agus monatóireacht ar shocruithe seirbhíse<br>• Rannpháirtíocht le soláthraithe maidir le pleanáil, forbairt agus seachadadh seirbhísí<br>• Socruithe seirbhíse le soláthraithe i bhfeidhm agus sínithe<br>• Tá athbhreithniú ar Chreat Rialachais FnaSS do ghníomhaireachtaí atá á maoiniú ag an bhfeidhmeannacht, athbhreithniú ar chonarthaí socruithe seirbhíse, ar siúl an t-am ar fad |  |

| # | Réimsí Riosca | Príomhrialuithe agus Gníomhartha Maolaithe | Stádas |
|---|---|---|---|
| 26 | I ndiaidh an Bhreatimeachta | • Ullmhaíodh plean faisnéise agus cumarsáide i gcomhar leis an Roinn Sláinte, sa tréimhse ó mhí na Nollag 2020 go mí Feabhra 2021 ag díriú ar sholáthraithe seirbhíse agus ar an bpobal<br>• Tá earcú foirne breise le haghaidh saoráidí cumaisc curtha i gcrích, chun seasmhacht bhreise a fhorbairt maidir leis na saoráidí seo in Éirinn<br>• Críochnaíodh measúnuithe riosca do gach sruth oibre tosaíochta agus ullmhaíodh plean oibre/loga gníomhaíochta mionsonraithe don Bhreatimeacht. Tá siad seo á n-uasdátú chun tionchar COVID-19 a chur san áireamh<br>• Tá Plean Práinnfhreagartha an Bhreatimeachta i bhfeidhm i gcás ghníomhaireachtaí eile san earnáil sláinte, chun tionchar an Bhreatimeachta a mhaolú, agus déantar cruinnithe a sceidealú mar is gá, má thagann ceisteanna práinneacha chun cinn<br>• Tá Meabhrán Tuisceana (MoU) sínithe idir an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS) agus Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann<br>• Déanann Oifig Cosanta Sonraí FnaSS athbhreithniú bliantúil ar chóras feidhmithe na gComhaontuithe Leordhóthanachta Sonraí | |
| 27 | Clár Vacsaínithe COVID-19 | • Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh i bhfeidhm<br>• Ceannasaí FnaSS don chlár ceaptha<br>• Tá Grúpa Forfheidhmithe um Imdhíonadh FnaSS, OBC (PMO), agus sruthanna oibre gaolmhara (slabhra an tsoláthair agus lóistíocht, próiseas agus fórsa oibre, faireachán agus tuairisciú faireachais, faisnéis agus teicneolaíocht chumasaithe, airgeadas, cumarsáid, seirbhísí cliant) bunaithe<br>• Rinneadh anailís sheachtainiúil ar sheasmhacht an tsoláthair vacsaíní<br>• Socruithe slabhra fuar i bhfeidhm<br>• Córas bainistíochta fardail i bhfeidhm<br>• Comhpháirtíocht réamhghníomhach le lucht déantúsaíochta chun soiléireacht leanúnach a chinntiú maidir le sceidil seachadta deiridh na vacsaíní chomh maith le soláthar comhtháite a chinntiú<br>• Forbraíodh treochlár pleanála soláthair agus samhail ghaolmhar chun plean soiléir soláthair a chinntiú agus chun tionchar na n-athruithe atá tuartha maidir le soláthar a mheas<br>• Bhí 37 ionad vacsaínithe ag oibriú<br>• Bhí vacsaíní á gcur ar fáil ag Dochtúirí Teaghlaigh agus i gcógaslanna agus rinne foirne éacht chun tacú leis an ngníomhaíocht seo agus síníodh conarthaí nua i gcomhair dáileadh na dteanndáileog agus an tríú dáileog don vacsaín i gcomhair daoine le himhdhíon-lagaithe<br>• Feachtas poiblí leanúnach ar fud FnaSS, na Roinne Sláinte agus an Rialtais<br>• Tá monatóireacht leanúnach á déanamh ag grúpa oibre tiomnaithe ar líon na ndaoine i ngach contae, i ngach aoisghrúpa a ghlacann an vacsaín, ionas go leanfar le rátaí arda glactha | Riosca breise i rith 2021 |
| 28 | Rialachas maidir le Tithe Altranais Phríobháideacha | • Faisnéis a sholáthar agus aon fhadhbanna atá ag éirí níos measa a chur in iúl do ÚFCS (HIQA) maidir leis an dian-tacaíocht a thugtar do sholáthraithe príobháideacha chun cabhrú leo ina ról maoirseachta rialála.<br>• Pleanáil shuntasach rialachais agus feidhmiúcháin chun dul i ngleic le moltaí *Thuarascáil an Phainéil Saineolaithe ar Thithe Altranais maidir le COVID-19*<br>• Idirchaidreamh le lucht déanta beartas maidir leis an rialachas reatha – lena n-áirítear rialachas cliniciúil agus samhail do sholáthar tithe altranais príobháideacha in Éirinn<br>• Prótacal cumarsáide ÚFCS (HIQA) FnaSS i bhfeidhm<br>• Leanfar de chláir oiliúna FnaSS, ar nós, HSELanD, a chur ar fáil do thithe altranais phríobháideacha<br>• Bunófar foirne tacaíochta pobail comhtháite nua chun acmhainn soláthraithe a fhorbairt chun go mbeadh ar a gcumas féinbhainistiú a dhéanamh go héifeachtach maidir le ráigeanna a chosc, chomh maith le pleanáil agus bainistíocht ullmhachta, agus chun comhtháthú níos dlúithe a éascú idir na saoráidí seo agus an córas sláinte agus cúraim shóisialta i gcoitinne | Riosca breise i rith 2021 |

# 4.3 Gearáin agus Ráitis Mholta

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

(Gan ospidéil agus gníomhaireachtaí deonacha san áireamh)

Táthar ag leanúint leis an obair chun an fhoireann a spreagadh le teachtaireachtaí molta a thaifead mar go dtugann siad eolas dúinn faoi na gnéithe dearfacha inár seirbhísí agus foghlaimeoimid as sin cad atá ag oibriú go maith. Fuarthas 4,438 teachtaireacht mholta i 2021.

Fuarthas agus rinne oifigeach gearán scrúdú ar 5,415 gearán foirmiúil i 2021. Rinne an t-oifigeach gearán scrúdú orthu faoin *Acht Sláinte 2004* (arna leasú) agus an t*Acht Míchumais 2005*. Cuireadh as an áireamh nó tarraingíodh siar 540 díobh maidir le fiosrúchán faoin bpróiseas gearáin Do Sheirbhís, Do Bharúil. As na 4,875 gearán a bhí fágtha, réitigh oifigeach gearán 2,989 nó 57% díobh ar bhonn neamhfhoirmiúil nó trí imscrúdú foirmiúil, laistigh de 30 lá oibre.

## Ospidéil agus Gníomhaireachtaí Deonacha

Taifeadadh 19,846 teachtaireacht mholta i 2021. Taifeadadh agus scrúdaigh oifigeach gearán 9,820 gearán freisin. As líon iomlán na ngearán a fuarthas, fiosraíodh 9,283. Cuireadh as an áireamh nó tarraingíodh siar an 537 eile. Díobh siúd a fiosraíodh, réitigh oifigeach gearán 7,614 nó 82% go neamhfhoirmiúil nó trí imscrúdú foirmiúil laistigh de 30 lá oibre.

## Gearáin faoi Chud 2 agus 3 den *Acht Míchumais 2005*

Fuarthas 508 gearán in 2021 faoi Chuid 2 den *Acht Míchumais 2005* maidir le measúnú leanbh i ndáil le riachtanas seirbhísí míchumais, sin laghdú 55% ar 2020. Taifeadadh gur réitíodh 35% díobh seo laistigh de 30 lá oibre. Taifeadadh sé ghearán a fuarthas faoi Chuid 3 den Acht, a bhain le rochtain ar fhoirgnimh agus ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

### Gearáin fhoirmiúla a fuair FnaSS agus an % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre

| | Líon na ngearán a fuarthas | Líon agus % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre |
|---|---|---|
| 2021 | 5,415* | 2,989 (61%)* |
| 2020 | 5,394* | 2,916 (57%)* |
| 2019 | 5,938* | 3,398 (65%)* |
| 2018 | 6,610* | 3,695 (56%)* |
| 2017 | 8,281 | 6,298 (76%) |

Foinse sonraí: Dearbhú agus Fíorú Cáilíochta FnaSS

* Tá feabhas tagtha ar thuairisciú na ngearán foirmiúil mar gheall go bhfuil foirne níos oilte agus feabhas curtha ar fheidhmiú Chóras Bhainistíocht Ghearáin FnaSS. Tagraíonn líon na ngearán anois do ghearáin a ndéileálann Oifigeach Gearán leo go foirmiúil amháin agus ní áirítear anois gearáin a rinneadh ag an bpointe teagmhála, a fhaigheann seirbhísí líne thosaigh agus a réitítear láithreach (déantar iad sin a chlárú leo féin). Léirítear é seo sna sonraí a bhaineann leis an tréimhse 2018-2021 thuas maidir le gearáin a fuarthas agus gearáin ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre. Áirítear san uimhir seo 540 gearán a fuarthas a cuireadh as an áireamh nó a tarraingíodh siar.

### Gearáin Fhoirmiúla a Fuarthas in 2021 de réir Catagóire

| Catagóir | FnaSS (gan Ospidéil agus Gníomhaireachtaí Deonacha san áireamh) | | Ospidéil agus Gníomhaireachtaí Deonacha | |
|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2021 | 2020 | 2021 |
| Rochtain | 2,318 | 1,684 | 2,521 | 2,377 |
| Dínit agus meas | 635 | 776 | 1,477 | 1,333 |
| Cúram sábháilte agus éifeachtach | 1,797 | 2,324 | 3,274 | 3,627 |
| Cumarsáid agus faisnéis | 989 | 1,955 | 2,396 | 3,745 |
| Rannpháirtíocht | 33 | 135 | 253 | 178 |
| Príobháideachas | 55 | 85 | 213 | 160 |
| Feabhas ar Shláinte | 52 | 89 | 184 | 161 |
| Cuntasacht | 235 | 250 | 490 | 433 |
| Breithiúnas cliniciúil | 193 | 277 | 211 | 171 |
| Gearáin chráiteacha | 4 | 3 | 82 | 61 |
| Tithe Altranais/cúram cónaitheach (do dhaoine os cionn 65) | 8 | 2 | 27 | 29 |
| Tithe Altranais/cúram cónaitheach (64 agus faoina bhun) | 0 | 0 | 23 | 6 |
| Seirbhís Chigireachta Réamhscoileanna | 0 | 0 | 7 | 0 |
| Muinín as an gcúram | 6 | 5 | 91 | 42 |
| Tús Áite do Leanaí | 10 | 2 | 35 | 49 |
| Cosaint daoine leochaileacha | 1 | 6 | 356 | 230 |

Foinse sonraí: Dearbhú agus Fíorú Cáilíochta FnaSS
Nóta: Bíonn roinnt gnéithe éagsúla ag baint le cuid de na gearáin agus mar sin d'fhéadfaidís a bheith liostaithe i níos mó ná catagóir amháin

## Oifig an Fhaighteora Rúnda

Is seirbhís náisiúnta í Oifig an Fhaighteora Rúnda a fhaigheann údair imní/gearáin ar nós líomhaintí mí-úsáide, faillí, drochíde nó droch-chleachtais chúraim i saoráidí cúraim chónaithe FnaSS do dhaoine faoi mhíchumas nó saoráidí atá á maoiniú ag FnaSS. Uaireanta, faightear gearáin maidir le cásanna a bhaineann le daoine a bhfuil cónaí orthu in aonaid nó i seirbhísí meabhairshláinte nó a bhaineann le seirbhísí lae nó saoráidí ina gcónaíonn daoine aosta, ar bhonn neamhspleách. Glactar le gearáin atá déanta de mheon mhaith ó othair, ó úsáideoirí na seirbhísí, ó theaghlaigh, agus ó dhaoine aonair agus ó chomhaltaí foirne a bhfuil údar imní acu. Dhéileáil an oifig le breis is 1,200 imní/gearán foirmiúil ó gach cearn den tír ó bunaíodh í, i mí na Nollag 2014.

I 2021, fuair an oifig 155 údar imní/gearán foirmiúil, 10 ngearán ní ba lú ná in 2020. I measc na gcineálacha údar imní a cuireadh in iúl, bhí easpa soláthair seirbhíse agus socrúcháin faoisimh, líomhaintí maidir le drochíde nó faillí chomh maith le socrúcháin mí-oiriúnacha i gcás úsáideoirí na seirbhísí.

## An tSeirbhís Náisiúnta Achomharc

Cinntíonn an tSeirbhís Náisiúnta Achomharc go dtugtar teidlíocht mar is cuí d'iarratasóirí ar scéimeanna incháilitheachta reachtúla agus riaracháin (m.sh. cártaí leighis/cártaí cuairte Dochtúra, ranníocaíochtaí cothabhála agus cóiríochta na seirbhísí tacaíochta cónaithe, iarratasóirí faoin Scéim Tacaíochta Tithe Altranais (NHSS)), agus déantar maoirseacht chomh maith ar fheidhmiú chuí na reachtaíochta, na rialachán agus na dtreoirlínte ábhartha. Próiseáladh 1,418 cás i 2021, agus ceadaíodh ina n-iomláine nó go páirteach 33% díobh. Déanann an tSeirbhís Achomharc an méid eolais a fhaigheann siad ó na hachomhairc m.sh. aiseolas ó achomharcóirí, a roinnt le bainisteoirí scéime agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile. Soláthraíonn sí saineolas freisin do pháirtithe leasmhara ábhartha ar réimse leathan ábhar a bhaineann le hincháilitheacht, m.sh. tugann siad léirmhíniú ar an reachtaíocht agus ar scéimeanna.

### Achomhairc a Rinneadh agus a Ceadaíodh

| Cineál Achomhairc | Faighte | Próiseáilte | Ceadaithe | Ceadaithe go páirteach | % Ceadaithe/ Ceadaithe go páirteach |
|---|---|---|---|---|---|
| Cárta leighis/cárta cuairte Dochtúra (Scéim Ghinearálta Míochaine) | 629 | 636 | 158 | 78 | 37% |
| Cárta leighis/cárta cuairte Dochtúra (Scéim do dhaoine os cionn 70 | 83 | 82 | 25 | 1 | 32% |
| Cárta leighis/cárta cuairte Dochtúra 16 go 25 bliain d'aois | 258 | 255 | 89 | 19 | 42% |
| Scéim tacaíochta na dTithe Altranais | 387 | 369 | 27 | 60 | 24% |
| Liúntas Leasa na nDall | 11 | 7 | 1 | 0 | 14% |
| Tuarascáil ar Chóimheasacht Achomair | 33 | 32 | 5 | 0 | 16% |
| Pacáiste cúraim baile | 1 | 1 | 0 | 0 | 0% |
| Cúnamh Baile | 1 | 0 | 0 | 0 | – |
| Ranníoc Cóiríochta agus Cothabhála le haghaidh Seirbhísí Tacaíochta Cónaithe | 8 | 8 | 2 | 0 | 25% |
| Eile | 28 | 28 | 5 | 0 | 18% |
| **Iomlán** | **1,439** | **1,418** | **312** | **158** | **33%** |


Nóta: Seo achomhairc a fuarthas sa tréimhse 01.01.2021-31.12.2021. Rinneadh próiseáil freisin ar chásanna a tugadh ar aghaidh ó 2020.



# Aguisíní

# Aguisín 1: Struchtúr na hEagraíochta agus Soláthar na Seirbhísí


## Struchtúr na hEagraíochta



## Soláthar Sláinte agus Cúram Shóisialta


### Cúram Sláinte Pobail

Clúdaíonn cúram sláinte pobail seirbhísí cúraim phríomhúil, seirbhísí um ionchuimsiú sóisialta, seirbhísí do dhaoine aosta agus cúram maolaitheach, seirbhísí míchumais agus seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine fásta, ina measc, grúpaí imeallaithe agus iad siúd atá ag fulaingt éagothroime sláinte. Cuireann Dochtúirí Teaghlaigh, altraí sláinte poiblí agus Gairmithe Sláinte agus Cúram Sóisialta (GSCS) seirbhísí ar fáil trí fhoirne cúraim phríomhúil agus Líonraí Sláinte Pobail (LSP). Cuirtear seirbhísí cúram sláinte pobail ar fáil faoi láthair i naoi nEagraíocht Sláinte Pobail (ESP) trí mheascán cúraim díreach ó FnaSS agus ó sholáthraithe deonacha seirbhíse Alt 38 agus 39, mar aon le Dochtúirí Teaghlaigh agus soláthraithe príobháideacha. Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil do dhaoine i bpobail áitiúla chomh gar do bhaile agus is féidir.




### Cúram in Ospidéil Ghéarmhíochaine

Cé go bhfuil sé mar sprioc againn seirbhísí a sholáthar do dhaoine chomh gar agus is féidir do bhaile, bíonn cásanna ann a mbíonn ar othar dul chuig an ospidéal. Tá sé mar aidhm ag seirbhísí géarmhíochaine ospidéil feabhas a chur ar shláinte an daonra trí réimse leathan seirbhísí sláinte a chur ar fáil, a chuimsíonn luathdhiagnóis, seirbhísí speisialaithe, ina measc, cúram sceidealaithe d'othair chónaitheacha, cúram neamhsceidealaithe/éigeandála, seirbhísí ailse, seirbhísí máithreachais, seirbhísí othar seachtrach agus diagnóisic. Tá ospidéil na hÉireann eagraithe i sé Ghrúpa Ospidéil agus Sláinte Leanaí Éireann (CHI) agus cuireann foirne ildisciplíneacha cúram ar fáil. Cuireann SNA (NAS) cúram éigeandála réamh-ospidéil, cúram idirmheánach agus seirbhísí aisghabhála cúraim chriticiúil ar fáil.



# Aguisín 2: Sonraí Caiteachais agus Acmhainní Daonna

## Sonraí Caiteachais

### Miondealú ar Chaiteachas

| Réimse Seirbhíse | 2020 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Sláinte agus Folláine | 263,266 | 582,892 |
| Cúram Príomhúil | 4,581,477 | 4,974,705 |
| Meabhairshláinte | 1,038,601 | 1,070,648 |
| Seirbhísí Míchumais agus Seirbhísí do Dhaoine Aosta | 3,695,946 | 3,951,737 |
| Seirbhísí in Ospidéil Ghéarmhíochaine | 7,749,615 | 8,206,397 |
| Seirbhísí Tacaíochta Corparáide | 2,735,124 | 2,856,134 |
| **Iomlán** | **20,064,029** | **21,642,513** |

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

| | 2020 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Caiteachas Iomlán FnaSS in 2021 | 20,064,029 | 21,642,513 |
| Caiteachas Caipitil in 2021 | 983,719 | 1,061,697 |
| Caipiteal iomlán do thionscadail TFC | 94,962 | 115,256 |
| Deontais chaipitil iomlán do ghníomhaireachtaí deonacha | 359,730 | 451,940 |

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

### Párolla

| | 2020 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Bille pá iomlán na seirbhíse sláinte (gan soláthraithe seirbhíse deonacha agus aoisliúntas a chur san áireamh) | 5,679,547 | 6,193,963 |
| Bunphá | 4,074,480 | 4,330,114 |
| Liúntais eile | 132,135 | 136,099 |

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

### Socruithe rialachais leis an earnáil neamhreachtúil

Mar a tharlaíonn gach bliain, lean an obair i 2021 chun a chinntiú go mbeadh socruithe rialachais chuí i bhfeidhm le gníomhaireachtaí maoinithe faoi Alt 38 agus Alt 39 agus síníodh Comhaontuithe um Shocruithe Seirbhíse agus Comhaontuithe um Chúnamh Deontais. Chuir gach gníomhaireacht ábhartha Ráitis Chomhlíontachta Bliantúla ar fáil. I 2021, cuireadh tús le Céim 2 de na hathbhreithnithe seachtracha ar rialachas na soláthraithe seirbhíse ábhartha Alt 38 agus Alt 39, ag leibhéal an Bhoird agus na feidhmeannachta. Bunaíodh Aonaid Thacaíochta um Bainistíocht Conartha (ATBC) sna naoi limistéar ESP agus tá Bainisteoirí ATBC (CMSU) agus foireann ábhartha curtha ar fáil i ngach ATBC.

## Maoiniú a chuir FnaSS ar Fáil

| | 2020 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Ospidéil Dheonacha Ghéarmhíochaine | 2,768,991 | 2,936,578 |
| Gníomhaireachtaí eile | 2,673,832 | 2,754,804 |
| **Iomlán** | **5,442,823** | **5,691,382** |

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

| Socruithe Maoinithe | 2020 | 2021 |
|---|---|---|
| Líon na ngníomhaireachtaí a fuair maoiniú | 2,268 | 2,311 |
| Socruithe maoinithe ar leith i bhfeidhm | 4,873 | 4,924 |

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

# Sonraí Acmhainní Daonna

## CL de réir Catagóire

| Catagóir Foirne | CL Mí na Nollag 2020 | CL Mí na Nollag 2021 |
|---|---|---|
| Leigheas agus Fiaclóireacht | 11,762 | 12,113 |
| Altranas agus Cnáimsheachas | 39,917 | 41,576 |
| Gairmithe Sláinte agus cúraim shóisialta | 17,807 | 18,999 |
| Bainistíocht agus riarachán | 19,829 | 21,583 |
| Tacaíocht Ghinearálta | 9,876 | 10,010 |
| Cúram othar agus cliant | 26,985 | 28,042 |
| **Iomlán na seirbhíse sláinte** | **126,174** | **132,323** |

Foinse sonraí: Áireamh Pearsanra na Seirbhíse Sláinte.

## Comhlíontacht maidir le Treoir an AE um Am Oibre (EWTD)

| | 2020 % | 2021 % |
|---|---|---|
| Comhlíontacht maidir le sealanna 24 uair an chloig | | |
| DNCO (NCHD), géarchúram | 97.7% | 98.0% |
| DNCO, meabhairshláinte | 97.6% | 98.7% |
| Oibrithe cúraim shóisialaigh, seirbhísí míchumais | 83.0% | 68.0% |
| Comhlíontacht maidir le seachtain oibre 48 uair an chloig | | |
| DNCO, géarchúraim | 86.0% | 83.8% |
| DNCO, meabhairshláinte | 89.9% | 91.9% |
| Oibrithe cúraim shóisialaigh, seirbhísí míchumais | 89.0% | 89.0% |
| Fuair tréimhsí scíthe laethúla 11 uair an chloig nó tréimhse scíthe cúiteach coibhéiseach (DNCO) | 97.7% | 98.4% |
| Comhlíontacht maidir le sosanna 30 nóiméad (DNCO) | 98.6% | 99.2% |
| Comhlíontacht maidir le tréimhsí scíthe seachtainiúla/ coicíse nó tréimhse scíthe cúiteach coibhéiseach (DNCO) | 98.6% | 99.3% |

Foinse sonraí: AD Náisiúnta

# Aguisín 3: Plean Seirbhíse Náisiúnta 2021 Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomaíochtaí

Nóta: Tá na sonraí tuairiscithe bunaithe ar na sonraí is déanaí a bhí ar fáil ag an am ar ullmhaíodh an tuarascáil seo agus d'fhéadfadh sé nach léirítear an staid ag deireadh na bliana (de bharr go ndéantar tuairisciú riaráisteach ar shonraí)

## Aguisín 3(a) Scórchárta Náisiúnta

| Scórchárta Náisiúnta | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ceathrú an Scórchárta** | **Réimse Tosaíochta** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta** | **Sprioc PSN 2021** (*spriocanna leasaithe mar chuid d'athbhreithniú sa chéad ráithe de 2021 ar PSN) | **Fíormhéid tuairiscithe 2021** |
| **Cáilíocht agus Sábháilteacht** | Gearáin a fiosraíodh laistigh de 30 lá | % na ngearán a fiosraíodh laistigh de 30 lá oibre tar éis don oifigeach an gearán a admháil | 75% | 61.0% |
| | Teagmhais Thromchúiseacha | % de na teagmhais thromchúiseacha ar ghá athbhreithniú a dhéanamh orthu agus a cuireadh i gcrích laistigh de 125 lá féilire ó tharla an teagmhas ar leith | 30%* | 26.0% |
| | | % de na teagmhais thromchúiseacha a cuireadh in iúl don oifigeach cuntasach sinsearach laistigh de 24 uair tar éis dóibh tarlú | 50%* | 50.0% |
| | | % de na teagmhais tuairiscithe a cuireadh isteach ar CNBT (NIMS) laistigh de 30 lá tar éis dóibh tarlú in ESP/Grúpa Ospidéil/SNO | 60%* | 53.0% |
| | | % de na teagmhais go léir a tuairiscíodh mar theagmhais mhóra nó tromchúiseacha | <0.9%* | 0.7% |
| | Rátaí Ionfhabhtuithe a bhain le Cúram Sláinte RICS (HCAI) | Ráta cásanna nua d'ionfhabhtú stafalacocas órga sa sruth fola, a tholg daoine san ospidéal | <0.8/10,000 lá leaba a úsámideadh | 1.0 |
| | | Ráta cásanna nua d'ionfhabhtú C. difficile a tolgadh san ospidéal | <2/10,000 leaba a úsámideadh | 2.0 |
| | Sláinte Leanaí | % de leanaí 24 mí d'aois a bhfuil an vacsaín don bhruitíneach, don leicneach, agus don bhruitíneach dhearg (MMR) faighte acu | 95% | 90.2% |
| | | % de na leanaí a bhí 12 mí laistigh den tréimhse tuairiscithe a ndearnadh measúnú ar a sláinte agus ar a bhforbairt in am nó sula raibh siad 12 mí d'aois | 55%* | 59.7% |
| | | % na leanaí a cothaíodh ar an gcíoch go hiomlán tráth ar thug an ASP cuairt trí mhí | 32% | 35.7% |
| | | % de na leanaí nuabheirthe ar thug ASP cuairt orthu laistigh de 72 uair an chloig ó scaoileadh amach as seirbhísí máithreachais iad | 99% | 98.2% |
| | Ionscópacht phráinneach laistigh de 4 seachtaine | Líon na ndaoine nua atá ag feitheamh > ceithre seachtaine le rochtain a fháil ar ionscópacht phráinneach | 0 | 3,933 |
| | BreastCheck | % ráta glactha le scagthástáil BreastCheck | 70% | 77.1% |
| | Máinliacht | % na n-athiontrálacha éigeandála máinliachta chuig an ospidéal céanna laistigh de 30 lá ón am ar ligeadh amach iad | ≤2% | 1.8% |
| | Leigheas | % na n-athiontrálacha éigeandála leighis chuig an ospidéal céanna laistigh de 30 lá ón am ar ligeadh amach iad | ≤11.1% | 11.4% |
| | Aga slánúcháin otharcharranna | % na n-otharcharranna a raibh tréimhse ama ≤30 nóiméad ón uair ar shroich siad an RÉ go dtí an uair a dhearbhaigh criú an otharchairr go raibh an t-otharcharr ábalta glacadh le glao eile (réidh agus ar fáil) | 80% | 27.5% |
| | Leapacha Lae SMLO (CAMHS) a úsáideadh | % de laethanta leapa a úsáideadh in Aonaid Ghéarchúraim do Leanaí agus d'Ógánaigh de chuid FnaSS mar líon iomlán na laethanta leapa a d'úsáid leanaí in aonaid ghéarchúraim d'othair chónaitheacha | 95% | 99.6% |
| | Seirbhísí Míchumais | Éascú maidir le bogadh daoine ó láithreacha comhchónaithe go láithreacha pobail | 144 | 135 |
| | Caitheamh Tobac | % de chaiteoirí tobac ar chláir scoir a stop ag caitheamh i dtréimhse ceithre seachtaine | 45% | 57.3% |

| Scórchárta Náisiúnta | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ceathrú an Scórchárta** | **Réimse Tosaíochta** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta** | **Sprioc PSN 2021** (*spriocanna leasaithe mar chuid d'athbhreithniú sa chéad ráithe de 2021 ar PSN) | **Fíormhéid tuairiscithe 2021** |
| **Rochtain agus Comhtháthú** | Liostaí Feithimh i gcomhair Teiripe | Fisiteiripe – % ar an liosta feithimh le haghaidh measúnaithe ≤52 seachtain | 80%* | 76.5% |
| | | Teiripe Shaothair – % ar an liosta feithimh le haghaidh measúnaithe ≤52 seachtain | 60%* | 71.8% |
| | | Teiripe Urlabhra agus Theanga – % ar an liosta feithimh do mheasúnú ≤52 seachtain | 80%* | 87.3% |
| | | Cosliacht – % ar an liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain | 55%* | 51.3% |
| | | Oftailmeolaíocht – % ar an liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain | 55%* | 50.7% |
| | | Éisteolaíocht – % ar an liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain | 65%* | 68.3% |
| | | Diaitéitic – % ar an liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain | 65%* | 54.8% |
| | | Síceolaíocht – % ar an liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain | 50%* | 58.7% |
| | Altranas | % na n-othar nua a glacadh leo mar chásanna altranais agus a chonacthas laistigh de 12 sheachtain | 100% | 100.0% |
| | Taithí Othar sa Rannóg Éigeandála ó thaobh Am Feithimh | % díobh siúd a d'fhreastail ar an RÉ a ligeadh amach nó a tógadh isteach san ospidéal laistigh de shé huaire an chloig ón am ar chláraigh siad | 70% | 62.8% |
| | | % díobh siúd a d'fhreastail ar an RÉ a chaith <24 uair an chloig ann | 97% | 97.4% |
| | | % díobh siúd a bhí os cionn 75 bliana d'aois agus níos sine a d'fhreastail ar RÉ agus a ligeadh amach nó a tógadh isteach san ospidéal laistigh de shé huaire an chloig ón am ar chláraigh siad | 95% | 42.7% |
| | | % díobh siúd a bhí os cionn 75 bliana d'aois agus níos sine a d'fhreastail ar RÉ agus a ligeadh amach nó a tógadh isteach san ospidéal laistigh de 24 uair an chloig ón am ar chláraigh siad | 99% | 94.1% |
| | Tréimhsí Feithimh i gcomhair Gnáthaimh | % de dhaoine fásta atá ag feitheamh <15 mhí le haghaidh gnáthamh roghnach (othar cónaitheach) | 80%* | 77.5% |
| | | % de dhaoine fásta atá ag feitheamh <15 mhí le haghaidh gnáthamh roghnach (cás lae) | 85%* | 85.9% |
| | | % de leanaí atá ag feitheamh <15 mhí le haghaidh gnáthamh roghnach (othar cónaitheach) | 85%* | 75.1% |
| | | % de leanaí atá ag feitheamh <15 mhí le haghaidh gnáthamh roghnach (cás lae) | 85%* | 82.3% |
| | | % de na daoine a bhí ag feitheamh <52 seachtain le haghaidh an chéad rochtain ar sheirbhísí ROS (OPD) | 65%* | 62.9% |
| | | % de na daoine a bhí ag feitheamh <13 seachtaine tar éis atreoraithe le haghaidh ionscópacht ar an drólann nó OGD | 50%* | 48.3% |
| | Amanna Freagartha Otharcharr | % de stádas cliniciúil teagmhas 1 ECHO ar thug feithicil a iompraíonn othar freagra orthu laistigh de 18 nóiméad agus 59 soicind nó níos lú | 80% | 74.6% |
| | | % de stádas cliniciúil teagmhas 1 DELTA ar thug feithicil a iompraíonn othar freagra orthu laistigh de 18 nóiméad agus 59 soicind nó níos lú | 70% | 37.0% |
| | Ailse | % na n-othar nua a d'fhreastail ar chlinicí mear-rochtana cíche, scamhóg agus próstatach laistigh den tréimhse ama atá molta | 95% | 60.8% |
| | | % na n-othar atá ag fáil cóireála radaiteiripe radacach ar cuireadh tús lena gcóireáil laistigh de 15 lá oibre tar éis don oinceolaí radaíochta a chur in iúl go raibh siad réidh i gcomhair na cóireála (níl othair chúraim mhaolaithigh san áireamh) | 90% | 75.6% |

| Scórchárta Náisiúnta | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ceathrú an Scórchárta** | **Réimse Tosaíochta** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta** | **Sprioc PSN 2021** (*spriocanna leasaithe mar chuid d'athbhreithniú sa chéad ráithe de 2021 ar PSN) | **Fíormhéid tuairiscithe 2021** |
| **Rochtain agus Comhtháthú (ar lean)** | Seirbhís Náisiúnta Scágthástála | Líon na mban a fuair scagthástáil ceirbheacs shásúil amháin nó níos mó i láthair chúraim phríomhúil | 280,000 | 318,491 |
| | Seirbhísí Míchumais | % de mheasúnuithe leanaí a críochnaíodh laistigh de na hamlínte atá sna rialacháin | 100% | 14.7% |
| | | Líon na Líonraí Míchumais Leanaí a bunaíodh | 96 | 91 |
| | | Líon na n-áiteanna éigeandála nua a cuireadh ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas | 44 | 91 |
| | | Líon na dtacaíochtaí faoisimh baile a tugadh i gcásanna éigeandála | 358 | 497 |
| | | Líon na seisiún faoisimh lae amháin a mbíonn rochtain ag daoine faoi mhíchumas orthu | 20,958 | 16,306 |
| | | Líon na ndaoine faoi mhíchumas atá ag fáil seirbhísí faoisimh (MI/uathachas agus míchumas fisiciúil agus céadfach) | 4,392 | 4,427 |
| | Daoine Aosta | Líon na n-uaireanta tacaíochta baile a cuireadh ar fáil (gan soláthar uaireanta Phacáistí Dianchúraim Baile (IHCP) san áireamh) | 21.9m* | 20,462,993 |
| | | Líon na ndaoine atá ag fáil tacaíochta baile (gan soláthar ó Phacáistí Dianchúraim Baile (IHCP) san áireamh) – gach duine á chomhaireamh uair amháin | 55,675 | 55,043 |
| | Meabhairshláinte | % na n-atreoruithe práinneacha chuig Foirne Meabhairshláinte Leanaí agus Ógánach ar freastalaíodh orthu laistigh de thrí lá oibre | >90% | 93.7% |
| | | % na n-atreoruithe/ath-atreoraithe ar tairgeadh an chéad choinne dóibh agus a chonaic an Fhoireann Ghinearálta um Meabhairshláinte Phobail d'Aosaigh laistigh de 12 seachtain | 75% | 74.8% |
| | | % na n-atreoruithe/ath-atreoraithe ar tairgeadh an chéad choinne dóibh agus a chonaic Foirne Meabhairshláinte Phobail um Shíciatracht sna Blianta Níos Déanaí sa Saol, laistigh de 12 seachtain | 95% | 93.4% |
| | Daoine gan Dídean | % na n-úsáideoirí seirbhíse a tógadh isteach i mbrúnna/saoráidí cóiríochta éigeandála do dhaoine gan dídean a ndearnadh measúnú ar a gcuid riachtanas sláinte laistigh de choicís tar éis díobh a bheith glactha isteach | 85% | 79.4% |
| | Mí-úsáid substaintí | Líon na mí-úsáideoirí substaintí (faoi bhun 18 mbliana) ar cuireadh tús lena gcóireáil laistigh de sheachtain amháin tar éis measúnaithe | 312 | 153 |
| | | % de na mí-úsáideoirí substaintí (os cionn 18 mbliana d'aois) ar cuireadh tús lena gcóireáil laistigh de mhí féilire amháin tar éis measúnaithe | 100% | 95.7% |
| **Airgeadas, Rialachas agus Comhlíontacht** | Tuairiscithe sna Ráitis Airgeadais | Difríocht glanchaiteachais ón bplean (pá + neamhphá – ioncam) | ≤0.1% | Bhliantúla 2021 Bainistiú Airgeadais |
| | Rialachas agus Comhlíontacht | % de luach airgeadúil na socruithe seirbhíse atá sínithe | 100% | 85.7% |
| | | % de mholtaí de chuid na hiniúchóireachta inmheánaí curtha i bhfeidhm, i gcomparáid le líon iomlán na moltaí, laistigh de 12 mí ó fuarthas an tuarascáil | 95% | 63.0% |
| **Fórsa Oibre** | Bainistiú Tinrimh | % rátaí neamhláithreachta de réir catagóire foirne | ≤3.5% | 4.9%** |

** Ba é 7.9% an ráta neamhláithreachta, neamhláithreacht de bharr COVID-19 san áireamh

## Aguisín 3(b) Príomhghníomhaíochtaí Eile i 2021

| Príomhghníomhaíochtaí eile i 2021 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Réimse soláthar Seirbhísí** | | **Príomhghníomhaíocht** | **Gníomh-aíochtaí a bhfuil súil leo faoi PSN 2021** (*leaú déanta ar ghníomhaíocht a bhfuil súil leis mar chuid de athbhreithniú ar PSN R 1 2021) | **Fíormhéid Tuairiscithe 2021** |
| **Sláinte agus Folláine an Daonra** | Sláinte Comhshaoil | Líon na gcigireachtaí oifigiúla um rialuithe bia, agus faireachas pleanáilte, cigireachtaí ar ghnóthais a bhíonn ag plé le bia | 18,000* | 20,837 |
| | Tobac | Líon na gcaiteoirí tobac atá ag fáil seirbhísí tacaíochta ar líne maidir le héirí as tobac | 7,000 | 6,420 |
| | Making Every Contact Count – Tábhacht a bheith le gach Teagmháil | Líon na mball foirne túslíne a chríochnaigh an oiliúint ríomhFhoghlama Making Every Contact Count maidir le hidirghabháil ghairid | 3,946 | 1,178 |
| **Seirbhísí aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil** | Cartaí Leighis | Líon na ndaoine a raibh cártaí leighis acu ar an 31 Nollaig | 1,636,109 | 1,545,222 |
| | | Líon na ndaoine a raibh cártaí cuairte Dochtúra acu ar an 31 Nollaig | 556,996 | 525,918 |
| | Scéim Ghinearálta na Seirbhísí Sláinte | Líon iomlán na n-earraí a ordaíodh | 62,317,500 | 62,754,498 |
| | Scéim na dTinneas Fadtéarmach | Líon iomlán na n-earraí a ordaíodh | 10,521,900 | 10,169,870 |
| | Aisíocaíochtaí Drugaí | Líon iomlán na n-earraí a ordaíodh | 8,724,000 | 9,585,130 |
| **Seirbhís Náisiúnta Scágthástála** | BreastCheck | Líon na mban san aoisghrúpa incháilithe a raibh mamagram iomlán acu | 110,000* | 127,290 |
| | BowelScreen | Líon na gcliant a bhfuil tástáil shásúil BowelScreen FIT déanta acu | 87,500* | 91,529 |
| | Diabetic RetinaScreen | Líon na gcliant Diaibéiteach RetinaScreen a tástáladh agus ar tugadh toradh deiridh an ghrádaithe dóibh | 90,000* | 93,356 |
| **Cúram Sláinte Pobail** | Cúram Príomhúil | **Foirne Idirghabhála Pobail** Líon iomlán atreoruithe FIP (CIT) | 59,919 | 71,128 |
| | | **Gníomhaíocht Dochtúirí Teaghlaigh** Líon na nglaonna ar DT tar éis ghnáthuaireanta oibre | 922,094 | 1,048,437 |
| | | **Altranas** Líon na n-othar feicthe | 474,366 | 379,718 |
| | | **Teiripí/Seirbhísí Líonra Cúram Sláinte Pobail** Líon na n-othar feicthe | 1,193,121* | 1,248,046 |
| | | **Fisiteiripe** Líon na n-othar feicthe | 413,089* | 429,888 |
| | | **Teiripe Shaothair** Líon na n-othar feicthe | 330,071* | 337,246 |
| | | **Teiripe Urlabhra agus Theanga** Líon na n-othar feicthe | 197,181* | 206,068 |
| | | **Síceolaíocht** Líon na n-othar feicthe | 50,204* | 44,991 |
| | | **Dochtúirí Teaghlaigh faoi oiliúint** Líon na nDochtúirí Teaghlaigh faoi oiliúint | 235 | 235 |
| | Ionchuimsiú Sóisialta | **Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean** Líon na n-úsáideoirí seirbhíse a tógadh isteach i mbrúnna/saoráidí cóiríochta éigeandála do dhaoine gan dídean a ndearnadh measúnú ar a riachtanais sláinte laistigh de choicís ón dáta ar tógadh isteach iad | 1,168 | 1,195 |

| Príomhghníomhaíochtaí eile i 2021 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Réimse soláthar Seirbhísí** | | **Príomhghníomhaíocht** | **Gníomh-aíochtaí a bhfuil súil leo faoi PSN 2021** (*leaú déanta ar ghníomhaíocht a bhfuil súil leis mar chuid de athbhreithniú ar PSN R 1 2021) | **Fíormhéid Tuairiscithe 2021** |
| **Cúram Sláinte Pobail (ar lean)** | Seirbhísí do Dhaoine Aosta | **InterRAI Éireann (measúnú bunaithe ar TF)**<br>Líon na ndaoine atá ag lorg seirbhíse a ndearnadh measúnú orthu ag baint úsáide as Córas Measúnaithe InterRAI Éireann | 1,196* | 1,982 |
| | | **Pacáistí Dianchúraim Baile (IHCP)**<br>Líon iomlán na ndaoine atá ag fáil Pacáiste Dianchúraim Baile | 235 | 115 |
| | | Líon na n-uaireanta tacaíochta baile a cuireadh ar fáil trí Phacáistí Dianchúraim Baile | 360,000 | 246,374 |
| | | **Scéim Tacaíochta Tithe Altranais STAA (NHSS)**<br>Líon na ndaoine a fuair maoiniú faoi STTA i gcúram cónaitheach fadtéarmach le linn na míosa tuairiscithe | 22,500 | 22,296 |
| | | Líon na leapacha STTA in aonaid phoiblí fhadchónaithe | 4,501 | 4,670 |
| | | **Cúram Cónaithe**<br>Líon na leapacha gearrchónaithe in aonaid phoiblí | 2,209 | 1,477 |
| | Cúram Maolaitheach | **Seirbhísí um Cúram Maolaitheach d'Othair Chónaithe**<br>Líon atá ag fáil rochtain ar leapacha speisialtóireachta d'othair chónaithe laistigh de sheacht lá (le linn na bliana tuairiscithe) | 2,776* | 3,489 |
| | | **Seirbhísí um Cúram Maolaitheach Pobail**<br>Líon na n-othar a fuair cóireáil chúraim mhaolaithigh ina ngnátháit chónaithe le linn na míosa | 3,358 | 3,371 |
| | Seirbhísí Míchumais | Líon na ndaoine fásta faoi mhíchumas i ngach ESP atá rannpháirteach i bpacáistí um buiséid phearsantaithe | 180 | 78 |
| | | **Áiteanna Cónaithe**<br>Líon na n-áiteanna cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas (lena n-áirítear áiteanna nua pleanáilte) | 8,130 | 8,146 |
| | | **Seirbhísí Faoisimh**<br>Líon na n-oícheanta (i dteannta nó gan faoiseamh lae) a fhaigheann daoine faoi mhíchumas rochtain orthu | 85,336 | 94,606 |
| | | **Cúnamh Pearsanta (CP)**<br>Líon na n-uaireanta seirbhíse CP a tugadh do dhaoine fásta faoi mhíchumas fisiciúil agus/nó céadfach | 1.74m | 1,700,309 |
| | | **Seirbhís Tacaíochta Baile**<br>Líon na n-uaireanta tacaíochta baile a tugadh do dhaoine faoi mhíchumas | 3.01m | 2,949,806 |
| | | Líon na ndaoine faoi mhíchumas atá ag fáil seirbhísí tacaíochta baile (MI/uathachas agus míchumas fisiciúil agus céadfach | 7,130 | 6,452 |
| | | **Comhlíonadh an Acht Míchumais**<br>Líon na n-iarratas ar mheasúnú riachtanas leanaí a fuarthas | 4,613 | 5,899 |
| | Meabhairshláinte | **Foirne Meabhairshláinte Ginearálta Pobail do Dhaoine Fásta**<br>Líon na ndaoine fásta atreoruithe feicthe ag na seirbhísí meabhairshláinte | 23,042 | 25,280 |
| | | Líon na ndaoine a tógadh isteach in aonaid ghéarchúraim chónaithe do dhaoine fásta | 11,939 | 8,734 |
| | | **Foirne Pobail Meabhairshláinte um Shíciatracht i gcomhair na mblianta is Déanaí sa Saol**<br>Líon na n-atreoruithe um Shíciatracht sna Blianta is Déanaí sa Saol feicthe ag na seirbhísí meabhairshláinte pobail | 7,388 | 7,628 |
| | | **Seirbhísí Meabhairshláinte Leanaí agus Ógánach**<br>Líon na n-atreoruithe SMLÓ (CAMHS) feicthe ag na seirbhísí meabhairshláinte | 9,338 | 12,614 |

| Príomhghníomhaíochtaí eile i 2021 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Réimse soláthar Seirbhísí** | | **Príomhghníomhaíocht** | **Gníomh-aíochtaí a bhfuil súil leo faoi PSN 2021** (*leaú déanta ar ghníomhaíocht a bhfuil súil leis mar chuid de athbhreithniú ar PSN R 1 2021) | **Fíormhéid Tuairiscithe 2021** |
| **Géarchúram Ospidéil** | Seirbhísí in Ospidéil Ghéarmhíochaine | **Gníomhaíocht maidir le Scaoileadh amach as Ospidéil**<br>Othair Chónaitheacha | 595,424* | 592,692 |
| | | Cásanna Lae (scagdhealú, san áireamh) | 1,015,050* | 1,012,927 |
| | | Leibhéal Gníomhaíochta – Ionscópacht Ghastraistéigeach | 79,884* | 87,357 |
| | | Othair chónaitheacha a scaoileadh amach – cúram éigeandála | 422,782* | 418,102 |
| | | Othair chónaitheacha a scaoileadh amach – cúram roghnach | 82,166* | 73,377 |
| | | **Cúram Éigeandála**<br>Othair nua a d'fhreastail ar RÉ | 1,168,414* | 1,203,095 |
| | | Othair a d'fhill ar RÉ in athuair | 101,953* | 99,641 |
| | | Líon othar a d'fhreastail ar aonaid do ghortuithe | 101,312* | 109,271 |
| | | Líon othar eile a d'fhreastail ar an Rannóg Éigeandála | 42,120* | 42,050 |
| | | **Othair Sheachtracha**<br>Líon na n-othar a d'fhreastail nó a d'fhill ar Rannóga Othar seachtrach | 3,235,143* | 3,250,704 |
| | An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna | Líon iomlán glaonna AS1 agus AS2 (glaonna éigeandála otharcharr) | 360,000 | 366,438 |
| | | Líon glaonna le stádas cliniciúil 1 ECHO | 5,400 | 5,857 |
| | | Líon glaonna le stádas cliniciúil 1 DELTA a tháinig ar an láthair (níl na cinn a cuireadh ar ceal ar an mbealach san áireamh) | 125,000 | 126,828 |

# Aguisín 4: Bonneagar Caipitil

Leanadh den obair i 2021 chun na tionscadail atá leagtha amach i bPlean Caipitil FnaSS a chur i gcrích. Léiríonn na táblaí thíos na tionscadail sin: (1) a bhí críochnaithe agus ag feidhmiú faoi dheireadh 2021; (2) a bhí críochnaithe faoi dheireadh 2021 agus a bheidh ag feidhmiú i 2022; agus (3) ar cuireadh moill orthu agus táthar ag súil anois go gcríochnófar iad i 2022/2023.

## Tionscadail a críochnaíodh agus a bhí ag feidhmiú ag deireadh 2021

### Cúram Sláinte Pobail

#### Seirbhísí Chúraim Phríomhúla

- Otharlann N. Conall, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall: Athchóiriú – uasghrádú ar chreatlach bhlocanna G agus H
- Bóthar N. Neasáin, Tuar an Daill, Co. Luimnigh: Uasghrádú ar chóiríocht Sláinte Cheirde
- Áth Trasna, Co.Chorcaí: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Cathair Chill Chainnigh: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Ráth Droma, Co. Chill Mhantáin: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Cill Dara, Co. Chill Dara: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa (síneadh curtha leis an ionad)
- Beannchar/Cill Chormaic, Co. Uíbh Fhailí: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa

#### Seirbhísí do Dhaoine Aosta

- Ospidéal Pobail na Deastógála, Durlas, Co. Thiobraid Árann: Síneadh le haonad cúraim san ospidéal ag soláthar acmhainn chliniciúil bhreise
- Ospidéal Chluain Sceach, Baile Átha Cliath 6: Cuireadh Aláram dóiteáin agus soilsiú éigeandála nua isteach
- Sean-Chara, Co. Bhaile Átha Cliath: Uasghrádú, síneadh agus athchóiriú chun caighdeáin ÚFCS a chomhlíonadh
- Ospidéal N. Muire Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath: Uasghrádú ar an gcóras teasa sa phríomhfhoirgneamh Uasghrádú de réir a chéile

### Cúram Ospidéil Géarchúraim

#### Sláinte Leanaí Éireann

- Sláinte Leanaí Éireann, Sráid an Teampaill, Baile Átha Cliath: Oibreacha Eatramhacha, ina measc: Seomra ECG, Aonad Iontrála, Ionphlandú Cochla/Saoráid Éisteolaíochta, Clinic Mear-rochtana sa RÉ, uasghrádú Ionscópachta agus Raideolaíochta agus Aonad Néareolaíochta
- Sláinte Leanaí Éireann, Tamhlacht Baile Átha Cliath: Ionad Cúraim shiúlaigh Péidiatraiceach agus Práinneach

#### Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath agus Lár na Tíre

- An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí: Uasghrádú ar dhuchtobair gaothrán agus aerála ar fud an ospidéil
- Ospidéal N. Séamas, Baile Átha Cliath 8: Athchumrú ar an Aonad Saotharlainne um Chathaitéarú reatha agus trealamh nua curtha ann

#### Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann

- Ospidéal Mhuire, An Uaimh, Co. na Mí: Bunathruithe ar obrádlanna agus ionad téarnaimh méadaithe chun go mbeifear ábalta an dara hobrádlann a úsáid i gcomhair obráidí roghnacha; ionas go mbeadh ar a gcumas obrádlanna a chur ar fáil sa Mater chun déileáil le gnáthaimh a bhain go sonrach le COVID-19 agus riaráiste gnáthamh. Iomlán na leapacha breise – 5
- Ospidéal na hOllscoile N. Uinseann, Baile Átha Cliath 4: Cuireadh an dara MRI ar fáil
- Ospidéal Ginearálta Loch Garmain: Forbraíodh saoráid ocht leaba i gcomhair cúraim shiúlaigh

#### Grúpa Ospidéal CRMÉ (RCSI)

- Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath 9: An tAonad Measúnaithe um Ghalair Riospráide agus Thógálacha – athchumrú ar an mbarda oscailte chun cubhachailí leithlise agus seomraí tacaíochta a chur ar fáil le haghaidh measúnú riospráide agus iontráil dhíreach
- Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath 9: Ionad téarnaimh athshlánaithe riachtanach chun dul i ngleic le riachtanais COVID-19 agus cuireadh 16 leaba ionscópachta (breise) ar fáil. Rinneadh athchóiriú ar bharda Naomh Raphael ionas go bhféadfaí 16 leaba a chur ar fáil ann
- Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath 9: Bá cóireála na Rannóige Éigeandála – athchumraíodh spás chun naoi mbá measúnaithe breise a chur ar fáil agus athchóiríodh an spás sa RÉ chun an t-ionad feithimh ginearálta a mhéadú
- Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath 9: Forbairt á déanamh maidir le seirbhís speisialta Raideolaíocht Néar-Idirghabhála Thrombectomy (dhá sheomra)
- Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath 15: Leithlisiú istigh sa RÉ d'othair a bhfuil tástáil dhearfach COVID-19 faighte acu mar aon le bearta um scaradh sóisialta
- Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath 15: Síneadh leis an tSaotharlann

#### Grúpa Ospidéil um Chúraim Sláinte Saolta

- Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe, Co na Gaillimhe: Oibreacha tógála a bhaineann le trealamh nua fluarascópachta
- Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe, Co na Gaillimhe: Clár chun ardaitheoirí nua a sholáthar (ceithre ardaitheoir)
- Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe, Co na Gaillimhe: Geimhreadh 2020 – Rannóg Éigeandála le bheith ina Rannóg d'Othair Sheachtracha
- Ospidéal na hOllscoile, Sligeach: Ionad do Dhiaibéitigh chun tús a chur le seirbhís chaidéil insline péidiatraiceach

#### Grúpa Ospidéal an Deiscirt/ an Iardheiscirt

- Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh: Clár chun Ardaitheoirí nua a sholáthar
- Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas: Feistiú Ospidéal Naomh Mícheál, Céim 2, an tAonad Measúnaithe Réamh-Obráide agus áit ar leith le haghaidh dhá bhá leaba i mbá 11/Máinliacht 2/CCU. Iomlán na leapacha breise – 33
- Ospidéal na hOllscoile, Ciarraí: Dara scanóir CT d'Ospidéal na hOllscoile, Ciarraí. An dara scanóir ag teastáil chun freastal ar an easnamh bliantúil de 3,111 in acmhainn CT
- Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge: Marbhlann nua agus áiseanna iarbháis
- Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge: Uasghrádú ar AHU in obrádlanna – Céim 1 i 2015, Céim 2 i 2018 agus Céim Dheiridh 2020

## Cúram Ospidéil Géarchúraim (ar lean)

**Grúpa Ospidéal OL**

- Ospidéal na hInse, Co. An Chláir: ROS (OPD) nua a fheistiú, seomra x-ghathaithe agus diagnóisic eile, san áireamh
- Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Luimneach: Aonad Naíonán nuabheirthe – Céim 1
- Ospidéal na hOllscoile Luimneach: Saotharlann mhodúlach COVID-19 nua a thógáil ag OOL (UHL) chun tástáil a bhainistiú. Tá an trealamh agus an fhoireann lonnaithe faoi láthair i bhfoirgneamh IOCT (CERC) agus tá an t-ionad ag teastáil anois do chúrsaí oideachais

**An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna**

- Bealach Féich, Co. Dhún na nGall: Ionad otharchairr ag Ospidéal Naomh Seosamh, Srath an Urláir, athlonnú Seirbhísí do Dhaoine aosta, san áireamh

# Tionscadail a bhí Críochnaithe faoi dheireadh 2021 agus a bheidh ag Feidhmiú i 2022

## Cúram Sláinte Pobail

**Seirbhísí Cúraim Phríomhúil**

- Durlas, Co. Thiobraid Árann: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Droichead na Bandan, Co. Chorcaí: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Beanntraí, Co. Chorcaí: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Baile Baodáin, Co. Átha Cliath: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa

**Seirbhísí do Dhaoine Aosta**

- Otharlann Phobail an Chlochán Léith, Tír Chonaill: Athchóiriú agus uasghrádú chun cloí le caighdeáin ÚFCS
- Ospidéal Mhuire, Cluainín Uí Ruairc, Co. Liatroma: Athchóiriú ar gach seirbhís leictreach
- Ospidéal Pobail Bhaile Chaisleáin Bhéarra (N. Iosaf), Co. Chorcaí: Athchóiriú agus uasghrádú chun cloí le caighdeáin ÚFCS
- Ospidéal Pobail an Sciobairín, (N. Anna), Co. Chorcaí: Athchóiriú agus uasghrádú chun cloí le caighdeáin ÚFCS

**Seirbhísí Míchumais**

- Bráithre na Carthanachta, Gaillimh: Aonad amháin le ceannach/hathchóiriú chun freastal ar riachtanais tithíochta ceathrar atá ag bogadh ó shuíomh comhchónaithe

**Seirbhísí Meabhairshláinte**

- Teach Gharrán na Darach, Ospidéal N. Bríd, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe: Soláthar dhá theach le cúig sheomra leapa (brúnna ardtacaíochta) do chónaitheoirí faoi mhíchumas intleachtúil
- Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge: Uasghrádú breise ar an Aonad Géarshláinte Meabhrach chun cloí le moltaí Thuarascáil an Choimisiúin Mheabhairshláinte
- Ospidéal um Sheirbhísí Náisiúnta Meabhairshláinte Foréinsí, Port Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath: Céim 1: Ospidéal Náisiúnta Foréinseach Lárnach (100 leaba nua in ionad na leapacha atá ann agus 70 leaba bhreise). Mar chuid den tionscadal seo chomh maith, tá Meabhairshláinte Leanaí agus Ógánach (10 leaba) agus Aonad Athshlánaithe Dianchúraim (30 leaba), mar atá molta ag A Vision for Change.
- Ardán Stanhope, Baile Átha Cliath Lár Thuaidh: Athchóiriú ar Ardán Stanhope chun lóistín a chur ar fáil do 13 atá i dTeach Weir faoi láthair

## Géarchúram Ospidéil

**Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann**

- Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcás, Cill Chainnigh: Síneadh le Raideolaíocht agus ÍAM (MRI) nua

**Grúpa Ospidéal RCSI**

- Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath 15: Breis áiteanna feithimh i Sciathán Connolly

**Grúpa Ospidéil um Chúraim Sláinte Saolta**

- Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh: Geimhreadh 2020 – Athchumrú agus síneadh sealadach RÉ. Leathnaíodh an RÉ isteach sa ROS (OPD) in aice láimhe le go bhféadfaí áit Ghlas agus Dhearg a chruthú chun othair COVID-19 a scaradh – in áiteanna feithimh, measúnú mionghortuithe agus péidiatraiceach
- Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh: Aonad Cóireála Ionsaithe Gnéis. Athlonnú go saoráid ar léas. Cómhaoinithe le TUSLA agus leis an Roinn Dlí agus Cirt
- Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh: Seomra nua TF

**Grúpa Ospidéal an Deiscirt/ an Iardheiscirt**

- Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh: Cóiríocht oiliúna altraí – ceithre leaba ghéarmhíochaine breise ar fáil
- An Otharlann Theas Ospidéal Ollscoile Victoria, Corcaigh: Athlonnú na Rannóige Oftailmeolaíochta d'othair seachtracha ó OOC go OTOOV (SIVUH)
- Ospidéal na hOllscoile, Ciarraí: Seirbhísí Othair Sheachtracha OOChiarraí (UHK) a athlonnú chuig PCC a críochnaíodh le déanaí i dTrá Lí

**Grúpa Ospidéal OL**

- Ospidéal Chromadh, Co. Luimnigh: Forbairt Aonad Máinliachta Ortaipéideach. Feistiú obrádlanna agus CSSD ina bhfuil nasc cruthaithe le Barda Naomh Anna agus ardaitheoirí (gan athchóiriú Bharda Naomh Anna san áireamh)
- Ospidéal na hInse, Co. an Chláir: Céim 1b den athfhorbairt ar Ospidéal Ginearálta na hInse – feistiú á dhéanamh ar áiteanna folmha san fhoirgneamh atá ann faoi láthair le cóiriú mar Aonad Gortuithe Áitiúil
- Ospidéal an Aonaigh, Co. Thiobraid Árann: Spás cliniciúil tiomnaithe a chur ar fáil do chlinic ROS (OPD)

## Cuireadh Moill ar na Tionscadal seo, ní bheidh siad críochnaithe go dtí am éigin tar éis 2021

### Cúram Sláinte Pobail

#### Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

- Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Cluain Eois Co. Mhuineacháin: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Baile Dhún na nGall, Co Dhún na nGall: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Dún Fionnachaidh/An Fálcarrach, Tír Chonaill: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Cill na Seanrátha Co. an Chabháin: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Teach Nazareth, Sligeach: Athchóiriú – Céim 2: Foireann chúraim phríomhúil agus seirbhísí pobail eile
- Líonra Thuaisceart Shligigh, Ionad Cúraim Phríomhúil: Ionad Cúraim Phríomhúil tógtha ag FnaSS
- Béal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Port Omna, Co. na Gaillimhe: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Inis 1 (Bóthar an Stáisiúin), Co. an Chláir: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- An Caisleán Nua Thiar, Co. Luimnigh: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Ros Cré, Co. Thiobraid Árann: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Ospidéal Naomh Otteran, Port Láirge: Forbairt seirbhísí éisteolaíochta
- Baile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa
- Achadh an Tobair, Tamhlacht Co. Bhaile Átha Cliath: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa (síneadh leis an tsaoráid)

#### Seirbhísí do Dhaoine Aosta

- Otharlann Phobail Charn Domhnach, Co. Dhún na nGall: Athchóiriú agus uasghrádú chun cloí le caighdeáin ÚFCS
- Aonad Altranais Pobail an Fhálcarraigh, Co. Dhún na nGall: Athchóiriú agus uasghrádú chun cloí le caighdeáin ÚFCS
- Ospidéal Pobail Naomh Eoin, Co Shligigh: Athchóiriú agus uasghrádú chun cloí le caighdeáin ÚFCS
- Na Ráithíní, Co. an Chláir: Athchóiriú agus uasghrádú chun cloí le caighdeáin ÚFCS
- Ospidéal Pobail Chathair Saidhbhín, Co. Chiarraí: Athchóiriú agus uasghrádú chun cloí le caighdeáin ÚFCS
- Ospidéal Pobail Chloich na Coillte agus Cúram Cónaithe Fadtéarmach (Mount Carmel), Co. Chorcaí, Athchóiriú agus uasghrádú chun cloí le caighdeáin ÚFCS
- Ospidéal Pobail Lios Tuathail, Co. Chiarraí: Athchóiriú agus uasghrádú chun cloí le caighdeáin ÚFCS
- Teach Altranais Monfield, Baile an Róistigh, Corcaigh: Réadmhaoin le ceannach agus oibreacha uasghrádaithe le déanamh ag Baile an Róistigh, Corcaigh chun tuilleadh acmhainní a chur ar fáil do Dhaoine Aosta (níltear ag leanacht ar aghaidh leis seo)
- Ospidéal an Chroí Ró-naofa, Co. Cheatharlach: Athchóiriú agus uasghrádú chun cloí le caighdeáin ÚFCS

#### Seirbhísí Míchumais

- Áras Attracta, Béal Átha na Muice, Co. Mhaigh Eo: Ceithre aonad ag céimeanna éagsúla ceannaigh/tógála nua/athchóirithe chun freastail ar riachtanais tithíochta 14 duine atá ag bogadh ó shuíomhanna comhchónaithe
- Iníonacha na Carthanachta, An Bán Mór, Co. Luimnigh: Aláraim dhóiteáin, soilsiú éigeandála agus oibreacha urrann i gcomhar leis an gclár um bogadh ó shaoráidí comhchónaithe
- Teach Cregg agus Cluain na Maithín Co. Shligigh: Cúig aonad ag céimeanna éagsúla ceannaigh/tógála nua/athchóirithe chun freastail ar riachtanais tithíochta 20 duine atá ag bogadh ó shuíomhanna comhchónaithe
- Iníonacha na Carthanachta, Co. Luimnigh agus Ros Cré, Co. Thiobraid Árann: Aonad amháin ag céimeanna éagsúla ceannaigh/tógála nua/athchóirithe chun freastail ar riachtanais tithíochta ceathrar atá ag bogadh ó shuíomhanna comhchónaithe
- Ionad San Raiféal, Eochaill, Co. Chorcaí, Ionad Naomh Uinseann, Bóthar Mhuire, Corcaigh: Trí aonad ag céimeanna éagsúla ceannaigh/tógála nua/athchóirithe chun freastail ar riachtanais tithíochta 12 duine atá ag bogadh ó shuíomhanna comhchónaithe
- Ionad Naomh Pádraig, Co. Chill Chainnigh: Dhá aonad á athchóiriú chun freastail ar riachtanais tithíochta ochtar atá ag bogadh ó shuíomhanna comhchónaithe
- Seirbhísí Eoin Dé, Campas N.Muire, Droim Chora, Co. Lú: Trí aonad ag céimeanna éagsúla ceannaigh/tógála nua/athchóirithe chun freastail ar riachtanais tithíochta 12 duine atá ag bogadh ó shuíomhanna comhchónaithe
- Tithe Ghráinseach Ghormáin, Baile Átha Cliath 7: Athlonnú Eve Holdings go 1-5 Bailtíní Ghráinseach Ghormáin chun forbairt Ionad Cúraim Phríomhúil Ghráinseach Ghormáin a éascú

#### Seirbhísí Meabhairshláinte

- Ospidéal Mount Carmel, Co. Bhaile Átha Cliath: Cóiríocht a sholáthar i gclochar folamh i gcomhair Moil speisialta um Neamhord Itheacháin

### Géarchúram Ospidéil

#### Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath agus Lár na Tíre

- An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise, Co. Laoise: An tAonad Measúnaithe Riospráide. Soláthar foirgneamh modúlach dhá stór ca. 800m2 chun Aonad Measúnaithe Riospráide a sholáthar sa RÉ chun cliaint COVID-19 agus neamh-COVID-19 a scaradh óna chéile
- An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise, Co. Laoise: Athchumrú ar an spás atá ar fáil chun cóiríocht chliniciúil agus riaracháin bhreise a chur ar fáil
- An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise, Co. Laoise: Tionscadal athchóirithe barda. Naoi seomra leithlise le cur ar fáil
- An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí: Oibreacha athchumraithe chun AMAU lár téarma, dhá sheomra leithlisithe a chur ar fáil sa RÉ, Saotharlanna Fuilaistriúcháin agus Histeolaíochta a athchumrú agus a leathnú
- Ospidéal San Séamus, Baile Átha Cliath 8: Smeara. Aonad modúlach (ceithre bhá) agus athchóiriú ar an spás atá ann cheana féin chun trí spás bhreise a chruthú. Seacht seomra leithlisithe a chur ar fáil don Aonad Smeara
- Ospidéal Ginearálta an Náis: 12 Seomra leaba singil/leapacha aonraithe
- Ospidéal na hOllscoile Tamhlacht: Aonad Cúraim Chriticiúil Chomhtháite le 12 leaba. Athchóiriú agus leathnú os cionn ROS (OPD) reatha

| Géarchúram Ospidéil (ar lean) | | |
|---|---|---|
| **Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann** | **Grúpa Ospidéal RCSI** | • An Otharlann Theas, Ospidéal na hOllscoile Victoria, Corcaigh: Athchóiriú/uasghrádú ar dhá obrádlann agus cóiríocht chun athlonnú na máinliachta oftalmach ó OOC (CUH) a éascú<br>• Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge:MRI nua agus oibreacha uasghrádaithe dóiteáin/bonneagar a bhaineann leo (ceannach trealaimh in ERP) |
| • Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath 7: Bloc bardaí 112 leaba le tógáil (94 seomra singil leithlisithe, ar chumas gach ceann aeráil agus ocsaigin ardsreafa a chur ar fáil, dhá sheomra um shrianadh galar an-tógálach agus 16 leaba dhianchúraim. Céim 1 chun 48 leaba a chur ar fáil, ocht leaba cúraim chriticiúil, san áireamh, faoi dheireadh 2021).<br>• An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí: Síneadh leis an Rannóg Raideolaíochta chun freastal ar MRI atá á sholáthar ag daoine eile<br>• An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí:An tAonad Measúnaithe Riospráide. Spás ROS (OPD) chun freastal ar RAU – daoine fásta agus péidiatraiceach<br>• Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcás, Cill Chainnigh: Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcás, Cill Chainnigh: Bloc nua bardaí leighis 72 leaba<br>• Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin: Uasghrádú a dhéanamh ar fhoirgneamh a fágadh folamh le déanaí chun 35 leaba a chur ar fáil (le húsáid ag seirbhísí géarmhíochaine, b'fhéidir) | • Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath 9: Ruílse a fháil ar Chlochar Beaumont agus uasghrádú a dhéanamh air i gcomhair chóiríocht riaracháin<br>**Grúpa Ollscoile um Chúram Sláinte Saolta**<br>• Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe, Co na Gaillimhe: Barda Aonraithe 14 leaba. Athchóiriú na ROS ar an gcéad urlár<br>• Ospidéal na hOllscoile, Sligeach: Síneadh dín a chur le hAonad Dianchúraim in Ospidéal Ollscoile Shligigh chun ceithre sheomra leithlisithe breise a chur ar fáil chun déileáil le fadhbanna acmhainne do Phlean Idirmheánach/Geimhridh COVID-19 2020<br>• Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh: Barda Cardatóracsach<br>**Grúpa Ospidéal an Deiscirt/ an Iardheiscirt**<br>• Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh: Clár i gcomhair ardaitheoirí nua<br>• Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh: Leapacha breise. Bloc bardaí modúlach 30 leaba le cur ar fáil | **Grúpa Ospidéal OL**<br>• Ospidéal Chromadh, Co. Luimnigh: Oibreacha uasghrádaithe dóiteán<br>• Ospidéal na hOllscoile Luimneach: Clár ardaitheoirí nua (ceithre ardaitheoir)<br>• Ospidéal na hOllscoile Luimneach: Uasghrádú um Shábháilteacht Dóiteán – Céim 2. Córas aláraim dóiteáin agus soilsiú éigeandála a fheistiú<br>**An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna**<br>• Ionad Otharcharanna Bhaile Átha Fhirdia, Co. Lú: Ionad nua otharcharanna<br>• An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí: Athlonnú stáisiúin otharcharranna |

# Aguisín 5: Sceideal – Tinreamh an Bhoird agus na gCoistí, Táillí agus Caiteachas

## An Bord

De réir Sceideal 2, mír 2A den *Acht Sláinte 2004*, (arna leasú le hAlt 32(b) den *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019*), ceanglaítear ar an mBord cruinniú amháin ar a laghad a thionól i ngach ceann de 11 mí sa bhliain.

Tháinig Bord FnaSS le chéile 19 uair sa tréimhse Eanáir-Nollaig 2021 agus tionóladh 11 cruinniú míosúil Boird agus 8 gcruinniú breise. Tá an tinreamh maidir leis na cruinnithe Boird le feiceáil sa tábla thíos.

| Comhalta Boird | Cruinnithe Míosúla | | | | | | | | | | | Cruinnithe Breise | | | | | | | | Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh | Íocaíocht € | Costais € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 29/01/2021 | 26/02/2021 | 26/03/2021 | 28/04/2021 | 26/05/2021 | 25/06/2021 | 28/07/2021 | 24/09/2021 | 29/10/2021 | 26/11/2021 | 17/12/2021 | 05/01/2021 | 08/01/2021 | 13/01/2021 | 15/01/2021 | 16/03/2021 | 21/05/2021 | 23/10/2021 | 19/11/2021 | | | |
| Ciarán Devane (Cathaoirleach) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 19 | 80,000 | 362.14 |
| Deirdre Madden (Leaschathaoirleach) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 17 | N/A | 0 |
| Fergus Finlay | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 19 | 14,963 | 0 |
| Aogán Ó Fearghail | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 19 | 14,963 | 0 |
| Sarah McLoughlin | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 17 | 14,963 | 0 |
| Fiona Ross | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | 13 | 14,963 (pro rata) | 0 |
| Fergus O'Kelly | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | 18 | 14,963 | 0 |
| Brendan Lenihan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 19 | 14,963 | 0 |
| Yvonne Traynor | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 19 | 14,963 | 0 |
| Tim Hynes | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | 17 | 14,963 | 0 |
| Anne Carrigy | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | ✓ | ✓ | ✓ | | 11 | 14,963 (pro rata) | 0 |
| Brendan Whelan | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 13 | 14,963 (pro rata) | 0 |

Nótaí:

- Ní fhaigheann an tOllamh Deirdre Madden táille as a bheith ina ball de Bhord FnaSS faoin riail duine amháin, tuarastal amháin; áfach, tugtar íocaíocht choibhéiseach do Choláiste na hOllscoile, Corcaigh maidir le haislíonadh a poist
- D'éirigh Fiona Ross as an mBord ar 4 Lúnasa 2021
- Ceapadh Anne Carrigy agus Brendan Whelan mar chomhaltaí Boird 12 Márta 2021

## Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

| Comhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | 12/02/2021 | 12/03/2021 | 09/04/2021 | 22/04/2021 | 10/05/2021 | 21/05/2021 | 11/06/2021 | 21/06/2021 | 09/07/2021 | 19/07/2021 | 10/09/2021 | 22/09/2021 | 08/10/2021 | 27/10/2021 | 12/11/2021 | 17/11/2021 | 13/12/2021 | Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh | Íocaíocht € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Brendan Lenihan (Leaschathaoirleach) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 17 | Comhalta Boird |
| Fiona Ross | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | 10 | Comhalta Boird |
| Fergus Finlay | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 17 | Comhalta Boird |
| Ann Markey | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | | ✓ | | ✓ | 13 | 1,710.00 |
| Colm Campbell | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 17 | 1,710.00 |
| Pat Kirwan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 17 | N/A |
| Martin Pitt | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 16 | 1,710.00 |

Nótaí:
- Ní fhaigheann Pat Kirwan táille as a bheith ina ball de Bhord FnaSS faoin riail duine amháin, tuarastal amháin
- D'éirigh Fiona Ross as a bheith mar chomhalta den Bhord ar 4 Lúnasa 2021

## Coiste Daoine agus Cultúir

| Comhalta den choiste Daoine agus Cultúir | 20/01/2021 | 05/02/2021 | 09/04/2021 | 11/06/2021 | 03/09/2021 | 08/10/2021 | 03/12/2021 | Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh | Íocaíocht € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Yvonne Traynor (Cathaoirleach) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 7 | Comhalta Boird |
| Aogán Ó Fearghail | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 | Comhalta Boird |
| Sarah McLoughlin | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 | Comhalta Boird |
| Brendan Whelan | | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4 | Comhalta Boird |
| Deirdre Cullivan | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 4 | 1,140.00 |
| Bernie O'Reilly | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 7 | 1,710.00 |

Nótaí:
- Ceapadh Brendan Whelan mar chomhalta Boird 12 Márta 2021
- Ceapadh Deirdre Cullivan mar bhall den Choiste ar 26 Feabhra 2021

## Coiste Feidhmíochta agus Seachadta

| Comhalta den Choiste Feidhmíochta agus Seachadta | 19/02/2021 | 19/03/2021 | 23/04/2021 | 18/06/2021 | 23/07/2021 | 17/09/2021 | 22/10/2021 | 09/11/2021 | 16/11/2021 | 10/12/2021 | Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh | Íocaíocht € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tim Hynes (Cathaoirleach) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ | 8 | Comhalta Boird |
| Brendan Lenihan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 10 | Comhalta Boird |
| Fergus Finlay | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | 9 | Comhalta Boird |
| Brendan Whelan | | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 7 | Comhalta Boird |
| Sarah McLoughlin | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | 7 | Comhalta Boird |
| Louis Flynn | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | 8 | N/A |
| Regina Moran | | | ✓ | ✓ | | | | | | | 2 | 570.00 |
| Sarah Barry | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 10 | 1,710.00 |

Nótaí:

- Ní fhaigheann Louis Flynn táille as a bheith ina comhalta de Bhord FnaSS faoin riail duine amháin, tuarastal amháin
- D'eirigh Regina Moran as ar an 3 Meán Fómhair 2021
- Ceapadh Brendan Whelan mar chomhalta Boird 12 Márta 2021

## Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta

| Comhalta den Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta | 19/01/2021 | 16/03/2021 | 20/04/2021 | 13/05/2021 | 15/06/2021 | 13/07/2021 | 15/09/2021 | 20/10/2021 | 17/11/2021 | 14/12/2021 | Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh | Íocaíocht € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Deirdre Madden (Cathaoirleach) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 10 | Comhalta Boird |
| Fergus O'Kelly | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | 8 | Comhalta Boird |
| Yvonne Traynor | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 10 | Comhalta Boird |
| Anne Carrigy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 9 | Comhalta Boird |
| Margaret Murphy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 10 | 1,710.00 |
| Cathal O'Keeffe | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | 9 | N/A |
| Chris Luke | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | 9 | 1,710.00 |
| Jacqui Brown | | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | 6 | 1,710.00 |

Nótaí:

- Ní fhaigheann Cathal O'Keeffe táille as a bheith ina chomhalta de Bhord FnaSS faoin riail duine amháin, tuarastal amháin
- Ceapadh Anne Carrigy mar chomhalta Boird 12 Márta 2021 2021 (roimhe sin, bhí sí ina comhalta seachtrach den Choiste)
- Ceapadh Jacqui Brown mar chomhalta den Choiste 28 Aibreán 2021

# Aguisín 6: Comhlíonadh Reachtach

## Ceanglais Reachtaíochta maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil

### Acht Reachtach

| An tAcht Sláinte 2004 | |
|---|---|
| Alt 37. – (2) Beidh na nithe seo a leanas i dTuarascáil Bhliantúil: | |
| (a) | ráiteas ginearálta ar na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chuir an Fheidhmeannacht ar fáil i rith na bliana roimhe sin nó na seirbhísí a cuireadh ar fáil thar a ceann (i gcomhréir le comhaontú faoi Alt 8 nó le socrú faoi Alt 38) agus ar na gníomhaíochtaí a rinne an Fheidhmeannacht an bhliain sin. |
| (b) | tuarascáil a chur ar fáil ar fheidhmiú an phlean chorparáidigh i rith na bliana |
| (c) | tuarascáil a chur ar fáil ar fheidhmiú an phlean seirbhíse i rith na bliana |
| (d) | tuarascáil a chur ar fáil ar fheidhmiú na bpleananna caipitil i rith na bliana |
| (e) | léiriú ar na socruithe atá ag an bhFeidhmeannacht chun a cód rialachais a chur i bhfeidhm agus chun go gcloífear i gcónaí leis |
| (f) | an tuarascáil a cheanglaítear faoi Alt 55 (gearáin), agus |
| (g) | cibé faisnéis dar leis an bhFeidhmeannacht a bheith cuí nó a shonróidh an tAire. |

# Aguisín 7: Gluais Téarmaí

| Acrainm | |
|---|---|
| ADHD (NHAA) | Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde |
| AMR (FAFM) | Frithsheasmhacht Ábhar Fhrithmhiocróbach |
| AMRIC (FÁFMRI) | Frithsheasmhacht Ábhar frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtuithe |
| ARC (CIR) | An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca |
| BA | Céim sna Dána |
| C&AG (ARC&C) | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| CAMHS (SMPLÓ) | Seirbhísí Meabhairshláinte Pobail do Leanaí agus d'Ógánaigh |
| CAR-T | T-cheall le gabhdóir ciméarach aintaiginí |
| CAWT (COLC) | Comhoibriú agus Obair le Chéile |
| CCO (POC) | Príomhoifigeach Cliniciúil |
| CCT (RTC-19) | Rianaire Teagmhála COVID-19 |
| CEO (POF) | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| CHI (SLÉ) | Sláinte Leanaí Éireann |
| CHN (LCSP) | Líonra Cúraim Sláinte Pobail |
| CHO (ESP) | Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail |
| CIDR (TRGT) | Tuairisciú Ríomhairithe ar Ghalair Thógálacha |
| CIPFA (ICAPC) | An Institiúd Chairte um Airgeadais Phoiblí agus Cuntasaíochta |
| CIT (FIP) | Foireann Idirghabhála Pobail |
| CMM (CBC) | Cnáimhseach Bainisteora Cliniciúil |
| CMP (CBT) | Clár um Bhainistiú Teagmhála |
| CMSU (ATBC) | Aonad Tacaíochta um Bhainistiú Conarthaí |
| COMAH (RGM-T) | Rialú ar Ghuais Mhór-Thimpiste |
| COPD (GSTA) | Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach |
| CoVax (CBVC-19) | Córas um Bhainistiú Vacsaínithe Covid-19 |
| COVID | Galar coróinvíris |
| CUH (OOC) | Ospidéal Ollscoile Chorcaí |
| DEXA | Dual Energy X-ray Absorptiometry |
| DoH (RS) | An Roinn Sláinte |
| DPER (RCPA) | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| ECC (CPB) | Cúram Pobail Breisithe |
| ECG (LCG) | Leictreacardagram |
| ECHO (MG) | Macallagram |
| ED (RÉ) | An Rannóg Éigeandála |
| EEA (LEE) | An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch |

| Acrainm | |
|---|---|
| EIP (LIS) | Luath-idirghabháil Síocóise |
| EMT (FBF) | Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin |
| EU (AE) | An tAontas Eorpach |
| EWTD (TAEAO) | Treoir an AE um Am Oibre |
| FCCA (CCGDC) | Comhalta de Chomhalachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte |
| FIT (TIA) | Teiripe Idirghabhála Anbhainne |
| GHG (AG) | Astaíochtaí Gáis |
| GDPR (RGCS) | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| GI (GS) | Gastraistéigeach |
| GMS (SMG) | Seirbhís Míochaine Ginearálta |
| GP (DT) | Dochtúir Teaghlaigh |
| HCAI (IBCS) | Ionfhabhtú Bainteach le Cúram Sláinte |
| HIQA (ÚFCS) | An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte |
| HIV (VEID) | Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna |
| HPV (PVD) | Papalómaivíreas Daonna |
| HR (AD) | Acmhainní Daonna |
| HAS (ÚSS) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| HSCP (GCSS) | Gairmithe Cúraim Shláinte agus Shóisialta |
| HSE (FnaSS) | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| HSELanD (SrFF) | Seirbhísí ríomhFhoghlama agus Forbartha |
| ICGP (CDTÉ) | Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann |
| ICPCDM (CCCBGA) | Clár Cúraim Comhtháite um Bhainistiú Galair Ainsealacha |
| ICPOP (CCCDA) | Clár Cúraim Comhtháite do Dhaoine Aosta |
| ICT (TFC) | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| ICU (ADC) | Aonad Dianchúraim |
| ID (MI) | Míchumas Intleachtúil |
| IFMS (CCBA) | Córas Comhtháite um Bhainistithe Airgeadais |
| IHCPs (PDCB) | Pacáistí Dianchúraim Baile |
| IMO (CDÉ) | Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann |
| iNAP (PGNÉ) | Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann |
| InterRAI (UIMC) | Uirlis Idirnáisiúnta um Mheasúnú Cónaitheoirí |
| IPC (CRI) | Cosc agus Rialú Ionfhabhtuithe |
| ISBN (LCI) | Leabharuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta |
| IT (TF) | Teicneolaíocht na Faisnéise |
| KPI (PTF) | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
| LACES | An Saol i ndiadh Ailse a Tholg ag leagan béime ar Mharthanas |

| Acrainm | |
|---|---|
| LTI (TFT) | Tinneas Fadtéarmach |
| MECC (TGT) | Tábhacht le gach Teagmháil |
| MHC (CMS) | An Coimisiún Meabhair-Shláinte |
| MHID (MMI) | Meabhairshláinte i ndáil le Míchumas Intleachtúil |
| MMR | Bruitíneach, Leicneach, Bruitíneach Dhearg |
| MMUH (OOMM) | Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae |
| MoU (MT) | Meabhrán Tuisceana |
| MRI (ÍAM) | Íomhánú Athshondais Mhaighnéadaigh |
| MTC (AM-T) | Aonad Mórthráma |
| NAS (SNO) | An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna |
| NCEC (CÉC) | Coiste um Éifeachtacht Chliniciúil |
| NCHD (DNCO) | Dochtúir Neamhchomhairleach Ospidéil |
| NCIS (CFNA) | Córas Faisnéise Náisiúnta maidir le hAilse |
| NCMT (FNBG) | Foireann Náisiúnta um Bhainistiú Géarchéime |
| NCSC (INCS) | Ionad Náisiúnta Cibearshlándála |
| NEIS (CNFE) | Córas Náisiúnta Faisnéise Eastát |
| NHS (SNS) | An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte |
| NHSS (STTA) | Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais |
| NIAC (CCNI) | An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh |
| NIMIS (CCÍL) | Córas Comhtháite um Íomháú Liachta |
| NIMS (CBTh) | Córas Bainistíochta um Theagmhais |
| NIRP (PANN) | An Painéal Athbhreithnithe Neamhspleách Náisiúnta |
| NiSRP (TCFCP) | Taifid Chomhtháite Foirne agus Clár Pá |
| NPHET (FNÉSP) | Foireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí |
| NSP (PSN) | Plean Seirbhíse Náisiúnta |
| NTPF (CNCC) | An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála |
| OGD (ÉGD) | Éasafaga-Gastra-Dúidéineascópacht |
| OHCA (SCLO) | Stad Cairdiach lasmuigh den Ospidéal |
| OPAT (TFMPOS) | Teiripe Fhrithmhiocróbach Phaireintreach Othar Seachtrach. |
| OPD (R na nOS) | Rannóg na nOthar Seachtrach |
| PA (CP) | Cúntóir Pearsanta |
| PAS (CRO) | Córas Riaracháin Othar |
| PCC (ICP) | Ionad Cúraim Phríomhúil |
| PCRS (SACP) | Seirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil |
| PHN (ASP) | Altra Sláinte Poiblí |
| PMH (MI) | Meabhairshláinte Imbhreithe |

| Acrainm | |
|---|---|
| PPE (TCP) | Trealamh Cosanta Pearsanta |
| PRRT (TRGP) | Teiripe Radanúiclíde um Ghabhdóir Peiptíde (Peptide Receptor Radionuclide Therapy) |
| REC(CTE) | Coiste um Taighde Eiticí |
| RHA (CSR) | Ceantar Sláinte Réigiúnach |
| SABR (CBV C-19) | Córas um Bhainistiú Vacsaínithe COVID-19 |
| SAT (UMA) | Uirlis Mheasúnaithe Aonair |
| SEAI (ÚFIÉ) | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| SIVUH (OTOOV) | An Otharlann Theas – Ospidéal Ollscoile Victoria |
| STI (IG-T) | Ionfhabhtú Gnéas-Tarchurtha |
| SVUH (OONU) | Ospidéal na hOllscoile N. Uinseann |
| TAPS (SÍCS) | Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh |
| TILDA (SFAÉ) | Staidéar Fadaimseartha ar Aosú in Éirinn |
| ToR (TT) | Téarmaí Tagartha |
| TUH (OOT) | Ospidéal na hOllscoile, Tamhlacht |
| UHW (OOPL) | Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge |
| UK (RA) | Ríocht Aontaithe |
| VAT (CBL) | Cáin Bhreisluacha |
| VPN (LPF) | Líonra Príobháideach Fíorúil |
| WHWU (ASFÁO) | Aonad Sláinte agus Folláine san Áit Oibre |
| WTE (CL) | Coibhéis Lánaimseartha |



# Rialachas Airgeadais

Forléargas ar Fheidhmíocht agus Airgeadas 2021

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ráitis Airgeadais

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Aguisíní

# Forléargas ar Fheidhmíocht agus Airgeadas 2021

## Réamhrá

Lean paindéim COVID-19 ar aghaidh i 2021 agus bhí tionchar suntasach arís aige ar FnaSS. Díríodh go príomha ar dhul i ngleic le cúinsí a bhain le COVID-19 agus ag an am céanna leanadh ag cur príomhsheirbhísí ar fáil ar bhun tosaíochta (neamh-COVID-19). Chuir sé seo brú suntasach ar mhaoiniú agus ar chaiteachas i rith na bliana 2021 ar fad.

Fuair FnaSS ioncam agus maoiniú caipitil de €21.6bn ón Roinn Sláinte i 2021, rud a léirigh an gá a bhí ann a chinntiú go ndéanfaí maoiniú cuí ar straitéis COVID-19 FnaSS agus ag an am céanna go gcuirfí seirbhísí sláinte eile ar fáil agus muid fós ag dul i ngleic le COVID-19.

Cuireadh €1.6bn den mhaoiniú seo ar fáil ar bhonn aonuaire do na príomhréimsí agus na tionscnaimh seo a leanas a bhí riachtanach chun dul i ngleic le COVID-19. Tá achoimre orthu seo thíos:

- An clár vacsaínithe a chur i bhfeidhm
- Tionscnamh Tástála agus Rianaithe
- Freagairt Pobail agus Ospidéil, ina measc:
  - Seirbhísí DT (GP) COVID-19
  - Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh do thithe altranais príobháideacha (TAPS)
  - Acmhainn ospidéil phríobháideacha a choimisiúnú
- Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) agus na costais lóistíochta a bhain leo
- Pleanáil don gheimhreadh i gcomhthéacs na paindéime.

Rinneadh cibirionsaí ar FnaSS ar an 14 Bealtaine 2021, rud a chuir leis na dúshláin a bhí ann don fhoireann ar fud seirbhísí iomlána FnaSS a bhí ag déanamh a ndíchill cheana féin chun dul i ngleic le COVID-19. Léirigh an cibirionsaí seo na laigí a bhí ag baint le bonneagar TFC de chuid FnaSS agus a mbeidh gá le hinfheistíocht mhaoinithe breise a dhéanamh ann amach anseo do chlár ilbhliantúil trasfhoirmithe TFC.

## Comhthéacs Straitéiseach

Lean COVID-19 ar aghaidh i 2021, agus dá bharr, bhí ar na seirbhísí sláinte dul i ngleic le dúshláin acmhainne agus inniúlachta. Mar thoradh ar an bpaindéim cuireadh isteach ar ghnáthghníomhaíochtaí cúram sláinte ar bhealach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, agus cuireadh isteach ar ionaid phobail agus ghéarchúraim araon maidir le seirbhísí cúram sláinte a chur ar fáil agus a fheabhsú, ach fós leanadh le cúram a chur ar fáil, in ainneoin dhúshláin COVID-19. D'athraigh COVID-19 ó bhun, go brách b'fhéidir, an bealach a gcuireann FnaSS cúram sláinte ar fáil. In 2021, leanamar orainn ag oiriúnú agus ag athshainiú samhlacha seachadta seirbhíse agus an timpeallacht chliniciúil féin ar mhaithe le leanúnachas seirbhísí agus cúram sláinte a chur ar fáil ar bhealach sábháilte.

Meastar go bhfuil os cionn 5.01m duine ina gcónaí in Éirinn faoi láthair, tháinig méadú de 34,000 ar an daonra bliantúil, sa bhliain go dtí mí Aibreáin 2021. Tá an ráta breithe is airde san Eoraip in Éirinn, le 60,396 breith taifeadta le bliain anuas agus an ráta báis is ísle san Eoraip. Tá an fás daonra is suntasaí fós i measc na n-aoisghrúpaí níos sine. Tá an dara daonra is mó fáis san Eoraip ar fad sa tír seo.

Tá méadú níos mó ná aon trian tagtha ar líon na ndaoine atá 65 bliain d'aois agus níos sine le deich mbliana anuas, sin líon atá dhá oiread níos airde ná an meán Eorpach. Laistigh den aoisghrúpa seo bhí 176,000 duine 80 bliain d'aois nó os a chionn, méadú 19% ó 2016. Tá méadú suntasach tagtha ar ionchas saoil mhuintir na hÉireann ó 2000 agus tá ionchas saoil na tíre seo ar an gcúigiú ceann is airde san Eoraip. Maireann mná 84.7 bliain ar an meán agus maireann fir 80.8 bliain ar an meán. Is rátaí laghdaithe básmhaireachta ó mhóghalair, ar nós, galair an chórais imshruthaithe agus roinnt ailsí, an chúis is mó atá leis an ardú seo. De réir mar a mhaireann daoine in Éirinn níos faide, is mó an seans go mbeidh siad ag maireachtáil le tinneas ainsealach amháin nó níos mó ná ceann amháin, néaltrú, san áireamh. Tá dúshlán mór ag baint leis na hathruithe sa daonra do phleanáil na seirbhísí sláinte, agus bhí na dúshláin seo níos measa i mbliana de bharr COVID-19 agus an chibirionsaithe. De bharr an mhéadú atá ag teacht ar an daonra agus daoine ag maireachtáil níos faide, tá sé ríthábhachtach go bpleanálann na seirbhísí sláinte go héifeachtach do riachtanais chúram sláinte sa todhchaí.

Cuireann nósanna a bhaineann le stíl mhaireachtála le castacht an tsoláthair sláinte in Éirinn, ina measc, an tionchar a bhíonn ag caitheamh tobac, úsáid drugaí, alcól agus murtall. Tá laghdú suntasach tagtha ar líon na ndaoine fásta a chaitheann tobac in Éirinn; Mar sin féin, tá an méid alcóil a ólann daoine fásta in Éirinn níos airde ná meán an ECFE (OECD) agus tá rátaí murtaill ag ardú i gcónaí, rud a bhfuil dúshlán breise ag baint leis maidir le soláthar seirbhísí sláinte.

Le dhá bhliain anuas, bhí orainn ár gcóras sláinte iomlán a oiriúnú chun freastal ar riachtanais na n-othar a bhí tinn, go leor díobh a bhí thar a bheith tinn le COVID-19, agus bhí orainn bealach a aimsiú chun príomhsheirbhísí a chosaint agus a chur ar fáil do dhaoine a raibh cúram éigeandála agus cúram práinneach pleanáilte ag teastáil uathu. Ní hamháin gur cuireadh isteach go mór ar sheirbhísí a bhí ann, ach b'éigean seirbhísí nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go tapa. Le linn na bliana seo caite, bhí orainn freisin soláthairtí vacsaíní, trealamh agus foirne a chur ar fáil ar mhórscála chun an clár vacsaínithe a chur i bhfeidhm, agus leanúint ar aghaidh le clár tástála agus rianaithe ollmhór.

Rinne an cibirionsaí a tharla ar an 14 Bealtaine 2021, dochar mór dár gcóras cúram sláinte, agus ar sholáthar agus ar rochtain ar sheirbhísí cúram sláinte i 2021, a bhí ag déileáil cheana féin le dúshláin uafásacha na paindéime. Mar thoradh ar an ngníomh coiriúil seo cuireadh isteach ar na seirbhísí go léir agus lean sé seo ar feadh roinnt seachtainí. Anois agus muid ag bogadh ó bhainistiú na paindéime i dtreo maireachtáil le COVID-19, mar ghalar eindéimeach eile ar nós a lán galair den chineál seo, beidh sé ríthábhachtach go nglacfaidh muid cur chuige tomhaiste agus comhréireach.

## Forléargas ar Airgeadas

### Anailís ar Ioncam

Fuair FnaSS ciste ioncaim €20.6bn ón Roinn Sláinte chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar. Ar an iomlán b'ionann é sin agus méadú €1.2 billiún (6%) ar an gciste a fuarthas i 2020.


Bhí ciste aonuaire de €1.6bn sa chiste seo a cuireadh ar fáil, chun costais COVID-19 2021 a chlúdach. Cuireadh €592m breise de choigilteas, a bhain le laghdú ar leibhéil ghníomhaíochta sna príomhsheirbhísí agus na moille maidir le forbairtí pleanáilte, ar fáil chomh maith mar chuid den chiste maoinithe iomlán.

#### Tábla 1: Anailís ar Ioncam iomlán FnaSS i 2021 agus 2020

| Sruth Ioncaim (Ioncam) (léirithe in €'000) | BA (FY) 2021 | BA (FY) 2020 | % Var |
|---|---|---|---|
| Deontas ón Roinn Sláinte | 20,617,795 | 19,451,541 | 6.0% |
| "An Chéad Mhuirear" | – | 6,472 | -100.0% |
| Ioncam Othar Príobháideach | 342,780 | 328,549 | 4.3% |
| Ioncam Aoisliúntais Foirne | 156,180 | 159,838 | -2.3% |
| Tobhach Pinsin | 200,289 | 191,903 | 4.4% |
| Ioncam Eile | 130,435 | 126,437 | 3.2% |
| **Ioncam Iomlán de réir AFS** | **21,447,479** | **20,264,740** | **5.8%** |

#### Graf 1: Ioncam FnaSS ó 2005

Leiríonn Graf 1 an méadú a tháinig ar ioncam agus ar mhaoiniú FnaSS ó 2005. Tá méadú suntasach tagtha ar ioncam ó 2019, sin léiriú ar an maoiniú breise a theastaigh chun dul i ngleic le paindéim COVID-19.




## Forléargas ar Fheidhmíocht agus Airgeadas 2021 (ar lean)

Tá méadú tagtha ar chaiteachas sláinte poiblí na hÉireann (caipitil agus ioncam) ó leibhéal íseal de €13.4bn i 2013 go dtí os cionn €21bn i 2022.

Mar sin féin, tháinig méadú ag ráta i bhfad ní b'ísle ar an méid airgid a cuireadh ar fáil in aghaidh an duine i gcomhair seirbhísí sláinte agus sóisialta in Éirinn i gcomparáid leis an meán san ECFE, sa tréimhse chéanna. Idir 2010 agus 2020, tháinig méadú 51% ar an gcaiteachas sláinte poiblí per capita do shaoránaigh ECFE i gcomparáid le méadú 40% in Éirinn. Tá fíric atá ina húdar imní ceilte sna figiúirí seo, is é sin gur le dhá bhliain anuas a tháinig leath an ardaithe ar chaiteachas sláinte poiblí in Éirinn, rud a chiallaíonn go raibh arduithe an chaiteachais sa réimse seo faoi bhun an mheáin ar feadh ocht mbliana den tréimhse seo. I gcomparáid leis sin, tháinig méadú 56% ar chaiteachas den chineál seo sa Ghearmáin, cé go raibh caiteachas sláinte 19% per capita ní b'airde ann ag tús na tréimhse seo ná mar a bhí in Éirinn, agus tá maoiniú sláinte poiblí ag ráta 33% níos mó ann anois ná mar atá in Éirinn. Léirítear é seo i nGraf 2 thíos:

**Graf 2: % Athrú ar Chaiteachas Sláinte Pobail, per Capita, 2010-2020**




## Anailís ar Chaiteachas agus Torthaí

Ag deireadh 2021, tuairiscíonn FnaSS easnamh ioncaim thar chaiteachas de €195m nó 1% dá hioncam iomlán, agus is de bharr na dtionchar a bhain le méadú ar chásanna COVID-19 go príomha atá seo amhlaidh. Tá an costas €2.4bn a bhain le dúshláin COVID-19 i bhfad níos airde ná an maoiniú sonrach de €1.6bn. a cuireadh ar fáil le dul i ngleic le COVID-19. Is ar na trí rud seo a leanas a bhain le COVID-19 a caitheadh an chuid is mó den €2.4bn: Costais an Chláir Tástála agus Rianaithe – €719m, costais vacsaínithe – €530m agus costais TCP – €352m, chomh maith le costas pá eile agus costas neamhphá ar fud na seirbhísí géarchúraim agus pobail a bhain go díreach le COVID-19.

Go hachomair, tá costais COVID-19 €787m níos airde ná an ciste maoinithe do COVID-19 a cuireadh ar fáil do FnaSS ach bhí glanchoigilteas de €592m sna príomhsheirbhísí, rud a d'fhág go raibh athraitheas codarsnach de €195m i gceist. Baineann an coigilteas, go príomha le laghdú ar na leibhéil ghníomhaíochta sna príomhréimsí sláinte de bharr COVID-19 agus an mhoill a cuireadh ar fhorbairtí a bhí beartaithe, m.sh foireann bhreise a earcú chun an tseirbhís sláinte a neartú go buan. Ba í an chúis a bhí leis an moill seo, go príomha, ná go raibh sé riachtanach tús áite a thabhairt do bhearta éifeachtacha le dul i ngleic leis an bpaindéim.

Is é an caiteachas iomlán a tuairiscíodh do 2021 ná €21.6bn, 8% níos airde ná an caiteachas i 2020. Déantar anailís sa tábla thíos ar an gcaiteachas seo de réir réimse seirbhíse FnaSS. Bhain 38% den chaiteachas iomlán leis na hOspidéil Ghéarmhíochaine agus na Seirbhísí Náisiúnta Otharcharranna, agus bhain 46% den chaiteachas le Seirbhísí Pobail[1].

Baineann an caiteachas méadaithe de 8% i 2021 nó €1.6bn, go príomha, le bearta breise a cuireadh i bhfeidhm i 2021 le cur ar chumas na seirbhísí sláinte dul i ngleic le paindéim COVID-19.

1 Cúram Príomhúil, Seirbhísí Míchumais agus Seirbhísí do Dhaoine Aosta, Meabhairshláinte.

**Tábla 2: Caiteachas FnaSS de réir Réimsí Seirbhísí i 2021 agus 2020**

| Rannán FnaSS (€000) | BA 2021 | BA 2020 |
|---|---|---|
| Ospidéil Ghéarmhíochaine | 8,206,397 | 7,749,615 |
| Cúram Príomhúil | 4,974,705 | 4,581,477 |
| Seirbhísí Míchumais agus Seirbhísí do Dhaoine Aosta | 3,951,737 | 3,695,946 |
| Seirbhísí tacaíochta Corparáideacha* | 2,856,134 | 2,691,501 |
| Meabhairshláinte | 1,070,648 | 1,038,601 |
| Sláinte agus Folláine | 582,892 | 263,266 |
| Caiteachas Iomlán | 21,642,513 | 20,020,406 |

* Costais Eile ag baint le héilimh, san áireamh

Tá anailís níos mionsonraithe de réir réimse ar fáil níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo.

## Seibhísí in Ospidéil Ghéarmhíochaine

Tá sé mar chuspóir ag seirbhísí in ospidéil ghéarmhíochaine sláinte an daonra a fheabhsú trí sheirbhísí sláinte a chur ar fáil, i ngach reimse, idir tacaíochtaí a chur ar fáil ionas go mbeadh daoine in ann a sláinte féin a bhainistiú, mar aon le hidirghabhálacha gairide agus deiseanna i dtaca le diagnóis luath a fháil chomh maith le seirbhísí speisialaithe treasacha. Cuirtear seirbhísí in ospidéil ghéarmhíochaine ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí i sé Ghrúpa Ospidéil, Sláinte Leanaí Éireann agus an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS). I measc na seirbhísí seo, tá cúram sceidealaithe (cúram pleanáilte), cúram neamhsceidealaithe (cúram neamhphleanáilte/éigeandála), seirbhísí diagnóiseacha, seirbhísí speisialtóra (galair neamhchoitianta ar leith nó réimsí an-speisialaithe, ar nós, cúram criticiúil agus seirbhísí aistrithe orgán), seirbhísí ailse, seirbhísí tráma, seirbhísi máithreachais agus leanaí, chomh maith leis an gcúram éigeandála réamh-ospidéil agus idirmheánach a chuireann SNO (NAS) ar fáil. Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil le freastal ar riachtanais an daonra agus tá siad ag teacht le beartais agus cuspóirí sláinte i gcoitinne, iad siúd a bhaineann le Cúram Sláinte, san áireamh. Déanann ospidéil gach iarracht chun rochtain ar chúram sláinte a fheabhsú, agus ag an am céanna déantar a chinntiú go dtugtar tús áite do thionscnaimh cháilíochta agus sábháilteachta othar de réir an bhuiséid atá tugtha dóibh, bainistiú COVID-19 agus ionfhabhtuithe eile, san áireamh.

Mar thoradh ar an dochar a rinne an phaindéim de ghnáthghníomhaíochtaí cúram sláinte, tháinig laghdú suntasach ar leibhéil ghníomhaíochta sa réimse géarchúraim i 2021. Bhí tionchar ar leith ag COVID-19 agus an cibirionsaí ar sheirbhísí cúraim sceidealaithe, rud a d'fhág tréimhsí feithimh agus liostaí feithimh ní b'fhaide. Mar sin féin, rinneadh dul chun cinn suntasach in acmhainn cúraim chriticiúil i 2021, rinneadh pleanáil agus fuarthas maoiniú i gcomhair 42 leaba cúraim chriticiúil, agus d'fhág sé sin go raibh 297 leaba ar fáil sa tseirbhís seo, chomh maith le hacmhainní d'fhoirne mearfhreagartha, d'oideachasóirí altranais agus cuireadh feabhas ar sheirbhísí aisghabhála maidir le cúram criticiúil.

Le linn 2021, síníodh Comhaontuithe Seirbhíse (CS) le 18 ospidéal príobháideach. Cuireadh na CS seo i bhfeidhm ag tráthanna 'a raibh méadú ar chásanna' agus le linn an chibirionsaithe, ag cinntiú go leanfaí ar aghaidh le cúram neamhsceidealaithe, práinneach agus criticiúil ó thaobh ama de, d'othair a bhí ag lorg cúram sna príomhréimsí sláinte.

## Cúram Sláinte Pobail

Clúdaíonn cúram sláinte pobail seirbhísí cúraim phríomhúil, seirbhísí um ionchuimsiú sóisialta, seirbhísí do dhaoine aosta agus cúram maolaitheach, seirbhísí míchumais agus seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine fásta, ina measc, grúpaí imeallaithe agus iad siúd atá ag fulaingt éagothroime sláinte. Cuireann Dochtúirí Teaghlaigh, altraí sláinte poiblí agus Gairmithe Sláinte agus Cúram Sóisialta (GSCS) seirbhísí ar fáil trí fhoirne cúraim phríomhúil agus Líonraí Sláinte Phobail (LSP). Cuirtear seirbhísí cúram sláinte pobail ar fáil faoi láthair i naoi nEagraíocht Sláinte Pobail (ESP) trí mheascán cúraim díreach ó FnaSS agus ó sholáthraithe deonacha seirbhíse Alt 38 agus 39, mar aon le Dochtúirí Teaghlaigh agus soláthraithe príobháideacha. Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil do dhaoine i bpobail áitiúla chomh gar do bhaile agus is féidir.

## Seirbhísí do Dhaoine Aosta

Soláthraíonn seirbhísí do dhaoine aosta réimse leathan seirbhísí, ina measc, tacaíocht baile, cúram lae, tacaíochtaí pobail i gcomhpháirtíocht le grúpaí deonacha agus cúram idirmheánach chomh maith le cúram cónaitheach fadtéarmach nuair nach bhféadfaidh an duine aosta fanacht sa bhaile a thuilleadh (Scéim Tacaíochta Tithe Altranais). Soláthraíonn FnaSS na seirbhísí seo go díreach nó trí shocruithe seirbhíse le soláthraithe deonacha,

## Forléargas ar Fheidhmíocht agus Airgeadas 2021 (ar lean)

neamhbhrabúis agus príobháideacha. Cinntíonn sé seo go bhfuil bealaí ar leith ann chun cúram a chur ar fáil, ionas go bhfuiltear ábalta na seirbhísí a chur ar fáil ag an leibhéal cuí, ar bhealach comhtháite chun freastal ar riachtanais daoine aosta. Leanadh le seirbhísí ar nós cúram idirthréimhseach, seirbhísí faoisimh cónaithe ar bhonn éigeandála, tacaíocht baile agus faoiseamh baile agus tacaíocht cúramóra le linn COVID-19 ach laghdaíodh an líon seirbhísí seo de bharr srianta acmhainne. In ainneoin gur tháinig laghdú ar ghníomhaíocht, cuireadh beagnach 20.5 milliún uair thacaíochta baile ar fáil i 2021. Chomh maith leis sin i 2021, leanadh ag cur na seirbhísí in oiriúint do riachtanais áirithe, mar shampla tháinig méadú i gcás Béilí ar Rothaí, tacaíocht líne ghutháin agus for-rochtain trí chuairteanna inar cloíodh le scaradh sóisialta.

### Seirbhísí Míchumais

Cuirtear seirbhísí míchumais ar fáil ar bhealaí éagsúla, m.sh. ó sheirbhísí FnaSS, Alt 38/Alt 39 agus soláthraithe brabúis. Cuirtear seirbhísí míchumais ar fáil dóibh siúd le míchumas fisiciúil, céadfach, intleachtúil agus uathachas i seirbhísí cónaithe, seirbhísí tacaíochta baile agus cúnaimh phearsanta, teiripí cliniciúla/gaolmhara, seirbhísí néara-athshlánúcháin, faoisimh, seirbhísí lae agus athshlánúcháin. Braitheann an costas sna Seirbhísí Míchumais go príomha ar riachtanas na gcliant agus ar chastacht gach cás ar leith. Chun dul i ngleic le dúshláin COVID-19, chuir FnaSS agus a soláthraithe seirbhíse comhpháirtíochta réimse beart i bhfeidhm, ina measc, tugadh tús áite do chúram riachtanach cónaitheoirí (m.sh. cuireadh áiteanna cónaithe éigeandála breise ar fáil), Tacaíocht Baile/ seirbhísí CP (PA) agus tacaíochtaí teilea-/ar líne i gcomhair úsáideoirí na seirbhísí agus teaghlaigh. Dúnadh nó ciorraíodh seirbhísí áirithe, ina measc, seirbhísí lae, seirbhísí faoisimh, agus tacaíochtaí cliniciúla áirithe.

### Seirbhísí Meabhairshláinte

Cuirtear seirbhísí meabhairshláinte ar fáil i bpobail áitiúla. I measc na seirbhísí seo, tá seirbhísí géarchúraim d'othair chónaitheacha, ospidéil lae, clinicí othar seachtrach, foirne meabhairshláinte atá bunaithe sa phobal (CAMHS, seirbhísí ginearálta do dhaoine fásta agus síciatracht i gcomhair na mblianta is déanaí sa saol), meabhairshláinte a bhaineann le míchumas intleachtúil, seirbhísí cónaithe pobail agus cúram leanúnach. I measc na bhfo-speisialtachtaí, tá athshlánú agus téarnamh, neamhoird itheacháin, síciatracht idirchaidrimh agus meabhairshláinte imbhreithe. Tá Seirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fhóiréinseach ar fáil freisin, seirbhísí príosúin d'othair chónaitheacha agus seirbhís inrochtana le saoráid chuí, nua-aimseartha, a fhágann go bhfuil 130 leaba ar fáil anois. Mar thoradh ar COVID-19, laghdaíodh roinnt seirbhísí meabhairshláinte pobail. Bhí an laghdú ar sheirbhísí ag teacht le comhairle sláinte poiblí maidir le soláthar seirbhísí ar bhealach sábháilte. Baineadh úsáid fhorleathan as uirlisí cianchomhairliúcháin ar nós Attend Anywhere chun leanúnachas sna seirbhísí a bheith ar fáil d'othair mheabhairshláinte a chinntiú.

### Seirbhísí Cúram Príomhúil

Cuireann seirbhísí cúram príomhúil cúram agus tacaíochtaí ar fáil do dhaoine gar do bhaile, ar feadh a saoil. Is cur chur chuige pobalbhunaithe atá i gceist agus tá cúram dochtúra teaghlaigh (DT) agus seirbhísí DT lasmuigh d'uaireanta oibre i gceist, chomh maith le réimse leathan seirbhísí diagnóiseacha, cóireála agus tacaíochta, ina measc, fiaclóireacht, éisteolaíocht, oftailmeolaíocht, síceolaíocht leanaí agus seirbhísí teiripe.

Tacaíonn ionaid chúraim phríomhúil leis an aistriú straitéiseach cúraim agus seirbhísí chuig cúram príomhúil, chun rochtain níos fearr ar chúram sláinte a chinntiú, ina dtugtar deis do dhaoine aonair agus do theaghlaigh teacht ar réimse leathan seirbhísí cúraim phríomhúil in aon áit amháin ina gceantar féin. De bharr líon na n-ionad cúram príomhúil atá oscailte le blianta beaga anuas, tá brú breise ar an gcostas a bhaineann le feidhmiú cúram príomhúil. Is cuid lárnach den bhonneagar iad na saoráidí seo atá riachtanach chun seirbhísí cúraim phríomhúil a sholáthar do dhaonra atá ag dul in aois agus tá siad riachtanach chun go mbeadh rath ar an aistriú seirbhísí chuig cúram príomhúil. Bhí na hionaid seo ina gcuid lárnach d'fhreagairt na seirbhísí sláinte ar an bpaindéim, m.sh baineadh úsáid astu mar mhoil mheasúnaithe COVID-19, mar láithreáin mhaipíneachta agus mar ionaid vacsaínithe. Thosaigh naoi n-ionad cúraim phríomhúil nua ag feidhmiú in 2021, agus anois tá 147 ionad cúraim phríomhúil ag feidhmiú. Cé gur cuireadh teiripí i gclinicí ar ceal ag tús na paindéime, bunaíodh cineálacha cur chuige nuálacha (ar nós Attend Anywhere) chun teiripí a chur ar fáil go fíorúil, nuair ab fhéidir.

### Seirbhísí Sláinte agus Folláine agus Sláinte Pobail

Tacaíonn seirbhísí sláinte agus folláine lenár ndaonra go hiomlán le fanacht sláintiúil agus folláin. Dírítear ar chosc, ar chosaint, ar chothú agus ar fheabhsú na sláinte, mar aon le héagothroime sláinte a mhaolú, agus dírítear chomh maith ar dhaoine a chosaint ar bhagairtí dá sláinte agus dá bhfolláine. Tacaíonn na seirbhísí sláinte agus folláine le daoine agus le pobail a sláinte agus folláine a chosaint agus a fheabhsú; déantar gníomhartha bunaithe ar thaighde, ar fhianaise agus ar eolas; feidhmíonn na seirbhísí mar údarás i réimse na sláinte, folláine agus forbairt beartas; agus déantar gach iarracht córas sláinte cliste a fheidhmiú agus sláinte an daonra a fheabhsú.

Bhí ról tábhachtach ag ár bhfoirne sláinte poiblí maidir le dul i ngleic le paindéim COVID-19. D'oibrigh foirne sláinte poiblí go dlúth leis an gcóras sláinte i gcoitinne chun scaipeadh an víris a mhaolú agus a shrianadh ag baint úsáide as straitéisí bunaithe ar fhianaise, treoir, faireachas galair agus faisnéis sláinte a forbraíodh ar bhonn náisiúnta. Thacaigh sláinte phoiblí freisin le tástáil COVID-19 ó thús go deireadh, le rianú teagmhála, le bainistiú ráigeanna, le faireachas agus le tuairisciú sa chaoi go ndéanfaí sláinte ár ndaonra a chosaint go sonrach ó bhagairt a bhain le borradh leantach ar chásanna den víreas. Rinneadh é seo i gcomhpháirtíocht le clár tástála agus rianaithe FnaSS.

## Tástáil agus Rianú

Mar chuid de fhreagairt FnaSS ar tharchur an ghalair a shrianadh agus a chosc, forbraíodh Samhail Oibriúcháin Náisiúnta um Thástáil agus Rianú do COVID-19 a bhí inbhuanaithe agus solúbtha. Tá an fheidhm Thástála agus Rianaithe freagrach as próiseas tástála COVID-19 agus rianú teagmhála ó thús go deireadh, a chur ar fáil agus is iad príomhghnéithe na seirbhíse ná atreoruithe i gcomhair tástála, maipíneacht, tástáil saotharlainne, torthaí a chur in iúl agus rianú teagmhála (faireachas agus bainistiú ráigeanna, san áireamh). Tacaíonn seirbhísí géarmhíochaine agus pobail leis an bhfeidhm Thástála agus Rianaithe chomh maith, soláthraíonn siad ionaid tástála agus tástáil saotharlainne ospidéil, comhairliúcháin DT i ndáil le Seirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) agus ionaid mhaipíneachta sna ESP (CHO) Cúraim Phríomhúil. Bhí ról lárnach ag ollthástáil beacht, mar aon le córas láidir rianaithe teagmhála, i mbainistiú phaindéim COVID-19. Le 18 mí anuas, tá méadú suntasach tagtha ar an gcumas tástála agus rianaithe. De bharr threisiú leanúnach teicneolaíochta, ar nós tairseacha ar líne, beifear in ann leanúint ar aghaidh le tástáil agus rianú, agus oibríochtaí tástála a chomhordú go héifeachtach, de réir mar is gá i 2022.

## Clár Vacsaínithe COVID-19

Cuid lárnach den chur chuige le dul i ngleic le paindéim COVID-19 in Éirinn ab ea an clár náisiúnta vacsaínithe a fheidhmiú, le príomh-rannpháirtíocht na hOifige Náisiúnta Imdhíonta agus an Lárionaid Faire um Chosaint Sláinte. Tá Clár Vacsaínithe COVID-19 freagrach as bainistiú agus dáileadh vacsaíní COVID-19 ó thús go deireadh agus áirítear ar phríomhghnéithe na seirbhíse láithreáin vacsaínithe a bhunú, bonneagar TFC nua a fhorbairt, socruithe comhpháirtíochta éifeachtacha a fhorbairt le Dochtúirí Teaghlaigh agus cógaiseoirí agus cur lenár líon oibrithe atá oilte chun vacsaíní a dháileadh. Cuirtear an clár vacsaínithe ar fáil trí líonra ionad vacsaínithe pobail, cleachtais DT agus cógaslanna a dháileann na vacsaíní go díreach ar othair ar bhonn aoisghrúpaí mar atá socraithe ag NIAC (An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh) agus NPHET (An Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí). Faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2021, bhí vacsaín iomlán faighte ag níos mó ná 90% den daonra incháilithe, agus bhí tionchar suntasach aige sin maidir le laghdú ar chásanna an ghalair, ar an líon daoine a cuireadh sna hospidéil agus ar an méid daoine a fuair bás leis an ngalar. Ina theannta sin, bhí feidhmiú an Chláir Vacsaínithe fíorthábhachtach maidir le tacú le hathoscailt na sochaí agus maolú na srianta sláinte. Tá an clár ag cinntiú solúbthachta agus ullmhachta i dtaca le cláir vacsaínithe COVID-19 sa todhchaí chun teacht le moltaí CCNÍ (NIAC) (ar bhonn bliantúil, más gá) chomh maith le freagrúlacht ghinearálta i dtaca le dul i ngleic le Paindéim.

## Scéim Aisíocaíochtaí Cúraim Phríomhúil

Tacaíonn an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) le soláthar réimse leathan seirbhísí cúraim phríomhúil don phobal i gcoitinne, trí chonraitheoirí cúraim phríomhúil mar Dhochtúirí Teaghlaigh, fiaclóirí, radharceolaithe nó cógaiseoirí chun na seirbhísí saor in aisce nó ar chostas laghdaithe a chuireann siad ar fáil don phobal i réimse leathan scéimeanna nó socruithe sláinte pobail. Is iad na scéimeanna nó na socruithe seo an bonneagar trína maoiníonn córas sláinte na hÉireann cuid mhór den chúram príomhúil don phobal. Feidhmíonn SACP (PCRS) na scéimeanna ar bhonn reachtaíochta agus/nó beartas rialtais agus le treoir ón Roinn Sláinte. Bainistíonn SACP (PCRS) an tAonad Náisiúnta Cártaí Leighis a phróiseálann gach iarratas ar chártaí leighis agus ar chártaí cuairte DT ar leibhéal náisiúnta. Próiseáiltear freisin iarratais ar an scéim íocaíochta drugaí (DPS) agus iarratais i ndáil le tinnis fhadtéarmacha (LTI). De bharr phaindéim COVID-19, bhí costais mhóra ar SACP (PCRS), ina measc, costais a bhain leis an bpacáiste tacaíochta do Dhochtúirí Teaghlaigh (go príomha le haghaidh clinicí riospráide, comhairliúcháin teileafóin a bhain le COVID-19, comhairliúchán teileafóin neamh-COVID-19, méadú ar ghlaonna lasmuigh d'uaireanta oibre), costais a bhain le leathnú incháilitheachta cártaí agus le seachadadh vacsaínithe trí dhochtúirí teaghlaigh agus cógaiseoirí pobail.

Forléargas ar Fheidhmíocht agus Airgeadas 2021 (ar lean)

## Tionscnaimh a bhain le hAirgeadas

Tacaíonn an rannán Airgeadais Náisiúnta leis an eagraíocht chun infheistíocht uasta chuí inár seirbhísí sláinte a chinntiú agus cuntas a thabhairt ar an infheistíocht sin, ag cinntiú go gcuirtear seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil agus go léirítear an luach is fearr ar an airgead a chaitear. Déantar gach iarracht bainistíocht airgeadais níos láidre a chur chun cinn, dea-chleachtais maidir le soláthar a chur i bhfeidhm, timpeallacht láidir rialachais agus rialaithe a chothú chomh maith le feabhas a chur ar chórais airgeadais agus soláthair, pleanáil, tuairisciú, costáil agus buiséadú, chun luach ar airgead a spreagadh agus a léiriú, ar bhonn leanúnach.

Príomhréimsí ina ndearnadh dul chun cinn i 2021:

- Dearadh mionsonraithe an chórais chomhtháite um bainistiú airgeadais (IFMS) a thabhairt chun críche chun tacú le tuairisciú airgeadais níos fearr, ina measc, anailís agus réamhaisnéis, mar ullmhúchán do chruthú, tástáil agus feidhmiú an chórais a gcuirfear tús leis i 2022.
- Plean Feabhsúcháin Rialaithe trí bliana agus Plean Forfheidhmithe Maoinithe Bunaithe ar Ghníomhaíochtaí a ullmhú agus a chur i bhfeidhm
- Forbraíodh cur chuige chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhain leis an gcibirionsaí agus coinníodh leibhéal seirbhísí ar siúl i dtaca leis an bpárolla, seirbhísí íocaíochta (AP), seirbhísí ioncaim agus fardal/lóistíocht
- Cuireadh dearadh na samhla oibriúcháin don todhchaí i gcrích, agus cuireadh chun cinn an tsamhail acmhainní agus an straitéis phárolla do sheirbhísí airgeadais comhroinnte
- Rinneadh dul chun cinn maidir le seachadadh Plean Corparáideach Soláthair agus feabhsaíodh féinmheasúnú ar chomhlíontacht soláthair
- Táthar ag leanacht ag cur an Chláir Thaifid Chomhtháite Foirne agus Clár Pá (NiSRP) i bhfeidhm agus tá sé ag obair anois san Oirdheisceart agus táthar ag leanacht lena fheidhmiú sa Deisceart.

## An Dealramh atá ar Ghnóthaí maidir le 2022

Cé go bhfuil COVID-19 fós ina dhúshlán mór dár bhfoireann, d'othair, d'úsáideoirí na seirbhísí agus do ghrúpaí leochaileacha, leanfaimid orainn ag obair ar fud na heagraíochta chun seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus muid ag bogadh ó phaindéim go céim eindéimeach. Ag an am céanna, leanfaimid ag athchóiriú agus ag feabhsú na seirbhísí sláinte chun iad a láidriú go buan, bunaithe ar mholtaí thuarascáil Sláintecare.

I 2022, beimid ag brú chun cinn réimse clár agus tionscnamh atá lárnach do Sláintecare. Díreoimid ar dhul i ngleic le liostaí feithimh agus le tréimhsí feithimh sna seirbhísí géarchúraim agus sa phobal araon, díreofar ar shláinte na mban agus ar fheabhsuithe a chur i bhfeidhm sna seirbhísí meabhairshláinte agus míchumais, ní bheifear ag brath ar an tsamhail chúraim bunaithe ar chúram ospidéil chomh mór agus atá faoi láthair, agus díreoimid ar athchóirithe a dhéanamh ar thacaíochtaí baile agus cúram cónaithe sna seirbhísí do dhaoine aosta. I dTuarascáil Sláintecare 2017 chomh maith, rinneadh gealltanas maidir le réigiúnú FnaSS. I rith 2022, agus muid ag obair i gcomhar leis an RS, déanfaidh FnaSS sonraíocht na CSR (RHA) a dhearadh agus a fhorbairt, ina measc, plean cuimsitheach forfheidhmithe a chur i gcrích, tabharfar soiléireacht maidir le rialachas corparáideach agus cliniciúil, agus cuirfear tús leis an gcéim aistrithe chuig na socruithe nua.

Foilsíodh an Plean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) ar an 01 Márta 2022 ina leagtar síos na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chuirfear ar fáil de réir an bhuiséid de €20.683bn a cuireadh ar fáil do 2022. Sa phlean, dírítear ar sholáthar agus ar fheabhsú seirbhísí cúram sláinte agus ag an am céanna dul i ngleic le dúshláin COVID-19. Seo méadú de €1.037bn ar bhunmhaoiniú agus €697m de chiste aonuaire a cuireadh ar fáil go sonrach i gcomhair COVID-19. Tá €1.4bn san iomlán curtha ar fáil do bhearta nua i mbuiséad 2022. Cuireadh €1.1bn de ar fáil i 2021 agus €0.3bn breise i 2022, a sholáthróidh acmhainn bhreise sa chóras sláinte agus a thacóidh le seachadadh *Sláintecare*.

Is é an buiséad caipitil iomlán do 2022 ná €1.045bn, tá bunmhaoiniú de €130m agus maoiniú COVID-19 aonuaire de €50m san áireamh anseo. Ní hamháin go ndíreofar an bhliain seo chugainn ar oibreacha nua ach déanfar uasghrádú ar bhonneagair atá ann cheana féin chun ár n-eastát TFC a thabhairt suas go caighdeáin nua-aimseartha. Ó thaobh TFC de, cuirfear go mór le hacmhainn ríomhShláinte, ag comhdhlúthú na bhfeabhsuithe digiteacha a rinneadh le linn na paindéime chun tacú le Dochtúirí Teaghlaigh cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh le hospidéil agus leis an bpobal, maidir le cúram othar. Tá tús áite á thabhairt d'oibreacha a bhaineann le cibearshlándáil, agus déanfaimid ár mbonneagar bunúsach agus ár gcibirtheicneolaíocht a uasghrádú go suntasach chun ár gcórais a chosaint a mhéid is féidir in aghaidh ionsaithe sa todhchaí.

Léiríonn tarlúintí, ar nós, COVID-19 agus an cibirionsaí ar chórais na seirbhíse sláinte go bhfuil neart bagairtí a d'fhéadfadh tarlú gan choinne agus a mbeadh tionchar uafásach acu ar sholáthar cúram sláinte. De bharr na paindéime, beidh neamhchinnteacht agus castacht ag baint le pleanáil agus soláthar seirbhísí i 2022. Dá bharr sin, beidh castachtaí breise i gceist i gcás phleanáil airgeadais agus bhainistiú airgeadais do 2022. Luaitear sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta: "De thoradh air sin, níl sé praiticiúil an gnáthleibhéal dearbhaithe a sholáthar maidir leis an méid gníomhaíochta agus inacmhainneachta i 2022, go háirithe maidir le seirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine, cé go ndéanfar gach iarracht phraiticiúil na saincheisteanna agus na rioscaí airgeadais éagsúla a bhainistiú agus a mhaolú".

In ainneoin sin, tuigeann FnaSS go hiomlán an dualgas atá uirthi agus tá an fheidhmeannacht tiomanta maidir lena cuid acmhainní a bhainistiú chun sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a chosaint agus a chothú.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Léiríonn an Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach an staid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021. Leagtar amach ann cur chuige agus freagracht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le Bainistíocht Riosca, Rialuithe Inmheánacha agus Rialachas. Scríobhadh an ráiteas seo i gcomhthéacs na ndúshlán a bhain le COVID-19 i 2021. I rith 2021, rinneadh cibirionsaí tromchúiseach ar chórais FnSS, faoi mar a shonraítear sa ráiteas seo.

## 1. Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FnaSS), dearbhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Ullmhaíodh an ráiteas seo de réir an cheanglais atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)* de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá foráil déanta san *Acht Sláinte 2004* arna leasú le h*Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019* do bhord a bhunú (an "**Bord**"), arbh é bord rialaithe FnaSS é, agus údarás aige, in ainm FnaSS, a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte as comhlíonadh a chuid feidhmeanna. Tá foráil san Acht leasaithe 2004 freisin maidir le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) atá cuntasach don Bhord. Caithfidh an Bord é féin a shásamh go bhfuil córais chuí rialaithe inmheánaigh curtha i bhfeidhm.

Ceanglaítear ar an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar na rialuithe agus na nósanna imeachta atá glactha ag FnaSS d'fhonn dearbhú réasúnta a thabhairt dó féin go bhfuil siad seo sásúil chun go mbeidh ar chumas FnaSS a cuid oibleagáidí reachtúla agus rialachais a chomhlíonadh. Tá an Bord freagrach as rialachas, maoirseacht agus feidhmíocht a neartú. Tá taithí agus saineolas leordhóthanach ag comhaltaí an Bhoird maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna FnaSS chun go mbeadh ar a gcumas cur go mór le feidhmíocht éifeachtach agus éifeachtúil na bhfeidhmeanna sin. Foráiltear leis an Acht leasaithe 2004 freisin go mbunófaí Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus cibé coistí nó fochoistí eile a mheasann an Bord a bheith riachtanach chun cabhrú leis chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Tá ceithre choiste bunaithe ag an mBord chun maoirseacht níos mionsonraithe a sholáthar ar réimsí ar leith mar a shainmhínítear i dtéarmaí tagartha na gcoistí éagsúla. Is iad seo a leanas na coistí sin:

- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Coiste Feidhmíochta agus Seachadta
- Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta
- Coiste Daoine agus Cultúir.

Tá na téarmaí tagartha atá ag Coistí an bhoird foilsithe ar shuíomh gréasáin FnaSS agus ní mór athbhreithniú a dhéanamh orthu ar bhonn tréimhsiúil.

Chuir an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 isteach ar obair Bhord FnaSS agus obair na gCoistí agus ar an bhFeidhmeannacht.

I rith 2020 de bharr na ndúshlán ar leith a bhain le COVID-19, rinne Bord FnaSS an cinneadh údarás a tharmligean chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun na cinntí riachtanacha a dhéanamh, nuair ba ghá, de réir an chur chuige uile-Rialtais agus ilghníomhaireachta i leith bhainistiú na héigeandála. Bhí ceangal ama i gceist leis an tarmligean seo agus bhí sé feiliúnach don chás éigeandála a bhain le paindéim COVID-19. Tugadh feidhmeanna forchoimeádta uile an Bhoird ar ais dó ar an 24 Meán Fómhair 2021.

Is mian le FnaSS aitheantas a thabhairt don tacaíocht thábhachtach leanúnach a fuarthas ón earnáil phríobháideach agus ó shaoránaigh na hÉireann le linn 2021 agus atá fós ag leanúint ar aghaidh. Tháinig Bord FnaSS le chéile 21 uair i 2021, agus rinneadh 2 cheardlann mhionsonraithe a éascú.

I rith 2021, de bharr thionchar leanúnach phaindéim COVID-19, lean foireann FnaSS ag dul i ngleic go pras le cúinsí oibre agus cleachtais athraithe ar nós, aistriú óna ngnáthobair chun tacú le riachtanais COVID-19, chomh maith le bheith ag obair ón mbaile ag teacht le treoir an Rialtais maidir le scaradh sóisialta.

Meastar go mbíonn an córas rialaithe inmheánaigh níos tábhachtaí fós in am géarchéime agus bhí ar an mBord agus ar an mBainistíocht athbhreithniú agus athmheasúnú a dhéanamh ar ghnéithe a bhain le rialú agus táthar ag déanamh breis scrúdaithe ar chúrsaí rialaithe mar chuid den athbhreithniú iomlán bliantúil ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach.

Ar an 14 Bealtaine 2021, rinne eagraíocht choiriúil, a chreidtear a oibríonn lasmuigh den Stát, cibirionsaí an-tromchúiseach ar FnaSS agus ar an gcóras sláinte i gcoitinne. Athbhunaíodh gach córas de chuid FnaSS, ach bhí tionchar ag an eachtra seo ar an gcóras rialaithe inmheánaigh chomh maith agus pléitear é go mion níos faide ar aghaidh sa ráiteas seo.

## 2. Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach sa chaoi go bhfuil sé in ann rioscaí a bhainistiú agus a laghdú seachas fáil réidh le rioscaí go hiomlán agus mar sin tá an t-athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh leagtha amach chun dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán a thabhairt maidir le héifeachtacht. Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach lena chinntiú go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí, agus go gcoisctear nó go mbraitear earráidí agus mírialtachtaí go pras.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha freisin chun a chinntiú go bhfuil prótacail agus beartais chuí i bhfeidhm agus ag feidhmiú go héifeachtach i gcomhthéacs sábháilteachta cliniciúla agus othar.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir na dtreoirlínte a d'eisigh RCPA (DPER), i bhfeidhm i FnaSS don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais, seachas i gcás na gceisteanna rialaithe atá sonraithe thíos.

Tá tionchar na paindéime COVID-19 agus an chibirionsaithe ar chóras rialaithe FnaSS sonraithe i Mír 7 agus 8 mar aon leis na bearta maolaithe a ghlac an bhainistíocht lena chinntiú go mbeadh na rialuithe inmheánacha oiriúnach don fheidhm atá leo.

## 3. An Cumas Rioscaí a Láimhseáil

Os é an Bord comhlacht rialaithe FnaSS, tá sé freagrach go hiomlán as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus as an gcreat bainistíochta riosca. Is ceadmhach don Bhord coistí a bhunú chun cúnamh agus comhairle a chur ar fáil i dtaca le feidhmíocht a dhualgas agus a fheidhmeanna.

Bunaíodh an **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** i gcomhréir le forálacha Acht 2019. Tá ceathrar comhalta seachtrach agus triúr comhalta de chuid Bhord FnaSS ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Measann an Bord go bhfuil na scileanna agus an taithí ábhartha ag gach comhalta chun feidhmeanna an Choiste a chomhlíonadh, ina measc gairmithe airgeadais le saineolas agus cáilíochtaí i réimse an airgeadais.

I measc na bhfreagrachtaí atá ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, tá na ceanglais seo:

- Comhairle a chur ar an mBord agus ar an bPríomhfheidhmeannach faoi chúrsaí airgeadais a bhaineann lena bhfeidhmeanna agus faoi chúrsaí comhlíontachta a bhaineann leo sin
- Comhairle a chur ar an mBord agus ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin faoi rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a thaifeadtar sna cuntais agus ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh atá á fheidhmiú i bhFnaSS.
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le feidhmiú chreat Bainistíochta Riosca FnaSS agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí FnaSS
- Tuairisciú i scríbhinn, ar a laghad uair sa bhliain, don POF (CEO) agus don Bhord maidir le gach ábhar faoina chúram agus cóip den tuarascáil sin a chur ar fáil don Aire Sláinte.

Tá réimse leathan ábhar airgeadais, reachtúil, comhlíontachta agus rialachais san áireamh i bhfeidhmeanna an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca de réir Chairt chomhaontaithe a leagann amach go sonrach ról, dualgais agus údarás an Choiste. Tá sé de cheangal ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca teacht le chéile ceithre huaire sa bhliain, ar a laghad. I 2021, bhí 17 cruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, rud a léirigh na freagrachtaí breise a bhí ar an gCoiste de bharr phaindéim COVID-19 agus an chibirionsaithe a rinneadh ar FnaSS.

Tá FnaSS ag díriú go sonrach ar bhagairtí i ndáil le soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a réamh-mheas agus a laghdú. Mar sin, is próiseas eagraíochtúil tábhachtach atá i gceist i mbainistiú na rioscaí corparáideacha agus déantar na rioscaí seo a thaifeadadh i gClár na Rioscaí Corparáideacha FnaSS. Má aimsítear agus má dhéantar monatóireacht ar rioscaí corparáideacha, tig leis an mBord agus le FBF (EMT) príomhrioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a mheas agus a bhainistiú.

Tacaíonn an CIR (ARC) agus Coistí Boird eile leis an mBord mar cuireann siad torthaí a n-athbhreithnithe maidir le riosca in iúl don Bhord. Faigheann an CIR tuarascálacha rialta freisin ar bhainistíocht riosca ón bPríomhoifigeach Riosca agus seiceálann sé an dul chun cinn atá á dhéanamh i gcomparáid le pleananna gníomhaíochta comhaontaithe chun rioscaí a aimsítear a bhainistiú. Tá ról maoirseachta ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir leis an obair seo.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Tá **feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí** ag FnaSS ina bhfuil pearsanra leis an oiliúint chuí acu agus feidhmíonn seo de réir cairte i scríbhinn arna faomhadh ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tuairiscíonn Stiúrthóir Náisiúnta na hIniúchóireachta Inmheánaí don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus tá sé ina bhall d'Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin (FBF) FnaSS. Déanann an fheidhm um Iniúchóireacht Inmheánach a clár oibre a chomhaontú i gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta Riosca agus déanann an Coiste monatóireacht ar an gclár oibre seo chomh maith.

I 2021, rinneadh an fheidhm Iniúchóireacht Cúraim Sláinte a chomhtháthú leis an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus tá an ráiteas seo scríofa sa chomhthéacs sin.

Tá feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí FnaSS freagrach as a chinntiú go gcuirtear clár cuimsitheach iniúchóireachta i gcrích ar fud FnaSS ar fad. Is é cuspóir na hoibre seo ná dearbhú a thabhairt go bhfeidhmítear rialuithe agus nósanna imeachta de réir an dea-chleachtais agus de réir na rialachán cuí agus déantar moltaí maidir le feabhas a chur ar rialuithe agus nósanna imeachta den chineál seo. Clúdaíonn scóip na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí gach córas agus gníomhaíocht ar fud FnaSS, ina measc, comhlachtaí a fhaigheann maoiniú ó FnaSS.

In ainneoin na ndúshlán leanúnach a bhain le COVID-19 chomh maith le tionchar an chibirionsaithe i 2021, chuir an rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí cuid mhór oibre i gcrích mar chuid dá plean oibre bliantúil, agus d'eisigh sí 161 tuairisc iniúchóireachta, ina raibh 890 moladh i ndáil le FnaSS agus gníomhaireachtaí atá maoinithe ag FnSS. Phléigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca FnaSS agus FBF (EMT) torthaí na dtuairiscí seo.

Bunaithe ar obair na hIniúchóireachta Inmheánaí agus ar thorthaí na rannpháirtíochtaí maidir le hiniúchadh inmheánach, tugadh tuairim iniúchóireachta foriomlán i dTuarascáil Bhliantúil 2021 an Stiúrthóra Náisiúnta um Iniúchadh Inmheánach gur féidir dearbhú teoranta a sholáthar maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus próisis rialaithe airgeadais.

Tá tuairim na hIniúchóireachta Inmheánaí bunaithe ar na ceithre rátáil féideartha seo a leanas agus na sainmhínithe a bhaineann leo:

| Cineál rátála na Tuairime Foriomlán | Sainmhíniú |
|---|---|
| **1. Sásúil** | Ar an iomlán, tá córas sásúil, éifeachtach rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe i bhfeidhm. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le roinnt feabhsuithe chun leordhóthanacht agus/nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú. |
| **2. Measartha** | Tá laigí sa chóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe agus dá bharr seo tá riosca measartha ann nach mbainfidh an córas a spriocanna amach. Tá gá le gníomh chun leordhóthanacht agus/nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú. |
| **3. Teoranta** | Tá laigí sa chóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe agus dá bharr seo tá riosca suntasch ann nach mbainfidh an córas a spriocanna amach. Tá gá le gníomh chun leordhóthanacht agus/nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú. |
| **4. Míshásúil** | Tá laigí sa chóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe agus dá bharr seo tá riosca tromchúiseach agus suntasch ann nach mbainfidh an córas a spriocanna amach. Tá gá le gníomh práinneach chun leordhóthanacht agus/nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú. |

Tá **beartas bainistithe riosca comhtháite** i bhfeidhm ag FnaSS a shonraíonn go soiléir róil agus freagrachtaí foirne ag gach leibhéal maidir le riosca (airgeadais agus neamhairgeadais). Cuireadh na foirne ag gach leibhéal ar an eolas maidir leis an mbeartas seo.

Tá an FnaSS ag déanamh gach iarracht len a chinntiú go dtuigtear go bhfuil dualgas ar gach duine i dtaobh riosca a bhainistiú, agus go mbeidh sé mar pháirt den ghnáthghnó laethúil agus go mbíonn sé lárnach i bpleanáil agus i bhfeidhmíocht straitéiseach san eagraíocht. Cheap FnaSS Príomhoifigeach Riosca i 2021 chun maoirseacht shinsearach chuí a chinntiú maidir leis an bpríomhréimse seo.

Bunaíodh an **Coiste Feidhmíochta agus Seachadta** chun comhairle a thabhairt don Bhord maidir le gach ábhar a bhaineann le feidhmíocht sa tseirbhís sláinte chun a chinntiú go bhfeabhsófar an fheidhmíocht chomh maith agus is féidir sna réimsí atá san áireamh i Scórchárta Straitéiseach aontaithe an Bhoird chun taithí níos fearr a chinntiú d'othair agus d'úsáideoirí na seirbhísí.

Tugann an **Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta** comhairle don Bhord maidir le saincheisteanna a bhaineann le Sábháilteacht agus Cáilíocht Othar.

Tugann an **Coiste Daoine agus Cultúir** comhairle don Bhord maidir le gach ábhar a bhaineann le pleanáil foirne agus fórsa oibre.

Tagann gach Coiste de chuid FnaSS le chéile go rialta de réir a gcairteacha sonracha agus comhlíonann siad ról monatóireachta breise thar ceann Bhord FnaSS.

## 4. An Creat Riosca agus Rialaithe

Is gné lárnach den dea-rialachas é bainistiú riosca. Tá FnaSS tar éis beartas **Bainistithe Riosca Comhtháite** a fhorbairt, arna threorú ag na prionsabail um bainistiú riosca atá sonraithe in ISO 31000 (is caighdeán é ISO 31000 atá aitheanta go hidirnáisiúnta, agus é saincheaptha ag saineolaithe sa réimse bainistithe riosca). Cuirtear an beartas sin, chomh maith leis na treoirchaipéisí a bhaineann leis, ar fáil do gach ball foirne.

Tá an bhainistíocht ag gach leibhéal i FnaSS freagrach don POF as rialú inmheánach cuí agus éifeachtach a chur i bhfeidhm maidir lena bhfeidhmeanna agus lena n-eagraíochtaí féin. Tá an fhreagracht seo neadaithe sa chóras rialaithe inmheánaigh chun a chinntiú, ní hamháin go mbeidh ar chumas FnaSS fadhbanna rialaithe a bhrath agus dul i ngleic leo leis na prótacail chuí má thagann a leithéid chun cinn, ach freisin go bhfuil cultúr cuntasachta agus freagrachta i bhfeidhm ar fud na heagraíochta ar fad.

Is éard atá i gceist le beartas bainistithe riosca FnaSS ná rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar spriocanna a aithint ar bhealach réamhghníomhach agus bearta a chur i bhfeidhm chun rioscaí den sórt seo a laghdú go leibhéal inghlactha. Sonraíonn an beartas na próisis bhainistithe riosca atá i bhfeidhm agus tugtar cuntas soiléir ar róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Tá gach bainisteoir agus ball foirne ag gach leibhéal i bhFnaSS freagrach as bainistiú riosca.

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach as gníomhaíochtaí FnaSS a threorú agus a stiúradh, m.sh. as beartas bainistithe riosca a fhorbairt. Is iad an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord a cheadaíonn creat bainistithe riosca FnaSS.

Thar ceann an Bhoird, soláthraíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht agus comhairle i dtaca le hoibriú Chreat Bhainistithe Riosca FnaSS.

Is gá **cláir riosca** a bheith i bhfeidhm ag na leibhéil is tábhachtaí san eagraíocht. Aithnítear iontu seo na príomhrioscaí atá i gceist maidir le FnaSS.

Déantar monatóireacht agus nuashonrú ar **Chlár na Rioscaí Corparáideacha** ag leibhéal eagraíochta, gach ráithe. Leagtar na rialuithe Reatha amach sna cláir rioscaí chomh maith le rátáil riosca, agus aon rialuithe breise a theastaíonn chun gach riosca a mhaolú, agus dáiltear na tascanna sin ar dhaoine faoi leith a chaithfidh iad a chur i gcrích de réir sprioc-am sonraithe. I rith 2021 rinneadh athbhreithniú míosúil ar rioscaí COVID-19 go léir chun na cineálacha rioscaí a bhí mar thoradh ar an bpaindéim, a léiriú.

Tá cúram leagtha ar an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) as bainistiú éileamh a thagann as teagmhais chliniciúla agus oibríochtúla faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúil (CIS) agus faoin Scéim Slánaíochta Ginearálta (GIS) i gcomhréir leis an *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000*. Soláthraíonn an SCA sainchomhairle agus bainistiú riosca do FnaSS chomh maith, agus tacaíonn NIMS, an córas leictreonach tuairiscithe ar bhainistiú teagmhas náisiúnta, leis sin.

Tá creat rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag FnaSS, a ndéantar monatóireacht air lena chinntiú go bhfuil cultúr éifeachtach rialaithe inmheánaigh ann. Tá **Cód Rialachais** FnaSS a athbhreithníodh i 2021 le fáil ar **www.hse.ie** agus tá na nithe seo a leanas san áireamh ann:

- Léiríonn an Cód Rialachais na caighdeáin iompraíochta, na beartais agus na nósanna imeachta reatha atá le cur i bhfeidhm ag FnaSS san eagraíocht agus sna gníomhaireachtaí atá á maoiniú ag FnaSS chun seirbhísí a sholáthar thar a ceann.
- Soláthraíonn an Cód Rialachais soiléireacht maidir le róil agus na freagrachtaí rialachais a bhaineann leis an Aire Sláinte agus a chuid oifigeach sa RS, le Bord FnaSS agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin FnaSS agus le foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin FnaSS.
- Tugtar cuntas mionsonraithe sa Chreat Feidhmíochta agus Cuntasachta ar na modhanna a úsáidfear chun bainisteoirí sa tseirbhís sláinte, iad siúd sna ESP (CHO) agus i nGrúpaí Ospidéil san áireamh, a thabhairt chun cuntais i leith a gcuid feidhmíochta maidir le soláthar seirbhísí, cáilíocht agus sábháilteacht othar, airgeadas agus an fórsa oibre.
- Tá creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm, a chuimsíonn deighilt dualgas, córas tarmligin agus cuntasachta, córas údaraithe caiteachais agus tuairisciú rialta ó bhainisteoirí
- Tá Rialacháin Airgeadais Náisiúnta FnaSS mar chuid lárnach den chóras rialaithe inmheánaigh agus dearadh iad le go mbeidís ag teacht leis na riachtanais reachtúla agus lena chinntiú chomh maith go mbeifí ag comhlíonadh na dtreoirlínte earnála poiblí, a d'eisigh an RCPA (DPER).

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (continued)

- Tá córas buiséid déabhlóidithe bliantúil i bhfeidhm i bhFnaSS agus gach bliain déanann an tAire Sláinte an Plean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) a fhaomhadh go foirmiúil. Socraítear teorainneacha cuntasachta ar leith agus déanann an Grúpa Maoirseachta na Feidhmíochta Náisiúnta (NPOG) monatóireacht ghrinn orthu thar ceann an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.
- Tá réimse leathan beartas, nósanna imeachta, prótacail agus treoirlínte scríofa, i bhfeidhm i FnaSS maidir le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais
- Déanann FnaSS athbhreithniú cuimsitheach bliantúil ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, agus tugtar cuntas mion air sin níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo.
- Tá córais agus rialuithe ann, atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide i FnaSS, a chinntiú. Tugtar tús áite dó seo i FnaSS i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le córais iomadúla a bhainistiú ar fud FnaSS ar fad. Tá forbairtí leanúnacha ar siúl chun slándáil a fheabhsú agus chun a chinntiú go bhfuil an leibhéal cuí acmhainní agus scileanna ag FnaSS chun sláine an chórais a chosaint, lena chinntiú go ndéantar sonraí agus faisnéis a chosaint.

Ina theannta sin, ní mór do na bainisteoirí sinsearacha uile Ráiteas um Dhearbhú Rialuithe (CAS) a chur i gcrích. De réir an ráitis seo, is gá do bhainisteoirí a dhearbhú go bhfuil siad eolach ar na príomhrialuithe airgeadais agus cód rialachais atá i bhfeidhm i bhFnaSS, agus go bhfuil siad á gcomhlíonadh.

## 5. Soláthar

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm i FnaSS chun comhlíonadh a chinntiú maidir leis na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair. Nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á soláthar, caithfidh gach réimse laistigh de FnaSS cloí leis na nósanna imeachta ábhartha soláthair atá leagtha síos go sonrach i Rialacháin Náisiúnta Airgeadais FnaSS.

Ag tús na paindéime COVID-19 in 2020, bhí ar FnaSS agus an tír seo soláthar sásúil TCP a aimsiú ionas go mbeadh ar chumas chóras Cúram Sláinte na hÉireann dul i ngleic le COVID-19. B'éigean d'FnaSS oibriú go tapa agus ba ghá na prótacail éigeandála Airteagal 32 den Treoir Sholáthair a úsáid go forleathan.

Rialaíonn Airteagal 32 úsáid an nós imeachta idirbheartaithe gan gá le foilsiú roimh ré sa mhéid go raibh sé fíor-riachtanach ar chúiseanna fíorphráinne, agus ceadaítear nach bhfuil gá an ceanglas maidir le próiseas tairisceana iomaíoch chonarthaí poiblí a chur i bhfeidhm i gcásanna éigeandála.

Bhí tionchar leanúnach agus suntasach ag paindéim COVID-19 ar sholáthar iomaíoch agus comhlíontach i 2021, mar bhí ar na seirbhísí sláinte freagairt go práinneach do thionscnaimh náisiúnta sláinte poiblí chun dul i ngleic leis an bpaindéim agus tá a lán den phríomhfhoireann soláthair fós ag obair i réimsí eile.

Má thagann aon cheisteanna chun cinn maidir le rialuithe ar sholáthar, tarraingítear aird orthu faoi cheannteideal 14, ceisteanna maidir le fadhbanna rialaithe inmheánaigh.

## 6. Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord agus don bhainistíocht shinsearach. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe a bhain leo agus tá próiseas i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na rialuithe sin
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal agus sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- Bíonn cruinniú ag an Aire Sláinte, Cathaoirleach an Bhoird agus an POF le chéile go míosúil chun cúrsaí feidhmíochta a phlé agus a athbhreithniú
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais, a léiríonn feidhmíocht FnaSS i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.
- Déanann an Roinn Sláinte athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht FnaSS i dtéarmaí buiséid agus pleananna seirbhíse chomh maith le príomhthuairiscí neamhairgeadais, ar nós, phleanáil an fhórsa oibre.
- Bíonn cruinniú ag an POF leis an FBF (EMT) ar a laghad dhá uair sa mhí
- Bíonn cruinnithe míosúla Boird ann ar a bhfreastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus baill den FBF
- I rith 2021 tháinig an Bord le chéile ar bhonn níos minice ná uair sa mhí chun dul i ngleic ar bhealach cuí le dúshláin a chruthaigh COVID-19 don Fheidhmeannacht, chomh maith le tionchar an chibirionsaithe.

- Buaileann gach Coiste de chuid an Bhoird le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar réimsí atá faoina gcúram agus chun comhairle agus aiseolas a sholáthar don Bhord.
- Phléigh an Bord agus na coistí agus FBF (EMT) tionchar COVID-19 agus an chibirionsaithe ar gach réimse i bhFnaSS, ina measc cúrsaí maoinithe, cúinsí rialaithe agus riosca agus socruithe rialachais.

Tá freagracht ar an **nGrúpa Maoirseachta na Feidhmíochta Náisiúnta GMFN** (NPOG) feidhmíocht a mhaoirsiú de réir an Phlean Seirbhíse Náisiúnta, mar chuid den phróiseas cuntastachta i gcoitinne.

Bíonn cruinniú míosúil ag baill GMFN chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcomparáid leis an bPlean Seirbhíse Náisiúnta. Ullmhaítear tuarascáil mhíosúil ar fheidhmíocht don POF, ina n-áirítear sonraí maidir le haon fhadhbanna feidhmíochta tromchúiseacha a dteastaíonn gníomh a dhéanamh ina leith, ar bhonn práinne.

Cuireann an POF nuashonrú maidir le feidhmíocht ar fáil don Bhord gach mí agus cuirtear na tuairiscí ón GMFN i láthair.

Ina theannta sin, mar a luadh i gCuid 3, tá coistí cuí ceaptha ag an mBord chun comhairle a chur ar an mBord maidir lena chuid feidhmeanna a chur i bhfeidhm mar is cuí.

Tá obair na hIniúchóireachta Inmheánaí ina cuid thábhachtach den mhonatóireacht ar an gcóras rialaithe inmheánaigh i bhFnaSS. Tá plean oibre bliantúil na hIniúchóireachta Inmheánaí bunaithe ar anailís ar na príomhrioscaí atá ann d'FnaSS agus déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an plean oibre seo a fhaomhadh. Freastalaíonn an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúchóireacht Inmheánach ar gach cruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus bíonn cruinnithe rialta duine le duine aige le Leaschathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, atá ina chomhalta de Bhord FnaSS. Ina theannta sin, bíonn cruinnithe rialta duine le duine ag an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúchóireacht Inmheánach leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha FnaSS bunaithe ar eolas ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG), chomh maith. Déanann an Bord, FBF (EMT) agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar thuairimí agus moltaí a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litreacha bainistíochta, ina dheimhnithe iniúchóireachta nó ina thuarascálacha bliantúla, agus déantar bearta chun na moltaí sin a chur i bhfeidhm.

## 7. Tionchar a bhí ag COVID-19 ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Chuir paindéim COVID-19 isteach ar na gnáthbhealaí oibre ar fud gach mór-rannán d'FnaSS agus bhí ar fhoireann FnaSS dul i mbun cianoibre chun cloí le treoir sláinte poiblí agus rialtais chun sláinte oibrithe FnaSS agus na ndaoine atá ag brath orthu a chosaint.

I rith 2021 ní raibh gá a thuilleadh le tarmligean an Bhoird maidir le faomhadh Conarthaí agus síntiús agus ghlac an Bord na gnáthphrótacail ar ais.

Bhí ar fhoireann agus ar bhainistíocht FnaSS go leor athruithe suntasacha a dhéanamh chun tacú le soláthar seirbhísí le linn phaindéim COVID-19. Bhí bunú na n-ionad vacsaínithe ar fud na hÉireann ar cheann de na príomhfhorbairtí i 2021, agus aistríodh a lán d'oibrithe FnaSS óna ngnáthróil le bheith páirteach i bhfeidhmiú an chláir vacsaínithe.

D'eisigh FnaSS a lán ciorclán le bliain anuas chun treoir agus tacaíocht chuí a thabhairt d'fhoireann agus do bhainistíocht FnaSS, i bhfianaise na socruithe nua oibre seo. Chlúdaigh an treoir seo réimsí ar nós:

- Treoracha Sláinte agus Sábháilteachta
- Tacaíochtaí Meabhairshláinte
- Rialuithe TFC, riachtanais chriptiúcháin agus prótacail do phasfhocail
- Ceanglais RGCS (GDPR) agus cosaint faisnéise
- Filleadh ar an áit oibre, de réir mar is cuí.

In ainneoin cúinsí oibre a bheith athraithe, oibríonn córais airgeadais FnaSS leis na rialuithe slándála céanna, is cuma an bhfuil an fhoireann ag obair i suíomh FnaSS nó ag cianobair sa bhaile. Tá rochtain ar fáil ar ár gcórais airgeadais ar líne ag baint úsáide as ríomhairí glúine agus ríomhairí pearsanta criptithe ina n-úsáidtear feistí LPF (VPN) agus/nó MIFI. Tá siad ar fad faoi chosaint phrótacail phasfhocal.

Thacaigh pleananna teagmhasacha nuashonraithe le baill foirne a bhí ag obair ar chórais faoi phribhléid ar nós párolla, cuntais iníoctha, Fair Deal agus cistíocht, agus cuireadh breis slándála agus comhairle ar fáil dóibh maidir leis na socruithe nua oibre. Bhí roinnt príomhthascanna nach bhféadfaí a dhéanamh ach amháin i suíomh slán FnaSS le prótacail sábháilteachta cuí i bhfeidhm chun na baill foirne seo a chosaint. Cuireadh uainchláir foirne ar bun sna cásanna sin chun a chinntiú go mbeadh an fhoireann, an ghníomhaíocht agus an timpeallacht rialaithe slán sábháilte.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Tá gnáthphrótacail TFC fós i bhfeidhm a éilíonn prótacail do phasfhocail na n-úsáideoirí. Bhí deighilt dualgas fós ina ardtosaíocht i ndáil le tascanna ionchuir agus údaraithe agus níor tháinig aon athrú ar leibhéil lucht údaraithe sna príomhréimsí sin.

De bharr na socruithe nua oibre, b'éigean leasuithe a dhéanamh ar chuid de rialacháin náisiúnta airgeadais (NFR) FnaSS chun tionchar aistrithe foirne agus ganntanas foirne a mheas, ionas go bhféadfadh gnó na feidhmeannachta leanacht ar aghaidh oiread agus ab fhéidir. Leanadh le hathbhreithniú ar na leasuithe sin i 2021 agus níor leanadh ach leo siúd a measadh a bheith riachtanach.

Éilíonn NFR19 FnaSS go ndéanfaí stocáireamh i ngach réimse d'FnaSS a bhfuil fardail shuntasacha acu ag deireadh na bliana. De bharr phaindéim COVID-19, deonaíodh maoluithe i réimsí a raibh tionchar díreach ag COVID-19 orthu, ar mhaithe le sábháilteacht foirne, othar agus úsáideoirí na seirbhísí. Ag deireadh 2021, de bharr borradh mór Omicron a tharla, bhí €5 milliún d'fhardal dheireadh na bliana FnaSS measta, ag baint úsáide as an bhfaisnéis stocáirimh ba dhéanaí agus ba réasúnta.

Déanann an Rannóg Airgeadais Náisiúnta monatóireacht ghrinn ar na rialacháin leasaithe.

### 8. Tionchar an Chibirionsaithe ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Bhí tionchar suntasach ag an gcibirionsaí a tharla i mí na Bealtaine 2021 (agus a phléitear go mion i Mír 14 den ráiteas seo) ar na córais neamhchliniciúla a bhaineann le tuairisciú airgeadais, próiseáil párolla, íocaíocht le soláthraithe agus rochtain ar chórais soláthair.

Chaill foireann airgeadais agus soláthair FnaSS rochtain ar gach córas TF, agus de bharr insíothlaithe chórais FnaSS, b'éigean na gnáthphleananna athshlánaithe ó thubaiste a athdhearadh go tapa chun a chinntiú go bhféadfadh gach íocaíocht chuí dul ar aghaidh leis an tionchar is lú ab fhéidir ar rialuithe.

Tá cúltaca i ndáil le gach próiseas párolla agus íocaíochta ag FnaSS arna bhainistiú ag soláthraí tríú páirtí a bhfuil saineolas aige. Bhí an soláthraí seo ábalta cúltaca slán a chur ar fáil chomh maith le suíomh ina bhféadfadh foireann FnaSS oibriú lena chinntiú go ndéanfaí gach íocaíocht chuí in am.

Nuair a tugadh córais airgeadais FnaSS ar ais ar líne, glacadh na sonraí seo ar ais i mórleabhair agus i gcórais FnaSS.

### 9. Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE)

Ba ghné shuntasach de bhainistíocht an Rialtais agus FnaSS i leith phaindéim COVID-19, i rith 2021, a bhí in úsáid TCP cuí, go háirithe le linn na dtréimhsí a raibh borradh faoi chásanna COVID-19. Rinne FnaSS cinnte de go raibh soláthar slán TCP ar fáil nuair ba mhó a raibh gá leis. Le linn 2020, ba sholáthraithe sa tSín ba mhó a chuir TCP ar fáil, ach in 2021, thug Rialtas na hÉireann gealltanas nach mbeadh comhlachtaí Éireannacha faoi mhíbhuntáiste a thuilleadh agus rinneadh cinnte go mbeadh soláthar slán TCP ar fáil sa todhchaí nach mbeadh ag brath ar mhargaí idirnáisiúnta. Mar sin, ba sholáthraithe Éireannacha a bhain tairbhe as formhór an chaiteachais le linn 2021.

Thug an Rialtas sainordú d'FnaSS TCP a aimsiú agus cuireadh €450 milliún breise ar fáil lena chinntiú go raibh soláthairtí ar fáil. Bhí costais lóistíochta ar nós costais stórála agus iompair san áireamh anseo.

De bharr gur éirigh le FnaSS Trealamh Cosanta Pearsanta riachtanach a fháil le linn 2020 agus arís in 2021, rinneadh TCP a stocáil go cuí i ngach láthair cúram sláinte in 2021, go háirithe, le linn na dtréimhsí a raibh borradh faoi chásanna an víris COVID-19.

Bhí costais as cuimse i gceist le TCP mar gheall ar éileamh leanúnach ar fud an domhain, go háirithe, ag tús 2021 nuair a ceannaíodh breis TCP.

Ar an 31 Nollaig 2021, thuairiscigh FnaSS go raibh €73 milliún de stoc TCP ina seilbh nár úsáideadh roimh dheireadh na bliana. (€182 milliún de stoc TCP BA (TY) 2020). Ba é costas an TCP a ceannaíodh, le linn 2021, ná €170 milliún de bharr fhórsaí an mhargaidh mar atá luaite thuas.

Luachálann FnaSS a stoc deireadh bliana sna ráitis airgeadais ag an gcostas a bhain leis nó an costas athsholáthair, cibé acu is ísle. Tá an difríocht idir costas an TCP agus a chostas athsholáthair, de €70.6 milliún, taifeadta mar chaiteachas ag FnaSS sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Tá sé seo sonraithe i Nóta 16 Fardal sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS).

Ina theannta sin tá athbhreithniú déanta ag FnaSS ar roinnt príomhearraí stoic TCP le fáil amach an bhfuil aon cheanglas maidir le dhífheidhmeacht a eascraíonn as nithe ar nós ghnáthsheilfré na stoc seo. Léirigh an t-athbhreithniú seo go dtógfadh sé roinnt blianta, ag na leibhéil éilimh reatha, na stoic ghlóthacha láimhe a bhí ann ag deireadh 2021 a úsáid i seirbhísí FnaSS. Dá réir sin, tá €25.6 milliún taifeadta ag FnaSS maidir le lagú tuartha na nglóthach láimhe seo.

Tá FnaSS ag fiosrú an bhfuil stoic TCP ag an bhfeidhmeannacht a d'fhéadfaí a bhronnadh ar thíortha thar lear a bhfuil stoc den chineál seo ag teastáil uathu. Meastar gurb ionann é seo agus €12.7 milliún, agus taifeadadh é i ráitis airgeadais 2021.

Is é an caillteanas bearnaithe foriomlán mar sin in 2021 ná €108.8 milliún atá curtha síos mar chaiteachas i 2021. Meastar gurb é costas iomlán na n-earraí TCP seo i 2021 ná €352 milliún agus tá €279 milliún de sin curtha de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an chuid eile de, i.e. €73 milliún curtha ar an bhFardal sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

## 10. Soláthar Aerálaithe

I ráitis airgeadais FnaSS don bhliain 2020, tuairiscíodh drochfhiachas de €42.5 milliún i ndáil le réamhíocaíochtaí le díoltóirí i 2020, i gcás nár comhlíonadh orduithe nó nár measadh go raibh an trealamh a fuarthas oiriúnach go cliniciúil lena úsáid.

I rith 2021, tá FnaSS tar éis €12.1 milliún a aisghabháil, agus tá seo léirithe i ráitis airgeadais 2021. Tá gach iarracht á déanamh fós ag FnaSS chun tuilleadh airgid a aisghabháil ina leith seo.

Tá foireann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ag obair faoi láthair ar thuarascáil maidir leis an ábhar seo.

## 11. Athbhreithniú ar fhabhruithe neamhphá FnaSS

Taispeánann na ráitis airgeadais coigeartú neamhairgid de €71.4 milliún ar fhigiúirí caiteachais a tuairiscíodh roimhe seo. Baineann sé seo go príomha le réigiún amháin ("réigiún A") a úsáideann córas cuntasaíochta a bhfuil feidhmiúlacht tuairiscithe teoranta aige maidir le hiarmhéideanna fabhraithe. Cuireadh fabhraithe barrachais san áireamh thar roinnt blianta airgeadais ach ba sna blianta idir 2016 agus 2019 ba shuntasaí a bhí siad. Bhí rialuithe i bhfeidhm chun an fheidhmiúlacht theoranta a mhaolú roimh 2016 ach de bharr an athraithe ar struchtúir na heagraíochta, agus easpa soiléire maidir le freagrachtaí, níor aimsíodh na hearráidí go ceann tamaill.

I 2020, d'aithin an fhoireann airgeadais i réigiún A go raibh fadhb le leibhéal na n-iarmhéideanna fabhraithe ach de bharr phaindéim Covid-19 agus aistrithe foirne a tharla mar thoradh air, ní raibh siad in ann an obair riachtanach a chur i gcrích chun na hiarmhéideanna a cheartú go dtí 2021 agus ag an tráth sin, chuir an Rannán Airgeadais Náisiúnta (NFD) tús le hathbhreithniú dearbhaithe mionsonraithe maidir le beagnach €761 milliún nó 76% de na fabhruithe neamhphá foriomlán a tuairiscíodh i ráitis airgeadais 2020. Bhí na fabhruithe go léir de chuid FnaSS os cionn €20,000 san áireamh san athbhreithniú chomh maith le roinnt cinn faoin tsuim airgid sin.

D'aontaigh an t-athbhreithniú mionsonraithe a rinne an RAN (NFD) le torthaí a cuireadh ar fáil maidir le "réigiún A" agus seachas méid beag i gcás réigiún amháin eile, ba é tátal an athbhreithnithe go raibh fianaise shásúil ann chun tacú leis na hiarmhéideanna fabhraithe sna ráitis airgeadais.

Ullmhaítear ráitis airgeadais FnaSS de réir Chleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leo go Coitianta in Éirinn agus sa RA (GAAP), FRS102, le roinnt eisceachtaí a shonraíonn an tAire Sláinte. Dá bhrí sin, tá sé de dhualgas ar FnaSS cuntas a thabhairt ar an gcoigeartú €71.4 milliún de réir FRS102. Meastar gur coigeartú teicniúil cuntasaíochta atá i gceist anseo agus is é an beart cuntasaíochta cuí ina leith seo ná an caiteachas seo a laghdú i Ráiteas ar Athruithe i gCúlchistí FnaSS tríd an easnamh tosaigh a laghdú de réir an choigeartaithe a d'aithin an fhoireann athbhreithnithe. Tá tionchar neamhairgid ag an gcoigeartú teicniúil seo, ní mhéadaíonn sé caiteachas ach laghdaíonn sé é, agus ní gá aon mhaoiniú breise a sholáthar agus mar sin níl tionchar aige ar sholáthar seirbhísí FnaSS d'othair nó d'úsáideoirí na seirbhísí.

Tá athbhreithniú déanta ag FnaSS ar na coigeartuithe a aimsíodh i ngach bliain ábhartha i gcomhthéacs an mhaoinithe ioncaim iomlán a theastaíonn chun seirbhísí sláinte a chur ar fáil agus cinneadh nach raibh aon tionchar ábhartha maidir le torthaí airgeadais in aon cheann de na blianta lenar bhain na coigeartuithe seo. Baineann an coigeartú is suntasaí le 2018, mar a raibh €16.3 milliún de choigeartú i gceist nuair a bhí maoiniú ioncaim FnaSS thart ar €15.2 billiún. Ba é tátal FnaSS nach raibh aon tionchar ábhartha aige seo ar an Ioncam agus Caiteachas a cuireadh san áireamh sna ráitis airgeadais in aon cheann de na blianta lena mbaineann.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Chuir FnaSS agus réigiún A feabhas ar a nósanna imeachta maidir le caiteachas agus soláthairtí fabhraithe a sheiceáil agus a bhailíochtú. Neartaíodh monatóireacht agus athbhreithniú ar iarmhéideanna leanúnacha chomh maith.

Tá AN (NFD) ag forbairt próiseas ar fud FnaSS go léir, maidir le bailíochtú, faomhadh agus monatóireacht leanúnach ar chaiteachas fabhraithe. Ina theannta sin tá roinnt oibre córais á déanamh chun dátaí maidir le fabhruithe a cheadú, a chuirfidh tuilleadh feabhais ar an athbhreithniú leanúnach maidir leis an ábhar seo.

In ainneoin nach bhfuil fadhb chórasach i leith caiteachas fabhraithe aimsithe ag FnaSS, déanfar obair maidir le dearbhuithe breise i 2022.

Ní ceartú earráide bunúsach atá i gceist leis an gcoigeartú seo. Go dtí gur cuireadh an caighdeán cuntasaíochta reatha (FRS102) i bhfeidhm i 2015, b'annamh a dhéantaí coigeartuithe maidir leis an mbliain roimhe sin agus rinneadh a leithéid i ndáil le cúinsí an-teoranta, m.sh nuair a bhí earráid sna ráitis airgeadais a chuir fírinne agus cothroime na ráiteas as a riocht ar fad. Ó 2015 i leith, úsáidtear coigeartuithe na bliana roimhe sin níos minice i ráitis airgeadais, m.sh chun inchomparáideacht idir tréimhsí tuairiscithe a fheabhsú. Ar mhaithe le hamhras a sheachaint, dá ndéanfaí an leibhéal is airde d'fhabhruithe FnaSS ar Chlár Comhardaithe FnaSS a choigeartú, ní chuirfeadh aon cheann de na coigeartuithe riachtanacha fírinne nó cothroime na ráiteas airgeadais as a riocht ná ní bheidís rangaithe mar earráid bhunúsach sna blianta roimhe seo.

## 12 Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm i bhFnaSS chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta maidir le bainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú FnaSS ar an gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na nIniúchóirí inmheánacha agus Seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus na mbainisteoirí sinsearacha i bhFSS, atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím gur chuir FSS athbhreithniú bliantúil i bhfeidhm maidir le héifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha don bhliain 2021 inar díríodh ar na gnéithe seo a leanas:

- Miontuairiscí agus tuarascálacha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Tuarascáil Bhliantúil Stiúrthóir Náisiúnta na hIniúchóireachta Inmheánaí, le torthaí agus moltaí na dtuairiscí iniúchóireachta inmheánaí, san áireamh
- Torthaí an Cheistneora maidir le Rialú Inmheánach (ICQ) agus Ráitis um Dearbhú Rialaithe (CAS)
- Staid na moltaí a d'eascair as tuairiscí na mblianta roimhe seo i dtaca le hAthbhreithniú ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh
- Moltaí ó litreacha bainistíochta an ARCC (C&AG)
- Clár iniúchóireachta 2017 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus go háirithe na rioscaí i dtaca le hiniúchadh a sainaithníodh sa chlár.
- Tuarascálacha an Choiste Cuntas Poiblí
- Miontuairiscí an Bhoird agus an FBF
- Miontuairiscí an ghrúpa stiúrtha/an ghrúpa oibre/na ngrúpaí forfheidhmithe srl
- Athbhreithniú seachtrach a rinne FnaSS chun fadhbanna maidir le rialú inmheánach a aimsiú agus beartais agus próisis ghnó leasaithe a chur i bhfeidhm
- Próiseas míosúil nua i ndáil le Clár na Rioscaí Corparáideacha FnaSS maidir le príomhrioscaí oibriúcháin, ina measc, rioscaí COVID-19 agus próiseas athbhreithnithe ráithiúil níos fearr á mhaoirsiú ag an nGrúpa Tacaíochta na Rioscaí Corparáideacha
- Torthaí ag eascairt as na socruithe monatóireachta um chomhlíonadh le gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt39
- Treoir ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (OCAG) (Páipéar maidir le léargas iniúchóireachta 2020) d'eagraíochtaí poiblí maidir lena gcúinsí rialaithe le linn Phaindéim COVID-19
- Athruithe ar an timpeallacht oibre agus cianobair agus bealaí nua oibre
- Tionchar na n-aistrithe foirne go háirithe i bpríomhréimsí faoi phribhléid mar fheidhmeanna Párolla, Cuntais Iníoctha agus Baincéireachta agus Cistíochta
- Athbhreithniú ar phríomh-NFRS le linn COVID-19, go háirithe, maidir le ceaduithe ceannachacháin (soláthar)
- Athbhreithniú ar phríomhphleananna, ar nós, Plean Geimhridh FnaSS, Plean Seirbhíse Náisiúnta agus tionchar an mhaoinithe bhreise

- Staid maidir le dul chun cinn gach ceann de na sé shruth oibre a aithníodh mar chuid den chlár feabhsúcháin trí bliana ar rialuithe a rinne FBF (EMT) a fhaomhadh, go luath i 2021.

Éilíonn FnaSS go bliantúil ar gach ball foirne sinsearach ábhartha ag Grád VIII (nó a chomhionann) agus os a chionn ceistneoir rialaithe inmheánaigh (ICQ) a chomhlánú, atá leagtha amach chun aiseolas riachtanach a sholáthar maidir le príomhréimsí rialaithe agus riosca. Cuireann sé seo ar chumas FnaSS monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpríomhrialuithe agus gníomhaíocht leasúcháin a stiúradh, nuair is gá.

In ainneoin na ndúshlán a bhain le COVID-19 agus leis an gcibirionsaí, ghlac 6% breise d'fhoireann FnaSS páirt sa phróiseas ICQ. Léiríonn sé seo an tuiscint atá ag fás ar fud fhoireann uile FnaSS, ag gach leibhéal, ar an tábhacht a bhaineann le dea-rialuithe agus cloí leis na rialuithe sin.

Chun dul i ngleic le dúshláin COVID-19 maidir le rialú, cuireadh alt breise ar rialuithe COVID-19 san áireamh arís in ICQ Cheannaireacht FnaSS. Bhí sé seo ag teacht leis an treoir ó ARCC (OCAG) mar a luadh thuas.

D'fhostaigh FnaSS, trí phróiseas iomaíoch, comhlacht iniúchóireachta neamhspleách a rinne athbhreithniú ar 7% de rannpháirtithe ICQ agus léiríodh leibhéal an-ard dearbhaithe maidir le hionracas na bhfreagraí.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus FBF (EMT) agus Bord FnaSS athbhreithniú bliantúil ar an tuarascáil um athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Léiríonn torthaí an athbhreithnithe go bhfuil fianaise ann maidir leis na nithe seo:

- Ghlac FnaSS sraith de bheartais agus nósanna imeachta inmheánacha, atá mar bhunús leis an gcreat rialaithe inmheánaigh
- Nuair a aithnítear rioscaí ardleibhéil, cuirtear rialuithe maolaithe/cúitimh i bhfeidhm, de ghnáth
- Fuarthas amach go raibh roinnt cásanna ann nár comhlíonadh na beartais agus na nósanna imeachta seo ar ghlac FnaSS leo agus dá bharr seo cuireadh an eagraíocht i mbaol ó riosca ábhartha, ach tá feabhsuithe leanúnacha próisis agus rialaithe le feiceáil i go leor réimsí.
- Tháinig méadú ar an bhfeasacht maidir leis an ngá atá le rialuithe inmheánacha agus cuntasacht le linn 2021, agus tháinig méadú 6% breise ar líon na mball foirne a chríochnaigh suirbhé ICQ, rud atá an-suntasach i gcomhthéacs dúshláin COVID-19
- Léiríonn anailís go bhfuil tuiscint agus feasacht an-ard ag formhór na mbainisteoirí ar a bhfreagracht maidir le rialuithe inmheánacha. Mar sin féin, tá tuilleadh oibre le déanamh chun a chinntiú go mbeidh cur chuige comhsheasmhach agus tuisceanach ag na bainisteoirí go léir chun feabhas breise a chur ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh.
- Iarradh dearbhuithe breise COVID-19 ó cheannaireacht FnaSS, bunaithe ar cháipéis um Léargas ar Iniúchóireacht ón ARC&C, agus a úsáideadh mar chuid d'athbhreithniú ICQ agus ina raibh dearbhuithe maidir le rialuithe a cuireadh i bhfeidhm le linn phaindéim COVID-19.
- In ainneoin na ndúshlán, mheas an t-athbhreithniú go bhfuil dearbhú réasúnta ann maidir leis an gcóras rialuithe inmheánaigh, go bhfuil sé in ann na príomhrioscaí bunúsacha a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí a chur i mbaol, a mhaolú agus/nó a bhainistiú. Mar sin féin, de bharr na laigí a aithníodh agus an méid a léirigh an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúchóireacht Inmheánach, is féidir a rá go bhfuil an dearbhú seo teoranta. Tá líon suntasach laigí fós i rialuithe inmheánacha FnaSS, mar is follasach ón líon sáruithe a tharlaíonn. Ba cheart a rá, mar sin féin, gur tugadh tús áite do rialuithe agus comhlíonadh i gcónaí, fiú agus an fhoireann ag dul i ngleic le tréimhse an-deacair agus, rinneadh feabhsuithe i ndáil le cúrsaí rialaithe i gcásanna áirithe.
- Tá fianaise ann go bhfuil feasacht agus tuiscint ag bainisteoirí FnaSS ar an ngá atá le cuntasacht agus freagracht chun córas láidir rialaithe inmheánaigh a chinntiú. Mar sin féin, tá fianaise ann go fóill go bhfuil easpa tuisceana iomlán maidir leis na príomhthreoirlínte agus na beartais ábhartha ar fud na heagraíochta. Díríodh go sonrach ar sheisiúin oiliúna bainistíochta agus foirne mar chuid lárnach de phleananna feabhsúcháin rialaithe i 2021.

Tríd is tríd, is féidir dearbhú teoranta seachas cinnteacht iomlán a shonrú maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh reatha chun príomhrioscaí bunúsacha, a bhaineann le gníomhaíochtaí airgeadais neamhchosanta, a mhaolú agus/nó a bhainistiú. De bharr na gcásanna nach raibh ag cloí leis na rialuithe, tá an leibhéal dearbhaithe is féidir a sholáthar teoranta. Leanfaidh FnaSS ag díriú go mór ar fheabhsuithe sna réimsí seo sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma agus go háirithe tríd an gclár feabhsúcháin trí bliana ar rialuithe, ar cuireadh tús leis i 2021.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Tá cuntas tugtha ar na laigí rialaithe, a aimsíodh san athbhreithniú, i Mír 14 – Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh mar aon leis an ngníomh bainistíochta atá á dhéanamh chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo.

## 13. Plean Feabhsúcháin um Chreat Rialaithe Inmheánaigh

I 2021, d'aontaigh agus cheadaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus FBF (EMT) tús a chur le plean 3 bliana, atá beartaithe chun creat rialaithe inmheánaigh reatha FnaSS a fheabhsú.

Tá an clár feabhsúcháin rialaithe seo ina phríomhchuspóir de chuid FnaSS agus tá sé faoi stiúir oifig an Phríomhoifigigh Airgeadais (CFO).

Díríonn an plean seo ar shé mhórshruth oibre mar seo a leanas, a chuideoidh le tacú le rialuithe láidre ar fud na bpríomhréimsí uile de chuid FnaSS.

| | |
|---|---|
| **Sruth Oibre #1:** | Athbhreithniú, Leasú agus Feidhmiú Rialachán Airgeadais Náisiúnta FnaSS |
| **Sruth Oibre #2:** | Feachtas cumarsáide agus feasachta |
| **Sruth Oibre #3:** | Tuairisciú maidir le Rialuithe agus Comhlíonadh a Fhorbairt mar aon le hUirlisí Monatóireachta |
| **Sruth Oibre #4:** | Creat Rialaithe Inmheánaigh, roghnú, tagarmharcáil FnaSS agus foireann uirlisí agus clár a ullmhú le cur ar chumas na n-aonad seirbhísí féinmheasúnú a dhéanamh |
| **Sruth Oibre #5:** | Bainistiú feidhmíochta agus barrfeabhais a bhaint amach maidir le feidhmíocht |
| **Sruth Oibre #6:** | Infheistiú i 2ú Líne Chosanta níos fearr |

Cuireadh tús le gach sruth oibre in 2021 agus cuireadh roinnt díobh chun cinn níos fearr ná cinn eile, ag teacht le hamscálaí a sainaithníodh i bplean an chláir. I ndeireadh na dála, meastar go mbeidh na sruthanna oibre go léir mar chuid de ghnáth-ghníomhaíochtaí gnó ag tús 2024 agus go mbeidh tionchar suntasach acu ar chóras iomlán um rialú inmheánach FnaSS. Táthar ag súil freisin, de réir mar a théann gach sruth oibre chun cinn, go spreagfaidh sé seo feabhsuithe leanúnacha sa chóras rialaithe inmheánaigh.

De bharr an chibirionsaithe i 2021, bhí gá le hamlínte an bhunphlean a leasú, ach mar sin féin, leanadh den obair seo agus i roinnt cásanna, bhí an fhoireann in ann obair a athsceidealú chun obair ghinearálta an chláir a choinneáil ag feidhmiú.

**Sruth Oibre 1**, Tá athbhreithniú agus athscríobh ar Rialacháin Airgeadais Náisiúnta FnaSS, beagnach curtha i gcrích. Comhaontaíodh creat Rialacháin Airgeadais Náisiúnta (NFR) leasaithe, nua, atá bunaithe ar 5 phríomhréimse:

- Prionsabail Uileghabhálacha
- Rialacháin Oibriúcháin
- Rialacháin Thaisceánach
- Tuairisciú Airgeadais
- Buiséadú, Pleanáil agus Feidhmíocht.

Pléadh an t-athbhreithniú le saineolaithe (SME) i rith trí shraith ceardlann agus rinneadh tástáil tosaigh air. Táthar ag súil go dtabharfar an tástáil deiridh inghlacthachta úsáideoirí chun críche go luath i R3 2022. Táthar ag súil go mbeidh sraith cáipéisí nuashonraithe ullmhaithe agus go bhfoilseofar iad faoi dheireadh R3 2022.

Tá FnaSS ag féachaint freisin le hardán digiteach a fhorbairt ina bhféadfaidh úsáideoirí teacht go héasca ar na rialacháin ábhartha de réir bheartas agus phleananna cumarsáide digiteacha FnaSS.

**Sruth Oibre 2,** Tá an sruth seo a bhaineann le cumarsáid agus oiliúint forbartha go maith agus i bhfeidhm go príomha. Críochnaíodh sceideal iomlán craoltaí agus seimineáir oiliúna ar líne maidir le hábhair rialaithe éagsúla, mar shampla párolla, taisteal agus costais, saoire bhliantúil, sócmhainní agus saincheisteanna a bhain le TFC.

Bhain líon ard d'fhoireann FnaSS leas as na tacaíochtaí oiliúna seo go dtí seo. D'fhreastail breis agus 3,300 ball foirne de chuid FnaSS ar na seisiúin oiliúna agus na cumarsáide seo le linn 2021.

Ullmhaíodh físeáin oiliúna agus is féidir iad seo a roinnt ar líne le foireann FnaSS trí bhealaí éagsúla digiteacha. Bhí ailt i nuachtlitreacha an Ghrúpa Ospidéil (HG) agus na hEagraíochta Cúram Sláinte Pobail (CHO) chomh maith le hailt i bhfoilseachán foirne Health Matters de chuid FnaSS.

Tá sé mar aidhm ag an gcumarsáid seo cur le feasacht maidir le tábhacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Tá sraith suirbhéanna á ndéanamh chun eolas a bhailiú maidir le feasacht na foirne ar na gnéithe seo, agus de thoradh air seo, beifear in ann díriú ar riachtanais oiliúna breise.

Díríonn **Sruth Oibre 3** ar thuairisciú agus monatóireacht níos fearr i dtaca le torthaí rialaithe ionas gur féidir leis an mbainistíocht ar fud gach ESP (CHO), HG agus Rannán Náisiúnta cinneadh a dhéanamh go héasca maidir leis na fadhbanna rialaithe ar gá dóibh dul i ngleic leo ina réimsí freagrachta féin.

Cuirfidh an tuairisciú feabhsaithe seo faisnéis níos tráthúla ar fáil freisin don FBF (EMT) a bheidh in ann oibriú lena bhfoirne sinsearacha chun díriú isteach ar chóras rialaithe níos fearr a chur i bhfeidhm.

Forbraíodh uirlis eatramhach stórála sonraí ar féidir léi faisnéis mhionsonraithe a sholáthar, ar bhonn áitiúil agus náisiúnta, maidir le torthaí iniúchóireachta inmheánaí chomh maith leis na torthaí ó iniúchóireacht sheachtrach OCAG.

Tá cás gnó ceadaithe chun uirlis shaincheaptha stórála sonraí agus tuairiscithe a fhorbairt a laghdóidh an méid oibre a dhéantar de láimh agus a thabharfaidh deis d'ilúsáideoirí rochtain bheo ach slán a fháil ar thuairiscí agus freagairtí níos tapúla. Is cuspóir níos fadtéarmaí atá i gceist anseo agus meastar go rachaidh sé beo ar bhun phíolótach faoi thús 2023.

Baineann **Sruth Oibre 4** le creat rialaithe a fhorbairt a chuirfidh ar chumas gach Grúpa Ospidéil, ESP (CHO) agus gach Rannán tagarmharcáil a dhéanamh ar a rialuithe inmheánacha agus athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ina réimsí féin, maidir le gach ceannteideal rialaithe airgeadais.

Aontaíodh láithreáin phíolótacha le haghaidh tástála, agus tá seicliostaí mionsonraithe agus cáipéisí tacaíochta beagnach críochnaithe. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis na tionscadail phíolótacha faoi R4 2022.

Baineann **Sruth Oibre 5** le gnóthachtáil feidhmíochta agus le bainistiú feidhmíochta. Táthar ag súil go gcuirfidh bainistíocht shinsearach FnaSS feasacht ar rialuithe san áireamh mar chuid dá gcuspóirí pearsanta aonair agus go gcinnteoidh siad go scaipfear an fheasacht seo ar fud na foirne i gcoitinne.

Tá tuarascálacha bainistíochta á n-ullmhú faoi láthair ón stór sonraí a luadh i sruth oibre 3 agus cabhróidh siad seo le Bainistíocht FnaSS na torthaí agus na moltaí rialaithe a chur san áireamh ina bpróisis bhainistithe feidhmíochta.

Baineann **Sruth Oibre 6** le feabhas a chur ar an dara líne chosanta de chuid FnaSS trína chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun tacú leis an mbainistíocht i dtaca le seiceálacha rialta a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil rialuithe inmheánacha sásúla i bhfeidhm.

Tá acmhainní suntasacha breise faighte ag na príomhréimsí Rialachais agus Comhlíontachta Náisiúnta, maoirseacht AD ar ró-íocaíochtaí párolla, agus bunaíodh Aonaid Tacaíochta um Bainistiú Conarthaí (CMSU) i ngach eagraíocht pobail chun cabhrú le rialachas deontas do ghníomhaireachtaí seachtracha. Ina theannta sin, tá acmhainní faighte sa phríomhréimse riosca agus faoi láthair tá earcaíocht i gcomhair na bpríomhról beagnach curtha i gcrích. Aontaíodh acmhainní a chur ar fáil chun 20 ball foirne eile ag Grád 7 a fhostú agus cuirfear tús le hearcaíocht i R2 2022 sa phríomhréimse seo.

## 14. Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh

Tá cuntas ar na laigí a aimsíodh thíos.

### I. Córas Comhtháite Bainistithe Airgeadais agus Soláthair (IFMS)

Níl aon chóras aonair airgeadais agus soláthair ag FnaSS. De bharr nach bhfuil a leithéid de chóras i bhFSS, cruthaíonn sé dúshláin bhreise maidir le hoibriú éifeachtach an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Tá athdhearbhú déanta ag a lán athbhreithnithe seachtracha go bhfuil an tuairim i measc lucht airgeadais FnaSS nach bhfuil na córais airgeadais reatha oiriúnach don fheidhm.

Ós rud é nach bhfuil aon chóras aonair náisiúnta ann, tá gá an-chuid oibre a dhéanamh de láimh chun a chinntiú go bhfuil na córais airgeadais áitiúla agus an Réiteach um Thuairisciú Náisiúnta Airgeadais sioncronaithe agus go réitíonn siad lena chéile. Tá an cur chuige seo ag éirí níos dúshlánaí i bhfianaise athruithe ar an struchtúr eagraíochtúil agus dul in aois na gcóras.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Is í an phríomhsprioc atá ag an gClár um Athchóiriú Airgeadais ná córas aonair náisiúnta comhtháite um bainistiú airgeadais agus soláthair, nó IFMS, a chur i bhfeidhm, bunaithe ar shraith de phróisis airgeadais agus soláthair caighdeánacha comhaontaithe, Cairt Náisiúnta aonair Cuntas agus Struchtúr Náisiúnta Fiontraíochta, chomh maith le Samhail nua Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Leagann an Creat Bainistíochta Airgeadais amach an próiseas, an rialachas agus na rialuithe a theastaíonn chun cleachtas éifeachtach bainistíochta airgeadais a chur i bhfeidhm ar fud an chórais sláinte. Cabhróidh an creat seo leis an tionscadal IFMS. Is cáipéis bheo é an Creat a athbhreithnítear ar bhonn rialta agus rinne Coiste Stiúrtha an Chláir Athchóirithe Airgeadais (FRP) é a fhaomhadh i mí Eanáir 2020. Leanfar le forbairt an chreata agus na straitéisí a bhaineann leis, de réir mar a théann an clár ar aghaidh.

### Na Buntáistí a Bhaineann le IFMS (CCBAS)

Soláthróidh IFMS tuairisciú agus réamhaisnéis airgeadais níos tráthúla agus cuirfidh sé feabhas ar bhainistiú airgeadais, rialachas, ar chomhlíonadh agus ar thrédhearcacht, agus beidh timpeallacht rialaithe airgeadais neartaithe dá bharr. Soláthrófar, den chéad uair, faisnéis chaighdeánaithe airgeadais agus soláthair ar fud na seirbhísí reachtúla agus deonacha araon, trí chóras aonair caighdeánaithe airgeadais agus soláthair a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála sláinte ar fad, ag éascú:

- Comparáid bhailí maidir le costais ar fud na hearnála ar fad
- Samhail leithroinnte acmhainní níos cothroime agus a bheidh bunaithe ar fhianaise
- Luach ar Airgead (VFM) a léiriú chun tacú le hinfheistíocht i bhforbairt seirbhísí
- Cumas iomlán soláthair na hearnála sláinte a threisiú trí shonraí ardchaighdeáin a bheith ar fáil i liosta catalóige
- Tuairisciú um leibhéal an ionaid maidir le costais pá níos mó ná 132k (CL) WTE (c. 85k CL (WTE) reachtúil agus c. 47k CL (WTE) deonach).

### Tionchair ar Sceideal na dTionscnamh

De bharr na ndúshlán a bhain le paindéim COVID-19 i dtús na bliana 2021, cuireadh an tionscadal IFMS ar fionraí go sealadach chun ualach oibre na bpáirtithe leasmhara atá ríthábhachtach do rath an tionscadail, a mhaolú. I gcásanna áirithe, aistríodh foireann IFMS chun cabhrú le gníomhaíochtaí agus tuairisciú COVID-19.

Cuireadh tús leis an obair arís i mí Aibreáin 2021 ach chuir an cibirionsaí a tharla i mí na Bealtaine 2021 isteach ar an tionscadal chomh maith.

Déanfar beachtú ar dhréacht-sceideal seachadta IFMS, de réir mar a théann gach céim den tionscadal ar aghaidh trí chéimeanna mionsonraithe pleanála, atá á maoirsiú ag Grúpa Stiúrtha an Chláir Athchóirithe Airgeadais, mar atá sonraithe sa phróiseas rialachais faofa. Tá Príomhoifigeach Airgeadais FnaSS ina chathaoirleach ar an ngrúpa seo, agus tá páirtithe leasmhara ábhartha eile mar bhaill den ghrúpa seo.

### Dearadh Mionsonraithe IFMS

Bhí sraith ceardlann ar bun maidir le deimhniú dearaidh ina raibh páirtithe leasmhara an Chórais Sláinte páirteach agus, ina dhiaidh sin, críochnaíodh an dearadh mionsonraithe IFMS agus rinne Rialachas IFMS é a fhaomhadh i mí Iúil 2021. Tá an dearadh críochnaithe atá bunaithe ar dhea-chleachtas SAP ag teacht leis an gCreat Bainistíochta Airgeadais agus tá sé solúbtha go leor chun glacadh le hathruithe eagraíochtúla sa Chóras Sláinte sa todhchaí agus na riachtanais tuairiscithe a bhaineann leis, mar atá beartaithe faoi Sláintecare. Nuair a bhí an dearadh críochnaithe, chuir FnaSS deireadh le conradh an Chomhtháthóra Córais. Tá próiseas soláthair phoiblí ar bun chun Comhtháthóir Córais nua a fháil chun dearadh faofa IFMS a chruthú, a thástáil agus a chur i bhfeidhm ar fud an chórais sláinte. Tabharfaidh an Comhtháthóir Córais nua an plean feidhmithe chun críche agus deimhneofar é le linn chéim chruthaithe an tionscadail agus mar chuid de phleanáil imlonnaithe mhionsonraithe faoi réir faomhadh rialachas tionscadail. Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige imlonnaithe atá beartaithe cloí chomh fada agus is féidir le hamlínte bunaidh an tionscadail ionas go mbeidh IFMS i bhfeidhm faoi 2025 ar fud na seirbhísí go léir atá á reáchtáil go díreach ag FnaSS, chomh maith le roinnt soláthraithe deonacha, a chuimseoidh 80% de chaiteachas iomlán na Seirbhísí Sláinte.

Is ceann de phríomhchumasóirí Sláintecare atá i bhfeidhmiú IMFS in eagraíochtaí Alt 38 agus Alt 39, tá sé sainordaithe ag an mBord um Athchóiriú Airgeadais (Comhlacht Rialaithe FnaSS, an Roinn Sláinte agus Leanaí agus RCPA), agus tá sé luaite mar Thosaíocht de chuid an Aire sa PSN de chuid FnaSS.

Tá samhail seirbhísí comhroinnte, ar a bhfuil IFMS bunaithe, ag teacht le sainordú an Rialtais maidir le seirbhísí comhroinnte a leathnú agus a chur i bhfeidhm go tapa i Seirbhís Phoiblí na hÉireann.

### Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, bainistiú athraithe agus gníomhaíochtaí réamhfheidhmithe

Nuair a bhí dearadh an IFMS curtha i gcrích, dhírigh foirne tionscadail ar rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara agus ar ghníomhaíochtaí maidir le bainistiú athraithe mar ullmhúchán d'fheidhmiú IFMS. Tá an ghníomhaíocht ullmhúcháin agus an bainistiú athraithe seo beartaithe chun cabhrú leis an aistriú go IFMS agus chun dlús a chur faoi amlínte an tionscadail.

### Comhréiteach le Príomhchláir Straitéiseacha

Tá tionscadal IFMS ag obair ar bhealach ilréimsiúil le foirne tionscadail ó Acmhainní Daonna agus Párolla maidir le roinnt tionscnamh atá ailínithe go straitéiseach. Ina measc seo tá:

- Réiteach ó thús go deireadh a fhorbairt maidir le buiséadú agus tuairisciú pá atá curtha san áireamh i ndearadh foriomlán IFMS
- Ailíniú leis an gClár Comhtháite um Thaifid agus Pá Foirne Comhtháite (NiSRP), an córas aonair AD/Párolla don earnáil Sláinte atá curtha ar fáil chomh maith ar an ardán SAP agus atá á fheidhmiú ar fud na tíre faoi láthair.

### Tuairisciú Airgeadais agus IFMS

Tá sé mar thosaíocht i gcónaí ag an gclár tuairisciú airgeadais a fhorbairt agus cáilíocht a fheabhsú go dtí go mbeidh IFMS in úsáid. Seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí sa réimse seo i 2021 agus 2022:

- Uasghrádú teicniúil agus cothabháil na gcóras cobhsaíochta, ina measc uasghráduithe ar phacáistí tacaíochta SAP
- Forbairt ar chumas tuairiscithe chun leithdháiltí nua maoinithe a rianú agus a thuairisciú, m.sh. maidir le COVID-19 agus an clár vacsaínithe
- Rannpháirtíocht leanúnach le príomhpháirtithe leasmhara chun an struchtúr fiontair IFMS reatha agus an struchtúr a bheidh ann sa todhchaí a fhorbairt agus a ailíniú, i bhfianaise struchtúir eagraíochta agus riachtanais tuairiscithe nua atá ag teacht chun cinn.

## II. Comhlíontacht le Rialacha Soláthair

Tabhaíonn FSS caiteachas ar thuairim is €4.2bn ar earraí agus seirbhísí faoi réir na rialachán soláthair atá leagtha amach go sonrach i Rialacháin Náisiúnta Airgeadais FnaSS agus atá bunaithe ar Threoir 2014/24 an AE agus na Treoirlínte um Sholáthar Poiblí Earraí agus Seirbhísí. De réir an leagain athbhreithnithe den chód cleachtais chun comhlachtaí stáit a rialú, agus de réir an chreata beartais soláthar poiblí, tá sé de cheanglas ar FnaSS a dheimhniú, i gcás gach aon chonradh atá ar luach €25k nó os a chionn, go ngnóthaítear na conarthaí sin ar bhonn iomaíoch de réir na riachtanas i dtaca le soláthar poiblí, agus tá air freisin tuairisciú a dhéanamh ar aon leibhéal neamhchomhlíontachta a sainaithníodh.

Is léir ó thorthaí an athbhreithnithe a rinneadh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh go bhfuil fadhb ag baint le comhlíonadh na rialachán soláthair i bhFnaSS go fóill, go háirithe, maidir leis an easpa comhlíontachta i dtaca leis na gnéithe seo a leanas:

- Ceanglais soláthar de réir chonarthaí bailí atá i bhfeidhm cheana féin
- Ceanglais i ndáil leis an tástáil mhargaidh, leis an bpróiseas tairisceana agus le feidhmiú próiseas iomaíoch
- Ceanglais i ndáil le tuairisciú neamhchomhlíontachta de réir chód agus chiorcláin RCPA.

Ina theannta sin, tá sé sonraithe san athbhreithniú go bhfuil easpa feasachta ann maidir le tacaíochtaí soláthair éagsúla, ar nós, suíomh gréasáin eolais FnaSS maidir le soláthar conarthaí **www.hbspass.hse.ie** ar chóir gach sealbhóir buiséid a bheith ar an eolas faoi agus ar chóir é a úsáid nuair atáthar ag fáil seirbhísí agus earraí thar ceann FnaSS.

Tá FnaSS i mbun athbhreithniú féinmheasúnaithe ar a gcaiteachas neamhiomaíoch >€20k maidir le 2021. (I 2020 bhí an t-athbhreithniú seo bunaithe ar chaiteachas >€25k agus bhí thart ar 12,000 sonrasc i gceist leis.)

Is ionann an caiteachas iomlán measta ar shonraisc os cionn €20,000 agus thart ar €2.37 billiún (suas le 36,000 sonrasc) arb ionann é agus 56% de chaiteachas soláthair FnaSS in 2021. Ceanglaítear ar gach sealbhóir mórbhuiséid tuairisceán féinmheasúnaithe a líonadh chun an leibhéal soláthair neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach a dhéanamh amach.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

De thoradh air seo, rinneadh féinmheasúnú ar €2.066 billiún (87+% den chaiteachas faoi athbhreithniú). Léiríonn na torthaí gurbh ionann agus 19% (€0.4 billiún) a bhí mar sholáthar neamhiomaíoch agus bhí soláthar neamhchomhlíontach thart ar 9% (€0.186 billiún). Nuair a dhéantar caiteachas sonrach COVID-19 a fhágáil amach, is é an ráta neamhchomhlíontachta ná 16% arbh ionann é agus €0.144 billiún.

Tuigeann FnaSS go bhfuil teorainneacha ag baint leis an athbhreithniú mar nach bhfuil caiteachas níos lú ná €20,000 san áireamh faoi láthair. Measann FnaSS gur dócha go bhfuil an neamh-chomhlíonadh níos airde i ndáiríre, go háirithe, i bhfianaise nár breathnaíodh ar bhearta caiteachais ní ba lú ná €20,000.

Is ceart a rá, faoi Threoir Airteagail 12, 32 agus 72, go bhfuil cúiseanna bailí fós ann maidir le soláthar neamhiomaíoch, go háirithe de bharr na ndúshlán a bhain go fóill le paindéim COVID-19 i 2021.

Rinneadh athbhreithniú ar shampla staitistiúil de 292 tuairisceán de luach €0.444 billiún san iomlán. Rinne comhlacht cuntasóirí neamhspleách seachtrach a d’fhostaigh FnaSS an t-athbhreithniú chun cabhrú le stóinseacht na dtuairisceán a dheimhniú. B’ionann an sampla seo agus 19% de chaiteachas FnaSS de €2.370 billiún. Nuair nár cuireadh tuairisceáin isteach chuig an bhfoireann athbhreithnithe, measadh iad sin sa sampla mar sholáthar neamhchomhlíontach.

Léirigh torthaí an athbhreithnithe neamhspleách ráta comhlíontachta de 94%.

Tuigeann FnaSS go bhfuil gá le hobair shuntasach chun an leibhéal soláthair neamhiomaíoch a chur ina cheart.

Tá FnaSS fós tiomanta maidir le clár bunathraithe athchóirithe a chur chun cinn chun tacú leis na Seirbhísí cloí le rialacháin soláthair phoiblí agus chun úsáid na gconarthaí arna mbronnadh ag FnaSS agus an OGP a mhéadú. Ina theannta sin, beidh ar FnaSS oibriú i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chun clár níos leithne conarthaí comhlíontacha a chur ar fáil do na seirbhísí sláinte. I gcomhthéacs na gcóras soláthair reatha agus na ndúshlán acmhainne atá ag FnaSS, glactar leis go dtógfaidh sé roinnt blianta dul i ngleic go hiomlán le fadhbanna comhlíontachta soláthair. Idir an dá linn, áfach, tá FnaSS ag forbairt struchtúir agus ag soláthar acmhainní chun pleanáil soláthair ilbhliantúil a fheabhsú, mar aon le comhlíontacht níos fearr a chothú agus acmhainneacht a fhorbairt.

Tá FnaSS ag ullmhú Plean Soláthair Corparáideach (2022-2024) faoi láthair, rud atá ina cheanglas sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Díreoidh dréachtphlean Soláthair Chorparáidigh FnaSS ar roinnt príomhchuspóirí a bhfuil achoimre orthu thíos faoi na príomh-cheannteidil:

### Foinsiú agus Conarthaí:

- Comhordú agus comhoibriú le heagraíochtaí FnaSS ar fad chun **Plean Soláthair Ilbhliantúil (MAPP)** a aontú i dtaca le Plean Soláthair Chorparáidigh FnaSS a fheidhmiú faoi dheireadh Ráithe 2, 2022. Feabhsóidh sé seo rannpháirtíocht FBM (SME) agus méadóidh sé an méid caiteachais de chuid FnaSS faoi bhainistíocht
- Feidhmiú an chláir ionduchtaithe/oiliúna dar teideal, “Soláthar d’Oifigigh Neamhsholáthair”, do ghairmithe Soláthair agus Airgeadais, ina measc, Anailísithe Comhlíontachta Gnó sna Grúpaí Ospidéil, sna hEagraíochtaí Pobail agus Cúraim Sláinte – R3, 2022 agus cláir athnuachana leanúnacha ina dhiaidh sin
- Lár-Sheirbhís Foinsiú Cuidithe a chur i bhfeidhm faoi R3, 2022 chun tacú le foilsiú gach deis tairisceana >€25,000 ar shuíomh Gréasáin eTenders an Rialtais **www.etenders.gov.ie**, ag teacht le ceanglais Chiorclán 10/2014
- Clár saincheaptha CPP/**Feabhsú Comhlíontachta Soláthair** a fhorbairt agus a chur ar fáil ionas go mbeifear ábalta comhlíontacht a thomhais ar fud ghrúpaí FnaSS (ESP, Grúpaí Ospidéil, Corparáideach)
- Leanacht ag tacú le Trasfhoirmiú Digiteach agus Nuálaíochta FnaSS, agus le Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann, chun saineolas agus Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin a fhorbairt chun an leas is fearr agus is féidir a bhaint as na deiseanna a eascraíonn as tionscnaimh réamhthráchtálacha agus tionscnaimh um nuálaíocht sláinte. R2, 2022 – ar siúl.

### Forbairt Córas:

- Déanfaidh **Tionscadal an Chórais Chomhtháite Bainistithe Airgeadais (IFMS)** comhtháthóir nua córais (SI) a cheapadh chun córas comhtháite airgeadais agus soláthair a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse sláinte. Beidh ar an té a cheapfar an córas caighdeánaithe a dhearadh, a thógáil agus a thástáil lena bhailíochtú. Cuirfear an réiteach i bhfeidhm de réir a chéile le sprioc maidir le 80% den bheartaíocht caiteachas a bheith ar IFMS faoi R2, 2025

- Leanfar le **próisis sholáthair digiteach** a chur ar fáil trí chleachtais feabhsaithe leanúnacha agus teicneolaíochtaí, ina measc córas CRM aonair/Samhail Oibriúcháin do Sheirbhísí Comhroinnte Soláthair a chur i bhfeidhm faoi R4, 2023.

### Forbairt Lóistíochta agus Fardal:

- **Ionaid Náisiúnta Dáileacháin (NDC)** a chur ar fáil sna 6 láthair ospidéil reachtúla de chuid FnaSS nach bhfuil sé ar fáil iontu cheana féin, faoi R3, 2024
- Athbhreithniú a dhéanamh faoi R4, 2023 ar fhorbairt straitéise/samhail na **Seirbhíse Náisiúnta Dáileacháin** amach anseo chun freastal ar riachtanais na gcliant.

### Forbairt na hEagraíochta:

- Na Rialacháin Airgeadais Náisiúnta a athsheoladh i R3, 2022 chun tuiscint níos fearr ar rialacháin soláthair agus oibleagáidí aonair a chur chun cinn
- An Spriocshamhail Oibriúcháin a chur i bhfeidhm chun tacú le IFMS, mar seo: soláthar féinseirbhíse do cheannacháin faoi €25,000; agus Seirbhísí Comhroinnte Soláthair d'fhoinsiú straitéiseach os cionn €25,000
- An tsamhail rannpháirtíochta a chomhaontú idir Soláthar FnaSS agus Cliaint FnaSS, gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39 agus an OGP ag tosú R2, 2022 agus an tsamhail rannpháirtíochta le bheith curtha i bhfeidhm go hiomlán faoi R4, 2023.

### Monatóireacht ar an bPlean um Sholáthar Corparáideach

Déanfaidh grúpa maoirseachta ar a mbeidh FnaSS, an Roinn Sláinte agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe monatóireacht ar an bPlean um Sholáthar Corparáideach.

Beidh ról athbhreithnithe agus monatóireachta ag Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord FnaSS maidir leis seo.

## III. Rialachas ar Dheontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha

I 2021 bhain circa €5.7 bhilliún de chaiteachas iomlán FnaSS le deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha. Tá cur síos in Acht Sláinte 2004 ar an gcreat dlíthiúil faoina dtugann FnaSS maoiniú deontais do ghníomhaireachtaí. Gach bliain, maoiníonn FnaSS breis is 2,200 gníomhaireacht, idir ospidéil mhóra dheonacha a fhaigheann níos mó ná €300m agus gníomhaireachtaí pobalbhunaithe a fhaigheann €500.

Tá creat rialachais FnaSS ag teacht leis na socruithe bainistíochta agus cuntasachta maidir le deontais ó mhaoiniú ciste mar atá leagtha amach sa treoir a d'eisigh an RCPA (DPER) i mí Mheán Fómhair 2014, le heisceacht amháin, a bhaineann le socruithe réamh-mhaoinithe.

Mar thoradh ar an gcineál socruithe maoinithe le gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39, is gá do FnaSS a chinntiú go fóill go ndéantar maoiniú in am, go háirithe i ndáil le costais maidir le pá conartha agus foirne, arb ionann iad agus 80% den chaiteachas.

Sula ndéantar aon socrú maoinithe, cinneann FnaSS an uasmhéid maoinithe atá beartaithe a chur ar fáil, chomh maith leis an leibhéal seirbhíse atá le soláthar mar chúiteamh ar an maoiniú sin. I gcás gníomhaireachtaí móra, tugann aonad cistíochta FnaSS airgead amach bunaithe ar phróifílí airgid comhaontaithe.

Maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm i ngníomhaireachtaí maoinithe ar leith, déanann Iniúchóireacht Inmheánach athbhreithniú ar an gcóras sin, ar bhonn samplach.

Braitheann an riachtanas i dtaca le tuarascálacha airgeadais agus tuairisceáin foirne a chur ar fáil, agus an riachtanas i dtaca le cruinnithe monatóireachta a eagrú, ar mhéid na gníomhaireachta.

I rith 2021, aimsíodh laigí mar a léirigh athbhreithniú bliantúil FnaSS ar rialú inmheánach, a rinneadh mar chuid den phróiseas Athbhreithnithe um Dhearbhú Rialuithe, agus mar a léiríodh i dtuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí, go háirithe, maidir le cur i bhfeidhm na bpróiseas a bhaineann le monatóireacht agus maoirseacht roinnt gníomhaireachtaí. Tá dhá chineál comhaontuithe conartha ag FnaSS leis na gníomhaireachtaí seo atá oiriúnaithe chun an leibhéal maoinithe a chuirtear ar fáil a léiriú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

- Socrú Seirbhíse (SA), do ghníomhaireachtaí sláinte a fhaigheann maoiniú os cionn €250,000
- Comhaontú Deontais i gCabhair (GA), gníomhaireachtaí sláinte a fhaigheann maoiniú níos lú ná €250,000.

Fuarthas an méid seo a leanas amach sna hiniúchtaí seachtracha agus inmheánacha:

- Níor eagraíodh cruinnithe monatóireachta chomh minic agus ba cheart, de réir threoirlínte FnaSS
- Ní raibh aon fhianaise ann go ndearnadh athbhreithniú ar shonraí riachtanacha maidir le feidhmíocht airgeadais, mar shampla, cuntais agus gníomhaíochtaí bainistíochta, chomh minic agus ba ghá
- Is riachtanas é d'aon chomhaontú conarthach a bhaineann le soláthar maoinithe go gcaithfidh an deontaí na socruithe cuí bainistithe riosca agus rialachais a bheith i bhfeidhm agus cloí le treoirlínte um sholáthar poiblí. Tugann na ráitis i dtaca le hIniúchtaí agus an Ráiteas Bliantúil maidir le Comhlíonadh (ACS) le fios go bhfuil roinnt bearnaí sna socruithe rialachais; i gcásanna áirithe, agus tá fadhb fós ag baint le comhlíonadh i dtaca le soláthar.

Tá na céimeanna atá á nglacadh ag FnaSS le blianta beaga anuas chun dul i ngleic leis na laigí seo sonraithe thíos. Chuir na gníomhaíochtaí seo ar chumas FnaSS, go pointe réasúnta, a bheith sásta go bhfuil struchtúir agus nósanna imeachta i ndáil le rialachais cuí i bhfeidhm sna gníomhaireachtaí seo.

Is ceart a rá go raibh tionchar ag COVID-19 agus ag an gcibirionsaí ar shocruithe monatóireachta agus athbhreithnithe de bharr gur aistríodh roinnt den fhoireann chun dul i ngleic le hábhair a bhain le COVID-19 agus bhí roinnt díobh i mbun seirbhísí a athbhunú.

Ag deireadh 2021, bhí 86% den mhaoiniú faoi SA/GA curtha i gcrích, in ainneoin na ndúshlán a d'eascair ó phaindéim COVID-19 agus ón gCibirionsaí.

### Aonaid Thacaíochta do Bhainistiú Conarthaí

De réir Chreat Feidhmíochta agus Cuntasachta FnaSS, is iad Príomhfheidhmeannaigh na nGrúpaí Ospidéil agus Príomhoifigigh ESP (CHO) na hoifigigh atá cuntasach as a réimsí freagrachta féin. Tá freagracht orthu seo a chinntiú go bhfuil Socruithe Seirbhíse (SA) agus Comhaontuithe Deontas i gCabhair (GA) i bhfeidhm maidir leis an maoiniú ar fad a thugann an ESP do ghníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39.

Maidir le comhlíonadh na bhfreagrachtaí seo, tá Aonaid Tacaíochta do Bhainistiú Conarthaí (CMSU) bunaithe ag FnaSS i ngach ceann de na naoi ESP (CHO) chun cabhrú le bainisteoirí na seirbhísí gach gné den chaidreamh le gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39 a bhainistiú agus a dhoiciméadú.

De bharr na n-acmhainní tiomnaithe seo sna naoi ESP (CHO), a chuireann maoiniú ar fáil d'fhormhór na ngníomhaireachtaí, is féidir díriú ar fheidhmiú an Chreata Rialachais ag leibhéal áitiúil. Chomh maith leis sin, tá ar a laghad ball foirne amháin i ngach CMSU a bhfuil cáilíocht airgeadais ghairmiúil aige/aici.

I measc phríomhchúraimí an ATBC (CMSU), ní mór dó a chinntiú:

- Go gcomhlánaítear agus go gcríochnaítear go tráthúil Socruithe Seirbhísí (SA) agus Deontais i gCabhair (GA)
- Go bhfaightear agus go n-athbhreithnítear Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) agus Tuairisceáin Bhliantúla Monatóireachta Airgeadais (AFMR)
- Go bhfuil córas i bhfeidhm i ngach ESP (CHO) lena chinntiú go mbíonn cruinnithe athbhreithnithe ar siúl de réir na dtreoirlínte um mhonatóireacht feidhmíochta
- Go bhfaightear príomhcháipéisí, ar nós, Ráiteas an Chathaoirligh, Cuntais Bhainistíochta agus Sonraí Gníomhaíochta agus go ndéantar athbhreithniú orthu, mar is cuí
- Go ndéantar bunachar sonraí Rialachais Soláthraithe Seirbhísí (SPG) a uasdátú go cruinn beacht.

Oibríonn an tAonad um Comhlíonadh le gach ceann de na Bainisteoirí CMSU ionas go réitítear, de réir na gcaighdeán, aon cheist a thagann chun cinn maidir leis na cúig ábhar atá sonraithe thuas

Chomh maith le bunú na ATBC (CMSU), cuireann an tAonad um Chomhlíonadh tuarascálacha monatóireachta ar fáil faoi dhó sa mhí do na hoifigigh chuntasacha go léir maidir le SA/GA a chur i gcrích agus AFS/AFMR a fháil agus a athbhreithniú. Ina theannta sin, tionóltar teilea-chomhdhálacha agus déantar teagmháil dhíreach ar bhonn rialta le hionadaithe na n-oifigeach cuntasach, chun a chinntiú go bhfuil gach gné den Chreat Rialachais á gcur i bhfeidhm in ESP (CHO).

Tá na príomhréimsí seo a leanas tábhachtach i gcomhthéacs an rialachais chorparáidigh sna gníomhaireachtaí maoinithe seo.

### Ráitis Bhliantúla um Chomhlíontachta (ACS)

Ceanglaítear ar gach Soláthraí a fhaigheann maoiniú de bhreis is €3 mhilliún ó FnaSS Ráiteas Bliantúil Comhlíontachta (ACS) a chur isteach. Déanann na Soláthraithe féin-deimhniú cúlghabhálach maidir leis na nósanna imeachta rialachais chorparáidigh, a cuireadh i bhfeidhm ag leibhéal an Bhoird agus na Feidhmeannachta, sna gníomhaireachtaí ar leith sa bhliain féilire roimhe sin. Léiríonn an próiseas seo an leibhéal rialachais chorparáidigh atá ann agus cinntíonn sé go ndéantar feabhsuithe ina leith seo, nuair is gá.

Bhain cuid de na gníomhaireachtaí móra Alt 38 agus Alt 39 féin úsáid as aschur de chuid ACS, AFMR agus na próisis Athbhreithnithe Sheachtraigh thíosluaite chun tionscnaimh bhreise a chur i bhfeidhm chun a rialachas corparáideach a fheabhsú ag leibhéal an Bhoird. Bhí éifeachtaí dearfacha aige seo i bpríomhréimsí, mar:

- Feidhmeanna Iniúchóireachta Inmheánaí a fhorbairt
- Uainíocht chomhaltaí an Bhoird
- Struchtúr Choistí an Bhoird
- Cóid Iompair a Fhorbairt
- Beartais agus cleachtais soláthair
- Rialachas agus Dearbhú an Bhoird
- Beartais an Bhoird.

### Athbhreithnithe um Rialachas

Tá tús curtha le Céim 2 de na hAthbhreithnithe um Rialachas agus tabharfar faoi athbhreithniú seachtrach ar rialachas ag leibhéal an Bhoird agus na Feidhmeannachta maidir le gníomhaireachtaí Alt 38 nach ndearnadh athbhreithniú orthu i gCéim 1 chomh maith le roinnt Soláthraithe Alt 39.

Tugtar faoi deara, go mbunófar próiseas arís tar éis na dtuarascálacha a d’eascair as athbhreithnithe Chéim 2, ina mbeidh ar Bhoird na Soláthraithe ábhartha nuashonruithe a chur isteach ar ghníomhartha a comhaontaíodh sna tuarascálacha maidir leis na hathbhreithnithe seo.

Sa chás go n-ardaíonn soláthraithe ceisteanna a bhaineann le rialachas corparáideach maidir lena bpróisis, oibríonn an tAonad um Chomhlíonadh le Soláthraithe den sórt sin chun réitigh a mholadh agus a aimsiú.

## IV. Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide

Déanann Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise (OoCIO) réimse leathan seirbhísí TFC a sheachadadh agus a bhainistiú ar fud FnaSS ar fad agus i gcuid den earnáil ghéarmhíochaine dheonach.

Tá FnaSS ag feidhmiú i thart ar 4,500 láthair, ina measc 45 ospidéal géarmhíochaine. Reáchtálann agus bainistíonn FnaSS an t-eastát TFC is mó sa stát. Tá os cionn 4,200 freastalaí, 9 bpeitibheart stórála agus 87,000 gléas, ar nós, ríomhairí glúine agus ríomhairí pearsanta agus 26,000 fón póca i seilbh oibrithe FnaSS. Soláthraíonn an OoCIO tacaíocht sa chomhthéacs seo. Soláthraíonn FnaSS líonra sreangaithe do 1274 agus tá rochtain gan sreang ar na cinn eile.

Tá thart ar 870 tionscadal aonair TFC ar scálaí éagsúla á gcur chun cinn faoi láthair. Is féidir iad a rangú i 3 réimse leathana, Bonneagar Bunúsach agus Cibirtheicneolaíocht (8 gclár), Cláir Náisiúnta (26 clár) agus tosaíochtaí Trasfhoirmithe FnaSS (16 clár). Tá 542 ball foirne CL (WTE) ag an OoCIO faoi láthair agus tá suas le 300 folúntas eile ann, tá buiséad ioncaim €126.6 milliún agus buiséad caipitil de €130 milliún ag an rannán.

D’aimsigh iniúchtaí inmheánacha laigí maidir le rialuithe slándála i roinnt réimsí den fhearann, ina measc, prótacail a bhaineann le pasfhocail feidhmchlár agus bainistiú rochtana slán. Aimsíodh laigí i gcuid de na réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu i bprótacail athshlánaithe ó thubaiste, go háirithe maidir le córais atá níos sine agus córais oidhreachta. Tá an OoCIO tiomanta do rialuithe a fheabhsú maidir le cibearshlándáil.

### Cibirionsaí, Mí na Bealtaine 2021

Rinneadh cibirionsaí tromchúiseach ar FnaSS i 2021 de bharr insíothlú coiriúil ar chórais TF, inar baineadh úsáid as bogearraí éirice Conti.

D’agair FnaSS an Próiseas Teagmhais Chriticiúla agus rinneadh an cinneadh córais TF go léir de chuid FnaSS a mhúchadh agus an Líonra Náisiúnta Cúraim Sláinte a dhínascadh ón idirlíon chun tionchar an chibirionsaithe a shrianadh agus a mheas. Chuir sé seo srian le rochtain an ionsaitheora ar chóras TF FnaSS, chomh maith.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Mar thoradh air seo, chaill foireann FnaSS, i ngach réimse, rochtain ar chórais TF a chuireann FnaSS ar fáil, ina measc, córais othar, saotharlainne agus cúraim chliniciúil. Ní raibh córais neamhchliniciúla, ar nós, córais phárolla, soláthair agus airgeadais ar fáil ach oiread agus cuireadh tús le pleananna agus próisis athshlánaithe ó thubaiste. Mhol an tIonad Náisiúnta Cibearshlándála comhlacht cibearshlándála seachtrach chun cabhrú le FnaSS na bogearraí éirice a dhíothú agus an córas TF a chosaint.

Choimisiúnaigh Bord FnaSS i gcomhar leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin Athbhreithniú Iar-Theagmhais Neamhspleách. Rinne PwC an t-athbhreithniú agus foilsíodh é ar an 3 Nollaig 2021. (Tuarascáil PIR Conti)

Rinneadh roinnt moltaí straitéiseacha agus cuireadh eolas ar fáil i dTuarascáil PwC mar a leanas:

- Socruithe feabhsaithe rialachais a chur i bhfeidhm maidir le TF agus cibearshlándáil, ionas go mbeidh fócas, aird agus maoirseacht chuí i bhfeidhm. Tá sé i gceist anseo go ndéanfadh an FBF (EMT) agus an Bord maoirseacht shonrach ar an gClár
- Príomh-Oifig Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe (CTTO) a chur i bhfeidhm le bheith i gceannas ar an gclár trasfhoirmithe, a bhfuil gá leis chun an teicneolaíocht a oiriúnú don todhchaí sa réimse seo
- Príomhoifigeach Slándála Faisnéise (CISO) a cheapadh agus feidhm chibearshlándála ag a mbeidh acmhainní oiriúnacha a bhunú
- Clár trasfhoirmithe leanúnachais chliniciúil agus seirbhísí a chur i bhfeidhm chun ullmhacht oibriúcháin agus cumas um bainistithe géarchéime a fheabhsú le go mbeifear ábalta dul i ngleic le heachtraí dá leithéid seo.

Bhunaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin foghrúpa den FBF (EMT) chun maoirsiú agus stiúradh a dhéanamh ar fhorfheidhmiú ilbhliantúil mholtaí an Athbhreithnithe Iar-Theagmhais.

Faoi rialachas an ghrúpa seo, forbraíodh Plean Ardleibhéil agus tá pleananna níos mionsonraithe á bhforbairt do gach ceann de na sruthanna oibre. Ceann de mhíreanna an Phlean atá indéanta go pras ná cás infheistíochta a ullmhú maidir le ríomhShláinte, TF agus trasfhoirmithe cibearshlándála.

### Rialuithe Slándála TFC

D'aimsigh iniúchtaí inmheánacha laigí maidir le rialuithe slándála i roinnt réimsí den fhearann, ina measc, prótacail a bhaineann le pasfhocail feidhmchlár agus bainistiú rochtana slán. Aimsíodh laigí i gcuid de na réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu i bprótacail athshlánaithe ó thubaiste, go háirithe maidir le córais atá níos sine agus córais oidhreachta. Tá an OoCIO tiomanta do rialuithe a fheabhsú maidir le cibearshlándáil.

Tá foghrúpa SMT ríomhShláinte cruthaithe ag an CIO chun feabhsuithe sonracha a dhéanamh maidir le TFC/Cibear. Tá "Plean Feabhsúcháin Timpeallachta Rialaithe TFC" teaicticiúil ar bun. Tá feabhsuithe tosaíochta á gcur i bhfeidhm ag an bplean seo mar atá molta ag PwC, Mandiant agus comhpháirtithe eile sa chibearspás. Tá maoiniú don phlean seo, atá faoi stiúir an CTO, curtha ar fáil ó fhoinsí reatha, mar:

- Plean Caipitil ríomhShláinte agus TFC 2022
- Ciste ríomhShláinte Opex (PSN 2022/Cibear).

Tá a lán bainte amach ag an bplean cheana féin, m.sh "neartú" maidir lenár bhfreastalaithe, beartas nua pasfhocail curtha i bhfeidhm, fíordheimhniú ilshraithe i bhfeidhm ag príomhphointí rochtana, baineadh amach na "hiontaobhais AD" a bhí ann cheana le heagraíochtaí deonacha, agus tá go leor eile déanta.

### Beartais TFC

Tá tús curtha le hathbhreithniú ar na beartais go léir a bhaineann le TFC agus críochnófar é i R2, 2022 mar chuid den phlean Feabhsúcháin um Rialú Slándála ríomhShláinte. Tar éis an athbhreithnithe seo, is dócha go ndéanfar uasdátú ar roinnt beartas, tá sé beartaithe ag bainistíocht an OoCIO measúnú comhlíontachta a dhéanamh chun an leibhéal comhlíontachta maidir leis na beartais seo a mheas. Tabharfaidh an measúnú comhlíontachta seo eolas maidir le gníomhartha breise a theastaíonn a dhéanamh.

### Príomhghníomhaíochtaí

Tá roinnt clár ilbhliantúil ar bun ag an OoCIO chun feabhsuithe a bhrú chun cinn ar fud ár n-ollfhearann. Ina measc seo, tá clár athnuachana Windows 7, an clár sínithe isteach singil, uasghráduithe tábhachtacha eile ar an mbonneagar, agus uasghrádú ar bhogearraí feidhmchlár a sholáthróidh, le himeacht ama, modhanna dóibh seo a leanas:

- Logáil isteach singil ar fhearann agus ar fheidhmchláir a chinntíonn go mbíonn rochtain uathúil agus sábháilte ag gach ball foirne ar na fearainn agus ar na feidhmchláir

- Ardán ríomhphoist shingil chun cumarsáid agus comhoibriú tras-réigiúnach a fheabhsú
- Bonneagar a uasghrádú le gnéithe slándála nua-aimseartha
- Feidhmchláir agus teicneolaíocht bunachar sonraí a uasghrádú.

Tá tús curtha le haistriú chuig aitheantas digiteach aonair don fhoireann agus leanfar á chur seo i bhfeidhm, i rith 2022, ar fud ESP (CHO), Grúpaí Ospidéil agus Seirbhísí Gnó Sláinte (HBS), chomh maith leis na rannáin láir.

Tá pleananna ag an OoCIO freisin feabhas a chur ar acmhainní chun a chinntiú go bhfuil baill foirne a bhfuil scileanna teicneolaíochta cuí acu, lonnaithe san áit is mó a bhfuil gá leo.

Tá bainistiú paiste Windows 10 i gcomhair ardphaistí/criticiúla i bhfeidhm ar fud ár n-eastát deisce le leibhéal ard comhlíontachta ar fud na réigiún éagsúil.

Tá tús curtha ag bainistíocht OoCIO le "Clár Ascnaimh Bonneagair" a aistreoidh córais roghnaithe athshlánaithe ó thubaiste chuig néalríomhaireacht. Beidh seirbhísí Néalríomhaireachta soláthair a dtosófar orthu níos déanaí i mbliana bunaithe ar chéimeanna tosaigh an chláir seo. Beidh cumas i dtaca le hathshlánú ó thubaiste i gcomhair gach córas san áireamh anseo.

Tá néalríomhaireacht OoCIO maidir leis an tionscnamh athshlánaithe ó thubaiste tar éis dul chun cinn suntasach a dhéanamh, agus tá na gníomhaíochtaí seo a leanas lárnach maidir le huaillmhian na heagraíochta an Néalríomhaireacht a neartú i gcomhair athshlánú ó thubaiste:

- Tá Creat Néalríomhaireachta curtha i gcrích le 4 thairgeoir
- Chríochnaigh OoCIO treoirthionscadail ar thimpeallacht hibrideach san áitreabh/Cloud VMware a chumasóidh aistriú na gcóras chuig an Néalríomhaireacht, go héasca
- Cruthaíodh Athshlánú ó thubaiste sa Néalríomhaireacht do cheann dár seirbhísí riachtanacha (Healthlink)
- Clár píolótach mol líonra Azure i gcomhair phríomhchláir. Is é seo an 'stáisiún láir' le haghaidh nascacht shlán, seasmhach Líonra Néalríomhaireachta (Cloud Network).

Gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le hAthshlánú ó Thubaiste:

- Tástáil ar Sheasmhacht an Chroí-líonra sceidealaithe i gcomhair R1, 2021
- Tá polasaí Cúltaca Náisiúnta aontaithe agus foilsithe ar inlíon FnaSS
- Rinneadh tástáil um Athshlánú ó thubaiste ar chóras CHI Evolve agus d'éirigh go maith leis.

Ina theannta sin, leanfaidh an fheidhm um Iniúchadh Inmheánach, i gcomhar le tacaíocht iniúchta speisialta seachtrach TFC ag déanamh iniúchtaí spriocdhírithe i ndáil le bainistiú riosca.

Léirigh an cibirionsaí i 2021, chomh maith, go mbeidh infheistíocht bhreise ag teastáil ó FnaSS maidir lena gcóras TFC chun cosaint a chinntiú i gcoinne bagairtí agus ionsaithe sa todhchaí.

## V. Bainistiú Riosca

Mar a sonraíodh i gCuid 2 agus 3 thuas, tuigeann FnaSS an tábhacht a bhaineann le Creat Bainistithe Riosca láidir. In ainneoin thionchar na paindéime COVID-19 agus an chibirionsaithe, rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2021 chun monatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí atá ann cheana féin agus táthar ag feabhsú réimse iomlán um bainistiú riosca i bhFnaSS. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta go lárnach laistigh de FnaSS féin, tá obair fós le cur i gcrích chun cultúr láidir bainistithe riosca a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta i gcoitinne.

### Próiseas Bainistithe Riosca a Fheabhsú

I mí na Samhna 2021, cheadaigh Bord FnaSS ról an Phríomhoifigigh Riosca a chur faoi chúram an Stiúrthóra Náisiúnta um Rialachas agus Riosca. Tá rochtain iomlán ag an bPríomhoifigeach riosca (CRO) ar phríomhphróisis phleanála agus próisis eile ina bhfuil breithniú riosca mar ghné lárnach iontu agus bíonn sé/sí páirteach sna próisis seo.

Tá an Fhoireann Tacaíochta um Riosca Corparáideach (CRST) bunaithe le fada agus is é Stiúrthóir Náisiúnta um Rialachas agus Riosca atá ina Chathaoirleach ar an bhfoireann i láthair na huaire. Tá baill shinsearacha foirne ar an bhfoireann (CRST), mar ionadaithe do bhaill FBF (EMT).

Déanann an fhoireann seo athbhreithniú ar na Rioscaí Corparáideacha a aimsíodh agus bíonn cruinniú acu uair sa mhí.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Ag deireadh na bliana 2020 agus ag tús na bliana 2021, choimisiúnaigh Bord FnaSS agus FBF (EMT) saineolaí seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar phróiseas bainistíochta um rioscaí corparáideacha FnaSS. Beartaíodh é seo le go bhféadfaí sraith idirghabhálacha inbhuanaithe agus dírithe a fhorbairt chun cumas bainistíochta riosca a fheabhsú.

Dearbhaíodh sa tuarascáil go bhfuil dea-chleachtas i bhfeidhm ina lán réimsí cheana féin i bhFnaSS, ina measc:

- Tá Bord FnaSS láidir agus cuireann sé in iúl i gcónaí an tábhacht a bhaineann le dea-bhainistíocht riosca agus le tacaíocht ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, cuirtear treoir agus dúshláin riachtanacha ar fáil don Fheidhmeannacht sa phróiseas bainistithe riosca atá i bhfeidhm
- Tá cur chuige níos sofhreagrúla glactha ag FBF (EMT) maidir le dearbhú agus maoirsiú míosúil a dhéanamh ar phríomhrioscaí oibriúcháin FnaSS
- Tá Beartas Comhtháite um Bainistiú Riosca forbartha ag FnaSS, atá bunaithe ar chaighdeán bainistíochta riosca ISO 31000
- Bhunaigh FnaSS an Fhoireann Tacaíochta um Riosca Corparáideach (CRST) chun tacú leis an FBF (EMT) agus chun rioscaí corparáideacha a bhainistiú.

Tá roinnt moltaí curtha ar fáil sa tuarascáil agus tá dul chun cinn déanta i ndáil leo siúd, ag céimeanna éagsúla, ina measc, tá:

- Príomhoifigeach Riosca sinsearach ceaptha
- Dlús curtha le hearcaíocht na foirne atá riachtanach chun foireann lánfheidhmeach agus ildisciplíneach a chruthú ionas go bhféadfar próiseas bainistithe riosca a chur i bhfeidhm go luath
- Réiteach TF um Bainistiú Riosca Fiontair (Córas Faisnéise Riosca (RIS)) le cur i bhfeidhm.
- Daoine a chur ar an eolas maidir le hInghlacthacht riosca FnaSS
- Oiliúint chuí a chinntiú ar fud gach leibhéal bainistíochta de chuid FnaSS chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil bun-inniúlacht maidir le breithniú riosca san eagraíocht.

Tá dul chun cinn déanta maidir le dul i ngleic leis na moltaí seo, ina measc:

- Príomhoifigeach Riosca cuí sinsearach ceaptha
- D'éirigh le FnaSS foireann riosca ildisciplíneach a earcú, ina measc, Bainisteoir Ginearálta agus seachtar ceannasaí riosca, ag Grád VIII, chun tacú leis na ceannasaithe CRST. Tá na foirne ag obair i ngach rannán FBF (EMT)
- Tá an próiseas earcaíochta don Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta Riosca beagnach curtha i gcrích agus táthar ag súil go líonfar an ról go luath i ráithe 3, 2022
- Córas Faisnéise Riosca curtha i bhfeidhm leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
- Rinne an Bord Ráiteas inghlacthachta Riosca FnaSS a fhaomhadh.

Tabharfaidh an fhoireann ildisciplíneach nua bainistithe riosca tús áite d'oiliúint a chur ar fáil, chomh maith le cumarsáid níos fearr maidir le riosca.

### Clár na Rioscaí Corparáideacha

Ag deireadh 2021, bhí 27 riosca ar an CRC. Tá gach ceann de na rioscaí ar Chlár na Rioscaí Corparáideacha faoi chúram bhall den FBF (EMT) agus sanntar iad seo mar 'úinéir' an riosca sin agus cuireann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) gach ceann de na rioscaí faoi chúram cheann de cheithre choiste an Bhoird. Déanann Coistí Boird maoirseacht ar bhainistiú na rioscaí a shanntar dóibh agus scrúdaíonn siad na rioscaí sin agus na pleananna gníomhaíochta gaolmhara le baill ábhartha FBF (EMT).

I mí na Samhna 2021, rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar Chlár na Rioscaí Corparáideacha reatha FnaSS. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí (ARC) agus Coistí Boird eile tacaíocht don Bhord agus tuairiscíonn siad torthaí a n-athbhreithnithe ar rioscaí don Bhord.

Déanann FnaSS measúnú ar Chlár na Rioscaí Corparáideacha agus ar thuarascálacha riosca agus iad ag ullmhú an Phlean Chorparáidigh, an Phlean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) agus an Bhuiséid Bhliantúil. Tá sé mar chuspóir ag an bpróiseas bainistithe riosca a chinntiú go ndéantar príomhrioscaí a aimsiú, a chur in ord tosaíochta, a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a thuairisciú ar bhealach comhsheasmhach ag an leibhéal náisiúnta. Déanann an FBF (EMT) athbhreithniú ar Rioscaí Corparáideacha agus pléann an Bord agus an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí na rioscaí seo. Déanann an FBF athbhreithniú ar na Rioscaí Corparáideacha go léir agus na pleananna gníomhaíochta gaolmhara mar chuid de phróiseas athbhreithnithe míosúil, nó ráithiúil, ag brath ar an gcineál riosca atá i gceist.

### Maoirseacht Rioscaí a dhéanann Coistí an Bhoird

I 2020, tugadh isteach próiseas athbhreithnithe um maoirseacht riosca idir an FBF (EMT) agus Coistí an Bhoird. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí, a dhéanann maoirseacht ar an gCreat Riosca iomlán, rioscaí corparáideacha ar leith a shannadh chuig an gCoiste Boird ábhartha i gcomhair maoirseachta. Ullmhaíodh treoir do Choistí Boird agus freastalaíonn baill FBF (EMT) ar chruinnithe coiste chun tuairisc a thabhairt ar rioscaí a bhfuil siad ina n-úinéirí orthu.

## VI. Athbhreithnithe maidir le fostaithe ar Ardioncam

Ceanglaítear ar FnaSS faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 sonraí a nochtadh a bhaineann le líon na bhfostaithe a bhfuil sochair iomlána fostaíochta acu (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair, dualgas oíche, deireadh seachtaine, ar ghlao-dhualgas agus riaráistí, ach gan ÁSPC fostóra agus costais phinsin an fhostóra a chur san áireamh) laistigh de gach banda de €10,000, os cionn €60,000, sa tréimhse tuairiscithe. Léirítear é seo i Nóta 7 de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2021.

Mar chuid dá phlean oibre rinne an tIniúchóir Inmheánach obair sa réimse seo, chun dearbhú a chur ar fáil maidir le:

- Líon na ndaoine ar an Liosta Ardioncaim
- Oiriúnacht na n-íocaíochtaí leis na daoine seo de réir Threoirlínte an Rialtais agus Beartas Pá
- Cruinneas na bhfigiúirí atá tuairiscithe i Nóta 7 de na ráitis airgeadais.

Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar na fostaithe go léir a raibh a n-ioncam sa bhanda pá €300,000 nó ní b’airde. Ba Chliniceoirí Comhairleacha de chuid FnaSS iad na fostaithe go léir a ndearnadh iniúchadh dearbhaithe ina leith.

Fuarthas amach san athbhreithniú Iniúchta Inmheánaigh go raibh roinnt cásanna ann nach raibh íocaíochtaí a rinneadh leis na Comhairleoirí seo ag teacht leis an mbeartas. D’aimsigh an t-athbhreithniú freisin bearnaí féideartha rialaithe inmheánaigh maidir le híocaíochtaí a rinneadh leis na Comhairleoirí seo faoi shocruithe ospidéil áitiúla.

Tá luach saothair an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ag teacht go hiomlán leis an mbeartas pá agus léirítear é seo i nóta 2 de na ráitis airgeadais.

Ag an tráth a raibh an tuarascáil seo á hullmhú, bhí próiseas athbhreithnithe bunaithe ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin faoi stiúir Phríomhoifigeach Oibriúcháin (COO) FnaSS a bhfuil sé de chúram air próiseas a chur i bhfeidhm chun torthaí agus moltaí an iniúchta seo a scrúdú agus táthar ag súil go mbeidh sé seo curtha i gcrích faoi dheireadh R2, 2022. D’fhéadfadh sé go n-eascródh tuilleadh oibre maidir le dearbhuithe as seo le linn 2022.

## VII. Rialuithe Párolla

Thug torthaí athbhreithniú FnaSS ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh faoi deara laigí féideartha i bhfeidhmiú rialuithe sa phríomhréimse seo, go háirithe, in oibríochtaí párolla áitiúla lasmuigh den tsamhail seirbhísí comhroinnte. Ba iad seo a leanas cuid de na húdair imní a ardaíodh:

- Easpa deighilte dualgas i roinnt réimsí de chuid FnaSS
- Bearnaí i maoirseacht bainistíochta nó rialuithe ordlathacha
- Athbhreithnithe neamhréireacha maidir le hathbhreithniú ar thuairisciú pearsanra rannáin
- Easpa fianaise maidir le príomhrialuithe párolla agus Acmhainní Daonna.

Tá Clár Comhtháite Náisiúnta um Thaifid agus Pá Foirne (NiSRP) á chur i bhfeidhm ag FnaSS ó lár na bliana 2019. Is é cuspóir an NiSRP ardán teicniúil aonair AD/Taifid Foirne a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh na sonraí go léir a bhaineann le gach duine i bhFnaSS ar fáil in áit amháin, ag baint úsáide as SAP Acmhainní Daonna (AD). Ciallaíonn sé, chomh maith, go mbeidh ardán teicniúil aonair Párolla do na fostaithe ar fad i bhFnaSS, a úsáideann Párolla SAP. Beifear ábalta próisis chuí foirne a uathoibriú trí fhéinseirbhís d’Fhostaithe agus do Bhainisteoirí a thabhairt isteach.

Faoi láthair tá an NiSRP i bhfeidhm i réigiún an oirthir agus réigiún an Oirdheiscirt FnaSS agus bhíothas á chur i bhfeidhm de réir a chéile i Lár Tíre, san Iarthuaisceart agus sa Mheán-Iarthar ag an tráth ar ullmhaíodh an tuarascáil seo.

Nuair a bheidh sé curtha i gcrích, maolóidh feidhmiú an NiSRP riosca calaoise párolla agus neamhrialtachta trí uathoibriú sreafa oibre, rialuithe córais ionsuite agus caighdeánú próisis.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Tá Rannán Airgeadais Náisiúnta FnaSS ag comhordú clár feabhsúcháin rialaithe 3 bliana mar a luadh thuas. Mar chuid de seo, cuirfear feasachán faisnéise chuig gach rannán i bhFnaSS ag tabhairt tacaíochta, soiléirithe agus comhairle maidir le céard atá i gceist le timpeallacht rialaithe párolla maith.

### 15. Conclúid

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca FnaSS scrúdú ar an tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais um Rialú Inmheánach i bhFnaSS agus tugadh comhairle ina leith thar ceann an Bhoird.

Tá a lán athruithe suntasacha ag tarlú i bhFnaSS agus ag an am céanna tá an Fheidhmeannacht ag déanamh gach iarracht dul i ngleic le dúshláin atá cruthaithe ag COVID-19 ar sholáthar seirbhísí FnaSS. Tá FnaSS ag dul i ngleic chomh maith leis an dochar a rinne an cibirionsaí i 2021 do FnaSS agus don chóras sláinte i gcoitinne. Tá córais rialaithe FnaSS fós ag brath ar sheanchleachtais na gcóras airgeadais a bhí i bhfeidhm sna Boird Sláinte. Athrófar na seanchleachtais seo, a fágadh mar oidhreacht ag FnaSS, de réir a chéile agus cuirfear córas aonair airgeadais agus soláthair comhtháite náisiúnta ar fáil, mar a sonraíodh i Mír 14.

Léirigh an t-athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh go bhfuil fadhbanna agus laigí tugtha faoi deara i gcóras rialaithe inmheánaigh FnaSS. Mar sin féin, sna cásanna ar aimsíodh na laigí seo, tá roinnt fianaise ann gur ullmhaíodh pleananna maolaithe agus/nó pleananna bainistíochta gníomhaíochta chun na rioscaí ar leith a laghdú agus atá sásúil ó thaobh na Ráiteas Airgeadais Bliantúla. Ciallaíonn na laigí seo, mar aon leis an tuairim iniúchta teoranta maidir le 2021 atá eisithe ag an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúchadh Inmheánach nach féidir leis an athbhreithniú ach dearbhú teoranta a sholáthar maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Tuigeann FnaSS go bhfuil sé riachtanach comhlíontacht maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a fheabhsú, agus tá an bhainistíocht shinsearach ag díriú air seo. Is údar dóchais é, áfach, gur léirigh athbhreithniú 2021 go raibh feasacht ní b’fhearr maidir le cuntasacht agus freagracht ag gach leibhéal d’fhoireann FnaSS, agus rannpháirtíocht níos láidre leis an bpróiseas dearbhaithe rialuithe do 2021.

Tuigeann an Bord go bhfuil freagracht iomlán air as an gcóras rialaithe inmheánaigh i bhFnaSS agus leanfaidh sé ag déanamh monatóireachta agus ag tacú le tuilleadh forbartha rialuithe. Déanfar an dul chun cinn a athmheas in Athbhreithniú 2022 ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh.

**Ciarán Devane**
*Cathaoirleach Bhord FnaSS*

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais
## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iniúchta agam don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 36 Acht Sláinte 2004. Is éard a chuimsítear leis na ráitis airgeadais ná

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais
- an ráiteas ioncaim agus caiteachais chaipitiúil
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar athruithe sna cúlchistí
- an ráiteas sreabhaidh airgid agus
- na nótaí bainteacha, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, i gcás na ráiteas airgeadais,

- is léiriú fíor iad ar staid ghnóthaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte amhail ar an 31 Nollaig 2021 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain 2021, agus
- ullmhaíodh i gceart iad de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire, arna leagan amach sa chuid bunús réiteach na gcuntas sna beartais chuntasaíochta.

### Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse sláinte agus ba de réir na gcaighdeán céanna a chomhlíon mé na freagrachtaí eile atá orm.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

### Tuairisc ar fhaisnéisí eile seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais, tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas faoi rialú inmheánach agus dhá aguisín. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair eile ar a dtuairiscím de réir eisceachta.

### 1. Caillteanas a bhain le soláthar Threalamh Cosanta

#### Lagú ar luach an stoic

Éilíonn rialacha cuntasaíochta go ndéantar stoic atá á gcoinneáil lena n-úsáid sa todhchaí a luacháil ag an gcostas a íocadh nuair a ceannaíodh na hearraí nó ag an gcostas a bheadh i gceist maidir leis na hearraí a athsholáthar ar an dáta tuairiscithe, cibé acu is ísle. Toisc gur lean na praghsanna margaidh do threalamh cosanta pearsanta (TCP) ag titim i 2021, tá luacháil déanta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar stoc na n-earraí TCP ar bhonn an chostais athsholáthair mheasta ag deireadh 2021. Mar thoradh air sin, tá muirear bearnaithe de €70.6 milliún curtha san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais, chun caillteanas i luach an TCP atá á choinneáil i stoc, ag deireadh na bliana, a léiriú.

Tar éis bearnaithe a chur san áireamh, tá luacháil de €73.4 milliún ar stoc TCP atá á choimeád ag deireadh 2021, le húsáid sa todhchaí sna ráitis airgeadais.

#### Dífheidhmíocht stoic

Chomh maith leis an lagú praghais, tá muirir de luach €38.3 milliún san iomlán a bhaineann le dífheidhmíocht glóthacha díghalrán lámh agus TCP a bhí i seilbh FnaSS ag deireadh 2021 curtha san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)

Tá €25.6 milliún curtha san áireamh ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais maidir le glóthach díghalrán lámh a mheasann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go mbeidh a dháta éaga caite sula bhféadfar é a úsáid. Baineann an muirear €10.9 milliún le stoc de suas le 5.1 milliún buidéal glóthaigh a ceannaíodh i 2021, agus €14.7 milliún le stoc de 6.8 milliún buidéal de ghlóthach láimhe a ceannaíodh i 2020, nár úsáideadh go fóill. (Cuireadh muirear de €14.1 milliún a bhain le lagú praghais san áireamh i ráiteas airgeadais 2020 maidir leis an dara ceann díobh seo.)

Léirítear muirear de €12.7 milliún freisin sa chuntas ioncaim agus caiteachais maidir le TCP a bhí ag an bhfeidhmeannacht ag deireadh 2021, agus a mheasann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nach dócha go n-úsáidfear é roimh a dháta éaga. I measc na n-earraí TCP atá dífheidhmithe, tá spéaclaí cosanta, aghaidhsciatha, naprúin, cultacha cosanta agus maisc. Ceannaíodh na hearraí go léir in 2020 ar chostas measta de €96.4 milliún. Bhí na hearraí faoi réir lagú praghais san áireamh i ráitis airgeadais 2020 mar €83.7 milliún.

Tar éis cinneadh a dhéanamh go bhfuil na hearraí dífheidhmithe, ní bheidh aon luach ag baint leo, agus ní mheastar go bhfuil siad mar chuid den stoc. Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag scrúdú cibé ar féidir na hearraí TCP a bhronnadh ar chórais sláinte i dtíortha eile.

### Costais stórála cultacha cosanta

Tá dhífheidhmeacht de luach €64 milliún a bhain le cultacha cosanta a ceannaíodh i 2020, ach nach dócha go n-úsáidfear iad roimh an dáta éaga, curtha san áireamh i ráitis airgeadais 2020. Níl cinneadh déanta fós ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi conas fáil réidh leis na cultacha seo agus tá costais stórála ag baint leo i gcónaí. Meastar gur chosain sé suas le €1.25 milliún na cultacha seo a stóráil i 2021.

## 2. Neamhchomhlíonadh maidir le soláthar

Léirítear i gCuid 14(II) den ráiteas ar rialú inmheánach go bhfuil fadhbanna fós maidir le neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá aird tarraingthe agam arís agus arís eile ar an bhfadhb seo i mo thuarascálacha bliantúla ar iniúchtaí na ráiteas airgeadais.

Rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte féinmheasúnú chun leibhéal an tsoláthair neamhchomhlíontach a dheimhniú maidir le ceannach earraí agus seirbhísí ar luach os cionn €20,000 i 2021. Thug an cleachtadh seo le fios go raibh an ráta soláthair neamhchomhlíontach in 2021 thart ar 9% (€186 milliún). Maidir le soláthar nach mbaineann le Covid, bhí an ráta neamhchomhlíontach thart ar 16% (€144 milliún). Glacann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leis nach bhfuil an t-athbhreithniú críochnúil.

I mo thuairim, ní léiríonn an ráta measta maidir le soláthar neamhchomhlíontach go cruinn an ráta soláthar neamhchomhlíontach i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ar roinnt cúiseanna.

- Ní raibh 44% de sholáthar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (i.e. soláthairtí dar luach €20,000 nó níos lú an ceann) san áireamh sa bhféinmheasúnú a rinneadh
- Níor críochnaíodh measúnú comhlíontach maidir le 13% den chaiteachas soláthair a bhí san áireamh i raon feidhme an fhéinmheasúnaithe, toisc nárbh fhéidir an bainisteoir atá freagrach as an gcaiteachas a aithint go héasca, nó toisc gur theip ar na bainisteoirí sainaitheanta páirt a ghlacadh sa bhféinmheasúnú.

Leagtar amach sa ráiteas ar rialú inmheánach na céimeanna atá á nglacadh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh rialacha soláthar, ach dearbhaítear arís go dtógfaidh sé roinnt blianta chun dul i ngleic go hiomlán leis na fadhbanna a bhaineann le comhlíontacht soláthair.

## 3. An Cibirionsaí

Leagtar amach sa ráiteas ar rialuithe inmheánacha (i Mír 14(IV)) na bearta a rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tar éis an chibirionsaithe a tharla i mí na Bealtaine 2021 agus na moltaí chun gníomhú maidir leis na príomh-mholtaí straitéiseacha agus torthaí thuarascáil comhairleora a choimisiúnaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun an teagmhas a scrúdú.

Seamus McCarthy.

**Seamus McCarthy**
*An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

30 Bealtaine 2022

## Aguisín leis an Tuarascáil

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá na comhaltaí freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá sonraithe in Alt 36 den Acht Sláinte 2004 agus caighdeáin chuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh chun a dheimhniú cibé an bhfuil sé cuí ná nach bhfuil úsáid a bhaint as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is í an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir Alt 36 den Acht Sláinte 2004 agus na tuairiscí sin a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní deimhniú é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISA míráiteas ábhartha i gcónaí, i gcás gur ann dá leithéid. Is féidir le míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó le chéile, go bhféadfaidís tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d’iniúchadh de réir na ISA, bím proifisiúnta i mo chuid breithiúnais agus cloím le hamhras proifisiúnta le linn an iniúchta. Cuireann an méid seo ar mo chumas:

- na rioscaí míráitis ábhartha, bíodh sin mar thoradh ar chalaois ná earráid, a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, atá in ann déileáil leis na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil, atá sásúil agus cuí le bheith mar bhonn is taca ag mo chuid tuairimí. Tá an riosca a bhaineann le míthuairisc ábharach a thagann ó chalaois agus gan í a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míthuairisc a thagann ó earráid, mar is féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d’aon ghnó, mífhaisnéisí, nó sárú ar smacht inmheánach a bheith i gceist le calaois
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh, ionas gur féidir liom nósanna imeachta a dhearadh a oireann do na cúinsí, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus aon nochtadh a bhaineann leo
- Críochnaím ar oiriúnacht úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta, agus ar bhunús na fianaise iniúchta atá faighte, ar cibé an bhfuil ná nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le teagmhais nó coinníollacha a d’fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, dul ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Más é an tátal a bhainim as an scéal ná go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, tá de cheanglas orm aird a dhíriú i mo thuairisc ar an nochtadh a bhaineann leis seo sna ráitis airgeadais, nó mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a athrú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chomh fada le dáta mo thuairisce. D’fhéadfadh go stopfadh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag feidhmiú mar ghnóthas leantach, áfach, mar thoradh ar theagmhais nó coinníollacha a d’fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo.

Bím i mbun plé leo siúd atá freagrach, i measc rudaí eile, as rialachas maidir le scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta, chomh maith le haon easnaimh shuntasacha i dtaca le rialú inmheánach a aimsím le linn m’iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim i gcomhair m’iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)

## Eolas eile seachas ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile atá curtha i láthair i dteannta na ráiteas sin, agus ní chuirim aon chineál tátail dearbhaithe in iúl maidir leis an eolas sin.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá de cheanglas orm faoi na ISA, aon eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus, é sin déanta, machnamh a dhéanamh ar aon mhíréir ábhartha a d'fhéadfadh a bheith san eolas eile le hais na ráiteas airgeadais ná le hais an eolais a fuarthas le linn an iniúchta, nó ar aon mhíráiteas ábhartha eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Ar bhunús na hoibre atá déanta agam, má bhainim tátal as an scéal go bhfuil míráiteas ábhartha ann i gcás an eolais eile seo, tá de cheanglas orm an méid sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar ábhair eile

Cuirim m'iniúchadh i bhfeidhm de réir tagairt do na saintosca a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Má tá cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích, déanaim iad sin a thuairisciú.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn iniúchtaí. Más ann d'aon chás ábhartha nár baineadh leas as airgead poiblí le haghaidh na húsáide a bhí ceaptha dó, nó i gcás go raibh idirbhearta ann nár chomhlíon na húdaráis arna rialú, déanaim an méid sin a thuairisciú.

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

## Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncaim** | | | |
| Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte | 3(a) | **20,617,795** | 19,451,541 |
| Barrachas/Easnamh ar Ioncam agus Caiteachas tugtha ar aghaidh | 3(b) | **–** | 6,472 |
| | | **20,617,795** | **19,458,013** |
| Ioncam Othar | 4 | **342,780** | 328,549 |
| Ioncam Eile | 5 | **486,904** | 478,178 |
| | | **21,447,479** | **20,264,740** |
| **Caiteachas** | | | |
| Pá agus Pinsin | | | |
| Cliniciúil | 6 & 7 | **4,390,573** | 4,127,292 |
| Neamhchliniciúil | 6 & 7 | **1,562,238** | 1,368,286 |
| Seirbhísí eile Cliant/Othar | 6 & 7 | **1,052,529** | 950,673 |
| | | **7,005,340** | **6,446,251** |
| Neamhphá | | | |
| Cliniciúil | 8 | **2,306,767** | 2,066,701 |
| Iompar Othar agus Seirbhísí Otharcharranna | 8 | **113,065** | 135,690 |
| Scéimeanna Cúram Príomhúil agus Cártaí Leighis | 8 | **3,923,558** | 3,642,405 |
| Seirbhísí eile Cliant/Othar | 8 | **30,706** | 8,761 |
| Deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha | 8 | **5,691,382** | 5,442,823 |
| Tíos | 8 | **362,974** | 383,630 |
| Costais Oifige agus Riaracháin | 8 | **1,002,080** | 795,210 |
| Costais Oibriúcháin Eile | 8 | **11,986** | 807 |
| Táillí Fadchónaithe Aisíoctha le hOthair | 9 | **19** | 55 |
| Scéim Árachais Heipitítis C | 10 | **418** | 1,054 |
| Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 11 | **461,331** | 372,704 |
| An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (Fair Deal) – Tithe Altranais Príobháideacha amháin | 12 | **732,887** | 767,938 |
| | | **14,637,173** | 13,617,778 |
| Caiteachas Iomlán | | **21,642,513** | 20,064,029 |
| **Glanbharrachas (Easnamh) Oibriúcháin don Bhliain** | | **(195,034)** | **200,711** |

Táthar tar éis déileáil leis na gnóthachain agus caillteanais uile seachas iad siúd a bhaineann le dímheas agus amúchadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil.

Áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS.

**Ciaran Devane**
*Cathaoirleach*
27 Bealtaine 2022

**Paul Reid**
*POF*
27 Bealtaine 2022

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil

## Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Caipitil na Roinne Sláinte | 3(a) | **985,328** | 1,023,288 |
| Barrachas Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil tugtha ar aghaidh | 3(b) | **0** | 15,182 |
| | | **985,328** | 1,038,470 |
| Maoiniú Ioncaim Leagtha ar Thionscadail Chaipitil | | **1,785** | 1,724 |
| Cur i bhfeidhm Fáltais na nDiúscairtí | | **2,549** | 9,179 |
| Ranna Rialtais agus Foinsí Eile | 13(c) | **26,573** | 1,752 |
| | | **1,016,235** | 1,051,125 |
| **Caiteachas** | | | |
| Caiteachas Caipitiúil ar Thionscadail Chaipitil FnaSS | 13(b) | **609,757** | 623,989 |
| Deontais Chaipitiúla do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 1) | 13(b) | **451,940** | 359,730 |
| | | **1,061,697** | 983,719 |
| **Glannbharrachas (Easnamh) Caipitil don Bhliain** | | **(45,462)** | **67,406** |

Táthar tar éis déileáil leis na gnóthachain agus caillteanais uile seachas iad siúd a bhaineann le dímheas agus amúchadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil.

Áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS.

**Ciaran Devane**
*Cathaoirleach*
27 Bealtaine 2022

**Paul Reid**
*POF*
27 Bealtaine 2022

# Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí

## Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | Cúlchistí Ioncaim €'000 | Cúlchistí Caipitil €'000 | Cuntas Caipitl-ithe €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2020 (mar a tuairiscíodh roimhe seo)** | | (1,069,168) | (123,759) | 5,252,331 | 4,059,404 |
| Coigeartú na bliana roimhe – Fabhruithe* | 26 | 71,440 | | | 71,440 |
| **Iarmhéid Leasaithe ar 1 Eanáir 2020** | | (997,728) | (123,759) | 5,252,331 | 4,130,844 |
| Traschur an (Easnaimh)/Bharrachais faoi réir *Alt 33(3) d'Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2004*, arna leasú | 3(b) | (6,472) | (15,182) | | (21,654) |
| Glanbharrachas don bhliain | | 200,711 | 67,406 | | 268,117 |
| Fiachach RS fritháirithe ag an gCéad Bharrachas | 3(b) | (53,990) | (46) | | (54,036) |
| Fáltais Cuntas Diúscartha – athruithe sna cúlchistí | 14 | | 0 | | 0 |
| Breis Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh sa bhliain | 13(a) | | | 446,918 | 446,918 |
| Infheistíocht an Stáit i Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse PPP | | | | 3,186 | 3,186 |
| Lúide: Glanluach leabhar na Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh a rinneadh a dhiúscairt sa bhliain | | | | (6,544) | (6,544) |
| Lúide: Muirear dímheasa sa bhliain | 15 | | | (226,530) | (226,530) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2020** | | **(857,479)** | **(71,581)** | **5,469,361** | **4,540,301** |
| **Iarmhéid ar 1 Eanáir 2021** | | (857,479) | (71,581) | 5,469,361 | 4,540,301 |
| Traschur an (Easnaimh)/Bharrachais faoi réir *Alt 33(3) d'Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2004*, arna leasú | 3(b) | (200,711) | (67,406) | | (268,117) |
| Glan (Easnamh) don bhliain | | (195,034) | (45,462) | | (240,496) |
| Fáltais Cuntas Diúscartha – athruithe sna cúlchistí | 14 | | 0 | | 0 |
| Breis Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh sa bhliain | 13(a) | | | 499,828 | 499,828 |
| Infheistíocht an Stáit i Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse PPP | | | | 3,621 | 3,621 |
| Lúide: Glanluach leabhar na Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh a rinneadh a dhiúscairt sa bhliain | | | | (40,762) | (40,762) |
| Lúide: Muirear dímheasa sa bhliain | 15 | | | (256,761) | (256,761) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2021** | | **(1,253,224)** | **(184,449)** | **5,675,287** | **4,237,614** |

* Tá figiúirí 2020 curtha san áireamh chun coigeartú fabhraithe na bliana roimhe a léiriú, mar a éilítear faoi FRS102

Áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS.

**Ciaran Devane**
*Cathaoirleach*
27 Bealtaine 2022

**Paul Reid**
*POF*
27 Bealtaine 2022

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

## Ar an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra & trealamh | 15 | **5,820,648** | 5,618,343 |
| Sócmhainní Airgeadais | | **363** | 351 |
| **Iomlán Sócmhainní Seasta** | | **5,821,011** | **5,618,694** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Fardail | 16 | **299,948** | 359,880 |
| Trádáil agus Infháltais Eile | 17 | **468,787** | 415,613 |
| Airgead | 21 | **603,789** | 812,031 |
| **Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)*** | 18 | **(2,715,379)** | (2,445,707) |
| **Glandliteanas Reatha** | | **(1,342,855)** | **(858,183)** |
| **Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)** | 19 | **(162,528)** | (168,419) |
| **Ioncam Iarchurtha** | 20 | **(78,014)** | (51,791) |
| **Glansócmhainní** | | **4,237,614** | **4,540,301** |
| **Cuntas Caipitlithe** | | **5,675,287** | 5,469,361 |
| **Cúlchistí Caipitil** | | **(184,449)** | (71,581) |
| **Cúlchistí Ioncaim*** | 26 | **(1,253,224)** | (857,479) |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | **4,237,614** | **4,540,301** |

* Tá figiúirí 2020 curtha san áireamh chun coigeartú fabhraithe na bliana roimhe a léiriú, mar a éilítear faoi FRS102

Áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS.

**Ciaran Devane**
*Cathaoirleach*
27 Bealtaine 2022

**Paul Reid**
*POF*
27 Bealtaine 2022

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

## Don bhliain dar chrioch 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **21** | **(51,480)** | **486,412** |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí airgid do chuspóirí Caipitil | | (1,057,731) | (966,883) |
| Íocaíochtaí airgid ó Ioncam do chuspóirí Caipitil | 13(a) | (34,942) | (84,502) |
| Infháltais ó dhíolachán réadmhaoine, gléasra agus trealamh (gan trádáil isteach san áireamh) | 14 | 2,549 | 9,179 |
| **Glaneissreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(1,090,124)** | **(1,042,206)** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | | |
| Deontas Caipitil faighte | | 985,328 | 1,023,288 |
| Fáltais Chaipitil ó fhoinsí eile | 13(c) | 26,573 | 1,752 |
| Infheistíocht an Stáit i Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse PPP | | (3,621) | (3,186) |
| Íocaíocht na heiliminte caipitil den léas airgeadais | | (1,785) | (1,724) |
| Ús íoctha ar dheontais agus rótharraingtí | | 0 | (9) |
| Ús íoctha ar Shocruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse | | (4,911) | (5,025) |
| Ús íoctha ar léasanna airgeadais | | (816) | (876) |
| Barrachas Caipitil aistrithe chuig an RS | 3(a) | (67,406) | 0 |
| Glaninsreabhadh airgeadais ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe | | 933,362 | 1,014,220 |
| Méadú in airgead nó coibhéisí airgid sa bhliain | | (208,242) | 458,426 |
| Airgead nó coibhéisí airgid ag tús na bliana | | 812,031 | 353,605 |
| **Airgead nó coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | | **603,789** | **812,031** |

**Ciaran Devane**
*Cathaoirleach*
27 Bealtaine 2022

**Paul Reid**
*POF*
27 Bealtaine 2022

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Nóta 1 Beartais Chuntasaíochta

### Ráiteas um Chomhlíontacht agus Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe, de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil. Faoi *Alt 36(3) den Acht Sláinte 2004*, sonraíonn an tAire na caighdeáin chuntasaíochta atá le leanúint ag FnaSS. Tá na Prionsabail Chuntasaíochta a nglactar leo in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe (GAAP), FRS 102, glactha ag FnaSS de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas atá sonraithe ag an Aire:

1. Ní chuirtear dímheas de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, ach cuirtear de mhuirear é in aghaidh iarmhéid an Chuntais Chaipitlithe (Cúlchiste). Faoi GAAP ní mór dímheas a chur de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais
2. Déantar deontais chaipitil a fhaightear ón Stát chun maoin, gléasra agus trealamh a cheannach a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil. Faoi GAAP, déantar deontais chaipitil a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha agus amúchta thar shaolré fónta na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh lena mbaineann, chun cóireáil chuntasaíochta an deontais a mheaitseáil leis an muirear dímheasa a bhaineann leis. Léirítear caiteachas caipitiúil maidir le sócmhainní seachas iad sin a ceannaíodh trí shocrú lamháltais seirbhíse sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil de réir mar a thabhaítear iad. Faoi FRS 102, déantar caiteachas den sórt sin a chaipitliú agus a mhuirearú ar ioncam agus ar chaiteachas thar shaolré na sócmhainne.
3. Déantar cuntasaíocht i leith pinsin de réir 'mar a úsáidtear iad'. Ní chuirtear forálacha FRS 102 '*Alt 28: Sochair Fostaithe*' i bhfeidhm agus ní aithnítear sna ráitis airgeadais an dliteanas le haghaidh sochair phinsin amach anseo a fabhraíodh i rith na bliana.
4. Déantar éilimh faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúil a íocann FnaSS, agus a riarann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ar son FnaSS, a chuntas ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear'. Ní chloíonn sé seo le FRS 102 '*Alt 21 – Forálacha agus Teagmhais*'. Tá sonraí an mhéid a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas i 2021, in éineacht leis an dliteanas amach anseo atá measta go hachtúireach agus a bhaineann leis an scéim seo amhail ar an 31 Nollaig 2021, sonraithe i Nóta 11.

Ullmhaítear ráitis airgeadais FnaSS in Euro agus slánaítear iad go dtí an €'000 is gaire.

### Gnóthas Leantach

Bhí FnaSS faoi bhrú suntasach de bharr phaindéim COVID-19, agus an chibirionsaithe i 2021 chomh maith leis na hathruithe struchtúracha leanúnacha a bhí ag tarlú le teacht leis an gclár *Sláintecare*. Tá an Litir Chinnidh don bhliain 2022 faighte ag FnaSS, a thagann leis an bPlean Seirbhíse Náisiúnta do 2022 agus a dhearbhaíonn go bhfuil tacaíocht Rialtais ag FnaSS chun a chinntiú go bhfuil maoiniú ar fáil chun Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta a sholáthar. Dá bhrí sin tá na ráitis airgeadais do 2021 ullmhaithe mar is cuí ar bhonn Gnóthas Leantaigh.

### Aitheantas Ioncaim

#### Ioncam agus Deontas Caipitil na Roinne Sláinte

Tagann an t-airgead chun an tseirbhís sláinte a mhaoiniú don Roinn Sláinte faoi Vóta 38. Cuireann an Roinn Sláinte deontais ar fáil d'FnaSS i dtaca le seirbhísí riaracháin, caipitil agus neamhchaipitil.

Forálann *Alt 33(1) den Acht Sláinte 2004*, arna leasú, go n-eiseoidh an tAire Litir Chinnidh chuig FnaSS gach bliain ina leagtar amach an t-uaschaiteachas a fhéadfaidh sé a thabhú sa bhliain airgeadais ábhartha. Fuarthas an Litir Chinnidh dheireanach i dtaca le 2021 ar an 28 Feabhra 2022.

De réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire, déanann FnaSS cuntas ar dheontais ar bhonn fabhraithe. Dá réir sin, an méid atá sonraithe sa Litir Chinnidh don bhliain airgeadais ábhartha, áirítear é mar ioncam sa bhliain sin.

Tugtar cuntas ar ioncam deontais i leith seirbhísí riaracháin agus neamhchaipitil:

- sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas nuair a chuirtear i bhfeidhm é ar réimsí caiteachais neamhchaipitil
- sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil faoin gceannteideal '*Maoiniú Ioncaim arna chur i bhfeidhm ar Thionscadail Chaipitiúla*' nuair a úsáidtear airgead deontais neamhchaipitil chun caiteachas caipitil a mhaoiniú.

Tugtar cuntas ar ioncam deontais i leith seirbhísí caipitil sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil.

Ceanglaíonn *Alt 33(3) den Acht Sláinte 2004*, arna leasú, ar FnaSS seirbhísí a bhainistiú agus a sheachadadh ar bhealach atá de réir Plean Seirbhíse ceadaithe agus de réir an litir chinnidh a d'eisigh an tAire. Forálann an tAcht d'aon easnaimh a chur de mhuirear ar ioncam agus chaiteachas sa chéad bhliain airgeadais eile agus, faoi réir cheadú an Aire le toiliú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun barrachais a chur chun sochair ioncaim agus caiteachais sa chéad bhliain airgeadais eile. I 2021, níor cuireadh barrachas ón dá Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais 2020 chun sochair na Ráitis Ioncaim agus Caiteachais i mbliana ar threoir ón Roinn Sláinte. In 2021, úsáideadh an t-ioncam agus an barrachas oibriúcháin caipitil ó 2020 chun airgeadas nár úsáideadh ón Roinn Sláinte a fhritháireamh.

## Ioncam Eile

(i) Aithnítear ioncam othar agus seirbhíse ag an am a gcuirtear an tseirbhís ar fáil

(ii) Aithnítear ranníocaíochtaí aoisliúntais ón bhfoireann nuair a dhéantar an asbhaint (féach polasaí cuntasaíochta pinsin thíos)

(iii) Aithnítear ioncam ó gach foinse eile nuair a fhaightear é cé is moite de réamhíocaíochtaí i gcomhair táirgí agus seirbhísí sonraithe atá le seachadadh sa todhchaí murar tharla an caiteachas go fóill.

## Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha

Tugann FnaSS maoiniú do roinnt soláthraithe seirbhíse agus comhlachtaí chun seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar thar a ceann, de réir fhorálacha *Ailt 38 agus 39 den Acht Sláinte 2004*. Sula ndéanann siad socrú den sórt sin, cinneann FnaSS uasmhéid an mhaoinithe atá beartaithe a chur ar fáil sa bhliain airgeadais faoin socrú agus an leibhéal seirbhíse a bhfuil súil aici leo de réir an mhaoinithe sin. Cuirtear an maoiniú seo de mhuirear, sa bhliain chuntais, ar ioncam agus ar chaiteachas ag an uasleibhéal atá socraithe don bhliain, cé go bhféadfadh sé nach n-íocfaí amach méid áirithe den mhaoiniú go dtí an bhliain dár gcionn.

## Léasanna

Léasanna Oibriúcháin – Déileáiltear le cíosanna atá le híoc faoi léasanna oibriúcháin sna Ráitis Airgeadais de réir mar a bhíonn siad dlite. Aithnítear dreasachtaí léasa thar thréimhse an léasa ar bhonn an mhéid chothroim.

Léasanna Airgeadais – Níl cead ag FnaSS dul i mbun oibleagáidí léasa airgeadais faoi Nósanna Imeachta Phoiblí Airgeadais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gan ceadú nó toiliú roimh ré. Sa chás go bhfuarthas sócmhainní ó chomhlachtaí réamhtheachtaí faoi léasanna airgeadais, glactar na léasanna sin anonn arna mbunú. I gcás na léasanna seo, áirítear an eilimint chaipitil den tsócmhainn i sócmhainní seasta agus déantar díluacháil ina leith thar a saolré fónta.

Aon sócmhainní a cheannaítear trí bhíthin léas airgeadais, luaitear iad, arna n-aithint i dtús báire, ag méid arb ionann é agus luach cóir na maoine ar léas nó, más ísle, luach reatha na n-íocaíochtaí léasa íosta ag tús an léasa. Ar aitheantas tosaigh, aithnítear dliteanas léasa airgeadais freisin ag méid atá comhionann le luach cóir na maoine ar léas nó, más ísle, luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa.

De bhreis ar an ngnáthchóireáil GAAP maidir le sócmhainní a fuarthas faoi léasanna airgeadais, cuirtear costas na sócmhainne de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil déantar an Cuntas Caipitlithe (Cúlchiste) a chreidiúnú le suim choibhéiseach. Áirítear an eilimint chaipitil gan íoc atá sna hoibleagáidí léasa leis na creidiúnaithe. Úsáidtear an modh glanráta úis chun ús a ríomh agus cuirtear de mhuirear é ar ioncam agus caiteachas thar thréimhse an léasa.

## Deontais Chaipitil

Déantar maoiniú ó dheontais chaipitil a thaifeadadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil. Chomh maith le maoiniú ó Dheontais Chaipitil, maoinítear roinnt mionchaiteachas caipitil ó ioncam. Déantar méid an mhaoinithe ioncaim seo a chaitear sa bhliain maidir le mionchaipiteal a chur de mhuirear go hiomlán ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Tarlaíonn an cleachtas cuntasaíochta seo, nach gcomhlíonann na prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, mar thoradh ar na heisceachtaí ó na prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, mar atá sonraithe ag an Aire.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus Cuntas Caipitlithe

Luacháil – San áireamh i Maoin, Gléasra agus Trealamh: tá Talamh, Foirgnimh, Obair idir lámha, Trealamh agus Mótarfheithiclí.

- Cuimsíodh luachanna tugtha anonn na sócmhainní a ghlac FnaSS ar láimh ó chomhlachtaí réamhtheachtaí ar an gclár comhardaithe tosaigh ar an lá ar bunaíodh an eagraíocht ar, 1 Eanáir 2005, ag a mbunchostas/ luacháil. Áiríodh iarmhéid an chuntais dímheasa comhiomlán a bhain leis seo sa Ráiteas tosaigh ar an Staid Airgeadais, chomh maith. Nuair a bunaíodh FnaSS, áiríodh talamh na gcomhlachtaí réamhtheachtaí ag luacháil bunaithe ar rátaí in aghaidh an heicteáir/méadar cearnach a chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí ar fáil tar éis dul i gcomhairle leis an Oifig Luachála. Rinneadh nuashonrú ar na luachálacha seo den uair dheireanach i 2002. Leanann FnaSS ag luacháil talún a glacadh ar láimh ó chomhlachtaí réamhtheachtaí ag baint úsáide as na rátaí seo. Is ceart a rá go bhfuil na tailte atá faoi úinéireacht FnaSS coinnithe chun seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar.
- Aon bhreiseanna réadmhaoine, gléasra ná trealaimh a fuarthas ón 1 Eanáir 2005, sonraítear iad ag an gcostas stairiúil lúide dímheas carntha.

Aithint Caiteachais Chaipitiúil – De réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá ordaithe ag an Aire, cuirtear caiteachas ar bhreiseanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nó ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil, ag brath ar cibé an bhfuil an tsócmhainn maoinithe le maoiniú caipitil nó maoiniú ioncaim.

Beartas Caipitlithe – Déantar sócmhainní atá maoinithe le caipiteal agus sócmhainní maoinithe le hioncam a chaipitliú, má théann an costas os cionn tairseacha luacha áirithe: €2,000 maidir le trealamh ríomhaireachta agus €7,000 maidir le gach aicme sócmhainní eile. Déantar breiseanna sócmhainne atá faoin uasteorainn sin agus a mhaoinítear ó ioncam a dhíscríobh i mbliain a gceannaigh. Áirítear breiseanna sócmhainní faoi bhun na tairsí seo agus a mhaoinítear ó chaipiteal i Nóta 13(b) faoi ‘Caiteachas ar thionscadail FnaSS nach bhfuil breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh mar thoradh orthu’. Tugtar miondealú ar bhreiseanna sócmhainní de réir foinse maoinithe i Nóta 13(a) leis na cuntais.

Rinneadh Ionaid Chúraim Phríomhúil a fuarthas faoi shocruithe lamháltais seirbhíse na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) a chaipitliú agus a chuntas ag baint úsáide as an tsamhail dliteanais bunaithe ar léasa airgeadais.

Aithnítear luach shócmhainn an Ionaid Chúraim Phríomhúil agus an dliteanais lamháltais seirbhíse mar shócmhainní agus dliteanais sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag méideanna arb ionann agus luach cóir na réadmhaoine ar léas nó, más ísle, luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa, ar socraíodh gach ceann díobh nuair a cuireadh tús leis an léas. Ríomhtar íosíocaíochtaí léasa na todhchaí ar bhunús na n-íocaíochtaí muirir aonadaigh atá leagtha amach sa chonradh, atá le déanamh go díreach ag FnaSS. Úsáidtear an chuid réadmhaoine don mhuirear aonadach móide aon chuid caipitil d’íocaíochtaí oibriúcháin, agus an chuid sin tomhaiste go hiontaofa, mar bhunús do na híosíocaíochtaí léasa sa todhchaí.

Baintear leas as an gCur Chuige Infheistíochta Caipitiúla chun cuntasaíocht a dhéanamh ar shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse PPP i gcuntais FnaSS. Soláthraíonn an cur chuige seo do charnadh luacha chaipitiúil, a léiríonn cothromas an Stáit i sócmhainní réadmhaoine CPP. Nuair a úsáidtear an cur chuige seo, aithnítear an gealltanas caipitiúil PPP sa Chuntas Caipitlithe (Cúlchiste) ag méid arb ionann é agus an dliteanas léasa airgeadais a bhaineann leis. Thar shaolré an lamháltais, déantar an laghdú ar an dliteanas léasa airgeadais atá gan íoc a amúchadh go bliantúil tríd an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil agus déantar iontráil chomhfhreagrach sa Chuntas Caipitlithe (Cúlchiste).

Dímheas – De réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte, ní chuirtear dímheas san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar shaolré fónta na sócmhainne. Léirítear dímheas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais sa chuntas cúlchiste. Is ionann an iontráil cúlchistí seo (sa Chuntas Caipitlithe) agus an iontráil chómhalartach maidir le Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh. Cuirtear dímheas de mhuirear ar an gCuntas Cúlchiste Caipitlithe thar shaolré fónta eacnamaíoch na sócmhainne.

Ní dhéantar sócmhainní a dhímheas sa chás go bhfuarthas nó má bhainistítear iad faoi shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse CPP mar go gcinntíonn na socruithe seo saolré fónta iarmharach agus cumas oibriúcháin ag deireadh an téarma lamháltais, arbh ionann é agus saolré fónta iarmharach agus cumas oibriúcháin na sócmhainne nuair a coimisiúnaíodh í don chéad uair. I gcás sócmhainní seasta eile, áit a bhfuil siad faoi réir dímheasa, déantar iad a dhímheas de réir bliana amháin sa bhliain a bhfaightear iad.

Is éard atá sa luach iarmharach ná an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn in aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fónta.

Ríomhtar dímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh eile chun bunchostas/luacháil gach sócmhainne ar leith thar a saolré eacnamaíoch fónta a dhíscríobh ar bhonn an mhéid chothroim ag na rátaí seo a leanas:

- Talamh: ní dhéantar talamh a dhímheas
- Foirgnimh: dímheasta ag 2.5% sa bhliain
- Foirgnimh mhodúlacha (i.e. foirgnimh réamhdhéanta): dímheasta ag 10% sa bhliain
- Obair idir lámha: ní dhéantar aon dímheas
- Trealamh – ríomhairí agus córais TFC: dímheasta ag 33.33% sa bhliain
- Trealamh – eile: dímheasta ag 10% sa bhliain
- Mótarfheithiclí: dímheasta ag 20% sa bhliain.

Nuair a dhéantar sócmhainn sheasta a dhiúscairt, déantar an Cuntas Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh agus an Cuntas Caipitlithe araon a laghdú de réir ghlanluach leabhar dhiúscairt na sócmhainne. Tá anailís ar athruithe sa Chuntas Chaipitlithe curtha ar fáil i Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí.

Déanann Litir Cheada le haghaidh Caipitil foráil do liúntas chun fáltais díola sócmhainní seasta suas le €2.5 milliún in 2021 a athinfheistiú (2020: €9.1 mhilliún). Tá na fáltais ó dhíol sócmhainní i Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) 2021 faoi bhun na tairsí €2.5 milliún seo, agus mar sin ní mheastar gur Fáltais Bhreise Státchiste (EER) iad; i 2021 tá siad léirithe faoi Chaipiteal agus Cúlchistí.

## Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí

Tá comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (CPP) nó comhaontú lamháltais seirbhíse déanta ag FnaSS le heintiteas san earnáil phríobháideach chun sócmhainní bonneagair a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil ar feadh tréimhse ama sonraithe (tréimhse lamháltais). Is conradh aonair CPP é seo chun ceithre Ionad Cúraim Phríomhúil déag (PCC) a sholáthar.

Is í FnaSS a stiúrann agus a rialaíonn cé na seirbhísí nach mór don oibreoir a sholáthar ag baint úsáide as sócmhainní bonneagair an PCC, chomh maith le cé dó a dtabharfar na seirbhísí, agus cén costas a bheidh orthu; agus rialaíonn FnaSS an leas iarmharach sna sócmhainní nuair a thagann deireadh le téarma na tréimhse lamháltais.

Le linn shaolré an lamháltais, déanann FnaSS íocaíochtaí chun sócmhainní bonneagair PCC a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú, a chothabháil agus a athnuachan chomh maith le seirbhísí atá ina n-ábhar lamháltais

Cuirtear an conradh i bhfeidhm ar bhonn cumas soláthair, agus tá tréimhse seirbhíse 25 bliain i gceist ón dáta tosaigh le haghaidh gach PCC; tá sé le híoc ar bhunús muirear aonadach bliantúil. Tá an muirear aonadach faoi réir asbhaintí le haghaidh tréimhsí nach féidir na sócmhainní a úsáid.

Léirítear gnéithe de mhuirear seirbhíse de na híocaíochtaí muirear aonadach mar chaiteachas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil. I Nóta 22 leis na ráitis airgeadais, pléitear na hoibleagáidí i dtaca le híocaíochtaí oibriúcháin a dhéanamh.

## Pinsin

Tá fostaithe incháilithe FnaSS ina mbaill de scéimeanna aoisliúntais éagsúla le sochar sainithe. Íocann FSS pinsin le hiarfhostaithe. Faigheann FnaSS maoiniú ón Roinn Sláinte chuige seo ar bhonn 'íoc-mar-a-úsáidtear'. Tá maoiniú ón an Roinn Sláinte i dtaca le pinsin áirithe in ioncam. Léirítear íocaíochtaí pinsin faoi na scéimeanna ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a íoctar iad mar a leanas:

(i) Tugtar cuntas ar aoisliúntas a íoctar le fostaithe FSS atá ar scor laistigh den aicme pá (féach Nóta 6)

(ii) Tugtar cuntas ar aoisliúntas a íoctar le pinsinéirí ó sholáthraithe na seirbhíse sláinte deonaí faoi dheontais do ghníomhaireachtaí seachtracha laistigh den aicme neamhphá (féach Nóta 8 agus Aguisín 1).

Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe atá ina mbaill de na scéimeanna seo a chur do shochar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a fhaightear iad. Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe na soláthraithe seirbhíse sláinte deonaí, ar bhaill den scéim iad a choimeád, mar ioncam an tsoláthraí seirbhíse sláinte.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Níl aon fhoráil déanta i dtaca le sochair phinsin a shaothraíonn fostaithe agus atá iníoctha i mblianta amach romhainn faoin scéim pinsin, ag teacht leis an gcóireáil chuntasaíochta i mblianta roimhe seo. Seo é an socrúchán atá fós i bhfeidhm ag FnaSS de thoradh na sonraíochtaí cuntasaíochta a fuarthas ón Aire.

Tugadh an Scéim Aonair nua Pinsin Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") isteach mar thoradh ar an *Acht Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012*, agus cuireadh i bhfeidhm í ón 1 Eanáir 2013. Tá gach ball foirne nua d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá ina n-iontrálaithe nua sa tSeirbhís Phoiblí ar nó tar éis 1 Eanáir 2013, mar bhall den Scéim Aonair. Déantar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC)

Tugadh RAB (ASC) isteach agus cuireadh i bhfeidhm é ó 1 Eanáir 2019 agus tá sé in ionad na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsin (PRD).Is beart sealadach éigeandála a bhí sa PRD, ach is ranníocaíocht bhuan pinsin é ASC. Tá sonraí na suimeanna a bailíodh trí ASC sonraithe i Nóta 5(a) leis na Ráitis Airgeadais.

## Fardail

Luaitear fardail ag an gcostas luacha nó ag an nglanluach athsholáthair, cibé acu sin is ísle. Go stairiúil, tá foráil ag FnaSS in aghaidh fardal vacsaíne áirithe, agus aon díscríobh nó coigeartuithe eile i dtaca le dífheidhmeacht. Cuirtear de mhuirear iad sa bhliain reatha in aghaidh ioncaim agus caiteachais.

## Maoin Phearsanta na nOthar

Aon suimeanna airgid a thugann othair do FnaSS nó a thugtar do FnaSS thar ceann othar le go gcuirfear in áit shábháilte iad, coimeádtar iad i gcuntais ar leith atá deighilte ó chuntais FnaSS féin. Tugtar cuntais Mhaoine Príobháidí Othar ar chuntais den sórt sin. Tá FnaSS freagrach as riar na gcuntas seo. Ós rud é nach maoin de chuid FnaSS an t-airgead seo, áfach, ní áirítear é le Ráiteas ar Staid Airgeadais FnaSS. Gníomhaíonn FnaSS mar iontaobhaí na gcistí. Déantar iniúchadh neamhspleách ar chuntais Mhaoine Príobháidí othar gach bliain.

## Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta

In ullmhú na ráiteas airgeadais, ní mór don FnaSS breithiúnais agus meastacháin shuntasacha a dhéanamh a mbeidh tionchar acu ar na suimeanna a bheidh tuairiscithe do shócmhainní agus dliteanais ar dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais agus a bheidh tuairiscithe d'ioncam agus caiteachas ioncaim i rith na bliana. Ach sin ráite, ciallaíonn an cineál meastacháin atá i gceist go bhféadfadh na torthaí fíora a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Nuair a bhí na breithiúnais agus na meastacháin seo á ndeimhniú, chuir FnaSS tionchar COVID-19 san áireamh. Ba ag na breithiúnais agus na meastacháin seo a leanas a bhí an tionchar ba mhó ar shuimeanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

## Cuntas ar Shócmhainní Teagmhasacha a bhaineann le Cáin Breis Luacha (CBL) Infhála

Gearradh CBL ar chuid de na seirbhísí tástála COVID-19 a cuireadh ar fáil. Is é dearcadh FnaSS, agus a comhairleoirí, go bhfuil na seirbhísí a chuirtear ar fáil díolmhaithe agus go bhfuil an CBL a íoctar inghnóthaithe. Tá an méid CBL inghnóthaithe aitheanta ag FnaSS mar Shócmhainn Theagmhasach mar sin, ar an mbonn go meastar gur dócha go dtiocfadh sochar eacnamaíoch aisti.

## Cainníochtú Chostas Athsholáthar TCP (PPE)

Ceanglaítear ar FnaSS a fardail deireadh bliana a athluacháil ag an bhfíorchostas nó an costas athsholáthair, cibé acu is ísle, agus chomh maith leis sin, chun a dheimhniú ar cheart na stoic seo a lagú. Bhí bearnú foriomlán de €109m mar thoradh ar athluacháil TCP i 2021.

## Cuntais ar Dhrochfhiacha agus Fiacha Amhrasacha

Déantar drochfhiacha atá ar eolas a dhíscríobh sa tréimhse ina n-aithnítear iad. Déantar foráil shonrach d'aon suim a meastar a bheith amhrasach. Déantar foráil d'fhiacha othar atá gan íoc le breis is bliain.

## Pá Saoire Fabhraithe

Déantar tuarastail, pá agus buntáistí a bhaineann le fostaíocht a aithint sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís ó fhostaithe. I gcás costas saoire atá tuillte ag fostaithe ach nár thóg siad, aithnítear ag deireadh na bliana é seo sna ráitis airgeadais sa mhéid go bhfuil cead ag fostaithe saoire bhliantúil gan íoc a thabhairt anonn chuig an gcéad bhliain eile. Na toimhdí a bhíonn mar bhunús leis an bhfabhrú ar phá saoire, a mbíonn suimeanna aitheanta ina leith sna ráitis airgeadais, déantar iad a chinntiú (próifílí fostaithe agus patrún an tsaoire atá tógtha san áireamh) bunaithe ar na coinníollacha reatha. Ar nós, 2020, de bharr phaindéim COVID-19 tá méadú tagtha ar líon na laethanta saoire bliantúla nár ghlac foireann FnaSS agus léireofar é seo i méid an fhabhraithe amhail an 31 Nollaig 2021.

## Ionaid Chúraim Phríomhúla: Luacháil, Dímheas, Luachanna Iarmharacha agus Íosíocaíochtaí Léasa sa Todhchaí

Úsáidtear an tsamhail dliteanais bunaithe ar léas airgeadais chun Ionaid Chúram Príomhúil (PCC) a ceannaíodh mar thoradh ar shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (PPP) a chaipitliú agus cuntasaíocht a dhéanamh ina leith.

Aithnítear luach na sócmhainne PCC agus an dliteanais maidir le lamháltas seirbhíse mar shócmhainní agus dliteanais sa Ráiteas ar Staid Airgeadais ag méideanna arb ionann iad agus luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa.

Aon sócmhainní a fhaightear faoi chomhaontuithe maidir le lamháltas seirbhíse, tugtar ar ais iad do FnaSS, de réir oibleagáidí conarthacha sonracha sna comhaontuithe sin, ag deireadh na tréimhse lamháltais le saolréanna fónta arb ionann iad agus saolréanna na sócmhainne nuair a coimisiúnaíodh don chéad uair í. Déantar feidhmíocht na bhforálacha 'tabhairt ar ais' a dheimhniú trí choinneáil agus phionóis airgeadais shuntasacha a bhfuil foráil déanta lena n-aghaidh sna comhaontuithe lamháltais. De bharr na bhforálacha sin, ní ghearrann FnaSS dímheas ar na sócmhainní seo.

Ríomhtar íosíocaíochtaí léasa na todhchaí ar bhunús na n-íocaíochtaí muirir aonadaigh atá leagtha amach sa tsamhail airgeadais a bhaineann leis an gconradh tógála, agus tá na híocaíochtaí seo le déanamh ag FnaSS go díreach. Úsáidtear na codanna réadmhaoine den mhuirear aonadach, móide aon chuid caipitil d'íocaíochtaí oibriúcháin, agus an chuid sin tomhaiste go hiontaofa, mar bhunús do na híosíocaíochtaí léasa sa todhchaí. Ar aon dul le FRS 102, baintear úsáid as an nglanráta úis le lascaine a thabhairt do na dliteanais amach anseo a bhaineann le tógáil, ag eascairt as comhaontuithe deonaithe. Roghnaigh FnaSS ráta lascaine 3.32% tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA), ar an mbonn go léiríonn sé ráta cuí le haghaidh sócmhainní bonneagair fadtéarmacha.

Tá FnaSS tar éis saolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha bainteacha na nIonad Cúram Sláinte Príomhúil a athbhreithniú agus an tátal a bhain siad as an athbhreithniú ná go bhfuil saolréanna na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

# Nóta 1(b) COVID-19

Lean Paindéim COVID-19 ar aghaidh i 2021 agus bhí tionchar suntasach aige ar FnaSS, ar a seirbhísí ospidéil, seirbhísí otharcharranna agus seirbhísí pobail, agus ar an bhfoireann i ngach disciplín agus go háirithe ar an fhoireann túslíne. Chuir sé seo brú ar mhaoiniú agus ar chaiteachas le linn na bliana 2021 ar fad.

Fuair FnaSS maoiniú Ioncaim agus Caipitil de €21.6 billiún ón Roinn Sláinte i 2021, rud a léiríonn an riachtanas maidir le maoiniú cuí a chur ar fáil do straitéis COVID-19 FnaSS, agus ag an am céanna seirbhísí sláinte leanúnacha a chur ar fáil agus dúshláin a bhaineann le COVID-19, fós ann.

Cuireadh maoiniú sonrach de €1.6 billiún ar fáil do na príomhréimsí agus gníomhaíochtaí bunúsacha i straitéis COVID-19 FnaSS. Ina theannta sin, bhí €0.6 billiún de choigilteas a bhain le ham de bharr go raibh leibhéil ghníomhaíochta laghdaithe sna seirbhísí lárnacha agus de bharr gur cuireadh moill ar fhorbairtí pleanáilte, ar fáil mar chuid den mhaoiniú iomlán. Tá achoimre ar na príomhthionscnaimh thíos:

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

- Feidhmiú an chláir vacsaínithe
- Tionscnamh Tástála agus Rianaithe
- Freagairt Phobail agus Ospidéil, ina measc:
  - Seirbhísí DT COVID-19
  - Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh do thithe altranais príobháideacha (TAPS)
  - Acmhainn Ospidéil Phríobháideach a Choimisiúnú
- Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) a sholáthar agus na costais lóistíochta a bhain leis.

Déantar na míreanna caiteachais ábhartha a bhain, go príomha, le freagairt do COVID-19 a thuairisciú go mion i Nóta 8, Nóta 12 agus Nóta 16 thíos.

## Costas Threalamh Cosanta Pearsanta (TCP) (PPE)

Bhí ríthábhacht ag baint le hordú agus ceannach TCP arís ionas go mbeadh ar chumas FnaSS paindéim COVID-19 a bhainistiú. Ag deireadh 2020 d'éirigh le FnaSS soláthar cuí TCP a fháil ó sholáthraithe sa tír seo ar chostais ní b'ísle ná mar a bhí ar fáil i 2020, ach bhí na costais sin fós i bhfad ní b'airde ná na costais choibhéiseacha idirnáisiúnta.

Fuair FnaSS cead ón Roinn Sláinte do chaiteachas suas le €450 milliún i leith chostais bhreise TCP le linn 2021 (táillí lóistíochta agus iompair, san áireamh).

Meastar gurb é an caiteachas iomlán do 2021 ná €352 milliún agus tá €279 milliún de sin curtha de mhuirear ar chuntas Ioncaim agus Caiteachais FnaSS agus tá an t-iarmhéid de €73 milliún taifeadta san Fhardal (nóta 8 agus nóta 16).

De réir FRS 102, ceanglaítear ar FnaSS a chinntiú go dtuairiscítear a bhfardail ag deireadh na bliana ag an bhfíorchostas nó costas athsholáthair, cibé díobh is ísle. Bhí lagú €70.6m mar thoradh air seo, de bharr athruithe ar bhunphraghsanna idir an t-am ar ceannaíodh an t-ábhar agus an luach athsholáthair oiriúnach, amhail an 31 Nollaig 2021. Ina theannta sin ceanglaítear ar FnaSS a mheas an bhfuil aon lagú maidir le haon chuid dá sócmhainní. Measann FnaSS go bhféadfadh an stoc glóthach láimhe a bheith de bhreis ar an méid atá ag teastáil agus dá bhrí sin tá soláthar déanta do lagú de €25.6 milliún, ina leith seo. Beidh FnaSS ag deonú cuid den stoc seo agus dá bhrí sin díscríobhtar iad. Meastar gur thart ar €12.7 milliún atá i gceist. Mar sin is ionann an lagú foriomlán i 2021 agus thart ar €108.8 milliún. Mar sin is é luach fhardal Threalamh Cosanta Pearsanta FnaSS ar an 31 Nollaig 2021 ná €73.4 milliún

## Príomhréimsí Caiteachais a bhain le COVID-19 in 2021

- Meastar gur chosain Clár Vacsaínithe COVID-19 €530 milliún, tá sé seo taifeadta sa chuntas ioncaim agus caiteachais
- Meastar gur caiteachas de €719 milliún a bhí i gceist leis an gclár tástála agus rianaithe in 2021 mar thoradh díreach ar bhorradh líon cásanna COVID-19 le linn 2021, go háirithe an borradh a tharla de bharr Omicron.
- Tá €48 milliún breise curtha ar fáil ag scéim TAPS i gcomhair seirbhísí tithe altranais príobháideacha
- Bhí costas de €148 milliún ag baint le hacmhainn ospidéal príobháideach a fháil, chun tacú leis an gcóras sláinte.

I rith 2021, dheonaigh FnaSS an t-ábhar seo a leanas ar an mBrasaíl, an India, Neipeal, Uganda agus an Liobáin, Aerálaithe – €10 milliún, Vacsaíní – €6.7 milliún agus TCP – €1 milliún.

Chuir FnaSS tionchar COVID-19 san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu an mbeadh sé cuí na Ráitis Airgeadais Bhliantúla seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. I bhfianaise an mhaoinithe ollmhóir a thug an Stát d'FnaSS agus dá cuid seirbhísí le linn 2021 mar a shonraítear thuas, mar aon le go bhfuil maoiniú daingnithe do 2022 chomh maith leis an bplean Sláintecare níos fadtéarmaí do sholáthar seirbhísí sláinte amach anseo, tá sé deimhnithe ag FnaSS gur ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais Bhliantúla seo ar bhonn ghnóthais leantaigh.

Déantar an t-athbhreithniú agus an tionchar ar thimpeallacht rialachais agus rialuithe FnaSS a mheas sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach.

## Nóta 2 Easnamh Oibriúcháin

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Glaneasnamh Oibriúcháin don bhliain tar éis na suimeanna seo a leanas a bheith curtha de mhuirear: | | |
| Táillí Iniúchóireachta | **707** | 653 |
| Luach saothair POF* | **430** | 426 |

* Fuair an POF luach saothair iomlán de €430,339. Tá sé seo comhdhéanta de bhunphá €363,915, liúntais €49,127 agus sochar comhchineáil (BIK) €17,298. Baineann an méid BIK le carr cuideachta a soláthraíodh, ní liúntas íoctha é agus ní ardaíonn sé an pá comhlán. Ríomhtar a luach chun críocha cánach a asbhaint de réir riachtanais na gCoimisinéirí Ioncaim. Níl an POF ina bhall de scéim phinsin FnaSS agus ní dhéanann FnaSS aon ranníocaíochtaí pinsin fostóra thar ceann an POF. Mar thoradh air sin, faigheann an POF liúntas pinsin coibhéiseach. B'ionann costais iomlána a bhain leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin don bhliain 2021 agus €4,420 (2020: €3,579)

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| **Costais Chomhaltaí an Bhoird** | | |
| Ciarán Devane | **362** | 2,162 |
| An tOllamh Deirdre Madden | **0** | 1,831 |
| Fergus Finlay | **0** | 0 |
| Fiona Ross (d'éirigh sí as 4 Lúnasa 2021) | **0** | 0 |
| Brendan Whelan (ceapadh é 12 Márta 2021) | **0** | 0 |
| Anne Carrigy (ceapadh í 12 Márta 2021) | **0** | 0 |
| Dr Yvonne Traynor | **0** | 0 |
| Tim Hynes | **0** | 0 |
| Aogán Ó Fearghail | **0** | 0 |
| Dr Sarah McLoughlin | **0** | 0 |
| Brendan Lenihan | **0** | 0 |
| An tOllamh Fergus O'Kelly | **0** | 0 |
| | **362** | **3,993** |

Bunaíodh Bord FnaSS ar an 28 Meitheamh 2019 mar chomhlacht rialaithe FnaSS de réir an Achta um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019. Forálann an tAcht do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh atá cuntasach don Bhord ach nach comhalta Boird é. Íoctar táillí le comhaltaí Boird.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## Nóta 3 Ioncam agus Deontas Caipitil na Roinne Sláinte

### 3(a) Ioncam agus Deontas Caipitil na Roinne Sláinte

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Glanioncam maoinithe a tugadh d'FnaSS | **21,627,500** | 20,474,829 |
| Lúide: Maoiniú Caipitil | **(985,328)** | (1,023,288) |
| Lúide: Maoiniú aonuaire iarchurtha go 2022* | **(24,377)** | 0 |
| **Deontas Maoinithe na Roinne Sláinte** | **20,617,795** | **19,451,541** |

* Cheadaigh an tAire ábhartha leithdháiltí maoinithe aonuaire i dtreo dheireadh na bliana 2021. Láimhseáladh na leithdháiltí maoinithe seo mar ioncam iarchurtha chun caiteachas maidir le seirbhísí sonracha Meabhairshláinte €7.9m, Míchumas €6.4m agus Cúram Maolaitheach €10m a chlúdach

Léiríonn an tábla thíos anailís bhreise ar mhaoiniú a fuarthas ón Roinn Sláinte.

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Deontas Ioncaim – Leithdháileadh maoinithe ón Roinn Sláinte** | **20,617,795** | 19,451,541 |
| Lúide: Íocaíochtaí ón Roinn Sláinte idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig | **(20,324,347)** | (19,451,541) |
| Iarmhéid Deontas Dlite ón Roinn Sláinte 2021 (suas go Leithdháileadh Faofa) | **293,448** | 0 |
| Iarmhéid Deontas Dlite ón Roinn Sláinte 2020 (suas go leithdháileadh faofa) | **0** | 53,990 |
| Iarmhéid Deontas Dlite ón Roinn Sláinte fritháirithe i gcoinne an Chéad Bharrachais 2019 | **0** | (53,990) |
| Lúide: Astarraingt Ioncaim Chéad Bharrachais 2020 go dtí an Roinn Sláinte | **(200,711)** | 0 |
| Iarmhéid Deontas Dlite ón Roinn Sláinte (suas go Leithdháileadh Faofa) ar 31 Nollaig | **92,737** | 0 |
| | | |
| **Deontas Caipitil – Leithdháileadh maoinithe ón Roinn Sláinte** | **985,328** | 1,023,288 |
| Lúide: Íocaíochtaí ón Roinn Sláinte idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig | **(985,328)** | (1,023,288) |
| Iarmhéid Deontas Dlite ón Roinn Sláinte 2021 (suas go Leithdháileadh Faofa) curtha ar aghaidh | **0** | 46 |
| Iarmhéid Deontas Dlite ón Roinn Sláinte fritháirithe i gcoinne an Chéad Bharrachais 2019 | **0** | (46) |
| Lúide: Astarraingt Ioncaim Chéad Bharrachais 2020 go dtí an Roinn Sláinte | **(67,406)** | 0 |
| Deontas Caipitil dlite don Roinn Sláinte ar an 31 Nollaig | **(67,406)** | 0 |
| **Deontas Ioncaim agus Caipitil Dlite ón Roinn Sláinte, suas go Leithdháileadh Faofa ar 31 Nollaig Nóta 17** | **25,331** | **0** |

## 3(b) Traschur an (Easnaimh)/Bharrachais de réir Alt 33(3) den Acht Sláinte 2004, arna leasú

I 2020, thaifead an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Neamh-Chaipitil barrachas don bhliain de €200.7 milliún agus thaifead an Cuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais barrachas de €67.4 milliún. Léiríodh na barrachais sin i gCúlchistí FnaSS amhail an 31 Nollaig 2020. I mí Feabhra 2022, d'ordaigh an tAire, de réir Alt 33 den Acht Sláinte (arna leasú), nár cheart do FnaSS na méideanna sin a thabhairt ar aghaidh i gcoinne Ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2021. I 2021, bhí na híocaíochtaí iomlána a eisíodh ón Vóta Sláinte chuig FnaSS €293 milliún níos lú ná an méid a leagadh amach i litir chinnidh bliantúil an Aire. Tá barrachais 2020 de €200.7 milliún agus €67.4 milliún fritháirithe ag FnaSS in aghaidh an fhéichiúnaí seo, rud a fhágann go bhfuil glanmhéid de €25 milliún dlite d'FnaSS.

## Nóta 4 Ioncam Othar

| | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Muirir Phríobháideacha | **219,303** | 206,938 |
| Muirir na nOthar Cónaitheach | **22,508** | 20,597 |
| Muirir na Rannóige Éigeandála | **14,879** | 11,670 |
| Muirir a bhain le Taismí Bóthair | **4,312** | 3,385 |
| Muirir Fhadchónaithe | **75,821** | 78,735 |
| Ioncam AE – Éilimh E111 | **5,957** | 7,224 |
| | **342,780** | **328,549** |

## Nóta 5 Ioncam eile

### (a) Ioncam eile

| | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Aoisliúntais | **156,180** | 159,838 |
| Asbhaintí Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (ASC) ó fhoireann FnaSS | **137,388** | 130,264 |
| Asbhaintí Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (ASC) ó sholáthraithe seirbhísí | **62,901** | 61,639 |
| Asbhaintí Párolla | **9,015** | 8,833 |
| Aisghabhálacha Pá Iasachtaí | **18,719** | 18,659 |
| Gníomhaireacht/Seirbhísí – curtha ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus d'eagraíochtaí eile | **5,171** | 8,595 |
| Fáltais Cheaintín | **8,841** | 8,759 |
| Ioncam i leith Teastas agus Clárú | **9,623** | 8,081 |
| Páirceáil | **5,147** | 5,233 |
| Aisíocaíochtaí | **14,661** | 12,515 |
| Ioncam Cíosa | **3,788** | 2,422 |
| Tabhartais | **1,600** | 2,376 |
| Costais Dlí faighte ar ais | **495** | 253 |
| Ioncam ó Ghníomhaireachtaí eile (Féach Nóta 5(b) anailís thíos | **44,265** | 36,992 |
| Ioncam Ilghnéitheach | **9,110** | 13,719 |
| | **486,904** | **478,178** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## (b) Ioncam ó Ghníomhaireachtaí eile*

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála – Cúnamh Éireann: clár d'fhorbairtí thar lear | **243** | 142 |
| Cairde Naomh Lúcás Ráth Garbh | **325** | 88 |
| An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán – Seirbhísí Héileacaptair | **207** | 74 |
| Pobal/*Sláintecare* | **7,573** | 3,775 |
| Trialacha Cliniciúla Éireann – Trialacha Taighde Cliniciúla | **676** | 964 |
| Ioncam AE – tionscadail éagsúla | **3,657** | 6,566 |
| Iontaobhas Genio (Tionscadail Mheabhairshláinte) | **4,282** | 3,894 |
| Boird Oideachais agus Oiliúna/Solas | **875** | 1,028 |
| Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí | **5** | 727 |
| The Atlantic Philanthropies – Straitéis Náisiúnta | **382** | 959 |
| Fondúireacht Katherine Howard – Cothú | **242** | 1,110 |
| An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | **22,751** | 15,339 |
| Ciste Forbartha Áirc i gcomhair Leanaí – Ospidéal na hOllscoile Luimneach | **0** | 172 |
| Trialacha Cliniciúla Oinceolaíochta Choláiste Ollscoile Chorcaí (UCC) | **263** | 1,055 |
| Trialacha Cliniciúla Ospidéal Phort Láirge | **296** | 0 |
| Bord Altranais agus Cnáimhseachais Éireann | **333** | 57 |
| Trialacha Cliniciúla Merck Sharp Dohme | **593** | 0 |
| Trialacha Cliniciúla Bayer | **125** | 0 |
| Trialacha Cliniciúla BMS | **99** | 110 |
| DMG Media – Feachtas Pulse | **111** | 0 |
| Deontas Forbartha NEIC | **789** | 0 |
| Tusla | **262** | 0 |
| Tabhartas Niall Horan | **0** | 100 |
| Novartis (Tabhartais & Trialacha Cliniciúla) | **176** | 432 |
| Tabhartas Ospíse Chiarraí | **0** | 400 |
| | **44,265** | **36,992** |

* Ní léirítear ach ioncam os cionn €100,000 ó ghníomhaireachtaí i gceachtar den dá bhliain. Léirítear ioncam ó Ghníomhaireachtaí Eile nach raibh níos mó ná €100,000 i gceachtar den dá bhliain i Nóta 5(a) faoi Ioncam Ilghnéitheach. Dá réir sin, tá comparáidí le 2020 athluaite thuas, nuair is cuí

## Nóta 6 Pá agus Caiteachas Pinsin

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Foireann Chliniciúil FnaSS** | | |
| Leigheas/Fiaclóireacht | **1,048,912** | 1,048,654 |
| Altranas | **1,837,233** | 1,724,700 |
| Gairmí Cúram Sláinte agus Sóisialta | **726,370** | 664,303 |
| Aoisliúntas | **498,455** | 472,403 |
| | **4,110,971** | 3,910,060 |
| **Foireann Chliniciúil – Gníomhaireachtaí** | | |
| Leigheas/Fiaclóireacht | **97,228** | 95,488 |
| Altranas | **122,234** | 87,277 |
| Gairmí Cúram Sláinte agus Sóisialta | **60,140** | 34,467 |
| | **279,602** | 217,232 |
| **Foireann Neamhchliniciúil FnaSS** | | |
| Bainistíocht/Riarachán | **819,121** | 735,908 |
| Foireann Tacaíochta Ginearálta | **361,185** | 351,511 |
| Aoisliúntas | **194,875** | 184,022 |
| | **1,375,181** | 1,271,441 |
| **Foireann Neamhchliniciúil – Gníomhaireachtaí** | | |
| Bainistíocht/Riarachán | **108,851** | 44,327 |
| Foireann Tacaíochta Ginearálta | **78,206** | 52,518 |
| | **187,057** | 96,845 |
| **Foireann eile – Seirbhísí Cliant/Othar FnaSS** | | |
| Cúram eile Cliant agus Othar | **832,691** | 764,374 |
| Aoisliúntas | **118,047** | 110,278 |
| | **950,738** | 874,652 |
| **Foireann eile – Seirbhísí Cliant/Othar – Gníomhaireachtaí** | | |
| Cúram eile Cliant agus Othar | **101,791** | 76,021 |
| | **101,791** | 76,021 |
| **Caiteachas Iomlán Pá** | **7,005,340** | **6,446,251** |

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## Nóta 6 Anailís Achomair ar Chostais an Phá

| | Cliniciúil 2021 €'000 | Neamh-chliniciúil 2021 €'000 | Seirbhísí eile Othar/ Cliant 2021 €'000 | Iomlán 2021 €'000 | Iomlán 2020 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Bunphá | **2,723,057** | **1,000,200** | **606,857** | **4,330,114** | 4,074,480 |
| Liúntais | **104,002** | **8,569** | **23,528** | **136,099** | 132,125 |
| Ragobair | **183,352** | **19,965** | **37,022** | **240,339** | 210,830 |
| Dualgas oíche | **68,253** | **5,608** | **19,716** | **93,577** | 84,311 |
| Deirí Seachtaine | **132,564** | **28,783** | **65,671** | **227,018** | 194,154 |
| Ar ghlaodhualgas | **67,547** | **1,998** | **406** | **69,951** | 78,011 |
| Riaráistí | **4,998** | **14,795** | **1,260** | **21,052** | 44,240 |
| Pá agus Tuarastal | **3,283,773** | **1,079,918** | **754,459** | **5,118,150** | 4,818,150 |
| ASPC Fostóra | **328,743** | **100,388** | **78,232** | **507,363** | 471,299 |
| Aoisliúntas* | **498,455** | **194,875** | **118,047** | **811,377** | 766,704 |
| Pá FnaSS iomlán | **4,110,971** | **1,375,181** | **950,738** | **6,436,890** | 6,056,153 |
| Pá Gníomhaireachta | **279,602** | **187,057** | **101,791** | **568,450** | 390,098 |
| **Pá Iomlán** | **4,390,573** | **1,562,238** | **1,052,529** | **7,005,340** | **6,446,251** |

Ní bhaineann na Costais Phá Iomlána thuas ach le seirbhísí FnaSS amháin. Tugtar cuntas ar chostais phá fostaithe san earnáil dheonach faoi Chaiteachas Neamhphá (Deontais Ioncaim do Ghníomhaireachtaí Seachtracha). Féach Nóta 8 agus Aguisín 1.

### Aoisliúntas

Tá foireann incháilithe atá fostaithe san FnaSS ina mbaill de scéimeanna aoisliúntais éagsúla le sochar sainithe.

Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais (i.e. pinsin) foirne atá ar scor amach as ioncam reatha agus cuirtear chun dochair ioncaim agus caiteachais iad sa bhliain ina n-íoctar iad. De réir Treorach ón Aire Sláinte, ní dhéantar aon fhoráil sna ráitis airgeadais maidir le sochair phinsin sa todhchaí agus níl aon mhuirear curtha ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ina leith sin. Déantar ranníocaíochtaí aoisliúntas ó fhostaithe atá ina mbaill de na scéimeanna seo a chur do shochar an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais nuair a fhaightear iad. Ní dhéantar aon luachálacha achtúireacha foirmiúla ar dhliteanais phinsin FnaSS. Ba é an muirear pinsean ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais i 2021 ná €811m (2020: €767m), a chuimsigh íocaíochtaí i dtaca le cnapshuimeanna aonuaire agus íocaíochtaí aisce scoir ar luach €143m (2020: €117).

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| * Anailís ar Aoisliúntas | | |
| Íocaíochtaí leanúnacha aoisliúntais do phinsinéirí | **668,421** | 650,020 |
| Cnapshuimeanna aonuaire agus íocaíochtaí aisce | **142,956** | 116,684 |
| | **811,377** | **766,704** |

## Sochair maidir le Foirceannadh Fostaíochta

| | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Sochair foirceanta gearrtha ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais | **294** | 110 |
| | **294** | **110** |

Baineann na sochair foirceanta thuas le socrú le ball foirne amháin le linn 2021 (2020: triúr ball foirne).

I dteannta na n-íocaíochtaí atá sonraithe thuas, níor ceadaíodh blianta breise ar fhoirceannadh ball foirne ar bith. Ba é luach na socruithe pinsin feabhsaithe ná €0.

Tabhaíodh costais dlí €2,005 (2020: €33,494) chomh maith maidir leis na comhaontuithe foirceanta a chur i gcrích.

## Nóta 7 Fostaíocht

Seo a leanas líon na bhfostaithe ar an 31 Nollaig de réir Réimse Oibríochta (i gcoibhéisí lánaimseartha (CL)).**

| | 2021 | 2020* |
|---|---|---|
| Seirbhísí Géarchúraim | **38,605** | 36,215 |
| Meabhairshláinte | **9,918** | 9,855 |
| Cúram Príomhúil | **11,856** | 10,872 |
| Míchumas***** | **4,192** | 4,085 |
| Daoine Aosta***** | **12,872** | 12,673 |
| Sláinte agus Folláine Pobail | **181** | 144 |
| Sláinte agus Folláine | **641** | 511 |
| Seirbhísí Otharcharranna | **2,060** | 1,990 |
| Corparáideach agus HBS | **5,183** | 4,847 |
| **Iomlán na bhfostaithe i bhFnaSS** | **85,508** | **81,192** |
| An Earnáil Dheonach – Seirbhísí Géarchúraim | **29,464** | 28,234 |
| An Earnáil Dheonach – Seirbhísí Neamhghéarchúraim | **17,351** | 16,748 |
| **Fo-iomlán fostaithe Earnáil Alt 38*** ** | **46,815** | **44,982** |
| **Iomlán na bhFostaithe san Earnáil Sláinte******** | **132,323** | **126,174** |

Foinse: Áireamh Phearsanra na Seirbhíse Sláinte

* Rinneadh figiúirí 2020 a athlua chun na mapálacha reatha modheolaíochta agus eagraíochtúla a léiriú

** Rinneadh na figiúirí uile a ríomh chuig 2 dheachúil agus léiríodh iad mar choibhéisí lánaimseartha (WTE) faoi mhodheolaíocht sonraithe ag an Roinn Sláinte

*** Baineann figiúirí foirne na hEarnála Sláinte le leibhéil dhíreacha fostaíochta mar a fuarthas in Áireamh Phearsanra na Seirbhíse Sláinte (HSPC) don earnáil sláinte poiblí (FnaSS & Alt 38, Ospidéil & Gníomhaireachtaí Deonacha)

**** Áirítear foireann cúnaimh baile atá fostaithe go díreach sa CL (WTE) tuairiscithe w.e.f. 2020 agus figiúirí stairiúla athshonraithe chun an t-athrú modheolaíochta seo a léiriú. Taifeadtar Altraí atá ina Mic Léinn Réamhchlárúcháin ar shocrúchán cliniciúil ag 50 faoin gcéad de CL (WTE) de réir chomhaontú WRC

***** Is dhá rannán ar leith iad Míchumas agus Daoine Aosta anois, agus tá athbhreithniú déanta ar an bhfigiúr comparáideach do 2020

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## Breis Anailíse – Riachtanas Chiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Seo a leanas líon na bhfostaithe de chuid FnaSS a raibh a sochair iomlána fostaí (lena n-áirítear pá bunúsach, liúntais, ragobair, dualgas oíche, obair deireadh seachtaine, glaodhualgas, riaráistí agus costais phinsin fostóra, gan ÁSPC fostóra, costas pinsin an fhostóra a áireamh) don tréimhse tuairiscithe taobh istigh de gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh:

| Banda Pá (Líon Foirne) | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| €60,001 go €70,000 | **10,822** | 10,409 |
| €70,001 go €80,000 | **5,248** | 5,211 |
| €80,001 go €90,000 | **3,093** | 2,734 |
| €90,001 go €100,000 | **1,548** | 1,450 |
| €100,001 go €110,000 | **785** | 676 |
| €110,001 go €120,000 | **513** | 439 |
| €120,001 go €130,000 | **360** | 285 |
| €130,001 go €140,000 | **173** | 158 |
| €140,001 go €150,000 | **159** | 137 |
| €150,001 go €160,000 | **145** | 145 |
| €160,001 go €170,000 | **178** | 164 |
| €170,001 go €180,000 | **190** | 165 |
| €180,001 go €190,000 | **164** | 163 |
| €190,001 go €200,000 | **169** | 108 |
| €200,001 go €210,000 | **166** | 122 |
| €210,001 go €220,000 | **187** | 79 |
| €220,001 go €230,000 | **164** | 67 |
| €230,001 go €240,000 | **197** | 93 |
| €240,001 go €250,000 | **108** | 92 |
| €250,001 go €260,000 | **86** | 107 |
| €260,001 go €270,000 | **56** | 123 |
| €270,001 go €280,000 | **50** | 103 |
| €280,001 go €290,000 | **46** | 85 |
| €290,001 go €300,000 | **23** | 69 |
| €300,001 go €310,000 | **10** | 56 |
| €310,001 go €320,000 | **9** | 39 |
| €320,001 go €330,000 | **9** | 19 |
| €330,001 go €340,000 | **10** | 20 |
| €340,001 go €350,000 | **6** | 23 |
| €350,001 go €360,000 | **1** | 17 |
| €360,001 go €370,000 | **4** | 15 |

| Banda Pá (Líon Foirne) | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| €370,001 go €380,000 | **2** | 7 |
| €380,001 go €390,000 | **2** | 5 |
| €390,001 go €400,000 | **2** | 4 |
| €400,001 go €410,000 | **1** | 3 |
| €410,001 go €420,000 | **2** | 5 |
| €420,001 go €430,000 | **3** | 4 |
| €440,001 go €450,000 | **0** | 2 |
| €450,001 go €460,000 | **0** | 2 |
| €470,001 go €480,000 | **2** | 0 |
| €480,001 go €490,000 | **0** | 3 |
| €490,001 go €500,000 | **0** | 1 |
| €510,001 go €520,000 | **0** | 1 |
| €520,001 go €530,001 | **2** | 0 |
| €530,001 go €540,000 | **1** | 0 |
| €590,001 go €600,000 | **1** | 1 |
| €640,001 go €650,000 | **0** | 1 |
| €680,001 go €690,000 | **1** | 0 |
| €750,001 go €760,000 | **1** | 0 |
| **Iomlán fostaithe FnaSS ag tuilleamh breis is €60,001** | **24,699** | **23,412** |

## Nóta 8 Caiteachas Neamhphá**

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Cliniciúil** | | |
| Drugaí agus cógais leighis (gan scéimeanna bunaithe ar éileamh san áireamh) | **516,086** | 341,910 |
| Lúide Aisíoc ó Dhéantúsóirí Cógaisíochta* | **(11,351)** | (9,141) |
| Glanchostas Drugaí agus cógais leighis (gan scéimeanna bunaithe ar éileamh san áireamh) | **504,735** | 332,769 |
| Fuil/Táirgí Fola | **32,190** | 29,810 |
| Gáis Mhíochaine | **13,086** | 11,788 |
| Soláthairtí Míochaine/Máinliachta | **630,903** | 894,520 |
| Trealamh Míochaine eile | **185,457** | 273,083 |
| X-Gha/Íomháú | **69,830** | 38,703 |
| Saotharlann | **622,993** | 298,486 |
| Seirbhísí Gairmiúla (m.sh. costais teiripe, raideolaíocht, agus srl.) | **173,109** | 116,449 |
| Oideachas agus Oiliúint | **74,464** | 71,093 |
| | **2,306,767** | 2,066,701 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Seirbhísí Iompair agus Otharchairr** | | |
| Iompar Othar | **61,807** | 59,067 |
| Costais reáchtála feithiclí | **21,169** | 17,345 |
| Costais iompair agus lóistíochta a bhain le TCP a cheannach | **30,089** | 59,278 |
| | **113,065** | 135,690 |
| **Scéimeanna Cúraim Phríomhúil agus Cártaí Leighis** | | |
| Seirbhísí Cógaisíochta | **2,700,027** | 2,537,829 |
| Lúide Aisíoc ó Dhéantúsóirí Cógaisíochta* | **(230,675)** | (186,896) |
| Lúide Muirir Thobhaigh ar Oidis | **(61,682)** | (79,704) |
| Glanchostas Seirbhísí Cógaisíochta | **2,407,670** | 2,271,229 |
| Táillí agus Liúntais Dochtúirí | **872,514** | 808,457 |
| Íocaíochtaí Pinsin le hIardhochtúirí Oifigiúla Dúiche/Cleithiúnaithe | **1,637** | 2,059 |
| Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta | **39,190** | 40,074 |
| Scéim na Seirbhísí Oftalmacha Pobail | **24,869** | 22,313 |
| Liúntais Airgid Thirim (Leas Daille, Soghluaisteacht srl) | **31,059** | 30,881 |
| *Íocaíochtaí Caipitíochta:* | | |
| Scéimeanna Cóireála Thar Lear agus an Caiteachas a Bhaineann leo | **53,850** | 49,460 |
| Míchumais Intleachtúla/Choirp, Síciatracht, Seirbhísí Teiripeacha srl. | **340,597** | 296,386 |
| Íocaíochtaí Tithe Altranais do Sheanóirí agus Íocaíochtaí nach mbaineann le Fair Deal | **106,816** | 78,853 |
| Oiliúint Athshlánúcháin agus Gairme | **25,785** | 26,255 |
| Leapacha Faoisimh | **19,571** | 16,438 |
| | **3,923,558** | 3,642,405 |
| **Seirbhísí eile Cliant/Othar** | | |
| Seirbhísí Gairmiúla m.sh. cúntóirí cúraim, seirbhísí cúram leanaí ar conradh, srl. | **29,836** | 8,015 |
| Oideachas agus Oiliúint | **870** | 746 |
| | **30,706** | 8,761 |
| **Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha** | | |
| Deontais Ioncaim do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 1) | **5,691,382** | 5,442,823 |
| | **5,691,382** | 5,442,823 |

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Tíos** | | |
| Lónadóireacht | **67,427** | 65,926 |
| Teas, Cumhacht agus Solas | **72,125** | 65,791 |
| Glanadh agus Níocháin | **179,628** | 187,104 |
| Troscán, Gréithe, agus crua-earraí | **23,842** | 23,011 |
| Éadach Leapa agus Éadaí | **19,952** | 41,798 |
| | **362,974** | 383,630 |
| **Caiteachas Riaracháin agus Oifige** | | |
| Cothabháil | **222,591** | 157,291 |
| Costais Airgeadais | **3,302** | 3,242 |
| Prapíocaíochtaí úis agus Cúiteamh | **921** | 467 |
| Árachas | **7,659** | 6,770 |
| Iniúchóireacht | **707** | 653 |
| Táillí Gairmiúla agus Dlí | **197,980** | 102,300 |
| Drochfhiacha agus Fiacha Amhrasacha | **21,558** | 70,114 |
| Oideachas agus Oiliúint | **15,063** | 12,509 |
| Taisteal agus Cothú | **62,328** | 61,537 |
| Costais Feithiclí | **5,183** | 6,932 |
| Costais Oifige | **203,652** | 161,011 |
| Cíos agus Rátaí | **131,391** | 108,210 |
| Ríomhairí agus Cothabháil Córas | **129,745** | 104,174 |
| | **1,002,080** | 795,210 |
| **Cuntais Oibriúcháin eile** | | |
| Ceadúnais | **1,065** | 1,037 |
| Costais Éagsúla | **7,603** | (3,889) |
| Costais Adhlactha | **117** | 174 |
| Siamsaíocht (Aonaid Chónaitheacha) | **1,025** | 729 |
| Ábhair do Cheardlanna | **170** | 216 |
| Fóirdheontais do Bhéilí ar Rothaí | **1,529** | 1,508 |
| Íocaíochtaí Ex Gratia d'Othair (Cervical Check) | **–** | 288 |
| Aisíocaíochtaí | **477** | 744 |
| | **11,986** | **807** |

* I ndáil le Comhaontú IPHA 2016 agus socruithe speisialta le haghaidh drugaí agus cógais leighis ar leith

** Tá tuilleadh anailíse i Nóta 1(b) maidir le méadú leanúnach bliain i ndiaidh bliana

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### Nóta 9 An tAcht Sláinte (Scéim Aisíocaíochta) 2006

Forálann an tAcht Sláinte (Scéim Aisíocaíochta) 2006 an bonn reachtúil le haghaidh aisíocaíocht na muirear ar a dtugtar 'muirir fhadchónaithe', a gearradh go hearráideach mar thobhaigh ar dhaoine a bhí i dteideal cárta leighis iomlán roimh 14 Iúil 2005. Ceadaíonn an scéim táillí a aisíoc leis na daoine seo a leanas:

- Daoine beo ar gearradh muirear go hearráideach orthu aon uair ó 1976 i leith
- Eastáit daoine ar gearradh muirear go hearráideach orthu agus a fuair bás ar an 9 Nollaig 1998 nó ina dhiaidh sin.

Cuireadh cuntas speisialta i bhfearas atá á mhaoiniú ag airgead a fuarthas ón Oireachtas agus as a ndéantar aisíocaíochtaí. Cuireadh €1.7m i leataobh i 2021 chuige sin. Tagraíonn mórchuid an mhaoinithe seo d'fhoráil le haghaidh íocaíochtaí a thiocfaidh chun cinn mar thoradh ar éilimh leantacha agus tairiscintí cúitimh a nglactar leo.

Cuireadh deireadh leis an scéim d'iarratasóirí nua ar an 31 Nollaig 2007 agus fuarthas beagnach 14,000 éileamh maidir le hothair atá beo agus beagnach 27,000 éileamh i ndáil le heastáit. Suas go dtí an 31 Nollaig 2021, bhí 20,303 éileamh íoctha. Amhail i mí na Nollag 2021, ní raibh aon éilimh gan íoc á bpróiseáil i dtreo na céime tairisceana faoin scéim. Tá €0.500m curtha ar fáil i mbuiséad 2022 FnaSS chun aisíocaíochtaí agus éilimh atá gan íoc a mhaoiniú, mar aon leis na costais riaracháin a ghabhann leo.

Is ionann caiteachas carnach iomlán na scéime (lena n-áirítear costais riaracháin) go dtí 31 Nollaig 2021 agus €485.94m.

In 2021, cuireadh an caiteachas seo a leanas a bhaineann leis an Scéim Aisíocaíochta chun dochair ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Pá** | **0** | 23 |
| **Neamhphá** | | |
| Aisíocaíochtaí d'Othair | **19** | 55 |
| Íocaíochtaí do Riarthóir Tríú Páirte na Scéime | **0** | 0 |
| | **19** | 55 |
| Táillí Gairmiúla agus Dlí | **0** | 0 |
| Costais Oifige* | **3** | 21 |
| **Iomlán an neamhphá** | **22** | **76** |
| **Iomlán** | **22** | **99** |

* Tá speansais Oifige agus Riaracháin maidir le hAcht Sláinte (Scéim Aisíocaíochta) 2006 cuimsithe i gcaiteachas FnaSS

### Nóta 10 An tAcht um Binse Cúiteamh i ndáil le Heipitíteas C (arna Leasú)

Mar thoradh ar an Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2006, bunaíodh scéim reachtúil chun dul i ngleic le deacrachtaí árachais a bhí ag daoine a bhí ionfhabhtaithe le Heipitíteas C agus VEID trí fhuil agus táirgí fola a tugadh dóibh laistigh den Stát. Téitear i ngleic sa scéim leis na fadhbanna a bhí ag na daoine seo toisc nach raibh ar a gcumas costais mhorgáiste ná polasaithe árachais saoil a cheannach mar gheall gur tugadh táirgí fola dóibh a bhí éillithe. Cumhdóidh an scéim an riosca árachais don 1,700 duine nó níos mó a bhí i dteideal táirgí árachais a fháil, beag beann ar aon fhadhbanna leighis eile a d'fhéadfadh a bheith ag na daoine sin, nuair a íocann siad an phréimh chaighdeánach a d'íocfadh duine ar chomhaois agus inscne leo nach mbeadh aon ionfhabhtú ag dul dó. Sheol FnaSS an chuid árachais saoil den scéim i Meán Fómhair 2007. Tugadh gné eile isteach i Márta 2009 ina raibh foráil do chumhdach árachais taistil.

Measadh i dtús ama go mbeadh costas foriomlán de €90m i gceist thar shaolré iomlán na scéime. Ba é an caiteachas carnach ar an scéim árachais go dtí 31 Nollaig 2021 ná €12.7m.

In 2021, cuireadh an caiteachas seo a leanas chun dochair ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais maidir leis an Scéim Árachais:

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Pá** | **93** | 91 |
| **Neamhphá** | | |
| Íocaíochtaí ar Ualaithe Préimhe | **218** | 233 |
| Íocaíochtaí sochar atá frithghealltа ag FnaSS | **200** | 821 |
| | **418** | 1054 |
| Costais Oifige* | **4** | 14 |
| **Iomlán an Neamhphá** | **422** | **1,068** |
| **Iomlán**** | **515** | **1,159** |

* Tá an caiteachas ar fad a bhain le hAcht um Binse Cúiteamh Heipitíteas C (arna leasú) 2006 san áireamh i gcaiteachas FnaSS

** Áirítear na costais seo sa Chuntas Speisialta don Scéim Árachais Heipitíteas C. Áirítear costais eile Heipitíteas C sa Chuntas Speisialta Heipitíteas C agus sa Chuntas Cúitimh Heipitíteas C

## Nóta 11 An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Ón 1 Iúil 2009, tá maoiniú á fháil ag FnaSS le haghaidh éilimh arna bpróiseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoi théarmaí na Scéime Slánaíochta Cliniciúla. Ón 1 Eanáir 2010, chuir Ordú Gníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Tarmligean Feidhmeanna) 2009 síneadh le slánaíocht an Stáit sa chaoi gur cuimsíodh éilimh i dtaca le gortú pearsanta agus damáiste do mhaoin tríú pearsa in aghaidh FnaSS. Tugtar cuntas ar íocaíochtaí a rinneadh le héilitheoirí faoi théarmaí na scéime ar bhunús íoc-mar-a-úsáidtear. An meastachán is fearr ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoi láthair maidir le gach éileamh a réiteach, cuimsíonn sé na costais uile ar féidir iad a thuar, mar shampla, méideanna réitigh, costais dhlíthiúla agus chosanta an ghearánaí amhail táillí nach mór a íoc le habhcóide nó dlíodóir, sainchomhairleoirí agus mar sin de. I 2021, ba é €461.3.m an muirear a bhí sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais maidir leis seo (2020: €372.7m). Bunaithe ar mheastacháin achtúireacha, táthar den tuairim go dtiocfaidh méadú mór ar an muirear seo sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sna blianta amach anseo. I gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, níl aon fhoráil déanta le haghaidh an dliteanais seo sna ráitis airgeadais.

Leasaítear an dliteanas measta ar bhonn rialta i bhfianaise aon eolais nua a fhaightear, mar shampla, treochtaí stairiúla maidir le méideanna réitigh agus costais dhlíthiúla. Ar an 31 Nollaig 2021, ba é an dliteanas measta a bhí tabhaithe go dtí an dáta sin faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla agus faoi shlánaíocht an Stáit ná €4,185m (2020: €3,687m). As an €4,185m sin, baineann thart ar €3,408m le héilimh ghníomhacha i dtaca le cúram cliniciúil, agus baineann an chuid eile le dliteanais mheasta le héilimh chúraim neamhchliniciúil. Is éard is éilimh ghníomhacha ann ná éilimh a tuairiscíodh don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát trí phróiseas dlíthiúil agus nach bhfuil tugtha chun críche go fóill amhail ar an dáta tuairiscithe.

## Nóta 12 Cúram Cónaitheach Fadtéarmach (an Scéim Tacaíochta do Thithe Atranais/Fair Deal, san áireamh)

Cuireadh tús leis an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (NHSS) (Fair Deal) in 2009, agus de réir a chéile, ghlac sé seo áit na Scéime Fóirdheontais do Thithe Altranais agus an córas 'leapacha conartha' a bhíodh ann do sheanóirí roimhe sin. Faoin scéim, i gcás daoine a bhfuil gá acu le seirbhísí cúraim fadtéarmacha cónaitheacha i dteach altranais, déantar measúnú ar a n-ioncam agus ar a sócmhainní, agus ansin déanann siad ranníocaíocht de suas le 80% den ioncam inmheasta agus suas le 7.5% de luach na sócmhainní atá acu i leith chostas a gcúraim. Íocann FnaSS an t-iarmhéid, más ann dó, de chostais a gcúraim i dtithe altranais phoiblí agus i dtithe altranais phríobháideacha atá cláraithe agus cumhdaithe faoin scéim.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### Costais an Chúraim Chónaitheach Fhadtéarmaigh (An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais/Fair Deal)

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Tithe Altranais Príobháideacha | **655,704** | 657,663 |
| Gníomhaireachtaí Alt 39 | **21,475** | 21,950 |
| Leapacha ar Conradh i dTithe Altranais Phríobháideacha agus Íocaíochtaí Fóirdheontais | **7,625** | 10,805 |
| Scéim um Chúnaimh Shealadaigh Covid 19 (TAPS)** | **48,083** | 77,520 |
| Íocaíochtaí Iomlána do Thithe Altranais Príobháideacha, Gníomhaireachtaí Alt 39, san áireamh | **732,887** | 767,938 |
| Ollchostas NHSS na dTithe Altranais Phoiblí* | **331,417** | 356,191 |
| Íocaíochtaí do Ghníomhaireachtaí Alt 38 | **24,555** | 26,410 |
| Costais sheasta na dTithe Altranais agus Costais Aonaid Eile | **109,947** | 57,407 |
| **Iomlán na gCúram Cónaithe Fadtéarmach** | **1,198,806** | **1,207,946** |

* Áirítear costais tithe altranais phoiblí faoi na ceannteidil chaiteachais ábhartha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

** Scéim Um Chúnaimh Shealadaigh Covid 19 (TAPS)

Is íocaíocht chúnaimh shealadaigh é an tacaíocht faoin scéim, atá á tairiscint chun tacú le Tithe Altranais príobháideacha agus deonacha leanúint ag cur le seasmhacht laistigh dá seirbhísí le hiarracht a dhéanamh ráigeanna COVID-19 a mhaolú agus dóthain foirne a bheith ar fáil chun cur ar chumas na dtithe Altranais ráig den chineál seo a bhainistiú agus othair a chosaint, dá dtarlódh ráig eile.

Fógraíodh go raibh sé beartaithe an Scéim a bhunú ar 4 Aibreán 2020 agus osclaíodh an Scéim den chéad uair le haghaidh iarratas ar 17 Aibreán 2020. I 2021, ba é costas na Scéime um Chúnaimh Shealadaigh Covid 19 (TAPS) ná €48.08m (2020: €77.5m).

### Ranníocaíochtaí Othar

B'ionann na ranníocaíochtaí NHSS a fuarthas do na hothair i dtithe poiblí agus €59.05 (2020: €62.80) agus léirítear iad i Ráitis Ioncaim FnaSS – Cuntas Ioncaim agus Caiteachais.

B'ionann na ranníocaíochtaí NHSS a fuarthas do na hothair in ionaid dheonacha (Eagraíochtaí Alt 38) agus €6.30m (2020: €6.67m), agus coinníonn na heagraíochtaí sin é seo agus ní ioncam don FnaSS atá i gceist.

### Ioncam Breise

Faoi Alt 27 den Acht um Scéim Tacaíochta Tithe Altranais 2009, ní mór Sceideal Sócmhainní a chur faoi bhráid FnaSS maidir le duine atá básaithe a fuair tacaíocht airgeadais faoin Scéim. Déantar é seo a sheiceáil chun aon ró-íocaíocht tacaíochta airgeadais atá in-aisíoctha le FnaSS de réir Alt 42 den Acht a aithint agus a ríomh. Bhailigh FnaSS ioncam €8.92m le linn 2021 (2020: €7.28m) maidir le hioncam agus sócmhainní neamhdhearbhaithe cliant de chuid Fair Deal.

### Leapacha ar Conradh agus Fóirdheontais

I 2021, rinneadh íocaíochtaí €7.63m (2020: €10.81m) maidir le leapacha conartha agus fóirdheontas tithe altranais. Tá deireadh á chur de réir a chéile leis na scéimeanna seo agus ní dhearna aon iontrálaí nua iarratas orthu seo ó cuireadh tús leis an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais i 2009.

## Caiteachas in Saoráidí Poiblí

Bhí €109.95m (2020: €57.41m) de chostais bhreise ag baint le cúram fadtéarmach poiblí i 2021. Bhain na costais seo le costais sheasta aonaid agus costais eile a tabhaíodh a bhí os cionn an ráta aisíoctha 'leanann airgead an t-othar' a íocadh faoin Scéim Tacaíochta Tithe Altranais.

## Costais Thithe Altranais Phoiblí

In 2021, b'ionann costas tithe altranais phoiblí agus €331.42m (2020 €356.19m), tá na costais sin comhlán agus b'ionann gné ranníocaíochta an chliaint agus €59.05m (2020 €62.8m). Léirítear na ranníocaíochtaí mar ioncam i Muirir Fadchónaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

## Tacaíocht Choimhdeach ón Stát

Gné bhreise roghnach de Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais is ea an Tacaíocht Choimhdeach ón Stát do dhaoine a bhfuil réadmhaoin nó sócmhainní acu sa Stát. In ionad a ranníocaíocht mheasta le haghaidh cúram a íoc as a (h)acmhainní féin, is féidir le duine an rogha a dhéanamh iarratas a chur isteach ar Iasacht Tí Altranais, chun an chuid dá ranníocaíocht atá bunaithe ar shócmhainní réadmhaoine nó talún laistigh den Stát a chlúdach. Ansin íocann FnaSS an chuid sin de chostas an chúraim anuas ar an íocaíocht Tacaíochta ón Stát. Íoctar an iasacht ar ais leis an Stát tar éis do theagmhas bainteach tarlú, mar shampla, díoltar an tsócmhainn nó nuair a fhaigheann an duine bás. Is leis na Coimisinéirí Ioncaim a dhéantar aisíoc na hiasachta. I roinnt cásanna, is féidir aisíoc na hiasachta a iarchur. Tá an chuid seo den scéim deartha ionas nach mbeidh ar dhaoine a dteach a dhíol fad is atá siad beo.

B'ionann agus €260.98m an méid comhlán iomlán Tacaíochta Stáit Choimhdí a tuairiscíodh do na Coimisinéirí Ioncaim amhail ar an 31 Nollaig 2021 lena aisghabháil ó thosach Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais (i gcás gur tharla teagmhas bainteach), agus chuimsigh an méid sin 10,692 iasacht do chliaint. Amhail an 31 Nollaig 2021 bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim €259.99m, arb ionann agus 10,733 cliant. Léiríonn an difríocht cuntas na cliaint nach bhfuil a n-iasacht Teach Altranais dlite le haisíoc, de bharr na rogha Iarchurtha Breise, mar a luadh thuas, agus freisin cliaint ar mian leo aisíocaíocht dheonach a dhéanamh sula dtarlóidh teagmhas ábhartha. Dhearbhaigh na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuair siad €182.46m d'aisíocaíochtaí iomlána iasachtaí, arb ionann é agus 8,116 iasacht cliaint.

Amhail ar an 31 Nollaig 2021, b'ionann agus €161.82 méid iomlán na n-íocaíochtaí Iasachtaí Tithe Altranais a rinneadh faoi Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais, atá fós le bailiú (i.e. i gcás nár tuairiscíodh méid in-aisíoctha do na Coimisinéirí Ioncaim lena bhailiú – níor tharla aon teagmhas ábhartha). Ní áirítear sa mhéid seo coigeartú do CPI, ós rud é nach bhfuil teagmhas ábhartha tarlaithe go fóill.

| | 2021 €'000 | 2021 Líon na nIasachtaí | 2020 €'000 | 2020 Líon na nIasachtaí |
|---|---|---|---|---|
| Seo a leanas na sonraí maidir le Tacaíocht Choimhdeach ón Stát ar an 31 Nollaig: | | | | |
| A thuairiscigh FnaSS do na Coimisinéirí Ioncaim lena n-aisghabháil | **260,975** | **10,692** | 211,374 | 9,179 |
| Atá íoctha de réir dhearbhú na gCoimisinéirí Ioncaim* | **(182,458)** | **(8,116)** | (142,603) | (6,769) |
| Fo-iomlán | **78,517** | **2,576** | 68,771 | 2,410 |
| Nach bhfuil tuairiscithe do na Coimisinéirí Ioncaim go fóill lena n-aisghabháil | **161,819** | **5,099** | 151,321 | 5,035 |
| **Tacaíocht Choimhdeach iomlán ón Stát atá gan íoc** | **240,336** | **7,675** | **220,092** | **7,445** |

* Ní áirítear páirtíocaíochtaí sna méideanna atá dearbhaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim; ní áirítear ach amháin iasachtaí atá íoctha ina n-iomláine

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## Nóta 13 Caiteachas Caipitiúil

### (a) Breiseanna ar Shócmhainní Seasta

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh (Nóta 15) Talamh agus Foirgnimh – Lamháltas Seirbhíse* | **0** | 0 |
| Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh (Nóta 15) Talamh agus Foirgnimh – Eile | **279,178** | 228,343 |
| Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh (Nóta 15) Talamh agus Foirgnimh – Gan talamh agus Foirgnimh san áireamh | **220,650** | 218,575 |
| | **499,828** | **446,918** |
| Maoinithe ag Deontas Caipitil na Roinne Sláinte | **464,886** | 362,416 |
| Maoinithe ag Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse PPP | **34,942** | 84,502 |
| Infheistíocht i Socruithe le Lamháltas Seirbhíse PPP – Caipitlithe* | **0** | 0 |
| | **499,828** | **446,918** |

### (b) Anailís ar Chaiteachas atá curtha de Mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Caiteachas ar shócmhainní FnaSS féin (Caipitlithe) | **464,886** | 362,415 |
| Caiteachas ar thionscadail FnaSS nach bhfuil breiseanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh de thoradh orthu** | **141,250** | 258,388 |
| Ús Caipitlithe – Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse PPP* | **3,621** | 3,186 |
| Caiteachas iomlán ar Thionscadail FnaSS a ghearrtar ar chaipiteal*** | **609,757** | 623,989 |
| Deontais chaipitil do ghníomhaireachtaí seachtracha (Aguisín 1)** | **451,940** | 359,730 |
| Caiteachas Caipitiúil Iomlán de réir an Ráitis Ioncaim agus Caiteachas Caipitiúil | **1,061,697** | 983,719 |

* Bainteach le sócmhainní Ionaid Chúraim Phríomhúla sealbhaithe faoi shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP)

** An caiteachas caipitiúil iomlán neamhchaipitlithe ná €596.80m (2020: €561.10m)

*** Déantar sócmhainní a maoiníodh le caipiteal agus sócmhainní a maoiníodh le hioncam a chaipitliú má sháraíonn an costas tairseacha áirithe luacha: €2,000 le haghaidh trealamh ríomhaire agus €7,000 le haghaidh gach aicme sócmhainne eile

### (c) Anailís ar Ioncam caipitiúil ó Fhoinsí Eile

Ioncam ó Ranna Rialtais agus ó Fhoinsí Eile maidir le Tionscadail Chaipitil:

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) – sábháil fuinnimh in ospidéil ghéarmhíochaine | **3,762** | 1,605 |
| Fondúireacht an Ospidéil Náisiúnta Athshlánúcháin – Ranníocaíocht leis an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin | **10,000** | 0 |
| Forbairt an Mheán-Iarthair (JP McManus) Ranníocaíocht d'Ospidéal Chromadh | **3,000** | 0 |
| An Roinn Oideachais – Ranníocaíocht d'Ospidéal Náisiúnta na Leanaí | **3,500** | 0 |
| Ollscoil Chorcaí – Ranníocaíocht Tionscadal an Ionaid Acadúil CUH | **182** | 126 |
| Bráithre na Toirbhirte – Ranníocaíochtaí d'Ospidéal Náisiúnta na Leanaí | **500** | 0 |
| Cairde Ospidéal Naomh Treasa An Cloichín | **215** | 0 |
| Ioncam Ilghnéitheach Eile | **5,414** | 21 |
| **Ioncam iomlán Caipitiúil ó Fhoinsí Eile** | **26,573** | **1,752** |

## Nóta 14 Fáltais a bhain le Diúscairt ar Chuntas na Sócmhainní Seasta

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Fáltais Chomhlána na nDiúscairtí uile sa bhliain | **2,572** | 9,225 |
| Lúide: Glanspeansais a Tabhaíodh ar Dhiúscairtí | **(23)** | (46) |
| Glanfháltais ar Dhiúscairtí | **2,549** | 9,179 |
| Lúide Cur i bhFeidhm na bhFáltas | **(2,549)** | (9,179) |
| Athruithe i rith na bliana | **0** | 0 |
| Ar 1 Eanáir | **38** | 38 |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | **38** | 38 |

D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Ceadú Tarmligthe Ilbhliantúil Caipitil 2019-2022 i mí na Nollag 2019.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## Nóta 15 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Talamh* €'000 | Foirg-nimh** €'000 | Obair idir Lámha (L&B) €'000 | Mótar-fheithiclí €'000 | Trealamh €'000 | Obair idir Lámha (P&E) €'000 | Iomlán 2021 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas/Luacháil** | | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2021 | 1,675,332 | 4,827,881 | 397,510 | 105,554 | 1,749,786 | 11,174 | 8,767,237 |
| Breiseanna | 746 | 14,565 | 263,866 | 13,442 | 196,143 | 11,066 | 499,828 |
| Aistrithe ó obair idir Lámha | 0 | 365,468 | (365,468) | 9,688 | 693 | (10,381) | 0 |
| Diúscairtí | (122) | (4,125) | (439) | (13,493) | (60,362) | (48) | (78,590) |
| **Ar 31 Nollaig 2021** | **1,675,956** | **5,203,789** | **295,469** | **115,191** | **1,886,260** | **11,810** | **9,188,475** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Dímheas Carntha ar an 1 Eanáir 2021 | 0 | 1,638,723 | 0 | 78,833 | 1,431,338 | 0 | 3,148,894 |
| Muirear don Bhliain | 0 | 123,485 | 0 | 14,447 | 118,829 | 0 | 256,761 |
| Diúscairtí | 0 | (1,785) | 0 | (12,310) | (23,733) | 0 | (37,828) |
| **Ar 31 Nollaig 2021** | **0** | **1,760,423** | **0** | **80,970** | **1,526,434** | **0** | **3,367,827** |
| **Glanluachanna de réir na Leabhar** | | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2021 | 1,675,332 | 3,189,158 | 397,510 | 26,721 | 318,448 | 11,174 | 5,618,343 |
| **Ar 31 Nollaig 2021** | **1,675,956** | **3,443,366** | **295,469** | **34,221** | **359,826** | **11,810** | **5,820,648** |

Tá luach tugtha (anonn) reatha na talún arb ionann é agus €1.67bn atá i seilbh FnaSS amhail an 31 Nollaig 2021 bunaithe ar rátaí Luachála 2002 na Roinne Sláinte.

## Sócmhainní foirgneamh sealbhaithe faoi Léasanna Airgeadais/Socruithe maidir le Lamháltais Seirbhíse

| | 2021 €'000 Léas Air-geadais | 2020 €'000 Léas Air-geadais | 2021 €'000 Lamháltas Seirbhíse* | 2020 €'000 Lamháltas Seirbhíse* | 2021 €'000 Iomlán | 2020 €'000 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Costas | 45,824 | 45,824 | 165,217 | 165,217 | 211,041 | 211,041 |
| Breiseanna | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Dímheas Carntha ar 1 Eanáir | (27,209) | (25,347) | 0 | 0 | (27,209) | (25,347) |
| Dímheas a ghearrtar don bhliain | (1,862) | (1,862) | 0 | 0 | (1,862) | (1,862) |
| Glanluachanna de réir na Leabhar ar 31 Nollaig | 16,753 | 18,615 | 165,217 | 165,217 | 181,970 | 183,832 |

*/** Bainteach le sócmhainní Ionaid Chúraim Phríomhúla (PCC) sealbhaithe faoi shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP). Tá seirbhís tosaithe i ngach ceann de na cheithre láthair PCC déag.

Ní dhéantar sócmhainní a dhímheas i gcás go bhfuarthas iad nó go mbainistítear iad faoi shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse PPP, mar go gcinntíonn na socruithe seo saolréanna fónta iarmharacha agus cumas oibriúcháin ag deireadh an téarma lamháltais, arbh ionann é agus saolréanna fónta iarmharacha agus cumas oibriúcháin na sócmhainne nuair a coimisiúnaíodh don chéad uair í.

## Nóta 16 Fardail

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Soláthairtí Leighis, Fiaclóireachta agus Máinliachta | **94,055** | 206,013 |
| Soláthairtí Saotharlainne | **28,483** | 7,211 |
| Soláthairtí Cógaslainne | **27,709** | 27,716 |
| Fardail Ardteicniúla Cógaslann | **43,714** | 44,813 |
| Fardail Dáilte i gCógaslanna | **490** | 508 |
| Fuil agus Táirgí Fola | **1,604** | 1,420 |
| Fardail Vacsaíní | **66,597** | 35,816 |
| Seirbhísí Tí | **33,672** | 30,721 |
| Stáiseanóireacht agus Soláthairtí Oifige | **2,254** | 2,114 |
| Earraí ilghnéitheacha | **1,370** | 3,548 |
| | **299,948** | **359,880** |

Léiríonn na hathruithe san fhardal i 2021, go príomha, an laghdú ar na leibhéil stoic TCP atá fritháirithe ag méadú ar an leibhéal Stoc Vacsaíne agus stoc dheireadh na bliana de thástálacha antaiginí.

Tá stoic TCP €73.4m (2020: €182.3m) curtha san áireamh i soláthairtí leighis, fiaclóireachta agus máinliachta (€47.1m) agus freisin i seirbhísí tí (€26.4m). Tháinig méadú mór arís ar chostas na stoc TCP, a ceannaíodh i 2021, de bharr an víris COVID-19 a bheith fós linn. Ceanglaítear ar FnaSS stoic dheireadh na bliana a athluacháil ar bhonn an fhíorchostais nó an chostais athsholáthair, cibé acu is ísle. Mar thoradh air sin, rinneadh stoc TCP a athluacháil agus léiríodh lagú costais de €70.6m i 2021. Tá €25.6m taifeadta i 2021 chomh maith a bhaineann le stoic de bharrachas glóthacha láimhe a mheasann FnaSS go bhféadfadh sé nach n-úsáidfí iad inár seirbhísí roimh a ndáta éaga. Tá sé beartaithe ag FnaSS roinnt earraí TCP a dheonú, mar chuid de thacaíocht leanúnach Stáit, do thíortha a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, agus thart ar €12.6m an costas atá i gceist anseo. Tá an caillteanas lagaithe iomlán de €108.8m san áireamh mar dhíluacháil i gcaiteachas reatha ioncaim mar a thuairiscítear i nóta 1(b).

Tá méadú €30m tagtha ar stoic vacsaíní, go príomha, mar gheall ar an ngá atá le vacsaíní COVID-19 a bheith ar fáil don Chlár Vacsaínithe leanúnach. Tá méadú tagtha ar sholáthairtí saotharlainne freisin, mar go n-áirítear leo seo, tástálacha Antaigine de €21m a theastaíonn mar chuid de Chlár Tástála agus Rianaithe FnaSS.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## Nóta 17 Trádáil agus Infháltais Eile

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais: Féichiúnaithe Othar – Áiseanna Príobháideacha in Ospidéil Phoiblí* | **106,093** | 76,868 |
| Infháltais: Féichiúnaithe Othar – Muirir d'Othair Chónaithe Poiblí | **8,615** | 5,916 |
| Infháltais: Féichiúnaithe Othar – Muirir Fhadchónaithe | **9,087** | 9,761 |
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | **63,978** | 37,967 |
| Féichiúnaí an Roinn Sláinte (RS) (Nóta 3a) | **25,331** | 0 |
| Déantúsóirí Cógaisíochta | **108,215** | 81,818 |
| Coigeartú Teicniúil Párolla | **14,266** | 15,067 |
| Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais (ASC) Asbhaintí ón bhfoireann | **6,887** | 6,294 |
| Údaráis Áitiúla | **478** | 570 |
| Réamhíocaíochtaí Párolla | **17** | 1,712 |
| Ospidéil Dheonacha – Conarthaí Seirbhíse Náisiúnta Feistí Leighis | **0** | 4 |
| Ospidéil Dheonacha – Réamhíocaíochta Maoinithe Deontais | **52,002** | 89,519 |
| Infháltais Éagsúla | **73,818** | 90,117 |
| | **468,787** | **415,613** |

* Ioncam Árachais le haghaidh Cúram Príobháideach

De réir bheartas cuntasaíochta FnaSS, aithníonn FnaSS ioncam othar atá dlite ó chuideachtaí árachais sláinte phríobháidigh tráth a gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Le linn 2017, chuir cuideachtaí árachais tús le hasbhaintí ó éilimh a rinne FnaSS a bhain leis an tréimhse ama idir an dáta iontrála agus an dáta ar shínigh an t-othar an fhoirm ábhartha. Easaontaíonn FnaSS leis na hasbhaintí seo agus tá próiseas dlíthiúil ar siúl maidir leis seo, nach raibh tugtha críochnaithe go hiomlán tráth ullmhaithe na gcuntas seo. De réir bheartas cuntasaíochta FnaSS, cruthaítear foráil i dtaca le drochfhiacha agus fiacha amhrasacha maidir le fiacha atá gan íoc ar feadh tréimhse is faide ná bliain amháin.

## Nóta 18 Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Léasanna Airgeadais | **2,857** | 2,795 |
| Dliteanas maidir le Lamháltas Seirbhíse | **4,939** | 4,516 |
| Iníocaíochtaí – Ioncam | **255,761** | 156,633 |
| Iníocaíochtaí – Caipiteal | **15,750** | 21,759 |
| Fabhruithe Neamhphá – Ioncam** | **1,024,760** | 953,038 |
| Fabhruithe Neamhphá – Caipiteal | **8,641** | 7,199 |
| Fabhruithe – Deontais d'Ospidéil Dheonacha agus do Ghníomhaireachtaí** | **530,534** | 494,328 |
| Fabhruithe Pá** | **581,421** | 551,177 |
| Cáin Ioncaim agus Leas Sóisialach | **259,031** | 222,054 |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – An Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí | **10,376** | 5,383 |
| Deontais Chrannchuir Iníoctha* | **592** | 2,590 |
| Iníocaíochtaí ilghnéitheacha | **20,717** | 24,235 |
| | **2,715,379** | 2,445,707 |

* Déanann FnaSS eisíocaíocht deontas an Chrannchuir Náisiúnta a riar le haghaidh cláir áitiúla faoi Scéimeanna Maoinithe Sláinte agus Folláine an Chrannchuir Náisiúnta. Seasann an t-iarmhéid do chistiú atá ceadaithe ach nach bhfuil íoctha amach go fóill le faighteoirí deontas faoi dheireadh na bliana

** I rith 2021, rinne FnaSS athbhreithniú teicniúil grinn ar níos mó ná 78% dá fabhraithe neamhphá, agus measadh go raibh fo-thacar fabhraithe agus soláthairtí arbh fhiú €45.5m iad neamhbhailí i rith roinnt blianta (idir 2005 & 2019). Measadh freisin go raibh €25.9m breise d'fhabhruithe le haghaidh pá agus deontas neamhbhailí. Chun FRS102 a chomhlíonadh, taifeadadh é seo mar choigeartú don bhliain roimhe sin, de shuim €71.4m trí na hiarmhéideanna tosaigh i ndliteanais agus i gcothromas a athlua don tréimhse ba luaithe. Féach Nóta 26

## Nóta 19 Crediúnaithe (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Léasanna Airgeadais | **22,103** | 23,951 |
| Dliteanas maidir le Lamháltas Seirbhíse | **140,425** | 144,468 |
| **Iomlán na nOibleagáidí Léasanna Airgeadais** | **162,528** | **168,419** |

## Nóta 20 Ioncam Iarchurtha

Tá na nithe seo a leanas san áireamh in ioncam iarchurtha:

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Maoiniú Ioncaim na Roinne Sláinte iarchurtha (Nóta 3A) | | |
| Meabhairshláinte | **7,947** | 0 |
| Cúram Maolaitheach | **10,000** | 0 |
| Míchumais | **6,430** | 0 |
| **Iomlán na Roinne Sláinte iarchurtha** | **24,377** | **0** |
| Ioncam iarchurtha eile: | | |
| Tabhartais agus Tiomnachtaí* | **19,578** | 19,433 |
| Maoiniú Deontais ón Stát agus ó eagraíochtaí eile | **27,588** | 27,757 |
| Maoiniú ó thionscadail chaipitil shonracha | **2,611** | 390 |
| Ginearálta | **3,860** | 4,211 |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | **78,014** | **51,791** |

* Ioncam a eascraíonn as tabhartais agus tiomnachtaí, i gcás go bhfuil sé sonraithe cad air is féidir an t-airgead a chaitheamh ach nach bhfuil an caiteachas bainteach déanta

## Nóta 21 Glaninsreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) na bliana reatha | **(195,034)** | 200,711 |
| Coigeartú na Bliana Roimhe Seo maidir le Fabhruithe a aistríodh go Cúlchistí* | **0** | 71,440 |
| Gné chaipitil d'íocaíochtaí léasa curtha de mhuirear ar ioncam | **1,784** | 1,724 |
| Ceannach trealaimh curtha de mhuirear ar Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais | **34,942** | 84,502 |
| Costais Airgeadais curtha de mhuirear ar Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais | **815** | 885 |
| (Méadú)/Laghdú i bhFardail | **59,932** | (189,718) |
| (Méadú)/Laghdú ar Thrádáil agus Infháltais Eile | **(53,173)** | (18,442) |
| Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin)* | **273,754** | 339,789 |
| Cúlchistí Ioncaim – traschur an Easnaimh de réir Alt 33(3) d'Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2004, arna leasú | **(200,711)** | (6,472) |
| Athluacháil Scaireanna | **(12)** | 9 |
| Méadú/(Laghdú) ar Ioncam Iarchurtha | **26,223** | 1,984 |
| **Glaninsreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **(51,480)** | **486,412** |

* Athshonraíodh figiúirí 2020 chun tionchar an choigeartaithe don bhliain roimhe sin maidir le fabhruithe a léiriú, ar ceanglas é faoi FRS102. Féach nóta 26

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# Nóta 22 Gealltanais

## Gealltanais Chaipitiúla

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Ceangaltais maidir le ceannach Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh sa todhchaí: | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | **1,057,427** | 990,617 |
| Tar éis bliain amháin ach laistigh de chúig bliana | **1,993,485** | 2,365,720 |
| | **3,050,912** | 3,356,337 |
| Ar conradh ach gan a bheith ar fáil sna ráitis airgeadais | **1,223,952** | 1,613,926 |
| San áireamh sa Phlean Caipitil ach gan a bheith ar conradh | **1,826,960** | 1,742,411 |
| | **3,050,912** | 3,356,337 |

Tá Plean Infheistíochta Caipitiúla ilbhliantúil ag FnaSS ina dtugtar tosaíocht do chaiteachas ar thionscadail chaipitiúla de réir spriocanna sa Phlean Corparáideach agus sa Phlean Seirbhíse Bliantúil. Baineann na gealltanais atá luaite thuas le costas iomlán tograí a raibh buiséid mhaoinithe shonracha ceadaithe dóibh ag deireadh na bliana. D'fhéadfadh costais a bheith i gceist leis na ceangaltais sna blianta tar éis 2021 a bhfuil buiséid le ceadú ina leith fós agus dá réir sin nach bhfuil siad ach measta.

## Gealltanais maidir le Léasanna Oibriúcháin

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Cíosanna ar léasanna Oibriúcháin (curtha de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais) | | |
| Talamh agus Foirgnimh | **86,321** | 62,181 |
| Mótarfheithiclí | **504** | 471 |
| Trealamh | **1,482** | 1,293 |
| | **88,307** | 63,945 |

Tá na suimeanna iomlána iníoctha seo a leanas faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe roinnte ag FnaSS idir suimeanna dlite:

| | Talamh agus Foirgnimh 2021 €'000 | Eile 2021 €'000 | Iomlán 2021 €'000 | Iomlán 2020 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Laistigh de bhliain amháin | **58,692** | **1,147** | **59,839** | 51,536 |
| Sa dara go dtí an cúigiú bliain agus an dá bhliain sin san áireamh | **207,257** | **704** | **207,961** | 185,754 |
| Tar éis cúig bliana | **547,278** | **0** | **547,278** | 493,228 |
| | **813,227** | **1,851** | **815,078** | 730,518 |

## Gealltanais Amach Anseo maidir le Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Méid Ainmniúil: | | |
| Socrú maidir le Lamháltas Seirbhíse – Ionaid Chúraim Phríomhúla (14 suíomh) | **183,339** | 188,883 |

Cuimsítear leis na gealltanais seo seirbhísí bainistithe saoráidí, costais oibriúcháin agus costais shaolré don tréimhse den chomhaontú atá fágtha. Ní dhéantar iad a lascainiú go dtí an luach reatha.

## Gealltanais maidir le Léasanna Airgeadais

Is iad seo a leanas íosíocaíochtaí léasa na todhchaí ar an 31 Nollaig:

| | 2021 €'000 Léas Airgeadais | 2020 €'000 Léas Airgeadais | 2021 €'000 Lamháltas Seirbhíse* | 2020 €'000 Lamháltas Seirbhíse* |
|---|---|---|---|---|
| Bliain amháin agus gan dul thairis sin | **3,600** | 3,600 | **9,716** | 9,418 |
| Níos mó ná bliain amháin ach gan dul thar chúig bliana | **12,640** | 12,080 | **36,264** | 35,882 |
| Níos mó ná cúig bliana | **12,310** | 15,470 | **158,055** | 167,267 |
| Íocaíochtaí Comhlána Iomlána | **28,550** | 31,150 | **204,035** | 212,567 |
| Lúide: Muirir Airgeadais | **(3,590)** | (4,405) | **(58,671)** | (63,583) |
| Suim Ghlanluacha an Dliteanais | **24,960** | 26,745 | **145,364** | 148,984 |
| Arna rangú mar: | | | | |
| - Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin) | **2,857** | 2,794 | **4,939** | 4,516 |
| - Creidiúnaithe (méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin) | **22,103** | 23,951 | **140,425** | 144,468 |

* Aithnítear luach na sócmhainne PCC agus an dliteanais maidir le lamháltas seirbhíse mar shócmhainní agus dliteanais sa Ráiteas ar Staid Airgeadais ag méid €165.2m, arb ionann é agus méid reatha na n-íosíocaíochtaí léasa. Ag teacht le FRS 102, baintear úsáid as an nglanráta úis le lascaine a thabhairt do na dliteanais amach anseo a bhaineann le tógáil ag eascairt as comhaontuithe deonaithe. Ba é suim ghlanluacha an dliteanais amhail ar an 31 Nollaig 2021 ná €145.36m

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## Nóta 23 Réadmhaoin

Tá 2,610 réadmhaoin in eastát FnaSS.

| | 2021 Líon Réadmhaoine | 2020 Líon Réadmhaoine |
|---|---|---|
| Is féidir teideal na réadmhaoine a anailísiú mar a leanas: | | |
| Ruílse | **1,574** | 1,583 |
| Léasacht | **1,036** | 989 |
| Iomlán Réadmhaoine | **2,610** | 2,572 |
| Is féidir príomhúsáid na n-ionad réadmhaoine a anailísiú mar seo a leanas: | | |
| Seachadadh seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta | **2,520** | 2,484 |
| Seirbhísí agus Tacaíocht do Ghnó na Sláinte (lena n-áirítear próiseáil cártaí leighis, srl.) | **90** | 88 |
| **Iomlán Réadmhaoine** | **2,610** | **2,572** |

Le linn na bliana, cuireadh 69 réadmhaoin bhreise leis an eastát cúram sláinte agus baineadh 31 réadmhaoin trí dhiúscairtí agus foirceannadh léasa araon. An glantoradh ná méadú 38 réadmhaoin cúram sláinte i rith 2021. Bhí tionchar ag meascán gnáthghníomhaíochtaí bainistíochta eastáit agus ag riachtanais príomhstraitéisí cúram sláinte ar leith maidir le hionaid chúraim phríomhúil a fheidhmiú agus seirbhísí míchumais a athlonnú go suíomhanna pobail, ar líon iomlán na réadmhaoine in eastát cúram sláinte FnaSS ag deireadh 2021.

## Nóta 24 Cánachas

Rinne FnaSS féin-athbhreithniú suntasach a chur i gcrích i 2021 maidir le comhlíonadh cánach i leith na bliana 2020, le cúnamh ó shaineolaithe cánach seachtrach. Rinneadh an féin-athbhreithniú ar mheasúnú riosca-bhunaithe comhaontaithe leis na Coimisinéirí Ioncaim faoina gcreat comhlíontachta comhoibritheach. Toisc na ndúshlán foirne a bhain le Covid-19, agus leis an gCibirionsaí agus an tionchar a bhí acu seo ar an leibhéal athbhreithnithe don bhliain 2020, comhaontaíodh leis na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh a dhírigh ar réimsí ar leith as ar eascair dliteanais shuntasacha sna blianta roimhe seo. Leagadh amach an dliteanas i leith cánacha a sainaithníodh le linn an fhéin-athbhreithnithe do 2020 trí nochtadh Féincheartúcháin agus rinneadh íocaíocht (ús, san áireamh) de €2,625,172 leis na Coimisinéirí Ioncaim i Meán Fómhair 2021. Is ionann an méid seo agus 0.12%. den cháin iomlán a d'íoc FnaSS don bhliain sin. Tá foireann chánach tiomnaithe ag obair i bhFnaSS féin, ar a bhfuil gairmithe cánach a mbíonn caidreamh láidir acu leis na Coimisinéirí Ioncaim agus a bhfuil rochtain acu ar chomhairleoirí seachtracha, nuair is gá. Tá FnaSS fós tiomanta do ghéilliúntas cánach den scoth a chur i bhfeidhm san eagraíocht.

## Nóta 25 Dliteanais Theagmhasacha

### Ginearálta

Tá baint ag FnaSS le roinnt éilimh lena mbaineann imeachtaí dlí a d'fhéadfadh dliteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá cumhdach árachais ag FnaSS le haghaidh slánaíocht ghairmiúil, dóiteán agus gach éileamh riosca sonrach. I bhformhór na gcásanna bheadh an t-árachas sin leordhóthanach chun gach costas a chlúdach, ach ní féidir a bheith cinnte faoi de bharr theorainneacha slánaíochta agus roinnt coinníollacha beartais. Níl aon fhoráil sna ráitis airgeadais maidir leis na héifeachtaí airgeadais a bhainfeadh le teagmhais nach bhfuil aon chlúdach árachais orthu.

### Scéim Slanaíochta Chliniciúil

Tá sonraí faoin dliteanas teagmhasach i leith na Scéime Slánaíochta Cliniciúla leagtha amach i Nóta 11.

## Nóta 26 Coigeartú na Bliana Roimhe

Nochtann na ráitis airgeadais an maoiniú agus an caiteachas a tabhaíodh ar na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí sláinte a sheachadann agus a riarann FnaSS. Cuireann sé seo ar chumas úsáideoirí na ráiteas airgeadais tuiscint a fháil, i measc rudaí eile, ar cé chomh maith agus atá FnaSS ag comhlíonadh a ndualgas maidir le seirbhísí a sheachadadh chomh maith lena cuspóirí oibriúcháin agus airgeadais eile. Sa chás go mbíonn gá le ceartúcháin nó coigeartuithe a dhéanamh ar fhigiúirí a tuairiscíodh roimhe seo, déantar iad seo agus nochtar iad de réir rialacha cuntasaíochta (FRS 102) ionas gur féidir an tionchar ar fheidhmíocht agus ar an staid airgeadais a mheas agus gur féidir comparáid airgeadais fhiúntach a dhéanamh idir na blianta éagsúla.

Úsáideann FnaSS an córas cuntasaíochta fabhraithe, an fhoirm choitianta chuntasaíochta a mbaintear úsáid as i bhformhór na n-eagraíochtaí. Sa chóras seo déantar meastacháin agus breithiúnais ar chostas earraí agus seirbhísí, a úsáideadh ach nár íocadh astu, ag deireadh na bliana tuairiscithe. Tá na suimeanna airgid measta san áireamh i gcuntais na bliana reatha, cé nach ndéantar an caiteachas i ndáiríre go dtí an bhliain dár gcionn. Gach bliain, mar sin, déantar coigeartú neamhairgid ar na cuntais chun cuntas ceart a thabhairt ar an ábhar seo.

Nuair a bhíothas ag ullmhú ráitis airgeadais 2021, sainaithníodh coigeartú neamhairgid de €71.4 milliún a bhain le caiteachas fabhraithe a raibh FnaSS den tuairim go mbeadh sé le híoc níos déanaí. Tar éis athbhreithniú mion a dhéanamh air seo, áfach, is léir do FnaSS anois nach mbeidh na híocaíochtaí seo le déanamh. Dá réir sin, tá an muirear ar chaiteachas athraithe sa Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchiste, agus tá an t-easnamh ioncaim carntha ag tús 2020 laghdaithe €71.4 milliún go €997.7 milliún. Níl an coigeartú carntha €71.4m do na blianta roimhe ábhartha ach amháin i gcomhthéacs luach tugtha anonn an chaiteachais fabhraithe a athlua ar an gClár Comhardaithe. Níl tionchar airgid ag an gcoigeartú teicniúil seo, ní mhéadaíonn sé caiteachas ach laghdaítear é, agus ní gá aon mhaoiniú breise a sholáthar agus mar sin níl tionchar aige ar sholáthar seirbhísí FnaSS d'othair nó d'úsáideoirí na seirbhísí.

Is de réir a chéile thar roinnt blianta airgeadais a méadaíodh an caiteachas fabhraithe go dtí go raibh €71.4 milliún i gceist, agus tharla na fabhruithe ba shuntasaí idir 2016 agus 2019. Tharla an coigeartú ab airde a aithníodh in aon cheann de na blianta seo (€16.3 milliún) in 2018 nuair gur €15.2 billiún an leithdháileadh bliantúil ba ghá chun seirbhísí sláinte phoiblí a sholáthar. Bhain an FnaSS de thátal as nach raibh aon tionchar ábhartha ar an Ioncam agus Caiteachas sna ráitis airgeadais in aon cheann de na blianta lena mbaineann. Tá níos mó sonraí sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach (SIC) FnaSS maidir le coigeartú na bliana roimhe.

Ní ceartú earráide bunúsaí atá i gceist leis an gcoigeartú seo. Go dtí gur cuireadh na caighdeáin chuntasaíochta reatha (FRS102) i bhfeidhm i 2015, b'annamh a chuirtí coigeartuithe na bliana roimhe sin san áireamh agus is de bharr chúinsí an-teoranta a dhéantaí a leithéid, m.sh. nuair a bhí earráid san áireamh sna ráitis airgeadais a chuir fírinne agus cothroime na ráiteas as a riocht. Ó 2015 i leith, úsáidtear coigeartuithe na bliana roimhe níos minice i ráitis airgeadais, lena n-áirítear chun comparáid níos fearr a dhéanamh idir tréimhsí tuairiscithe. Ar mhaithe le hamhras a sheachaint, dá ndéanfaí an leibhéal ab airde d'fhabhruithe FnaSS ar Chlár Comhardaithe FnaSS a cheartú, ní bheadh aon cheann de na coigeartuithe ina bhagairt maidir le fírinne nó cothroime na ráiteas airgeadais ná ní bheidís siad áirithe mar earráid bhunúsach sna blianta roimhe sin.

## Nóta 27 Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Maidir le nochtadh leasanna, glacann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nósanna imeachta chuici féin de réir Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 Chloígh FnaSS féin leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana. Nocht roinnt comhaltaí boird roinnt leasanna. Measadh nach raibh tionchar ábhartha tráchtála agus/nó airgeadais ag aon cheann de na leasanna a nochtadh ar FnaSS. Níor nocht aon chomhalta boird bronntanais nó fáilteachas arna thairiscint ag comhlachtaí seachtracha le dhá mhí dhéag anuas. Níor nocht aon chomhalta boird aon chaidreamh conartha le FnaSS agus níor nocht aon chomhalta boird aon choinbhleachtaí eile nach bhfuil clúdaithe in aon áit eile.

### Príomhphearsanra Bainistíochta

Meastar gurb í an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin (EMT), chomh maith leis an mBord, príomhphearsanra bainistíochta i bhFnaSS. Is é an luach saothair iomlán a bhain leo, lena n-áirítear iad siúd a ceapadh agus a d'éirigh as i rith na bliana ná €2.4m (2020: €2.1m). Tá beirt bhall den FBF (EMT) ar iasacht ó phoist eile. Tá an Príomhoifigeach Cliniciúil ar iasacht ag FnaSS ó Ospidéal na Trócaire, Corcaigh. Fuair FnaSS an Ceannasaí Náisiúnta Tástála agus Rianaithe Teagmhála ar iasacht ó Ernst and Young (EY), gan táille, suas go dtí an 24 Deireadh Fómhair 2021 agus an dáta sin san áireamh.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Faigheann comhaltaí an Bhoird táillí. Tá eisceacht amháin ann (nach bhfaigheann táillí); de bharr na rialach – duine amháin tuarastal amháin. Seachas an méid a nochtar i Nóta 2, is bunphá amháin a fhaigheann pearsanra príomhbhainistíochta atá i dteideal luach saothair.

Seachas an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, tá comhaltaí ceaptha eile den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin a fhaigheann luach saothair, ina mbaill de scéimeanna pinsin faofa FnaSS (agus i gcás an Phríomhoifigigh Chliniciúil, tá sé ina bhall de Scéim Aoisliúntais na nOspidéal Deonach). Ní sháraíonn a dteidlíochtaí pinsin le FnaSS gnáth-theidlíochtaí na scéimeanna seo.

## Nóta 28 Sócmhainn Theagmhasach

Chun dul i ngleic le COVID-19, chuaigh FnaSS i mbun rannpháirtíochta le tríú páirtithe éagsúla chun tástáil saotharlainne (seirbhísí tástála COVID-19) a sholáthar. Ó Aibreán 2020 go dtí seo, tá CBL gearrtha ar chuid de na seirbhísí tástála COVID-19, a cuireadh ar fáil. Measann FnaSS go bhfuil na seirbhísí seo díolmhaithe ó CBL ar an mbonn go dtagann na seirbhísí faoi raon na dtástálacha leighis a ordaíonn lia-chleachtóir, ach a dhéanann tríú páirtí. Níor réitíodh an cheist seo in 2021 agus tá an ráta caighdeánach CBL á ghearradh ar FnaSS i gcónaí. Is é dearcadh FnaSS, agus a comhairleoirí, ná go dtagann na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoin díolúine agus gur cheart go mbeifí ábalta an CBL a íoctar a aisghabháil. Mar sin tá FnaSS ag áireamh an méid CBL ionchasach in-aisghabhála de €61 milliún mar shócmhainn theagmhasach ar an mbonn go meastar go mbeidh sochar eacnamaíoch dá bharr seo. Tá dul chun cinn déanta san idirphlé le FnaSS agus leis na tríú páirtithe cuí agus táthar ag súil go réiteofar an cheist seo i 2022.

## Nóta 29 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 27 Belataine 2022.

# Aguisín 1

## Deontais Ioncaim agus Deontais Chaipitil**

### Anailís ar Dheontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha i Nóta 8 agus Nóta 13

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iomlán Deontas faoi €100,000** | **39,400** | | **39,400** | 36,343 |
| **Deontais €100,000 nó níos mó** | | | | |
| A Ghrá Homecare Services Ltd | **1,307** | | **1,307** | 1,179 |
| Éirim an Iarthair Teo. | **30,946** | | **30,946** | 28,590 |
| Brú agus Ionad Cúram Lae Abode | **1,175** | | **1,175** | 1,051 |
| ACET Ireland | **185** | | **185** | 309 |
| Gortú Inchinne Faighte Éire (Foras Peter Bradley roimhe seo) | **13,197** | | **13,197** | 11,993 |
| Active Connections CLG | **296** | | **296** | 169 |
| Scor Gníomhach Éireann | **303** | | **303** | 346 |
| Freagairt Andúile Chromghlinne (ARC) | **949** | | **949** | 916 |
| Grúpa Téarnaimh Iarchúraim | **105** | | **105** | 105 |
| Cúram Sláinte AGC | **202** | | **202** | 400 |
| Aoisghníomhaíocht Éireann | **709** | | **709** | 454 |
| Aosacht agus Deiseanna | **608** | | **608** | 556 |
| Áiseanna Tacaíochta | **2,866** | | **2,866** | 2,530 |
| Aiséirí | **981** | | **981** | 1,141 |
| Ionad Aislinn Cill Chainnigh | **1,142** | | **1,142** | 1,142 |
| AKIDWA | **0** | | **0** | 160 |
| Alcohol Action Ireland | **240** | | **240** | 240 |
| All About Healthcare T/A The Care Team | **1,642** | | **1,642** | 1,390 |
| All In Care | **6,226** | | **6,226** | 6,247 |
| Institiúid Uile-Éireann um Chúram Ospíse agus Maolaitheach (AIIHPC) | **451** | | **451** | 0 |
| Alliance | **285** | | **285** | 252 |
| ALONE | **4,508** | | **4,508** | 1,046 |
| Fondúireacht Alpha One | **120** | | **120** | 120 |
| Cumann Alzheimer na hÉireann | **14,757** | | **14,757** | 12,431 |
| Fondúireacht An Saol | **292** | | **292** | 0 |
| An Síol | **138** | | **138** | 117 |
| Tionscadal Drugaí Ana Liffey | **2,452** | | **2,452** | 1,455 |
| Ionad Cóireála Anchor | **0** | | **0** | 171 |

## Aguisín 1: Deontais Ioncaim agus Deontais Chaipitil (ar lean)

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Fondúireacht Anne Sullivan do na Bodhair agus do na Daill | **643** | | **643** | 693 |
| Ann's Home Care Ireland | **10,323** | | **10,323** | 5,059 |
| Applewood Homecare Ltd | **2,492** | | **2,492** | 2,055 |
| Ionad Lae Áras Mhuire (Seirbhísí Pobail Thiobraid Árann Thuaidh) | **325** | | **325** | 308 |
| Ionad Tacaíochta Ailse ARC | **426** | | **426** | 251 |
| Ionad Árd Aoibhinn | **5,444** | | **5,444** | 5,083 |
| Ionad Cúram Lae Áth Fhirdia | **298** | | **298** | 299 |
| Arlington Novas Ireland | **4,537** | | **4,537** | 3,833 |
| Airtríteas Éireann | **205** | | **205** | 207 |
| ASPIRE Cumann Speictream an Uathachais Éireann | **301** | | **301** | 285 |
| Iontaobhas na gCarthanas Comhlachaithe | **263** | | **263** | 219 |
| An Cumann um Leigheas Drochíde Institiúidí (AHIA) (ar a dtugtaí Ionad Aislinn, Baile Átha Cliath, roimhe seo) | **228** | | **228** | 228 |
| Cumann Tuismitheoirí agus Cairde Daoine faoi Bhac Meabhrach | **1,568** | | **1,568** | 1,448 |
| Athlone Community Services Council Ltd | **276** | | **276** | 280 |
| An Grúpa um Thionscnaimh Uathachais | **5,872** | | **5,872** | 5,279 |
| Tacaíocht Uathachais Lú & na Mí | **128** | | **128** | 5 |
| Avista | **138,600** | **901** | **139,501** | 130,916 |
| Aware | **618** | | **618** | 606 |
| Aonad Téarnaimh Bhaile Mhuire do Dhaoine Aosta | **65** | | **65** | 175 |
| Seirbhísí Sóisialta Bhéal Átha na Sluaighe | **180** | | **180** | 125 |
| Ballincollig Senior Citizens Club Ltd | **410** | | **410** | 350 |
| Ballyfermot Advanced Project Ltd | **437** | | **437** | 398 |
| Comhpháirtíocht Bhaile Formaid/ Shéipéal Iosóid | **303** | | **303** | 112 |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil CLG Bhaile Formaid | **129** | | **129** | 216 |
| Ballyfermot Star Ltd | **434** | | **434** | 421 |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí Bhaile Munna | **355** | | **355** | 295 |
| Acmhainn Óige Réigiúnach Bhaile Munna (BRYR) | **186** | | **186** | 200 |
| Tionscadal Gníomhaíochta Óige Bhaile Munna (YAP) | **707** | | **707** | 678 |

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Ionad Acmhainne Bhaile Féitheán agus an Tóchair | **151** | | **151** | 286 |
| Comhairle Pobail agus Gheiriaitrice Dhroichead na Bandan | **114** | | **114** | 78 |
| Barnardos | **991** | | **991** | 952 |
| Campa Bhaile an Bhairéadaigh | **151** | | **151** | 151 |
| Barrow Valley Enterprises for Adult Members with Special Needs Ltd (BEAM) | **2,303** | | **2,303** | 1,758 |
| Cúram Sláinte Baile Baylam | **3,495** | | **3,495** | 3,475 |
| Cúram Baile – Bí Neamhspleách | **7,435** | | **7,435** | 4,897 |
| Ospidéal Beacon | **24,804** | | **24,804** | 33,653 |
| Ionad Cúram Lae Beaufort | **241** | | **241** | 231 |
| Ospidéal Beaumont | **430,135** | **16,970** | **447,105** | 422,512 |
| Behaviour Detectives Ltd, Kilkenny | **112** | | **112** | 352 |
| Belong to Youth Services Ltd. | **400** | | **400** | 311 |
| Iontaobhas Bergerie | **199** | | **199** | 261 |
| Seirbhísí Cúraim Baile Best (Home Care Services) | **1,011** | | **1,011** | 701 |
| Cúram Baile Better Living | **604** | | **604** | 301 |
| Clinic na Carraige Duibhe | **16,220** | | **16,220** | 27,531 |
| Tionscnamh Óige Bhaile an Bhlácaigh agus Radharc an Chnocáin (BMYI) | **514** | | **514** | 480 |
| Cúraim Baile Bhaile Bhlainséir agus Lár na Cathrach | **2,548** | | **2,548** | 2,798 |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí Áitiúil Bhaile Bhlainséir | **553** | | **553** | 542 |
| Seirbhís Óige Bhaile Bhlainséir | **132** | | **132** | 195 |
| Seirbhísí Sláinte Bloomfield | **959** | | **959** | 566 |
| Cúram Bluebird | **39,154** | | **39,154** | 33,519 |
| Bluestack Special Needs Foundation | **172** | | **172** | 80 |
| Bodywhys Cumann Neamhord Itheacháin na hÉireann | **467** | | **467** | 471 |
| Bon Secours Corcaigh | **5,911** | | **5,911** | 35,656 |
| Bon Secours Baile Átha Cliath | **7,535** | | **7,535** | 15,316 |
| Bon Secours Gaillimh | **1,049** | | **1,049** | 10,128 |
| Bon Secours Luimneach | **520** | | **520** | 4,445 |
| Siúracha Bon Secours | **1,904** | | **1,904** | 129 |
| Bon Secours Trá Lí | **1,317** | | **1,317** | 10,544 |
| Bray Area Partnership | **119** | | **119** | 61 |

## Aguisín 1: Deontais Ioncaim agus Deontais Chaipitil (ar lean)

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Foireann Andúile Pobail Bhré | **787** | | **787** | 706 |
| Bray Home Help/Care Service Company Limited by Guarantee | **1,231** | | **1,231** | 1,087 |
| Bray Lakers Social and Recreational Club Ltd | **142** | | **142** | 151 |
| Grúpa an Lucht Siúil, Bré | **113** | | **113** | 113 |
| Breffni Integrated | **130** | | **130** | 142 |
| Cúram Sláinte Brindley | **1,987** | | **1,987** | 1,561 |
| Seirbhísí Bhráithre na Carthanachta | **261,519** | **243** | **261,762** | 243,783 |
| Ionad Acmhainne na Cabraí | **199** | | **199** | 218 |
| Seirbhísí Sóisialta Chathair Saidhbhín | **116** | | **116** | 63 |
| Cairde | **703** | | **703** | 623 |
| Ionad Cairdeas Cheatharlach | **531** | | **531** | 573 |
| Pobail Camphill na hÉireann | **17,225** | | **17,225** | 11,951 |
| Cúram Ailse an Iarthair | **704** | | **704** | 693 |
| Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach na Ceapaí | **42,414** | **1,486** | **43,900** | 45,660 |
| Na Caipisínigh | **174** | | **174** | 97 |
| Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Cara House | **151** | | **151** | 102 |
| Care About You | **3,870** | | **3,870** | 2,788 |
| Care Alliance Ireland | **130** | | **130** | 39 |
| Care at Home Services Ltd | **4,241** | | **4,241** | 3,425 |
| Care For Me Ltd | **1,683** | | **1,683** | 1,627 |
| Cúram do Dhaoine Aosta, Iarthar Chiarraí | **109** | | **109** | 110 |
| CareBright | **3,403** | | **3,403** | 3,568 |
| Comharchumann DT Caredoc | **21,952** | | **21,952** | 16,286 |
| Caremark Ireland | **14,341** | | **14,341** | 10,363 |
| Careworld | **2,824** | | **2,824** | 1,557 |
| Ionad Téarnaimh Caritas | **0** | | **0** | 1,053 |
| Ionad Cúraim Lae Cheatharlach (Askea Community Services) | **101** | | **101** | 105 |
| Seirbhísí Sóisialta Cheatharlach | **219** | | **219** | 227 |
| Foireann Chúraim Baile Cheatharlach/ Cill Chainnigh | **218** | | **218** | 306 |
| Ionad Cúram Pobail Charn an Bhua | **152** | | **152** | 151 |
| Ionad Cúraim Lae Charraig na Siúire d'Aosaigh | **103** | | **103** | 57 |
| Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Charraig Uí Leighin | **160** | | **160** | 61 |

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Carriglea Cairde Services Ltd (Siúracha Bon Sauveur roimhe seo) | **14,167** | | **14,167** | 12,929 |
| Teach Altranais Charraig Odhráin – Ionad Cúram Lae | **130** | | **130** | 131 |
| Casadh | **195** | | **195** | 195 |
| Casla Home Care Ltd | **1,058** | | **1,058** | 1,001 |
| Castle Homecare | **1,619** | | **1,619** | 1,306 |
| Institiúid Chaitliceach na mBodhar (CIDP) | **4,981** | | **4,981** | 4,930 |
| CDA Trust Ltd (Feasacht Drugaí an Chabháin) | **0** | | **0** | 220 |
| An Clinic Lárnach Íocshláinteach | **21,006** | **94** | **21,100** | 19,830 |
| Ionaid um Maireachtáil Neamhspleách (CIL) | **12,485** | | **12,485** | 11,450 |
| Charleville Care Project Ltd | **216** | | **216** | 172 |
| Charter Medical | **776** | | **776** | 1,347 |
| Cheeverstown House Ltd | **35,774** | | **35,774** | 30,457 |
| Fondúireacht Cheshire na hÉireann | **28,606** | | **28,606** | 28,467 |
| Sláinte Leanaí Éireann | **420,917** | **4,328** | **425,245** | 400,543 |
| Sunshine Home le haghaidh Leanaí | **4,461** | | **4,461** | 4,071 |
| ChildVision (Scoil Naomh Iósaf do Dhaoine le Lagamharc) | **4,730** | | **4,730** | 4,685 |
| Chime | **4,973** | | **4,973** | 4,206 |
| Tionscadal Pobail Drugaí Chrysalis | **1,230** | | **1,230** | 538 |
| Cill Dara Ar Aghaidh | **238** | | **238** | 248 |
| Citydoc, Gaillimh | **172** | | **172** | 75 |
| Clann Mór | **0** | | **0** | 138 |
| Cúram Chlannad, Port Láirge | **744** | | **744** | 1,042 |
| Comhlacht Forbartha Áitiúil an Chláir | **135** | | **135** | 170 |
| Clarecare Ltd lena gcuimsítear Comhairle Sheirbhísí Sóisialta an Chláir | **8,007** | | **8,007** | 7,244 |
| Ionad Cúram Lae, Droichead an Chláir | **417** | | **417** | 389 |
| Ionad Lae Clareville Court | **179** | | **179** | 172 |
| (CASP) Clár Tacaíochta Andúile Chluain Dolcáin | **882** | | **882** | 865 |
| Tascfhórsa Drugaí Chluain Dolcáin | **222** | | **222** | 203 |
| Clondalkin Tús Nua Ltd | **491** | | **491** | 515 |
| Cumann Meabhairshláinte Chluain Maine | **314** | | **314** | 345 |
| Cúram Baile Chluain Tarbh | **54** | | **54** | 185 |
| Ionad Oiliúna & Fiontair an Chluain | **613** | | **613** | 570 |

## Aguisín 1: Deontais Ioncaim agus Deontais Chaipitil (ar lean)

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| CLUB 91 (Seirbhís Chez Nous roimhe seo), Sligeach | **0** | | **0** | 123 |
| Comhghníomhaíocht Iarthar Chorcaí | **9,729** | | **9,729** | 9,611 |
| Ospidéal Ginearálta an Chóibh | **328** | | **328** | 329 |
| Codladh Sámh | **285** | | **285** | 0 |
| Comfort Care Ltd T/a Comfort Home Care | **265** | | **265** | 0 |
| Comfort Keepers Ltd | **27,297** | | **27,297** | 22,380 |
| Communicare Healthcare Ltd | **9,819** | | **9,819** | 6,922 |
| Community Creations Ltd | **1,475** | | **1,475** | 1,179 |
| Freagairt Pobail, Baile Átha Cliath | **413** | | **413** | 457 |
| Foireann Mhí-úsáid Substaintí Phobal Luimnigh | **462** | | **462** | 435 |
| CONNECT – Seirbhís Náisiúnta Comhairleoireachta do Dhaoine Fásta (NOVA HELPLINE) | **374** | | **374** | 370 |
| Contact Care | **1,528** | | **1,528** | 1,581 |
| Coolmine Therapeutic Community Ltd | **3,257** | | **3,257** | 2,386 |
| Ospidéal Ban an Choim | **89,301** | **9,502** | **98,803** | 84,322 |
| Fondúireacht COPE | **67,617** | | **67,617** | 63,201 |
| COPE Gaillimh | **2,101** | | **2,101** | 1,925 |
| Core Caring Ltd | **0** | | **0** | 134 |
| Cumann Uathachais Chorcaí | **4,957** | | **4,957** | 7,416 |
| Comhairle Cathrach Chorcaí | **353** | | **353** | 908 |
| Tionscadal Foyer Chorcaí | **298** | | **298** | 312 |
| Cumann Meabhairshláinte Chorcaí | **178** | | **178** | 173 |
| Cork Radiation Oncology Associates Limited | **1,511** | | **1,511** | 0 |
| Togra Oideachais Shóisialta agus Shláinte Chorcaí (CSHEP) | **797** | | **797** | 938 |
| Scoil agus Ospidéal Fiaclóireachta na hOllscoile, Corcaigh | **2,721** | | **2,721** | 3,325 |
| Cuideachta Chomhpháirtíochta Leader Chontae Chill Dara | **321** | | **321** | 141 |
| Cuideachta Chomhpháirtíochta Leader Chontae Shligigh | **236** | | **236** | 188 |
| Ceardlann Phobail Chontae Loch Garman, Inis Córthaidh/Ros Mhic Thriúin Teo | **7,961** | | **7,961** | 8,214 |
| Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin | **127** | | **127** | 134 |
| CPL Healthcare | **419** | | **419** | 817 |

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Crescent Homecare Ltd | **196** | | **196** | 217 |
| CROI (Cumann Cairdeolaíochta Iarthar na hÉireannn) | **407** | | **407** | 265 |
| Crosscare | **2,606** | | **2,606** | 3,046 |
| Crumlin Home Care Service Limited | **3,131** | | **3,131** | 3,662 |
| Cuan Mhuire | **2,180** | | **2,180** | 1,584 |
| Cumann na nDaoine | **113** | | **113** | 103 |
| Cúram Altranais Paediatric and Adult Case Management Service Ltd. | **760** | | **760** | 628 |
| Clár Fiobróise Cistí na hÉireann | **140** | | **140** | 140 |
| Cumann Tithíochta Daisyhouse | **152** | | **152** | 340 |
| Feasacht Drugaí Belcamp, Dharndál | **353** | | **353** | 244 |
| Dawn Court Day Care Centre Ltd | **158** | | **158** | 118 |
| Delta Centre Carlow | **6,147** | | **6,147** | 5,045 |
| Depaul Ireland | **3,810** | | **3,810** | 2,952 |
| Cónaidhm Diaibéitis na hÉireann | **438** | | **438** | 432 |
| Dignity 4 Patients | **100** | | **100** | 100 |
| Seirbhísí Míchumais & Tacaíochta, Baile Loch Garman | **747** | | **747** | 367 |
| Cónaidhm na hÉireann um Míchumas (DFI) | **1,279** | | **1,279** | 1,278 |
| Dolmen Clubhouse Ltd | **124** | | **124** | 173 |
| Domestic Violence Response Ltd | **33** | | **33** | 300 |
| Donegal Homecare Limited | **2,357** | | **2,357** | 1,442 |
| Grúpa Tearmainn do Mhná, Dún na nGall (DDVS) | **112** | | **112** | 98 |
| Donnycarney and Beaumont Home Help Services Ltd. | **496** | | **496** | 1,324 |
| Tionscadal Óige Dhomhnach Cearna Teo | **424** | | **424** | 414 |
| Cúram Áitiúil Dhomhnach Cearna/ Beaumont | **110** | | **110** | 110 |
| Forbairt Pobail Dhún Uabhair | **195** | | **195** | 195 |
| Siondróm Down Éireann | **181** | | **181** | 190 |
| Seirbhísí Pobail Dhroichead Átha | **260** | | **260** | 170 |
| Cumann Dhroichead Átha um Chúnamh do Dhídeanaithe | **138** | | **138** | 130 |
| Ionad Cúram Faoisimh Dhrom Collachair agus na Dúiche | **517** | | **517** | 525 |
| Cúnamh Baile Dhroim Conrach | **1,520** | | **1,520** | 1,143 |

## Aguisín 1: Deontais Ioncaim agus Deontais Chaipitil (ar lean)

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Cúram do Dhaoine Aosta Dhroim Caorthainn | **191** | | **191** | 182 |
| Teach Drumlin | **270** | | **270** | 151 |
| Cumann Forbartha, Droim ar Snámh | **120** | | **120** | 69 |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil CLG, Bhaile Átha Cliath 12 | **102** | | **102** | 182 |
| Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath (DAA) Teo. | **698** | | **698** | 701 |
| Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath | **7,548** | **145** | **7,693** | 7,679 |
| Comhaontas Pobail Lár Chathair Bhaile Átha Cliath | **297** | | **297** | 138 |
| Tascfhórsa Drugaí Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh | **246** | | **246** | 278 |
| Feidhmeannas Dhaoine Gan Dídean, Réigiún Bhaile Átha Cliath | **502** | | **502** | 452 |
| Cúnamh Baile Bhaile Átha Cliath Thiar | **3,672** | | **3,672** | 4,739 |
| Cúnamh Baile Dhún Laoghaire | **848** | | **848** | 823 |
| Foireann Pobail Andúile Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin | **485** | | **485** | 387 |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin | **99** | | **99** | 119 |
| Tionscadal For-Rochtana Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin | **315** | | **315** | 252 |
| Dundalk Outcomers | **110** | | **110** | 110 |
| Leabharlann Edward Worth | **200** | | **200** | 200 |
| Teach Ely | | **134** | **134** | 0 |
| EmployAbility Limerick | **61** | | **61** | 132 |
| Empower | **169** | | **169** | 107 |
| Empowerment Plus | **308** | | **308** | 248 |
| Cumas Éireann | **49,604** | | **49,604** | 47,118 |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | **174** | | **174** | 159 |
| Titeamas Éireann | **748** | | **748** | 756 |
| Tuismitheoirí agus Cairde Riachtanais Speisialta Errigal Truagh Teo | **355** | | **355** | 267 |
| Extern Ireland | **2,126** | | **2,126** | 1,290 |
| Familibase | **293** | | **293** | 304 |
| Cúramóirí Teaghlaigh Éireann | **8,694** | | **8,694** | 7,261 |
| Fatima Groups United | **152** | | **152** | 122 |
| Seirbhísí Óige Fhearna (FDYS) | **473** | | **473** | 412 |
| Fondúireacht Festina Lente | **567** | | **567** | 565 |

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Fighting Blindness Ireland | **126** | | **126** | 123 |
| Cúram Baile Fhine Gall | **4,153** | | **4,153** | 4,469 |
| Foireann Tacaíochta Andúile Fhionnghlaise | **672** | | **672** | 635 |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Fhionnghlaise, Na Cabraí | **222** | | **222** | 136 |
| Cúram Baile/Eagraíocht Chúraim Fhionnghlaise | **2,970** | | **2,970** | 2,635 |
| Seirbhísí First Employment | **17** | | **17** | 104 |
| First Fortnight Ltd | **155** | | **155** | 162 |
| Focus Ireland | **2,443** | | **2,443** | 1,929 |
| Fold Ireland | **15** | | **15** | 4,019 |
| Foróige | **614** | | **614** | 333 |
| Tionscadal Iarthuaisceart Chonamara – Fóram | **821** | | **821** | 454 |
| Cairde Ospidéal Réigiúnach an Mhuileann gCearr | **0** | | **0** | 109 |
| Fusion CPL Ltd | **138** | | **138** | 111 |
| Cumann Lúthchleas Gael | **140** | | **140** | 110 |
| Comhpháirtíocht Uathachais na Gaillimhe | **111** | | **111** | 48 |
| Clinic na Gaillimhe | **1,750** | | **1,750** | 20,102 |
| Ospís na Gaillimhe | **10,550** | | **10,550** | 9,002 |
| Ganavan Ltd (T/A Woodbrook Outreach & Homecare Services) | **918** | | **918** | 230 |
| Gateway Community Care | **1,547** | | **1,547** | 1,678 |
| Líonra Sláinte do Dhaoine Aeracha | **372** | | **372** | 370 |
| Iontaobhas Genio Trust | **1,639** | | **1,639** | 827 |
| Gheel Autism Services Ltd | **4,898** | | **4,898** | 4,813 |
| Maidin Mhaith, Inis Eoghain | **140** | | **140** | 134 |
| Siúracha an Aoire Maith | **413** | | **413** | 402 |
| Seirbhísí an Aoire Maith, Corcaigh | **712** | | **712** | 718 |
| Cumann Ghráig na Manach do Dhaoine Aosta | **293** | | **293** | 196 |
| Ionad Cúram Lae, Baile an Ghróntaigh | **198** | | **198** | 127 |
| Greystones Home Help Service Company Limited by Guarantee | **1,411** | | **1,411** | 1,442 |
| GROW | **1,508** | | **1,508** | 1,354 |
| Oifig an Chaomhnóra Ad Litem agus Athshlánúcháin (GALRO) | **7,758** | | **7,758** | 5,331 |
| Grúpa Tacaíochta Teaghlaigh HADD | **218** | | **218** | 265 |

## Aguisín 1: Deontais Ioncaim agus Deontais Chaipitil (ar lean)

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Cumann Tithíochta Hail don Chónaí Comhtháite | **772** | | **772** | 829 |
| Saoráid Chúraim Pháirc Hamilton | **209** | | **209** | 2 |
| Hands On Peer Education (HOPE) | **167** | | **167** | 173 |
| HCD Homecare Ltd | **912** | | **912** | 248 |
| Headway, an Cumann Náisiúnta do Ghortú Inchinne Faighte | **3,102** | | **3,102** | 2,946 |
| Bord Taighde Sláinte na hÉireann (HRB) | **277** | | **277** | 227 |
| Heritage Homecare Ltd | **4,711** | | **4,711** | 3,584 |
| Teach Hesed | **148** | | **148** | 241 |
| Na hAingil Naofa Ceatharlach, Ionad Cúram Lae do Dhaoine le Riachtanais Speisialta | **633** | | **633** | 705 |
| Scoil an Teaghlaigh Naofa | **102** | | **102** | 111 |
| Ospidéal an Spioraid Naomh | **265** | | **265** | 277 |
| Home and Away Care | **1,160** | | **1,160** | 759 |
| Home Care Plus | **5,695** | | **5,695** | 3,648 |
| Home Instead Senior Care | **70,756** | | **70,756** | 58,377 |
| Homecare Independent Living Ltd | **4,729** | | **4,729** | 3,805 |
| Homecare Solutions Ltd. | **884** | | **884** | 857 |
| HomeCarer Trusted Independent Living | **616** | | **616** | 363 |
| Teach an Dóchais | **318** | | **318** | 310 |
| Tionscadal Drugaí Idirghníomhaireachta IADP – UISCE | **150** | | **150** | 159 |
| ICARE (Oideachas Leanaí bainteach le hUathachas, Inis Eoghain) | **309** | | **309** | 184 |
| Comhairliúchán agus Síciteiripe Inimirceach (ICAP) | **284** | | **284** | 250 |
| Foireann Pobail Inse Chór in aghaidh Drugaí | **575** | | **575** | 549 |
| Ionchuimsiú Éireann | **572** | | **572** | 662 |
| Inclusive Care Supports Ltd. T/A Barrog Healthcare | **374** | | **374** | 460 |
| Ospidéal Ortaipéideach Ionchorpraithe na hÉireann | **16,975** | | **16,975** | 14,549 |
| Inis Care | **1,196** | | **1,196** | 1,036 |
| Páirtnéireacht Forbartha Inis Eoghain | **143** | | **143** | 71 |
| Inspire Wellbeing | **1,396** | | **1,396** | 1,452 |
| Ionad Acmhainní Ealaíon agus Pobail Iontas, Baile na Lorgan | **141** | | **141** | 156 |
| Líonra Abhcóideachta na hÉireann | **780** | | **780** | 768 |

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Cumann Spina Bifida agus Hidriceifileas na hÉireann (IASBH) | **1,017** | | **1,017** | 965 |
| Cumann na hÉireann d'Fhostaíocht faoi Thacaíocht | **27** | | **27** | 103 |
| Cumann Ailse na hÉireann | **888** | | **888** | 668 |
| Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann | **7,873** | | **7,873** | 647 |
| Cumann Pleanála Clainne na hÉireann (IFPA) | **1,245** | | **1,245** | 1,311 |
| Madraí Treorach do na Daill in Éirinn | **803** | | **803** | 828 |
| Cumann Haemaifilia na hÉireann (IHS) | **575** | | **575** | 527 |
| Foras Croí na hÉireann | **360** | | **360** | 376 |
| Foras Ospíse na hÉireann | **952** | | **952** | 1,534 |
| Cumann Duán na hÉireann | **184** | | **184** | 310 |
| Cumann Galar Néarón Luadrach na hÉireann | **300** | | **300** | 288 |
| Seirbhís Phríosúin na hÉireann | **256** | | **256** | 256 |
| Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC) | **452** | | **452** | 400 |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA) | **47,861** | | **47,861** | 46,525 |
| Fondúireacht Leanaí Jack agus Jill | **1,566** | | **1,566** | 1,062 |
| Jigsaw (tugtar Headstrong air chomh maith) | **11,019** | | **11,019** | 9,893 |
| Tionscadal Ráth Miontáin um Chúnamh le Spleáchas ar Dhrugaí (Tionscadal JAAD) | **325** | | **325** | 273 |
| K Doc (Seirbhísí DT Lasmuigh de Ghnáthuaireanta) | **5,009** | | **5,009** | 4,176 |
| KARE Plan Ltd | **8,809** | | **8,809** | 7,630 |
| Kare Plus Ireland | **2,435** | | **2,435** | 1,266 |
| KARE, Droichead Nua | **24,276** | | **24,276** | 23,122 |
| Cumann Tuismitheoirí agus Cairde Chiarraí | **13,877** | | **13,877** | 12,689 |
| Fostaíocht faoi Thacaíocht Chiarraí | **102** | | **102** | 102 |
| Clár Pobail Chósta Chill Bharróg Teo (KCCP) | **484** | | **484** | 463 |
| Foireann Pobail Andúile Chill Dara agus Iarthar Chill Mhantáin Teo | **0** | | **0** | 300 |
| Seirbhísí Óige Chill Dara (KYS) | **328** | | **328** | 193 |
| Cill an Ardáin (KARP) | **170** | | **170** | 150 |
| Cumann Tithíochta Deonaí Chill Mháille | **291** | | **291** | 267 |

## Aguisín 1: Deontais Ioncaim agus Deontais Chaipitil (ar lean)

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Ospidéal Príobháideach Kingsbridge | **216** | | **216** | 908 |
| Pobal Abhainn Rí | **1,664** | | **1,664** | 1,033 |
| Seirbhísí Tacaíochta Óige Chionn tSáile | **122** | | **122** | 74 |
| Knocknagoshel Over 55's Social Club & Women's Group | **120** | | **120** | 91 |
| L'Arche Ireland | **4,758** | | **4,758** | 4,066 |
| Fondúireacht Ospíse do Leanaí LauraLynn (Children's Hospice Foundation) | **2,377** | | **2,377** | 772 |
| Ionad Acmhainní Teaghlaigh Le Chéile | **174** | | **174** | 41 |
| Leap Ireland | **121** | | **121** | 44 |
| Cumann Liatroma do Dhaoine faoi Mhíchumas (LAPWD) | **622** | | **622** | 581 |
| Cuideachta Forbartha Comhtháite Liatroma | **450** | | **450** | 433 |
| Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar | **14,981** | **1,106** | **16,087** | 16,014 |
| Ionad na mBan Leitir Ceanainn | **113** | | **113** | 117 |
| LADT Éireann | **120** | | **120** | 115 |
| Cúnamh Baile na Libeartaí agus Rialto | **1,403** | | **1,403** | 1,340 |
| Liberty HomeCare | **1,637** | | **1,637** | 218 |
| Cúram Saoil | **711** | | **711** | 576 |
| Ionad Acmhainní Chluain Lao, Leifear | **135** | | **135** | 226 |
| Comhairle Seirbhísí Sóisialta Luimnigh | **335** | | **335** | 322 |
| Ionad Oiliúna Pobail Sheirbhís Óige Luimnigh | **208** | | **208** | 217 |
| LINC | **122** | | **122** | 128 |
| Link (Gaillimh) Ltd | **137** | | **137** | 193 |
| Seanóirí Chúirt Lios an Chairn | **115** | | **115** | 115 |
| Brú Little Angels Leitir Ceanainn | **365** | | **365** | 365 |
| Lochrann Ireland Ltd | **143** | | **143** | 133 |
| Acmhainní Pobail an Longfoirt Teo | **213** | | **213** | 200 |
| Coiste Seirbhísí Sóisialta an Longfoirt | **158** | | **158** | 167 |
| Ionad Cúram Lae Lorcan O' Toole | **128** | | **128** | 128 |
| Ionad Cúram Lae Lourdes | **209** | | **209** | 247 |
| Forbairt Tithíochta do Sheanóirí Mhaigh Chromtha, Sullane Haven Ltd | **153** | | **153** | 182 |
| Naíolann Phobail Mhachan | **146** | | **146** | 265 |
| Teach Leasa Chúirt Mhuire, Cluain Meala | **138** | | **138** | 136 |

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Ospidéal Ollscoile agus Ospís Marymount, Corcaigh | **12,159** | | **12,159** | 15,503 |
| Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae | **386,209** | **34,672** | **420,881** | 387,860 |
| Ospidéal Príobháideach an Mater, Corcaigh | **2,654** | | **2,654** | 10,178 |
| Ospidéal Príobháideach an Mater, Baile Átha Cliath | **41,828** | | **41,828** | 47,129 |
| Seirbhísí Ógánach Matt Talbot | **1,246** | | **1,246** | 1,241 |
| Comhairle Chontae na Mí | **210** | | **210** | 458 |
| Comhpháirtíocht na Mí | **434** | | **434** | 453 |
| Cumainn Mheabhairshláinte (MHAs) | **1,385** | | **1,385** | 1,441 |
| Meabhairshláinte Éireann | **2,031** | | **2,031** | 1,997 |
| Leasú Meabhairshláinte | **368** | | **368** | 367 |
| Cé na gCeannaithe, Éire (MQI) | **4,411** | | **4,411** | 3,625 |
| Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh | **119,122** | **12,963** | **132,085** | 128,591 |
| MIDOC | **3,338** | | **3,338** | 3,365 |
| Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí an Mheániarthair | **307** | | **307** | 388 |
| Cumann Mígréine na hÉireann | **135** | | **135** | 140 |
| Ionad Cúraim Áth an Mhuilinn | **14,726** | | **14,726** | 15,171 |
| Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin | **221** | | **221** | 157 |
| Moorehaven Centre Tipperary Ltd | **2,812** | | **2,812** | 2,736 |
| Teach Mount Cara | **0** | | **0** | 347 |
| Teach Mount Carmel, Callán, Co. Chill Chainnigh | **318** | | **318** | 261 |
| Tionscadal Óige Comharsanachta Bhaile an Chnoic | **0** | | **0** | 133 |
| MS Ireland – Cumann Scléaróis Iolrach na hÉireann | **1,898** | | **1,898** | 1,714 |
| Muintir na Tíre Teo | **146** | | **146** | 142 |
| Foireann Mhullach Eadrad/na Coirre Duibhe in aghaidh Drugaí | **334** | | **334** | 325 |
| Multiple Sclerosis North West Therapy Centre Ltd | **221** | | **221** | 226 |
| Diostróife Mhatánach Éireann | **1,169** | | **1,169** | 1,194 |
| My Homecare Angels | **1,294** | | **1,294** | 585 |
| My Project Minding You | **133** | | **133** | 0 |
| Mymind Ltd | **643** | | **643** | 276 |
| Nasc (Ionad Tacaíochta Inimirceach na hÉireann) | **57** | | **57** | 225 |

## Aguisín 1: Deontais Ioncaim agus Deontais Chaipitil (ar lean)

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Cumann Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine le Lagamharc Teo | **1,209** | | **1,209** | 1,188 |
| Líonra Náisiúnta Óige (NCN) | **54** | | **54** | 135 |
| Cumann Náisiúnta na hÉireann do na Daill (NCBI) | **6,978** | | **6,978** | 7,083 |
| Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha in Éirinn | **230** | | **230** | 253 |
| An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais | **77,597** | **818** | **78,415** | 77,748 |
| An tOspidéal Náisiúnta Péidiatraiceach | **0** | **302,511** | **302,511** | 168,112 |
| An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin | **50,324** | **1,745** | **52,069** | 55,758 |
| Fondúireacht Náisiúnta um Thaighde ar Fhéinmharú (NSRF) | **1,069** | | **1,069** | 1,299 |
| Comhairle Náisiúnta Ban na hÉireann | **130** | | **130** | 142 |
| Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann | **167** | | **167** | 142 |
| Teach Nazareth, Mala | **1,725** | | **1,725** | 1,834 |
| Teach Nazareth, Sligeach | **2,066** | | **2,066** | 2,075 |
| Neart Le Chéile | **503** | | **503** | 488 |
| Ospidéal Pobail Ros Mhic Triúin | **80** | | **80** | 135 |
| Seirbhísí Sóisialta an Phoirt Nua, Ionad Cúram Lae | **272** | | **272** | 261 |
| Nightingale TLC | **486** | | **486** | 0 |
| No Name Youth Club Ltd | **80** | | **80** | 125 |
| Seirbhísí Leighis North Doc | **5,196** | | **5,196** | 4,453 |
| Seirbhísí um Chúnamh Baile agus um Chúram Baile Lárchathair Bhaile Átha Cliath Thuaidh | **4,303** | | **4,303** | 4,326 |
| Forbairt Pobail Fhine Gall Thuaidh | **137** | | **137** | 141 |
| Seirbhísí Tacaíochta Míchumais Thiobraid Árann Thuaidh Teo | **869** | | **869** | 740 |
| Comhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh | **193** | | **193** | 220 |
| Fóram Alcóil an Iarthuaiscirt | **574** | | **574** | 515 |
| Cumann Tuismitheoirí agus Cairde an Iarthuaiscirt | **3,075** | | **3,075** | 2,671 |
| Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí an Iarthuaiscirt | **24** | | **24** | 152 |
| Tionscnamh Sláinte Pobail Thuaisceart na Cathrach (NICHE) | **358** | | **358** | 320 |
| Seirbhísí Chúram Baile Thuaisceart na Cathrach Teo | **4,562** | | **4,562** | 4,516 |
| Comhpháirtíocht Thuaisceart na Cathrach | **241** | | **241** | 139 |

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Tionscadal Tacaíochta Teaghlaigh Northstar | **200** | | **200** | 188 |
| Ospís an Iarthuaiscirt | **2,085** | | **2,085** | 2,400 |
| Seirbhísí um Chúram Sláinte Nua | **12,727** | | **12,727** | 5,112 |
| Altra ar GlaoDhualgas – Pacáiste Cúram Baile | **1,967** | | **1,967** | 2,717 |
| Obair, Cora Chaitlín | **35** | | **35** | 128 |
| Cúram Cónaitheach agus Lae Chúirt Uí Chonaill | **272** | | **272** | 335 |
| Iompar Pobail Uíbh Fhailí & Chill Dara | **127** | | **127** | 69 |
| Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí | **175** | | **175** | 167 |
| Lucht Siúil Uíbh Fhailí | **416** | | **416** | 379 |
| One Family | **424** | | **424** | 455 |
| One In Four | **618** | | **618** | 598 |
| Ionad Lae Open Door | **371** | | **371** | 368 |
| Ord Mhálta | **582** | | **582** | 557 |
| Seirbhísí Óige Osraí | **112** | | **112** | 76 |
| Ospís agus Seirbhísí Cúraim Mhuire (Siúracha na Carthanachta) | **39,440** | **17** | **39,457** | 37,552 |
| Outhouse Ltd | **206** | | **206** | 195 |
| Paul Partnership Limerick | **28** | | **28** | 100 |
| Ionad Pavee don Lucht Siúil agus do Romaigh | **1,716** | | **1,716** | 1,423 |
| Iontaobhas Peacehaven | **1,040** | | **1,040** | 1,028 |
| Ospidéal Mhullach na Pise | **39,227** | **48** | **39,275** | 36,766 |
| Iontaobhas Peter McVerry | **6,080** | | **6,080** | 5,077 |
| Bainistíocht Chúraim PHC Teo | **5,085** | | **5,085** | 4,367 |
| Teach Pieta | **2,514** | | **2,514** | 2,628 |
| Pioneer Homecare Ltd | **7,898** | | **7,898** | 4,514 |
| Positive Futures | **1,200** | | **1,200** | 1,407 |
| Grúpa Tacaíochta IarPholaimialítis (PPSG) | **376** | | **376** | 357 |
| Teach Prague | **293** | | **293** | 249 |
| Grúpa Cúraim | **6,736** | | **6,736** | 5,718 |
| Premium Homecare | **162** | | **162** | 0 |
| Cúram Príobháideach Baile, Leamhcán | **136** | | **136** | 104 |
| Prosper Group | **14,815** | **231** | **15,046** | 12,541 |
| Purple House Cancer Support | **200** | | **200** | 188 |
| R & D Training Ltd. | **111** | | **111** | 0 |

## Aguisín 1: Deontais Ioncaim agus Deontais Chaipitil (ar lean)

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| R K Respite Services Ltd | **378** | | **378** | 440 |
| RADE (Recovery through Art Drama and Education) | **113** | | **113** | 113 |
| Radius Housing Association | **180** | | **180** | 113 |
| RAH Home Care Ltd T/a Right At Home | **4,998** | | **4,998** | 3,666 |
| Cúram Baile Réalta | **421** | | **421** | 19 |
| Acadamh Téarnaimh Éireann | **130** | | **130** | 60 |
| Recovery Haven Kerry | **171** | | **171** | 64 |
| Saoráid Cúraim Sínte | **1,469** | | **1,469** | 0 |
| Tascfhórsaí Réigiúnacha agus Áitiúla Drugaí | **4,711** | | **4,711** | 4,341 |
| Grúpa Rehab | **78,591** | | **78,591** | 71,255 |
| Resilience Ireland (Resilience Healthcare Ltd) | **8,021** | | **8,021** | 5,160 |
| Respond | **733** | | **733** | 702 |
| Forbairt Pobail Rialto | **158** | | **158** | 130 |
| Foireann Pobail Rialto in aghaidh Drugaí | **436** | | **436** | 422 |
| Líonra Pobail Rialto | **43** | | **43** | 101 |
| Cuideachta Chomhpháirtíochta Rialto | **816** | | **816** | 723 |
| An Grúpa Dara Seans ar Cheart Áite | **160** | | **160** | 170 |
| Freagairt na Rinne agus an Dúiche ar Dhrugaí | **403** | | **403** | 403 |
| Comharchumann Seirbhísí Bhaile Ros Comáin | **5,287** | | **5,287** | 3,208 |
| Cuideachta Chomhpháirtíochta Ros Comáin Teo | **242** | | **242** | 191 |
| Grúpa Tacaíochta Ros Comáin Teo | **2,185** | | **2,185** | 1,526 |
| Teach Cónaithe Rosedale | **338** | | **338** | 287 |
| Ceardlann Dhídeanach na Rossa | **0** | | **0** | 135 |
| Ospidéal an Rotunda | **80,076** | **2,016** | **82,092** | 85,337 |
| Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann | **1,413** | | **1,413** | 1,409 |
| Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn | **3,656** | | **3,656** | 3,958 |
| Ospidéal Ríoga Dhomhnach Broc | **20,813** | **86** | **20,899** | 22,578 |
| Ospidéal Ríoga Victoria Súl agus Cluas | **36,260** | **1,709** | **37,969** | 36,328 |
| Tionscadal na mBan, Ruhama | **236** | | **236** | 220 |
| S H A R E | **209** | | **209** | 160 |
| Cúram Príomhúil Safetynet | **247** | | **247** | 246 |
| Cúram Príomhúil Safetynet | **677** | | **677** | 1,430 |

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Abhcóideacht Sage | **1,691** | | **1,691** | 1,691 |
| Salesian Youth Enterprises Ltd | **518** | | **518** | 497 |
| Arm an tSlánaithe | **1,803** | | **1,803** | 1,657 |
| Na Samáraigh | **612** | | **612** | 625 |
| Ionad Cúraim Lae Sancta Maria | **0** | | **0** | 115 |
| Cúram Baile Sandra Cooney | **2,649** | | **2,649** | 2,575 |
| Cúnamh Baile Dhumhach Thrá | **136** | | **136** | 263 |
| Sankalpa | **315** | | **315** | 353 |
| Ionad Cóireála Andúile Saoirse | **172** | | **172** | 168 |
| Tionscadal SAOL | **450** | | **450** | 358 |
| Foras SCJMS/Muiriosa | **73,052** | | **73,052** | 67,412 |
| Comhpháirtíocht SDC Dheisceart Chontae Bhaile Átha Cliath (Comhpháirtíocht Ghleann na Dortha roimhe seo) | **1,273** | | **1,273** | 1,115 |
| Earcaíocht Servisource | **5,413** | | **5,413** | 7,243 |
| Sláinte Ghnéis an Iarthair | **286** | | **286** | 255 |
| Cumann Tithíochta Shalamar Fhionasclainn | **232** | | **232** | 163 |
| Cumann Sheanóirí na Seanchille | **171** | | **171** | 171 |
| Shannondoc Ltd (Seirbhísí DT lasmuigh de Ghnáthuaireanta) | **5,171** | | **5,171** | 5,235 |
| SHINE | **1,920** | | **1,920** | 1,427 |
| Clann Shíomóin na hÉireann | **11,718** | | **11,718** | 9,945 |
| Simplicitas Ltd. | **340** | | **340** | 185 |
| Siúracha na Carthanachta | **200** | | **200** | 2,695 |
| Siúracha na Carthanachta, Ionad Naomh Muire do Dhaoine Dalla agus Lagamhairc | **0** | | **0** | 2,490 |
| Siúracha na Trócaire | **470** | | **470** | 457 |
| Ionad Pobail agus Acmhainní Teaghlaigh, An Sciobairín | **146** | | **146** | 89 |
| Seirbhísí Tacaíochta Slí Eile Teo | **377** | | **377** | 455 |
| Comhairle Chontae Shligigh | **134** | | **134** | 108 |
| Ionad Teaghlaigh, Sligeach | **180** | | **180** | 154 |
| Comhairle Seirbhísí Pobail Shligigh Teo | **594** | | **594** | 440 |
| Comhairleoireacht Pobail Shnuga | **202** | | **202** | 176 |
| Cumann Naomh Uinseann De Pól (SVDP) | **3,528** | | **3,528** | 4,189 |
| Cumann Tithíochta Sophia | **1,012** | | **1,012** | 885 |
| Sora Healthcare T/A Irish Homecare | **15,925** | | **15,925** | 12,866 |

## Aguisín 1: Deontais Ioncaim agus Deontais Chaipitil (ar lean)

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| SOS (Kilkenny) Ltd Special Occupation Scheme | **15,359** | | **15,359** | 14,193 |
| Comharchumann DT South Doc | **14,722** | | **14,722** | 12,259 |
| An Otharlann Theas Ospidéal Ollscoile Victoria | **69,268** | **3,435** | **72,703** | 70,222 |
| Cuideachta Forbartha Mhaigh Eo Thiar Theas | **124** | | **124** | 303 |
| Southern Drug and Alcohol Services Limited | **1,115** | | **1,115** | 0 |
| Tionscadal an Deiscirt um Shláinte Daoine Aeracha | **117** | | **117** | 111 |
| Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath | **127** | | **127** | 124 |
| Gortuithe Dromlaigh Éireann | **314** | | **314** | 398 |
| Tionscnamh Seirbhísí Tearmainn Spiritan (SPIRASI) | **395** | | **395** | 390 |
| Grúpa Gníomhaíochta Pobail Naomh Aonghas | **141** | | **141** | 141 |
| Seirbhísí Naomh Aodán | **5,681** | | **5,681** | 5,658 |
| Ionad Acmhainne Naomh Aindriú | **989** | | **989** | 740 |
| Scoil Náisiúnta Naomh Aingeal | **132** | | **132** | 0 |
| Ionad Cúraim Lae Naomh Bríd | **133** | | **133** | 133 |
| Teach Naomh Carthage, Lios Mór | **364** | | **364** | 436 |
| St Catherine's Association Ltd | **6,336** | | **6,336** | 6,026 |
| Seirbhísí Naomh Criostóir, an Longfort | **13,099** | | **13,099** | 10,583 |
| Ionad Cúraim Lae Naomh Colmán | **193** | | **193** | 183 |
| Cumann Naomh Crónán | **1,858** | | **1,858** | 1,705 |
| Tionscadal Freagartha Pobail Naomh Doiminic | **400** | | **400** | 452 |
| Teach Naomh Fiach, An Ghráig | **421** | | **421** | 403 |
| Ospís Naomh Proinsias | **15,396** | | **15,396** | 16,956 |
| Scoil agus Ionad Naomh Gabriel | **3,678** | | **3,678** | 2,329 |
| Seirbhísí Naomh do Dhaoine le Míchumas Meabhrach, Baile Áth Luain | **7,110** | | **7,110** | 6,238 |
| Ospidéal San Séamas | **483,734** | **21,239** | **504,973** | 474,321 |
| Ospidéal San Séamas, Brúnna Jonathan Swift | **5,379** | | **5,379** | 4,750 |
| Seirbhísí Óstaíochta Naomh Eoin Dé | **185,127** | | **185,127** | 175,087 |
| Ospidéal Naomh Eoin | **30,240** | **468** | **30,708** | 29,390 |
| Fondúireacht Naomh Iósaf | **23,165** | | **23,165** | 21,616 |
| Teach Naomh Iósaf do Dhaoine Aosta | **975** | | **975** | 377 |

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Teach Naomh Iósaf, Cill Mogeanna, Co Chill Chainnigh | **289** | | **289** | 234 |
| SSC Naomh Lorcán Ó Tuathail | **0** | | **0** | 168 |
| Teach Naomh Lazarian, Muine Bheag | **397** | | **397** | 321 |
| Teach Naomh Lúcás | **1,310** | | **1,310** | 1,180 |
| Naomh Maighréad, Domhnach Broc (IRL-IASD) | **3,160** | | **3,160** | 2,811 |
| Ospidéal Naomh Micheál Dún Laoghaire | **36,211** | **565** | **36,776** | 37,946 |
| Teach Naomh Micheál | **107,148** | **322** | **107,470** | 99,691 |
| Ionad Cúraim Lae Naomh Mícheál | **200** | | **200** | 185 |
| Coiste Forbartha Pobail Naomh Monica | **394** | | **394** | 401 |
| Ionad Naomh Pádraig, Cill Chainnigh (Siúracha na Carthanachta) | **17,976** | | **17,976** | 19,047 |
| Scoil Speisialta Naomh Pádraig | **128** | | **128** | 292 |
| Ionad Cúram do Leanaí agus an Teaghlach Naomh Pól | **2,548** | | **2,548** | 2,461 |
| Ospidéal Naomh Uinseann, Fionnradharc | **16,798** | | **16,798** | 16,139 |
| Ospidéal Príobháideach Naomh Uinseann | **9,980** | | **9,980** | 31,779 |
| Ospidéal na hOllscoile Naomh Uinseann, Páirc na Leamhán | **343,830** | **21,092** | **364,922** | 341,954 |
| Tionscadal Star Bhaile Munna Teo | **345** | | **345** | 334 |
| Áis Stella Maris | **152** | | **152** | 146 |
| Stewart's Care Ltd | **63,305** | **518** | **63,823** | 56,346 |
| Cúnamh Baile Stigh Lorgan | **0** | | **0** | 295 |
| Suicide or Survive (SOS) | **241** | | **241** | 348 |
| Seirbhísí Theach Sunbeam | **34,027** | | **34,027** | 30,858 |
| Support 4 U Ltd. | **397** | | **397** | 419 |
| Teach Tabor House, An Uaimh | **158** | | **158** | 200 |
| Lóiste Tabor | **918** | | **918** | 691 |
| Grúpa Talbot | **1,078** | | **1,078** | 0 |
| Ionad Cóireála Gharrán an Talbóidigh | **190** | | **190** | 181 |
| Cúram Baile, Tamhlacht | **1,315** | | **1,315** | 1,719 |
| Tionscadal Athshlánúcháin Thamhlachta | **217** | | **217** | 208 |
| Seirbhís Óige don Lucht Siúil, Tamhlacht | **120** | | **120** | 130 |
| Ospidéal na hOllscoile, Tamhlacht | **285,885** | **12,576** | **298,461** | 310,571 |
| Tearmann Éanna Teo | **565** | | **565** | 374 |

## Aguisín 1: Deontais Ioncaim agus Deontais Chaipitil (ar lean)

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Tee Care Home Help Services Limited | **205** | | **205** | 209 |
| Teen Challenge Ireland Ltd | **277** | | **277** | 277 |
| Ionad Cúram Lae an Teampaill Mhóir | **173** | | **173** | 168 |
| Seirbhís Chúraim Thír an Iúir Teo | **1,649** | | **1,649** | 1,448 |
| Seirbhís Chúram Baile, An tInbhear Mór, Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta | **2,162** | | **2,162** | 2,201 |
| Ionad Avalon, Sligeach | **282** | | **282** | 273 |
| Ionad Lae Alzheimer The Birches | **310** | | **310** | 373 |
| The Bishopstown Senior Social Centre | **52** | | **52** | 111 |
| An Comhghrúpa Céadfach | **320** | | **320** | 197 |
| Coláiste Ainéistéiseach na hÉireann | **107** | | **107** | 79 |
| An Clinic Neamhoird Itheacháin, Corcaigh | **171** | | **171** | 103 |
| An tIonad Acmhainní Teaghlaigh | **0** | | **0** | 188 |
| Fóram Náisiúnta an Ionaid Acmhainní Teaghlaigh | **100** | | **100** | 0 |
| Fóram na hÉireann um Shláinte Dhomhanda (IFGH) | **205** | | **205** | 132 |
| Cumann Bhothán na bhFear, Éire (IMSA) | **377** | | **377** | 401 |
| Tionscnamh Iarrthóirí Tearmainn Chill Airne (KASI) | **155** | | **155** | 110 |
| Líonra Forbartha na bhFear | **152** | | **152** | 185 |
| Gníomhaireacht Socrúcháin Nightingale (TNPA) | **0** | | **0** | 320 |
| Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil na Lárchathrach Thuaidh | **122** | | **122** | 272 |
| Ionad Oasis | **209** | | **209** | 209 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) | **0** | | **0** | 5,034 |
| Tionscadal Tithíochta Paddy McGrath (Aids Fund Housing, roimhe seo) | **364** | | **364** | 364 |
| An tIonad Sláinte Gnéis | **279** | | **279** | 330 |
| An Clinic Máinliachta Spóirt | **523** | | **523** | 7,911 |
| Grúpa TCP | **2,286** | | **2,286** | 1,448 |
| Clinic Leighis an Dísirt (The Hermitage Medical Clinic) | **6,036** | | **6,036** | 17,056 |
| Scothaois | **57** | | **57** | 118 |
| Seirbhísí Sóisialta Pobail Dhúrlais | **224** | | **224** | 224 |
| Thurles Lions Trust Housing Association Ltd | **116** | | **116** | 93 |

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Tinteán Housing Association Ltd | **187** | | **187** | 208 |
| Cumann Thiobraid Arann do Dhaoine le Riachtanais Speisialta | **130** | | **130** | 130 |
| Gluaiseacht Ospíse Thiobraid Árann | **224** | | **224** | 320 |
| Tiosnscadal Abhainn na Tulchann | **290** | | **290** | 328 |
| Ionad Acmhainní Idirnáisiunta Thrá Lí | **173** | | **173** | 79 |
| Transfusion Positive | **135** | | **135** | 125 |
| Líonra Comhionannais Trasinscne Éireann | **183** | | **183** | 263 |
| Grúpaí agus Eagraíochtaí don Lucht Siúil | **4,271** | | **4,271** | 4,399 |
| Grúpa Tacaíochta an Lucht Siúil, Gaillimh | **90** | | **90** | 585 |
| Cumann Oideachais agus Forbartha an Lucht Siúil, Tuaim dá Ghualainn | **243** | | **243** | 206 |
| Treoir | **365** | | **365** | 374 |
| Tribli CLG, t/a Exchange House Ireland National Travellers Service Enterprise | **1,019** | | **1,019** | 904 |
| Cúram Pobail na Tríonóide | **4,316** | | **4,316** | 3,593 |
| Trustus We Care | **148** | | **148** | 153 |
| Ionad Cúram Lae na Tulaí | **162** | | **162** | 182 |
| Turas Counselling Services Ltd | **419** | | **419** | 345 |
| Turn2Me | **269** | | **269** | 432 |
| Seirbhísí Sóisialta Chros an Tornóra Teo | **157** | | **157** | 157 |
| TUSLA An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | **1,463** | | **1,463** | 460 |
| Ollscoil Luimnigh | **858** | | **858** | 881 |
| UPMC Ospidéal Aut Even | **1,152** | | **1,152** | 4,713 |
| UPMC Ospidéal Chill Dara | **929** | | **929** | 1,829 |
| UPMC Ospidéal Whitfield | **3,933** | | **3,933** | 9,504 |
| Ospidéal Pobail Dhairbhre | **170** | | **170** | 208 |
| Victoria Healthcare Organisation Ltd | **1,563** | | **1,563** | 896 |
| Seirbhís Comhairleoireachta an tSráidbhaile | **135** | | **135** | 135 |
| Cumann Bhaile Bhailcín do Dhaoine faoi Mhíchumas Teo | **105** | | **105** | 135 |
| Ionad Acmhainní na nGlaschnoc, Baile Bhailcín | **262** | | **262** | 239 |
| Seirbhísí Óige Pobail Phort Láirge agus Thiobraid Árann Theas | **798** | | **798** | 523 |

## Aguisín 1: Deontais Ioncaim agus Deontais Chaipitil (ar lean)

| Ainm na Gníomhaireachta | Deontais Ioncaim 2021 €000 | Deontais Chaipitil 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2021 €000 | Iomlán Deontas* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Cumann Phort Láirge do Dhaoine faoi Bhac Meabhrach | **6,180** | | **6,180** | 4,586 |
| Cúram Leanaí Phort Láirge | **184** | | **184** | 183 |
| Gluaiseacht Ospíse Phort Láirge | **485** | | **485** | 692 |
| Clinicí Well Woman | **649** | | **649** | 647 |
| Acmhainní Iarthar Luimnigh Teo | **135** | | **135** | 137 |
| Cumann Alzheimer Iarthar na hÉireann | **1,517** | | **1,517** | 827 |
| Westcare Homecare Ltd | **903** | | **903** | 503 |
| Westdoc (Seirbhís DT lasmuigh de ghnáthuaireanta) | **5,125** | | **5,125** | 3,949 |
| Cumann Cúraim an Iarthair | **42,904** | | **42,904** | 42,031 |
| Tascfhórsa Drugaí Réigiúin an Iarthair | **234** | | **234** | 256 |
| Forbairt Pobail na hIarmhí Teo | **220** | | **220** | 249 |
| Seirbhís Chúraim Bhaile Loch Garman | **235** | | **235** | 256 |
| Forbairt Áitiúil Loch Garman | **201** | | **201** | 151 |
| Cumann Tithíochta na Darach Geal Teo | **309** | | **309** | 404 |
| Clár Tacaíochta Andúile, An Teampall Geal (WASP) | **199** | | **199** | 157 |
| Seirbhísí Pobail Chill Mhantáin, Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta | **2,274** | | **2,274** | 2,072 |
| Wicklow Rural Partnership Ltd. | **58** | | **58** | 144 |
| Willow Health Care Ltd | **1,402** | | **1,402** | 1,087 |
| Ionad Oiliúna Teiripeach an Mhuilinn Gaoithe | **1,403** | | **1,403** | 1,336 |
| Young Social Innovators Ltd | **115** | | **115** | 100 |
| Clár Abhcóideachta do dhaoine óga | **123** | | **123** | 107 |
| Youth For Peace Ltd | **139** | | **139** | 139 |
| Obair d'Ógra Éireann | **335** | | **335** | 234 |
| **Iomlán na nDeontas do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (féach Ioncam – Nóta 8; Caipiteal – Nóta 13)** | **5,691,382** | **451,940** | **6,143,322** | 5,802,552 |

* Tharlódh gur tugadh íocaíochtaí breise, nach bhfuil taispeánta thuas, do roinnt gníomhaireachtaí i dtaca le seirbhís a tugadh

** Tá gníomhaireachtaí a fhaigheann deontais de bhreis ar €100,000 i gceachtar bliain léirithe. Tá gach deontas eile áirithe faoi "Deontais Iomlána faoi €100,000". Dá réir sin, tá comparáidí 2020 thuas athshonraithe, nuair is cuí

# Aguisín 2

## Nochtadh a cheanglaítear de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016

## Nochtadh a cheanglaítear de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon FnaSS ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ('an Cód'), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016.

Ceanglaítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód:

### Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Tá sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 léirithe i nóta 7 de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

### Costais Chomhairleoireachta*

Cuirtear costais anailíse saineolaithe seachtracha agus costais a bhaineann le comhairle don bhainistíocht, a chuidíonn le cinnteoireacht nó le beartais a threorú, san áireamh sna costais chomhairleoireachta. Ní chuirtear feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách', san áireamh.

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | **6** | 84 |
| Comhairle Chánach agus Airgeadais | **218** | – |
| Caidreamh poiblí/margaíocht | **273** | 299 |
| Acmhainní Daonna agus Pinsin | **186** | 245 |
| Pleanáil Straitéiseach agus Feabhsú Gnó** | **51,043** | 23,039 |
| Comhairliúchán TF | **7,653** | 3,294 |
| Eile | **16,496** | 21,055 |
| Costais Iomlán comhairleoireachta | **75,875** | 48,015 |
| **Déantar anailís bhreise ar chostais iomlána na comhairleoireachta mar a leanas:** | | |
| Costais chomhairleoireachta caipitlithe | **–** | – |
| Costais chomhairleoireachta gearrtha ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | **75,875** | 48,015 |
| | **75,875** | 48,015 |

* San áireamh i Nóta 8, tá Caiteachas Neamhphá, Speansais Oifige agus Riaracháin, Táillí Dlí agus Gairmiúla

** Costais a bhaineann le COVID san áireamh

## Costais Dlí agus Socruithe*

Tugann an tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithníodh mar chaiteachas in 2021 i ndáil le costais dlí, socruithe agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhain le conarthaí le tríú páirtithe. Níl caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair FnaSS, san áireamh anseo de bharr go léirítear é sin sna costais Chomhairleoireachta thuas.

## Aguisín 2: Nochtadh a cheanglaítear de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (ar lean)

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí dlí – imeachtaí dlí | **22,239** | 22,847 |
| Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána | **134** | 84 |
| Socruithe | **929** | 448 |
| **Iomlán** | **23,302** | **23,380** |

* San áireamh i Nóta 8, tá Caiteachas Neamhphá, Speansais Oifige agus Riaracháin, Táillí Dlí agus gairmiúla

Níl costais maidir le hábhair leanúnacha a bhaineann le comhlachtaí Stáit eile san áireamh sna costais dlí seo. Ba 2,071 líon na gcásanna a chlúdaigh na costais dlí thuas i 2021 (2020: 1,896). D'íoc Comhlacht Árachais FnaSS costais dlí agus socruithe eile. Léirítear i Nóta 11 de na Ráitis Airgeadais na costais agus an dliteanas sa todhchaí maidir leis an Scéim Slánaíochta Cliniciúil.

## Caiteachas Taistil agus Cothabhála*

Tá caiteachas taistil agus cothabhála rangaithe mar seo:

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Sa tír seo** | | |
| - Bord** | **0** | 2 |
| - Fostaithe | **60,749** | 61,368 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - Bord** | **0** | 2 |
| - Fostaithe | **1,579** | 165 |
| **Iomlán** | **62,328** | **61,537** |

* San áireamh i Nóta 8, tá Caiteachas Neamhphá, Speansais Oifige agus Riaracháin, Táillí Dlí agus gairmiúla

** T&C 2021 bhaill an Bhoird amháin atá san áireamh. Tá costais an POF léirithe i Nóta 2

## Caiteachas Fáilteachais*

Ba é an caiteachas comhiomlán a tabhaíodh maidir le fáilteachas ná €0. Baineann gach speansas siamsaíochta a léirítear sna ráitis airgeadais le cláir chliniciúla Cliant/Othar agus léirítear iad sa mhír – Ilghnéitheach/Siamsaíocht.

* San áireamh i Nóta 8, tá Caiteachas Neamhphá, Speansais Oifige agus Riaracháin, Táillí Dlí agus gairmiúla

## Ráiteas um Chomhlíonadh

Chomhlíon FnaSS ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aici chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú.

Sínithe thar ceann an Bhoird

**Ciarán Devane**
*Cathaoirleach*

**Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**
Ospidéal an Dr. Steevens
Lána Steevens
Baile Átha Cliath 8
D08 W2A8

Guthán: **01 6352000**

**www.hse.ie**

© Meitheamh 2022 FnaSS

**ISBN:** 978-1-78602-197-7